Tuarascáil Bhliantúil 2023

COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR | CLARE COUNTY COUNCIL

Bealtaine 2024

CLÁR NA nÁBHAR

Réamhfhocal ón gCathaoirleach agus ón	2
Comhairleoirí Contae an Chláir	10
An Stiúrthóireacht Seirbhísí Airgeadais	17
An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch	32
An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta	56
An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Tuaithe	71
An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Fhisiciúil	80
An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Turasóireachta	97
Ceantair Bhardasacha	108
Ráiteas Airgeadais Ghiorraithe: An bhliain dar críoch an 31 Nollaig	117
Seimineáir agus Comhdhálacha ar fhreastail Comhairleoirí Contae an Chláir orthi in 2023	118
Faisnéis teagmhála/uimhreacha teileafóin	120
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais	123

An Comh. Joe Cooney
Cathaoirleach

An tUasal Pat Dowling
Príomhfheidhmeannach

RÉAMHFHOCAL ÓN gCATHAOIRLEACH AGUS ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNA

Cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2023 Chomhairle Contae an Chláir a chur i láthair, ina ndéantar cur síos ar an obair atá déanta ag an gComhairle i ndáil le raon leathan seirbhísí poiblí agus roinnt mórthionscnamh i rith na bliana.

Seachadann Comhairle Contae an Chláir croísheirbhísí rialtais áitiúil ar fud an chontae a bhfuil tionchar acu ar shaol gach duine in An Clár. Tá an Chomhairle freagrach as seirbhísí a chur ar fáil do bheagnach 128,000 duine aonair, agus tá thart ar 984 ball foirne ag obair don Chomhairle.

Chomh fada is a bhain le forbairt fhisiciúil, sholáthair Sceideal Oibreacha Ceantair Bhardasaigh 2023 Clár Oibreacha Bóthair a raibh ciste iomlán de €52m ar fáil lena aghaidh, a cuireadh i gcrích go rathúil. San áireamh sna hoibreacha bhí: treisiú / cóiriú dromchla de bhreis is 233km de líonra bóthair; leanúint ar aghaidh leis an gclár feabhsúcháin droichid feabhsaithe, oibreacha curtha i gcrích ar 22 droichead; agus cur i gcrích 13 scéim feabhsaithe sábháilteachta.

Leanadh ar aghaidh le dul chun cinn i rith 2023 ar an raon mórthionscadal caipitil atá á mbainistiú agus á seachadadh ag an Oifig Bainistíochta Tionscadail (OBT). Rinne an fhoireann OBT neart dul chun cinn i rith na bliana ar a punann tionscadal, cosúil le tionscadail bóithre náisiúnta agus neamhnáisiúnta agus scéimeanna cosanta tuilte, lena n-áirítear Scéim Cosanta Tuilte Ghort an Tobair, a cuireadh i gcrích i mí Mheán Fómhair 2023.

Is ionann an dara céim de Thionscadal Athghiniúna Ríocht Phoiblí Inse agus infheistíocht shuntasach a bheith á déanamh ag Comhairle Contae an Chláir agus ag an rialtas láir chun inrochtaineacht do chách a fheabhsú agus chun infheistíocht leantach agus infheistíocht sa todhchaí a spreagadh. Faoin scéim ar fiú €11.6m í, beidh na sráideanna (Sráid Uí Chonaill, An tSráid Ard agus Plás an Bhainc) níos inrochtana de bhrí go mbeidh sráid-dreacha traidisiúnta á mbaint agus go mbeidh pábhálacha dromchla comhroinnte á gcur ina n-áit. Leanadh ar aghaidh go dtí céim thógála an tionscadail i ndiaidh roinnt mhaith blianta a chaitheamh i mbun pleanála agus comhairliúcháin shuntasaigh leis an bpobal gnó, le cónaitheoirí, leis an bpobal agus le Baill Thofa.

Tá sé beartaithe na hoibreacha a chur i gcrích ag deireadh 2025.

I rith 2023, infheistíodh €787,000 i ndlús a chur le hoibreacha uasghrádaithe ar ocht ngrúpscéim ar leithdháileadh maoiniú orthu faoin gClár Uisce Thuaithe Ilbhliantúil 2019-2021.

Lean foireann na Rannóige Timpeallachta ag obair ar ghníomhaíochtaí éagsúla lena n-áirítear forfheidhmiú dramhaíola, bainistíocht dramhaíola, feasacht comhshaoil, fuinneamh, garraíodóireacht, seirbhísí

eolaíochta (saotharlann, uisce, aer), seirbhísí tréidliachta agus tránna Brataí Goirme. Bhí clár oibre 2023 bunaithe den chuid is mó ar chreat rialála fairsing, lena n-áirítear reachtaíocht nua cosúil leis na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Ceadúnas Bailithe), 2023, I.R. Uimh. 343/2023 - Rialacháin an Gheilleagair Chiorclaigh (Tobhach Comhshaoil), 2023.

D'fhreastail Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chontae an Chláir ar 1,019 glaoch amach in 2023, rud ba chúis le laghdú de 8.8% ar an líon glaoch amach in 2022.

In 2023, d'éirigh le Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chontae an Chláir athchreidiúnú a fháil - ISO 45001 Caighdeán an Chórais Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta - as a Córas Bainistíochta Sábháilteachta a chur chun feidhme ar fud na Seirbhíse i ndiaidh d'Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann iniúchadh a dhéanamh.

Cuireadh Fearas Dóiteáin nua Aicme B i gcrích agus ar fáil do Chontae an Chláir i mí Bealtaine 2023, ag costas €435,007. Tá an fearas seo in úsáid ag Stáisiún Dóiteáin Inis Díomáin anois. Chomh maith leis sin, ghlac an Bhriogáid le dhá Inneall Dóiteáin Aicme B, dara láimhe, agus tá siad sin anois in úsáid ag Stáisiún Dóiteáin na Scairbhe agus ag Stáisiún Dóiteáin Chill Dalua ag costas €116,414, i ndiaidh oibreacha athchóirithe a dhéanamh.

Fuarthas cead i rith 2023 chun saoráid stórála dhá bhá nua a thógáil agus chun oibreacha uasghrádaithe ginearálta a dhéanamh ag Stáisiún Dóiteáin Chill Rois ag costas €425,757.

Reáchtáladh an tSeachtain Náisiúnta Sábháilteachta Dóiteáin idir an 9-17 Deireadh Fómhair. Tá feachtas leanúnach á reáchtáil ag Seirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála Chontae an Chláir agus mar chuid den fheachtas seo thug comhraiceoirí dóiteáin cuairt ar thithe daoine scothaosta agus rinne siad 'Seiceálacha Sábháilteachta Dóiteáin Tí'. San áireamh anseo tá aláraim deataigh a sholáthar agus a fheistiú más gá.

Cuireadh tús an athuair le hoiliúint Bainistíochta Móréigeandála Réigiúnaí in 2023, agus ghlac Comhairle Contae an Chláir páirt i gcleachtaí éigeandála i rith na bliana.

Bliain ghnóthach eile do Chosaint Shibhialta an Chláir ba ea 2023 agus chuir oibrithe deonacha clúdach leighis ar fáil ag imeachtaí éagsúla ar fud an chontae. Tá oibrithe deonacha Cosanta Sibhialta ag leanúint ar aghaidh le tacaíocht bhuan a chur ar fáil dá bpobail.

Reáchtáladh an feachtas earcaíochta don fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide sa chéad leath de 2023. Seoladh an Clár Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide i mí na Nollag 2023, agus leanadh ar aghaidh leis an bpróiseas a bhain le forbairt an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide in 2023 agus i rith 2024. Reáchtáladh comhairliúchán ag an gcéim réamhdhréachta agus ag céim an dréachtchomhairliúcháin reachtúil. Fianaise gur éirigh go maith leis an straitéis rannpháirtíochta a d'úsáid an fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide ba ea an líon mór aighneachtaí a fuarthas maidir leis an bplean, breis is 400 aighneacht ar fad.

Lean an Stiúrthóireacht Shóisialta, a bhfuil Tithíocht, Seirbhísí Cultúrtha agus Ceantar Bardasach Chill Dalua páirteach inti, lena cuid oibre faoi thacaíochtaí tithíochta oiriúnacha a chur ar fáil do dhaoine a bhí ar an ngannchuid agus ag cumasú agus ag tacú le rochtain do gach saoránach ar fhaisnéis, foghlaim, na healaíona, agus deiseanna cultúrtha agus caithimh aimsire.

Bliain dhúshlánach eile don Stiúrthóireacht Shóisialta ba ea 2023 de réir mar a lean an choinbhleacht sa Úcráin le héifeacht a bheith aici ar infhaighteacht agus ar chostas soláthairtí tógála agus earraí riachtanacha eile.

Dá ainneoin seo, áfach, sáraíodh an sprioc sheachadta a bhí luaite le tithe nua i gcomhair 2023.

Chumasaigh meascán de réadmhaoin nua a thóg an Chomhairle agus a bhí ceadaithe ag comhlachtaí

ceadaithe tithíochta (CCTanna), réitigh lándéanta agus cláir athchóirithe fholmha leithdháileadh tithe do 251 teaghlach i rith 2023.

I rith 2023, sealbhaíodh 75 réadmhaoin fholamh agus athchóiríodh seacht réadmhaoin (áitithe) agus cuireadh ar fáil iad chun críche leithdháilte, ar fud an chontae.

Chomh fada is a bhain le tithíocht inacmhainne, d'oibrigh foireann na Comhairle le hoifigigh ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i ndáil le bacainní inacmhainneachta i gceantair uirbeacha níos mó agus i mí Iúil 2023 fuarthas cead i bprionsabal de bhua iarratais mhionsonraithe chuig an Roinn, chun fianaise a sholáthar go bhfuil poitéinseal ag baint le scéimeanna tithíochta inacmhainne in Inis agus i Sionainn.

Ina dhiaidh sin, d'éirigh leis an gComhairle cead a fháil don chéad Scéim Tithíochta Inacmhainne i gContae an Chláir faoin Scéim Tithíochta Inacmhainne nua. Fuarthas cead le haghaidh 10 réadmhaoin i Radharc Choill Darach i Sionainn. Tá an dara togra á mheas ag an Roinn, agus tá sé beartaithe tuilleadh aighneachtaí a dhéanamh in 2024.

Tá Scéim Deontais Feabhsaithe na mBloc Coincréite Lochtach [BCL] beo ó lár mhí Iúil, agus tá na rialacháin Roinne riachtanacha bunaithe. Tá foireann BCL na Comhairle ag glacadh le hiarratais ar líne. Chuir Éascaitheoir Pobail BCL tús le téarma fostaíochta i mí Mheán Fómhair 2023, chun tuilleadh cabhrach a thabhairt do na húinéirí tí le próiseas iarratais BCL.

In 2023 mhéadaigh líon na gcásanna a cuireadh faoi bhráid na Foirne um Ghníomhaíocht do Dhaoine Gan Dídean (FGDD), agus mhéadaigh leibhéal na riachtanas agus na ndúshlán casta a bhfuil úsáideoirí seirbhíse ag déileáil leo.

Lean an fhoireann ar aghaidh ag díriú ar sheirbhís a fhorbairt a bheidh in ann freastal go cuí ar riachtanais na gcliant atá gan dídean in An Clár.

Bhí foireann na seirbhísí cultúrtha gnóthach i rith na bliana agus bhí na seirbhísí ag feidhmiú ag leibhéil réamh-Covid arís agus bhí na patrúin úsáide agus na leibhéil rannpháirtíochta mar a bhíonn de ghnáth. Cheadaigh an Coiste um Beartas Straitéiseach Plean Forbartha Leabharlann an Chláir, “Pleanáil na Todhchaí – an leabharlann hibrideach” 2023-2028 i mí na Nollag.

Rinneadh neart dul chun cinn ar an leabharlann nua d'Inis agus bhí an obair ionann is curtha i gcrích ag deireadh 2023, i ndiaidh tús a chur leis an gcéim thógála i mí Aibreáin 2022.

Tugadh méaduithe faoi deara i ndáil le gach gné den soláthar leabharlainne in 2023, agus thosaigh líon níos mó daoine ag baint úsáide as an leabharlann i ndiaidh blianta trioblóideacha Covid. Cuireadh 22,860 mír fhisiciúil agus 28,166 acmhainn leictreonach leis an stoc, lena n-áirítear foilseacháin nua agus athsholáthar stoic i réimsí a raibh sé riachtanach aird speisialta a dhíriú orthu.

San áireamh i measc na gclár a raibh an Chomhairle Ealaíon ag tacú leo in 2023 bhí clár Ealaíon agus Oideachais a sholáthair tionscadail ealaíon le 10 n-ealaíontóir in 20 bunscoil. Sholáthair an Clár um Chuimsiú na Ealaíon agus an Mhíchumais 20 tionscadal ealaíon i suíomhanna míchumais le 12 ealaíontóir ar fud an chontae.

Bhí deis ag daoine freastal ar imeachtaí ar an Oíche Chultúir i mí Mheán Fómhair arís, agus d'fhreastail 2,431 duine ar 43 imeacht in 21 suíomh. Bhí na stiúideonna ealaíontóirí ag feidhmiú ag 100% acmhainn.

Lean Comhairle Contae an Chláir ag díriú ar sheirbhísí poiblí ar ardchaighdeán a sholáthar trí bheith ag obair i ndlúthpháirt le grúpaí pobail, eagraíochtaí agus gnóthaí chun athrú dearfach a dhéanamh ar mhaithe le pobail sa chontae.

Seoladh go hoifigiúil Straitéis Athnuaite um Fhorbairt Tuaithe an Chláir 2030, dar teideal “Lántairbhe a Bhaint as Poitéinseal Cheantar Tuaithe an Chláir: Ár Saol, Ár mBaile”, i mí Márta 2023, agus ghlac Comhairle Contae

an Chláir leis an Straitéis ag an gcruinniú a reáchtáladh i mí Márta. Leagtar béim sa Straitéis Athnuaite ar an ngealltanas a tugadh i Straitéis 2017 - An Clár a bhunú mar cheann de na háiteanna is fearr in Éirinn le bheith ag maireachtáil inti, ag obair inti agus ag infheistiú inti.

Reáchtáladh próiseas comhairliúcháin phoiblí chuimsithigh mar chuid d'fhorbairt Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) nua sé bliana. Treoróidh an Plean forbairt eacnamaíochta agus pobail Chontae an Chláir amach anseo sa tréimhse idir 2024-2030.

Chuir an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe roinnt clár maoinithe ar fáil tríd an gComhairle in 2023, lena n-áirítear an Scéim Athnuachan Bailte & Sráidbhailte, CLÁR, Scéim an Bhonneagair Áineasa Lasmuigh agus an Scéim Aitheanta Pobail.

Leithdháileadh maoiniú de €627,000 ar díreach breis is 400 tionscadal atá á soláthar faoi Scéim Deontais Ceantair Áitiúil na Comhairle i mí Márta 2023.

De réir mar a leanadh ar aghaidh leis an gcoinbhleacht sa Úcráin, in 2023, mhéadaigh líon na dTairbhithe Úcránacha Cosanta Sealadaí atá ina gcónaí inár gcontae. Leanadh ar aghaidh leis an scéim dar teideal 'Tairg Baile' i rith na bliana agus fuarthas neart tairiscintí as ar fud an chontae. Ciallaíonn Foireann Lánpháirtíochta an Údaráis Áitiúil nua go mbeidh pointe fócais agus dearcadh nua maidir le himirce agus lánpháirtiú ar fud ár bpobal.

D'fhorbair Clár Aoisbháúil an Chláir, le tacaíocht ó Chomhairle Daoine Breacaosta an Chláir, treoir chuimsitheach maidir leis na seirbhísí agus tacaíochtaí riachtanacha atá ar fáil d'aosaigh níos sine agus dá dteaghlaigh sa chontae. San áireamh san Eolaire Seirbhísí do Dhaoine Breacaosta tá sonraí teagmhála do sheirbhísí poiblí, eagraíochtaí pobail agus deonacha agus roinnt grúpaí sóisialta pobalbhunaithe ar fud an chontae, mar aon le treoir a bhaineann le teidlíochtaí, sábháilteacht agus slándáil, iompar agus sláinte.

San áireamh i gClár agus i dtionscnaimh 'An Clár Sláintiúil' bhí Micrichiste 'An Clár Sláintiúil' 2023, Féilire 'An Clár Sláintiúil' 2024 agus Tionscadal Fheirmeoirí an Chláir ag Sníomh Scéalta le Chéile. Ba iad na cúig cheantar marglainne ar dhírigh an tionscnamh seo orthu - Droichead Abhann Ó gCearnaigh, Inis, Cill Fhionnúrach, Cill Rois agus an Scairbh. D'oibrigh feirmeoirí ó gach ceann de na suíomhanna seo le chéile chun grafaic a chruthú dá gcuimhní cinn ar an am atá caite, dá n-eispéiris reatha agus den mhéid a bhfuiltear ag súil leis a tharlóidh don earnáil feirmeoireachta amach anseo ina bpobail féin.

D'éirigh le foireann 'An Clár Sláintiúil' maoiniú luach €10,000 a fháil ón Roinn Sláinte chun tionscnamh an Údaráis Áitiúil (ÚÁ) dar teideal 'Táirgí Míostraithe Saor in Aisce' a eagrú ar bhonn píolótach.

Reáchtáladh ceithre chruinniú de Chomhchoiste Póilíneachta (CCP) an Chláir in 2023. Is é aidhm an CCP feidhmiú mar fhóram do chomhairliúcháin, plé agus moltaí maidir le nithe a bhfuil tionchar acu ar phóilíneacht cheantar riaracháin Chomhairle Contae an Chláir.

In 2023, chuir Comhairle Contae an Chláir críoch le seilbh a ghlacadh ar phunann de nithe is díol spéise atá le fáil laistigh de bhranda Oidhreacht Shionainne, atá ag feidhmiú faoi úinéireacht Ghrúpa Aerfort na Sionainne.

I measc na mbrandaí aonair atá ag trádáil faoi Oidhreacht Shionainne tá Caisleán & Daonpháirc Bhun Raite, Caisleán agus Gairdíní Chnapóige agus Páirc Chré-umhaoise Chreagán Eoghain. Ag cur leis na brandaí seo beidh íocón Bhaile Uí Bheoláin Inis Cealtra atá le hoscailt go luath, a mbeidh teach reachtaire, músaem agus caifé ag tacú leis agus ionad cuairteoirí cuimsitheach amach anseo.

D'aithin Fóram Comhairleach Turasóireachta agus Roinn Turasóireachta Chomhairle Contae an Chláir go mbeadh

bliain dhúshlánach eile roimh an earnáil turasóireachta in 2023, agus go raibh gá le hiarracht chomhchoiteann chun na dúshláin ar fad a bheadh le sárú amach anseo a mhaolú. Eagraíodh imeacht Líonraithe an Chláir, 'Turasóireacht Le Chéile', a leag béim ar an ngealltanas comhroinnte maidir le tuilleadh forbairt a dhéanamh ar an ngeilleagar turasóireachta.

Ag an imeacht seo seoladh an suíomh gréasáin turasóireachta nua www.VisitClare.ie. go hoifigiúil. Is tionscnamh de chuid Chomhairle Contae an Chláir é forbairt iomlán an tsuímh gréasáin seo agus is é seo an suíomh gréasáin is cuimsithí atá dírithe ar léargas a thabhairt ar gach rud atá á thairiscint ag Contae an Chláir do chuairteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Fuair Geopháirc Bhoirne dea-scéala - ceadaíodh athbhailíochtú a stádais mar Gheopháirc Dhomhanda Bhoirne. Is fianaise é athbhailíochtú a stádais mar Gheopháirc Dhomhanda Bhoirne ar iarrachtaí díograiseacha na foirne agus na n-eagraíochtaí cleamhnaithe. Tá sé dírithe ar thacú le hinbhuanaitheacht, le caomhnú, le hoideachas agus le cur chun cinn luachanna cultúrtha agus oidhreachta laistigh den réigiún.

Chomh maith leis sin, bhí aird pobal náisiúnta agus idirnáisiúnta á tarraingt ar Chontae an Chláir i rith Chraobhchomórtas Oscailte Gailf Ban na hÉireann KPMG a reáchtáladh i gCaisleán Dhrom Ólainn i mí Lúnasa/mí Mheán Fómhair.

In 2023, d'fháiltigh Eispéireas Aillte an Mhothair roimh 1.38m cuairteoir. Tá dréachtchóip de Straitéis Aillte an Mhothair 2040, a bhfuil Fáilte Éireann ag tacú leis, agus máistirphlean láithreáin foilsithe agus táthar anois ag díriú ar chéim na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta (MST). Beidh an straitéis seo mar bhonn le forbairtí inbhuanaithe amach anseo ag Eispéireas Aillte an Mhothair, forbairtí a bheidh á soláthar thar thréimhse 20 bliain.

Tá Contae an Chláir bunaithe anois mar chontae atá oiriúnach do chianobair. In 2023 leanadh ar aghaidh le forbairt agus le huasghrádú líonra DIGICLARE de mhoil chianoibre.
Thug líonra na mol méadú 25% faoi deara ar líon na n-úsáideoirí in 11 shuíomh ar fud an chontae.

Bliain ghnóthach eile do Stiúrthóireacht um Fhorbairt na Comhairle ba ea 2023, ina gcuimsítear an Roinn Pleanála, an tAonad Bainistithe Réadmhaoine, an Oifig Fiontair Áitiúil, Tús Áite do Lár Bailte agus Ceantar Bardasach Inse.

Leanadh ar aghaidh leis an obair a bhain le hullmhú Phlean Forbartha Contae an Chláir 2023- 2029 nua, a cuireadh i gcrích ag tús 2023.

Tá príomhchuspóir Straitéis Eacnamaíoch agus Spásúil Inis 2040 dírithe ar fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe bhaile Inse. Tá ról lárnach ag an straitéis seo i dteannta leis na forálacha atá le fáil i bPlean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029 chomh fada is a bhaineann le príomhathruithe a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm atá riachtanach chun freastal ar dhaonra atá ag fás idir anois agus 2024. I rith 2023, lean Inis 2024 le dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le roinnt príomhthionscadal i lár an bhaile.

Chomh fada is a bhaineann le hathnuachan baile, is fianaise é cur i gcrích na bpleananna feabhsaithe baile in 2023 le haghaidh Inis Díomáin, Chora Finne agus Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh, ar thiomantas Chomhairle Contae an Chláir do na bailte agus sráidbhailte áitiúla a athnuachan, pleananna atá dírithe ar fhorbairt pobail agus eacnamaíoch, ionas gur áiteanna níos fearr iad le bheith ag maireachtáil iontu, ag obair iontu agus ag tabhairt cuairt orthu.

Chuir Aonad Bainistithe Réadmhaoine Chontae an Chláir dlús le roinnt tionscadal athchóirithe agus sealbhaithe réadmhaoine caipitil i rith na bliana, lena n-áirítear sealbhú Stáisiún an Gharda Síochána in Eidhneach ó ONP chun é a léasú don Chumann Tithíochta áitiúil, agus obair éifeachtach le Bord Cruicéid an Chláir chun suíomh a aimsiú do pháirc bhaile dó i Sionainn.

Ag deireadh 2023, bhí foireann na Láithreán Tréigthe ag déileáil le 255 réadmhaoin a mheastar atá tréigthe. Tá méadú suntasach tagtha ar an ngníomhaíocht le blianta beaga anuas, agus sainaithníodh agus tuairiscíodh ar 55 réadmhaoin thréigthe bhreise in 2023.

In 2023 bhí gnóthaí in An Clár fós ag déileáil le dúshláin eacnamaíocha cosúil le boilsciú, saincheisteanna a bhain leis an slabhra soláthair, lucht oibre a mhealladh agus a choimeád agus laghdú ar chumhacht chaithimh tomhaltóirí. Ainneoin na gconstaicí seo, lean roinnt earnálacha dár ngeilleagar áitiúil ag bláthú, go háirithe na hearnálacha déantúsaíochta agus innealtóireachta. Tá 1,279 duine á bhfostú ag ár bhfiontair áitiúla ar fud an chontae anois.

Mar údarás áitiúil forásach, is é cuspóir agus fís Chomhairle Contae an Chláir a bheith freagrúil agus solúbtha fad is a bheidh forbairt an chontae á stiúradh aici.

Is mian liom an fhoireann agus na baill thofa a mholadh, agus aitheantas a thabhairt d'ionchur agus do rannpháirtíocht luachmhar ár bpobal, comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu lenár dtionscnaimh agus gníomhaíochtaí.

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh, trí bheith ag obair le pobail, le bheith nuálach agus freagrúil d'fhonn a chinntiú go leanfaidh ár gcontae ar aghaidh ag forbairt mar áit oiriúnach le maireachtáil inti, le hoibriú inti agus le cuairt a thabhairt uirthi i rith 2024 agus ina dhiaidh sin.

Le meas,

An Comh. Joe Cooney,
Cathaoirleach

An tUasal Pat Dowling,
Príomhfheidhmeannach

COMHAIRLEOIRÍ CHONTAE AN CHLÁIR 2023

Ceantar Bardasach Inse

Mary Howard (FG)

Paul Murphy (FG)

Tom O'Callaghan (FF)

Clare Colleran Molloy (FF)

Ann Norton (NP)

Pat Daly (FF)

Johnny Flynn (FG)

Ceantar Bardasach Chill Dalua

Pat Hayes (FF)

Joe Cooney (FG)

Tony O'Brien (FF)

Alan O'Callaghan (FF)

Pat Burke (FG)

Ceantar Bardasach Shionainne

Pat McMahon (FF)

Michael Begley (NP)

P.J. Ryan (NP)

John Crowe (FG)

Donna McGettigan (SF)

Pat O'Gorman (FF)

Gerard Flynn (NP)

Ceantar Bardasach Iarthar an Chláir

Joe Garrihy (FG)

Joe Killeen (FF)

Shane Talty (FF)

Liam Grant (GP)

P.J. Kelly (FF)

Gabriel Keating (FG)

Bill Chambers (FF)

Cillian Murphy (FF)

Ian Lynch (NP)

STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL 2023

Príomhfheidh meannach

Seirbhísí Airgeadais & Tacaíochta
SS Noeleen Fitzgerald
- Seirbhísí Corparáideacha
  Oifigeach Feidhmiúcháin
- Acmhainní Daonna
  Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
- Cuntasóir Bainistíochta
- Cuntasóir Airgeadais
- Ceannasaí Córas Faisnéise

Forbairt Eacnamaíoch SS
Carmel Kirby
- Forbairt Eacnamaíoch & Bainistiú Réadmhaoine
  Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
- Pleanáil & Forbairt Fiontraíochta
  Pleanálaí Sinsearach
- Tionscnaimh Eacnamaíocha Straitéiseacha
  Oifigeach Cúnta
- Athnuachana Baile
  Oifig Fiontair Áitiúil
- Innealtóir Sinsearach

Forbairt Fhisiciúil SS
Cúnta Siobhán McNulty
- Innealtóir Sinsearach Iompair
- Oifig Bainistíochta Tionscadail Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Innealtóir Sinsearach
- Innealtóir Sinsearach Timpeallachta & Uisce
- Rialú Dóiteáin & Foirgníochta
  Príomhoifigeach Dóiteáin
- Innealtóir Sinsearach um Ghníomhú ar son na hAeráide
- Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Cúnta Cheantar

Forbairt Tuaithe SS
Cúnta Jason Murphy
- Forbairt Pobail & Tuaithe
  Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
- Spórt & Caitheamh Aimsire
  Bainisteoir Ginearálta
- Seirbhísí & Imeascadh Úcránach
  Oifigeach Riaracháin Cúnta

Forbairt Shóisialta SS
Anne Haugh
- Tithíocht
  Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
- Seirbhísí Cultúrtha Leabharlannaí an
- Ceantar Bardasach Chill Dalua
  Pleanálaí Sinsearach

Forbairt Turasóireachta
SS Leonard Cleary
- Ceannasaí Turasóireachta
- DIGICLARE
  Ceannasaí an Chlaochlaithe Dhigitigh
- Ceantar Bardasach Iarthar an Chláir
  Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach

** Amhail ar an 10 Iúil, 2023.*

STRUCHTÚR OIBRIÚCHÁIN



- CCP
- CFPÁ
- LRP

COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR
CLARE COUNTY COUNCIL



Ceantair Ceantair Bhardasaigh

Buaileann baill le chéile ag leibhéal ceantair i rith na bliana chun plé a dhéanamh ar cheisteanna atá ábhartha dá dtoghlimistéar féin. Tá oifigeach sinsearach sannta ag gach coiste Ceantair Bhardasaigh chun feidhmeanna a chomhordú agus chun cabhrú le baill lena gcuid breithniúchán. Freastalaíonn an tInnealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin ar na cruinnithe mar aon le ball den fhoireann riaracháin atá ag obair sa réimse. Go ginearálta, freastalaíonn lucht an phreasa ar na cruinnithe seo agus liostaítear miontuairiscí gach cruinnithe réimse ar an gclár oibre ag cruinniú de chuid na Comhairle a reáchtáiltear ina dhiaidh sin.

Ionadaithe Tofa

Páirteach i gComhairle Contae an Chláir tá 28 ball tofa atá ag déanamh ionadaíochta do 5 Thoghcheantar agus 4 Cheantar Bhardasacha. Reáchtáladh toghcháin áitiúla ar an 24 Bealtaine 2019 chun 28 suíochán ar Chomhairle Contae an Chláir a líonadh.

Ceantair Bhardasacha *Tá ceithre CB in an Clár mar seo a leanas:*

CB Inse MD - Toghlimistéar Áitiúil Inse ***CB Chill Dalua*** - Toghlimistéar Áitiúil Chill Dalua ***CB Shionainne*** - Toghlimistéar Áitiúil Shionainne ***CB Iarthar an Chláir*** - Toghlimistéar Áitiúil Chill Rois agus Inis Díomáin



An Grúpa Beartais Chorparáidigh

Páirteach sa Ghrúpa Beartais Chorparáidigh tá Cathaoirleach an lae agus cathaoirligh an Choiste um Beartais Straitéiseacha. Tá ionadaíocht á déanamh do gach Ceantar Bardasach ar an GBC. Tá bonn reachtúil leis arna leagan amach in Alt 33 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus feidhmeanna sonracha i ndáil le hullmhú an Bhuiséid Bhliantúil agus an Phlean Chorparáidigh. Buaileann an Grúpa Beartais Chorparáidigh le Feidhmeannas na Comhairle ar bhonn míosúil.

Coistí um Beartais Straitéiseacha

Tá struchtúr na gCoistí um Beartais Straitéiseacha (CBS) bunaithe ar phríomhfheidhmeanna na Comhairle. Páirteach iontu tá Comhairleoirí Tofa agus ionadaithe eile de chuid na gcomhpháirtithe sóisialta agus leasanna earnálacha eile. Tá gach CBS faoi chathaoirleach Comhairleora Tofa agus ag fáil tacaíocht ó Stiúrthóir Seirbhísí. Is é cúram an CBS cabhrú le agus comhairle a chur ar an gComhairle maidir le foirmliú, forbairt agus athbhreithniú beartais. Ní bheidh na CBSanna ag díriú ar shaincheisteanna ionadaíocha nó oibríochtúla aonair. Beidh cinntí beartais deireanacha á ndéanamh, áfach, ag an gComhairle iomlán a bheidh ag feidhmiú mar chomhlacht.

Glac Comhairle Contae an Chláir le Scéim CBS nua 2019 - 2024 i mí Dheireadh Fómhair 2019. Forálann an scéim do cheithre CBS mar seo a leanas:

- **CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch**
- **CBS um Fhorbairt Fhisiciúil**
- **CBS um Fhorbairt Tuaithe**
- **CBS um Fhorbairt Shóisialta.**

Is príomhréimsí beartais iad clár oibre an athraithe aeráide agus clár oibre na bithéagsúlachta i ngach CBS.

Is ball de CBS é gach Comhairleoir agus tá an tríú cuid ar a laghad de gach CBS ag déanamh ionadaíocht ar leasanna earnálacha. Tá na hionadaithe earnálacha le haghaidh na CBSanna ag obair sna hearnálacha seo a leanas - talmhaíocht/feirmeoireacht, timpeallacht/caomhnú, forbairt/ tógáil, gnó/tráchtáil, ceardchumann, pobal/deonach agus cuimsiú sóisialta.

Seo a leanas sonraí ballraíochta gach CBS:

Ballraíocht CBS

CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch	Baill
Baill Thofa	An Comh. Pat McMahon An Comh. Michael Begley (Cathaoirleach) An Comh. Gabriel Keating An Comh. P.J. Kelly An Comh. Johnny Flynn An Comh. Pat Daly An Comh. P.J. Ryan
Talmhaíocht & Feirmeoireacht	Rosaleen O'Reilly
An Timpeallacht / Caomhnú	Emma Karan
Forbairt / Tógáil	Pat Keogh
Gnó / Tráchtáil	Pat Morris
Ceardchumainn	Seamus Ryan
Ionchuimsiú Sóisialta	Elaine d'Alton

CBS um Fhorbairt Fhisiciúil	Baill	
Baill Thofa	An Comh. John Crowe (Cathaoirleach) An Comh. Pat O'Gorman An Comh. Alan O'Callaghan	An Comh. Clare Colleran Molloy An Comh. Joe Cooney An Comh. Ian Lynch An Comh. Liam Grant
Talmhaíocht & Feirmeoireacht	Kieran Woods	
An Timpeallacht / Caomhnú	Aisling Wheeler, Therese O'Donohue	
Forbairt / Tógáil	Lorchan Hoyne	
Pobal / Deonach	Damon Matthew Wise	
Ionchuimsiú Sóisialta	Padraic Hayes	

CBS um Fhorbairt Tuaithe	Baill	
Baill Thofa	An Comh. Pat Hayes (Cathaoirleach) An Comh. Rita McInerney An Comh. Cillian Murphy	An Comh. Shane Talty An Comh. Joe Killeen An Comh. Mary Howard An Comh. Pat Burke
Talmhaíocht & Feirmeoireacht	Denis Tuohy	
Gnó / Tráchtáil	Niamh O'Callaghan	
Ionchuimsiú Sóisialta	Jean Tierney O'Keeffe	
Pobal / Deonach	Mary Anne Kearns	

CBS um Fhorbairt Shóisialta	Baill	
Baill Thofa	An Comh. Gerard Flynn (Cathaoirleach) An Comh. Tony O'Brien An Comh. Paul Murphy	An Comh. Joe Garrihy An Comh. Ann Norton An Comh. D McGettigan An Comh. Tom O'Callaghan
Forbairt / Tógáil	Larry Brennan	
Gnó / Tráchtáil	William Cahir	
Ceardchumainn	Tommy Guilfoyle	
Ionchuimsiú Sóisialta	Noel Kearney	
Pobal / Deonach	Tommy Molloy	

Ionadaíocht Ball Tofa ar Choistí

Ceapadh Cathaoirligh Ainmnithe do gach ceann den cheithre Choiste um Beartais Straitéiseacha

An Comh. P. McMahon, An Comh. P. Hayes, An Comh. J. Crowe, An Comh. G. Flynn

Comhthionól Réigiúnach
An Comh. A. O'Callaghan, An Comh. P. J. Kelly

Bord Oideachais & Oiliúna
An Comh. A. Norton, An Comh. P. Murphy, An Comh. G. Keating, An Comh. C. Colleran Molloy, An Comh. J. Killeen

Cumann Bhaill an Údaráis Áitiúil
An Comh. T. O'Brien

Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann
An Comh. J. Crowe, An Comh. M. Begley, An Comh. P. Daly

Comhar-Árachais Comhairlí Éireann Teo.
An Comh. C. Colleran Molloy

Bord Bainistíochta Waterworld Chill Chaoi
An Comh. C. Murphy

Bord Bainistíochta Waterworld an Leachta
An Comh. S. Talty

Iontaobhas Iarsmalann Hunt
An Comh. P. Murphy

Fáilte Lios Dúin Bhearna
An Comh. J. Killeen

Bord glór Music DAC
An Comh. L. Grant, An Comh. M. Howard

Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir
An Comh. J. Killeen, An Comh. J. Garrihy

Coiste Comhairleach Lóistín Áitiúil don Lucht Siúil
An Comh. T. O'Brien, An Comh. C. Colleran Molloy, An Comh. D. McGettigan, An Comh. A. Norton, An Comh. P. Murphy, An Comh. J. Garrihy

An Coiste Nasctha

Na Comhairleoirí M. Begley, P.J. Ryan, P. McMahon, P. Hayes, T. O'Brien, J. Crowe, P. Murphy, M. Howard, Cathaoirleach an lae

Grúpa Oibre um Shábháilteacht ar Bhóithre Chontae an Chláir
An Comh. C. Murphy, An Comh. J. Cooney, A Comh. P.J. Ryan

Coiste Monatóireachta Uisce Thuaithe an Chontae
An Comh. L. Grant, An Comh. S. Talty, An Comh. P. Burke

Coiste Spóirt agus Caitheamh Aimsire Inis Ghníomhach
An Comh. T. O'Callaghan, An Comh. A. Norton, An Comh. J. Flynn

An Coiste Iniúchta
An Comh. P. Hayes, An Comh. G. Keating

Fóram Sláinte Réigiún an Iarthair
An Comh. L. Grant, An Comh. C. Murphy, An Comh. R. McInerney, An Comh. M. Howard

An Comhchoiste Póilíneachta
Na Comhairleoirí I. Lynch, A. Norton, M. Begley, P.J. Ryan, R. McInerney, P. Daly, P. McMahon, A. O'Callaghan, J. Killeen (2 bhliain), S. Talty (3 bhliain), M. Howard, P. Murphy, P. Burke,
J. Crowe, G. Keating

CTR Iontaobhas Taitneamhachta Chill Rois
An Comh. I. Lynch, An Comh. G. Keating

Bord Chuideachta Forbartha Áitiúil an Chláir
Na Comhairleoirí P.J. Ryan, G. Keating, J. Killeen

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
An Comh. R. McInerney, An Comh. C. Murphy, An Comh. J. Flynn, An Comh. G. Flynn

Coiste Iarnróid Idirchontae an Iarthair Na Comhairleoirí A. O'Callaghan, P. Hayes, L. Grant, J. Crowe, G. Keating

Fochoiste na mBuanorduithe
Na Comhairleoirí P. Hayes, C. Colleran Molloy, P. Murphy,
J. Cooney, P.J. Ryan, G. Flynn & Cathaoirleach an Lae

An Coiste Cuimhneacháin
An Comh. P. O'Gorman, An Comh. C. Colleran Molloy, An Comh. A. Norton, An Comh. G. Flynn, An Comh. P. Murphy, An Comh. J. Cooney

An Fóram Forbartha Tuaithe
Na Comhairleoirí P. Hayes, J. Flynn, G. Keating, J. Crowe, P. Burke, P.J. Ryan

Bord Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Ionad
Aillte an Mhothair
An Comh. S. Talty, An Comh. G. Keating

Comhlacht Rialaithe Ollscoil Náisiúnta na hÉireann
An Comh. C. Colleran Molloy

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Fhorbairt Straitéiseach Inis 2040
An Comh. C. Colleran Molloy, An Comh. A. Norton, An Comh. M. Howard

Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae an Chláir
(bunaithe i mí Iúil 2023)
An Comh. G. Keating, An Comh. L. Grant, An Comh. C. Murphy

AN STIÚRTHÓIREACHT SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS AGUS TACAÍOCHTA

NOELEEN FITZGERALD
An Stiúrthóir Seirbhísí Airgeadais agus Tacaíochta

Soláthraíonn an Stiúrthóireacht Seirbhísí Airgeadais agus Tacaíochta seirbhísí inmheánacha do na Stiúrthóireachtaí seo a leanas de chuid na Comhairle - Eacnamaíoch, Fisiciúil, Sóisialta, Turasóireacht agus Tuath, chun tacú leo le seirbhísí a chur ar fáil do chustaiméirí ar bhealach éifeachtach agus chun dea-chleachtas i ndáil le rialachas corparáideach a chur chun feidhme. Is é cuspóir na stiúrthóireachta acmhainní daonna, seirbhísí airgeadais, córas faisnéise agus corparáideacha (in 2023) a chur ar fáil chun tacú le agus chun cumas na Comhairle chun seirbhísí athraitheacha a chur ar fáil dá custaiméirí a fhorbairt trína baill foirne a chumhachtú agus trí iad a chumasú chun a n-acmhainn is fearr a sheachadadh.

I measc na rann atá páirteach sa stiúrthóireacht seo tá:

- Airgeadas
- Iniúchadh Inmheánach
- Córais Faisnéise
- Acmhainní Daonna
- Seirbhísí Corparáideacha (in 2023).

An Roinn Airgeadais

Tá príomhfhreagracht ar an Roinn Airgeadais as raon feidhmeanna lena n-áirítear cuntasaíocht agus tuairisciú airgeadais, buiséadú, billeáil agus bailiú rátaí tráchtála, íocaíochtaí soláthraí, riar párolla, comhlíontacht soláthair, an próiseas buiséid, bainistiú cisteáin agus gníomhaíochtaí cuntasaíochta agus comhlíontachta eile. Déanann an Roinn Airgeadais maoirseacht ar rialuithe caiteachais éifeachtacha agus ar bhailiú fiach, agus is é an cuspóir foriomlán atá aici seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do na Stiúrthóireachta seo a leanas de chuid na Comhairle - Sóisialta, Eacnamaíoch, Fisiciúil, Turasóireacht, Tuath, agus in 2023 sháraigh an caiteachas bliantúil iomlán €270 milliún.

Cuntasaíocht agus Tuairisciú Airgeadais

Tá forléargas le fáil i Ráiteas Airgeadais Bhliantúil 2023 ar staid airgeadais Chomhairle Contae an Chláir ag an 31 Nollaig, 2023, agus tuairiscíodh toradh dearfach ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Cuntas Ioncaim agus Caiteachais). Tá léargas le fáil sna torthaí don bhliain
, i bhformáid ghiorraithe, sa tábla ar leathanach 116. Thabhaigh an Chomhairle caiteachas iomlán de thart ar €272m (níl aistriú chuig caiteachas san áireamh) i rith 2023. Cuimsítear anseo caiteachas ioncaim luach €156m agus caiteachas caipitil luach €116m. Is ionann an caiteachas iomlán seo agus méadú 20% i gcomparáid le leibhéal 2022 a bhí cothrom le €225.6m. Baineann an méadú seo le freagracht a ghlacadh as Láithreáin Oidhreachta Shionainne in 2023 agus le seachadadh tionscadal caipitil suntasach, eadhon Trasnú Dhroichead na Sionainne, ar sháraigh an caiteachas a bhain leis €30m in 2023.

Rátaí tráchtála

Is é ioncam rátaí tráchtála príomhfhoinse ioncaim na Comhairle seo chun seirbhísí a sheachadadh. Bhí billí iomlána Chomhairle Contae an Chláir do rátaí tráchtála cothrom le €44.5m in 2023. Ní raibh aon Tarscaoileadh ar Rátaí Tráchtála a bhain leis an bpaindéim ar fáil do chustaiméirí. Is féidir a thuairisciú go dearfach, dá réir sin, gur fheabhsaigh Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF) bailiúcháin íocaíochtaí custaiméirí go dtí 88%, sin méadú i gcomparáid leis na blianta roimhe sin agus an méadú is airde le deich mbliana anuas. Chomh maith leis sin, laghdaigh an riaráiste go dtí faoi bhun leibhéal €10m agus laghdaigh an riaráiste thart ar €0.5m sa bhliain, sin laghdú comhsheasmhach bliain i ndiaidh bliana.

Cuireadh críoch le hathluacháil na rátaí tráchtála do Chontae an Chláir in 2023 agus tá luachálacha margaidh nua comhaontaithe agus bunaithe i gcomhair 2024. Ag macraileibhéal, bhí formhór na gcustaiméirí sa chontae ag baint tairbhe as laghduithe ar a ndliteanais rátaí tráchtála. Cleachtadh athchothromaíochta ba ea é seo, rud a chiallaíonn go bhfuil custaiméirí ann a bhain tairbhe as méaduithe ar luacháil rátaí tráchtála, fianaise ar a ngníomhaíocht ghnó nó ar luacháil mhargaidh chíosa a réadmhaoine. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair leis na custaiméirí seo a bhféadfadh deacracht a bheith acu teacht ar chomhaontú maidir le híocaíocht don ráta tráchtála.

Ioncam agus pleanáil don bhuiséad caipitil

I mí na Samhna 2023, ghlac an Chomhairle lena buiséad ilbhliantúil i gcomhair 2024-2026,
luach €725.4m, agus lena buiséad ioncaim de €186.4m in 2024. Glacadh leis seo i ndiaidh do na baill dianbhreithniúcháin a dhéanamh trí aird a thabhairt ar an timpeallacht eacnamaíoch a bhí le tabhairt faoi deara i ndiaidh na paindéime agus i dtimpeallacht bhoilscitheach. Glacadh leis an mbuiséad seo agus níor tugadh aon mhéadú ar tháillí gnó breise faoi deara in 2024.

Soláthar

D'fheidhmigh an Chomhairle de réir chreat soláthair OSR. In 2023, feabhsaíodh an réimse seo chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil do rannóga de bhrí gur shroich caiteachas i ngach stiúrthóireacht leibhéal de sa bhreis ar €270m. Leagadh béim ar leith ar thacaíocht a chur ar fáil do rannóga i ndáil le pleanáil tionscadal caipitil.

Iniúchadh Inmheánach

Is cuid de struchtúr rialachais chorparáidigh na Comhairle é an tAonad Iniúchta Inmheánaigh. Is feidhm bhreithmheasa neamhspleách atá inti laistigh den Chomhairle atá freagrach as gníomhaíochtaí athbhreithnithe i ngach réimse laistigh d'Údarás Áitiúil an Chláir.
Is é ról na feidhme Iniúchta Inmheánaigh dearbhú neamhspleách a sholáthar a thugann le fios go bhfuil próisis bhainistíochta riosca, rialachais agus próisis rialaithe inmheánacha na heagraíochta ag feidhmiú go héifeachtach. Leagtar amach i gCairt Iniúchta Inmheánaigh na Comhairle ról agus freagrachtaí an Iniúchóra agus na Bainistíochta Inmheánaí.

An tAonad Iniúchta Inmheánaigh:

- Feidhmíonn sé de réir Phlean Iniúchta Inmheánaigh Ilbhliantúil ina leagtar amach sceideal athbhreithnithe iniúchta agus spotseiceálacha atá le cur i gcrích. Pléitear moltaí leis an bhfoireann bainistíochta.
- Idirghníomhaíonn sé le Coiste Iniúchta na Comhairle agus le hIniúchóir Rialtais Áitiúil seachtrach chun tacú le bainistíocht riosca, dea-chleachtais chuntasaíochta agus an bhéim ar luach ar airgead ar fud na heagraíochta a fheabhsú.

Tá samhail oibre hibrideach curtha chun feidhme ag an gComhairle rud is cúis le hIniúchtaí Inmheánacha a bheith á ndéanamh ar roinnt bealaí difriúla ag an Aonad Iniúchta Inmheánaigh i gComhairle Contae an Chláir, le tacaíocht ó Ghnólacht Iniúchta Seachtrach. Cuireadh roinnt tuarascálacha deiridh, táblaí moltaí agus an Tuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta i gcrích i rith na bliana.

I mí Lúnasa 2023, d'fhorbair an tAonad Iniúchta Inmheánaigh córas ar líne chun cur ar chumas an Iniúchóra Inmheánaigh, na Bainistíochta Sinsearaí agus an Choiste Iniúchta súil a choinneáil ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i ndáil le moltaí iniúchta.

An Roinn Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Is cuid den Stiúrthóireacht Seirbhísí Airgeadais agus Tacaíochta í roinn oibríochtaí TFC Chomhairle Contae an Chláir. Soláthraíonn oibríochtaí TFC stiúrthóireachtaí, Ceantair Bhardasacha, ranna agus breis is 600 úsáideoir le seirbhísí agus tacaíocht TFC. I measc na seirbhísí tá Bonneagar TFC, Feidhmchláir TFC, Réitigh Bogearraí Fiontair, Córais Faisnéise Geografaí (GIS), agus Seirbhísí Gréasáin.

Lean an Rannóg TFC ar aghaidh ag tacú le rannóga chun a gcuspóirí a chomhlíonadh i rith 2023. Sa bhreis ar na gníomhaíochtaí oibríochtúla, cosúil le monatóireacht a dhéanamh ar shlándáil, bonneagar agus córais a chothabháil, agus tacaíocht úsáideora a sholáthar i rith 2023, bhain an rannóg TFC tairbhe as teicneolaíochtaí nua, d'athraigh sí seirbhísí reatha, bhunaigh sí uathoibriú próisis, agus feabhsaíodh acmhainní na réiteach atá ar fáil cheana féin. Chumasaigh sé seo an rannóg TFC chun tacú leis na haonaid ghnó éagsúla chun díriú ar thionscnaimh feabhsaithe próisis ghnó i rith 2023. Mar thoradh ar na tionscadail seo feabhsaíodh sábháilteacht fostaithe CCC,

treisíodh an chosaint chibearchoireachta, feabhsaíodh cáilíocht seirbhíse agus seachadadh don phobal agus ardaíodh leibhéil sástachta na foirne.

Príomhéachtaí Oibríochtaí TFC in 2023:

- Réitigh chianoibre a chur ar fáil d'oibrithe a bhíonn ag obair amuigh faoin aer, an clár sábháilteachta d'oibrithe a bhíonn ag obair amuigh faoin aer a fheabhsú. Chumasaigh na réitigh seo gabháil dhigiteach faisnéis sláinte agus sábháilteachta agus soláthraíodh rochtain mheandrach ar chomhairle S&S. Chomh maith leis sin, dhigitigh an roinn an clár cigireachta tithíochta, an t-iniúchadh Dóiteáin do Shaoránaigh Scothaosta agus Leochaileacha, agus soláthraíodh réiteach chun an Phróifíl Crann Uirbeach in Inis a ghabháil agus a mhapáil go digiteach. Laghdaigh na réitigh seo astaíochtaí carbóin trí dheireadh a chur leis an ngá atá le liostaí oibre a fháil ar ais san oifig. Chomh maith leis sin, shruthlínigh siad an próiseas riartha, chuir siad deireadh leis an ngá a bhí le foirmeacha páipéir a thrascríobh i gcórais dhigiteacha, agus sholáthair siad rochtain láithreach ar MIS agus ar thuarascálacha gníomhaíochta.
- In 2023, mhéadaigh an roinn soláthar seirbhísí TFC do bhreis is 600 úsáideoir, suas ó 520 ag tús na bliana.
- Soláthar réitigh iarratais ar líne chun tacú le Scéim na mBloc Lochtach i gContae an Chláir. Chuir an réiteach ar chumas an phobail iarratas a dhéanamh ar líne agus comhroinnt faisnéise shlán a sholáthar leis na gníomhaireachtaí éagsúla a bhfuil baint acu leis an scéim. Bhí an t-aiseolas a fuarthas ón nGníomhaireacht Tithíochta, príomhúsáideoir an réitigh, an-dearfach: “Tá an t-iarratas ar líne an-éasca le húsáid agus tá úinéirí tí a bhain tairbhe as seirbhísí na Gníomhaireachta Tithíochta go dtí seo den tuairim chéanna.”
- Córas iarratais do phoist ar líne agus córas rialaithe iniúchta a chur ar fáil trí úsáid a bhaint as réiteach forbartha Granicus Online. Shruthlínigh an córas iarratais do phoist ar líne an próiseas earcaíochta agus d'fheabhsaigh sé an t-eispéireas úsáideora d'iarrthóirí agus don fhoireann AD. D'fheabhsaigh an córas rialaithe iniúchta trédhearcacht agus cuntasacht oibríochtaí na Comhairle agus cinntíodh go raibh rialacháin chosanta sonraí á gcomhlíonadh.
- Freagraíodh 7,700 iarratas ar thacaíocht TFC, bhí an leibhéal sástachta custaiméirí ard agus réitíodh saincheisteanna go tráthúil. Chomh maith leis sin, sholáthair an fhoireann TFC treoir maidir le huirlisí éagsúla agus córais AD. Tá an rannóg Foghlama agus Forbartha chun scileanna digiteacha agus táirgiúlacht fhoireann na Comhairle a fheabhsú.
- Uasghrádaíodh an réiteach íocaíochta ar líne, agus cuireadh slándáil bhreise ar fáil chun baill den phobal a chosaint ó chibearchoireacht. Chomh maith leis sin, d'fheabhsaigh an t-uasghrádú feidhmíocht agus iontaofacht an chórais íocaíochta agus laghdaigh sé na costais oibriúcháin don Chomhairle.
- D'fheabhsaigh rolladh amach bearta slándála do ríomhphoist, cianrochtain agus ríomhairí, ríomhairí glúine agus táibléid CCC chun an seans go dtarlóidh cibirionsaí rathúil a laghdú. I measc na mbeart slándála bhí criptiú, fíordheimhniú ilfhachtóra, cumrú balla dóiteáin agus bogearraí frithvíreas. Chomh maith leis sin, reáchtáil an fhoireann TFC iniúchtaí agus scanadh rialta chun aon bhagairt nó leochaileacht fhéideartha a mhaolú agus chun monatóireacht a dhéanamh ar a leithéid.
- Feabhsaíodh nascacht idiroifige do leabharlann De Valera i Leabharlann Inse agus Shionainne, rud a chumasaíonn rochtain líonra níos tapa agus níos cobhsaí do bhaill foirne agus do phátrúin. Chomh maith leis sin, d'éascaigh an nascacht feabhsaithe seo seirbhísí agus cláir ar líne a sheachadadh, cosúil le r-leabhair, r-fhoghlaim agus imeachtaí fíorúla.
- Tacú le seirbhísí uisce a aistriú chuig Uisce Éireann.

Ba í Comhairle Contae an Chláir a ainmníodh mar bhuaiteoir an ghradaim dar teideal, 'Cultúr d'Fholláine san Ionad Oibre a Leabú', ag Gradaim AD CIPD Ireland 2023.

Acmhainní Daonna

Seachadann an Roinn Acmhainní Daonna (AD) clár oibre suntasach de réir a plean foirne don bhliain. Seo a leanas na príomhréimsí a bhfuil béim á leagan orthu: pleanáil lucht oibre; earcaíocht; Straitéis Daoine an Údaráis Áitiúil; foghlaim agus forbairt; comhionannas & éagsúlacht, agus tacaíochtaí d'fholláine fostaithe.

Tugadh aitheantas do thiomantas Chomhairle Contae an Chláir d'fholláine san áit oibre ag Gradaim AD CIPD na hÉireann 2023 a reáchtáladh i dTeach an Ardmhéara ar an 24 Feabhra, 2023. Ba ar an údarás áitiúil a bronnadh an gradam dar teideal 'Cultúr d'Fholláine san Ionad Oibre a Leabú'. Gearrliostaíodh an Chláir sa chatagóir i dteannta leis an Roinn Cosanta, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, Seetec Ireland agus William Fry LLP. Tugann an gradam seo aitheantas d'eagraíochtaí a thugann tús áite d'fholláine fostaithe agus a bhfuil cultúr láidir d'fholláine san áit oibre leabaithe acu. Tá an t-aitheantas seo i measc eagraíochtaí na hearnála príobháidí agus poiblí ag teacht leis an infheistíocht atá á déanamh ag an gComhairle sa réimse seo.
Tá achoimre ar phríomhghníomhaíochtaí na rannóige AD le fáil thíos.

Pleanáil agus Earcaíocht Foirne Oibre

Cuireadh próiseas pleanála straitéiseach foirne oibre i gcrích agus faoi bhráid ár máthair-roinne

in 2023 ina leagtar amach an treochlár chun ár n-acmhainní foirne a phleanáil chun freastal ar sheirbhísí athraitheacha agus forbarthacha na Comhairle. Tá an doiciméad seo ag athrú i gcónaí de réir mar atá an earnáil ag freastal ar sheirbhísí breise agus ar shainchúram forbarthach Chomhairle Contae an Chláir.

Tá an Rannóg Earcaíochta ag leanúint ar aghaidh lena chinntiú go bhfuil ar chumas na Comhairle freastal ar riachtanais ghnó na heagraíochta agus riachtanais seirbhíse ár saoránach. Leanadh ar aghaidh le baill foirne nua a earcú sa Chomhairle in 2023 agus reáchtáladh 68 comórtas trí mheascán de mhodhanna ar líne agus aghaidh agus aghaidh. I measc na bpróiseas mór earcaíochta a reáchtáladh bhí próisis a bhain le hOifigeach Cléireachais, Oibrí Ginearálta, Innealtóir Feidhmiúcháin agus poist Leabharlainne, agus poist eile nach iad freisin.

Rinne an Chomhairle pleananna chun córas earcaíochta ar líne a bhunú in 2023, agus bhí sé beartaithe go mbeadh an córas beo ag tús 2024. Ceadaíonn an próiseas nua d'iarrthóirí iarratais a dhéanamh ar líne trí úsáid a bhaint as ardán atá soiléir agus éasca le húsáid. Tá dúshláin leanúnacha ann don earnáil chomh fada is a bhaineann le baill foirne teicniúla, innealtóireachta, ailtireachta, TFC agus leibhéil iontrála, go háirithe mar gheall ar dhífhostaíocht nialasach sa gheilleagar agus rath an tionscail eitlíochta príobháidí agus cógaisíochta i measc tionscal eile sa réigiún.

D'éascaigh an Clár Oideachais Chomhoibríoch líon mac léinn tríú leibhéal chun taithí oibre luachmhar a fháil i ranna éagsúla den Chomhairle.

Ina theannta sin, tacaíonn an Chomhairle le roinnt clár printíseachta lena n-áirítear clár na dTeicneoirí Cuntasaíochta agus clár na Meicneoirí Feithiclí Troma.

Foghlaim agus Forbairt

D'eagraigh an tAonad Foghlama agus Forbartha tacar leathan clár oiliúna agus ceardlann chun freastal ar riachtanais na foirne bainistíochta agus na foirne ag eascairt as meascán d'iarratais faighte tríd an gCóras Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha (CBFF) a shainaithin riachtanais oiliúna na heagraíochta. Rolladh amach cláir oiliúna a raibh deis ag daoine freastal orthu agus cláir oiliúna ar líne, seimineáir ghréasáin agus seisiúin eolais i rith na bliana. Tá raon leathan clár á dtairiscint agus is cláir oiliúna éigeantacha iad cuid acu, a thugann aird ar leith ar oibleagáidí sláinte agus sábháilteachta. Leagadh béim shonrach ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus ar oiliúint Feasachta Cibirtheagmhas i rith na bliana.

D'éirigh leis an gComhairle cloí leis an gCaighdeán Óir Barr Feabhais Trí Dhaoine arís in 2023. San áireamh sa phróiseas bhí sraith agallamh le baill foirne agus leis an bhfoireann bainistíochta agus tugann sé aitheantas do phríomhphróisis agus do phríomhthacaíochtaí atá bunaithe ag an gComhairle.

Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta

Roinneadh eolas leis an bhfoireann ag tús na bliana maidir leis an gceanglas an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a chur chun feidhme. San áireamh sa phróiseas tá comhráite foirmiúla idir an ball foirne agus an bainisteoir líne ag tús na bliana, ag lár na bliana agus ag deireadh na bliana. Tacaíonn an córas le forbairt agus le cur chun feidhme Pleananna Foirne agus Pleananna Forbartha Pearsanta agus Pleananna Oiliúna.

Beartas a chur chun feidhme

Ghlac an Fhoireann Bainistíochta leis an mBeartas um Cheart Dínasctha ar an 9 Eanáir, 2023. Baineann an beartas seo le fostaithe uile na Comhairle agus le timpeallachtaí oibre uile na Comhairle, i.e. fostaithe atá ag obair ó chian, san oifig, nó i suíomh buan eile nó sa bhaile.

Comhionannas agus éagsúlacht

Bhunaigh Comhairle Contae an Chláir Grúpa Oibre um Chomhionannas & Chearta an Duine, atá á stiúradh ag an Roinn Acmhainní Daonna. Tá an grúpa ag leanúint ar aghaidh le Plean Gníomhaíocht um Chomhionannas & Chearta an Duine a fhorbairt, de réir Dhualgas Comhionannais agus Chearta Duine na hEarnála Poiblí. Tá dualgas reachtúil ar chomhlachtaí poiblí idirdhealú a dhíbirt, tacú le comhionannas agus cearta daoine ball foirne agus úsáideoirí deiridh a chosaint. Sa chomhthéacs seo, ceanglaítear ar Chomhairle Contae an Chláir measúnú a dhéanamh ar, déileáil le agus tuairisciú ar dhul chun cinn a bhaineann le comhionannas agus le cearta an duine, ar bhealach atá inrochtana don phobal.

Caidreamh Tionsclaíoch

Lean an Roinn Acmhainní Daonna, agus Comhairle Contae an Chláir trí chéile, le caidreamh táirgiúil a chothabháil lena comhghleacaithe sna cumainn i rith 2023. Tharla an rannpháirtíocht seo trí chruinnithe ráithiúla leis an bhfóram Comhpháirtíochta agus trí chruinnithe foirmiúla rialta agus plé leanúnach le cumainn aonair.

Folláine Fostaithe

Rolladh amach clár suntasach de thionscnaimh folláine don fhoireann i rith na bliana agus san áireamh bhí Ceardlann Garraíodóireachta, imeacht oideachais faoi Dhiaibéiteas Chineál 2, feachtas Sunsmart, tacú leis an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre, cúrsa cianoibre agus folláine, Ceardlanna Tuismitheoireachta, an Mol Folláine agus Clár na Vacsaíne Fliú.

Eagraíodh imeachtaí éagsúla don fhoireann chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Náisiúnta na Folláine san Áit Oibre, an Lá Sláinte Meabhairshláinte, Mí Chroí na hÉireann agus Lá Meanapáis.

Rinneadh Daonáireamh Foirne um Míchumas nuashonraithe i mí na Samhna. Is ceanglas é an daonáireamh seo a dhéanamh de réir Acht um Míchumas, 2005, a chiallaíonn go mbíonn staitisticí á dtiomsú agus á gcur faoi bhráid na Roinne ar bhonn bliantúil maidir le líon na foirne atá faoi mhíchumas. Faoin gClár Cúnaimh d'Fhostaithe, táthar ag leanúint ar aghaidh le Seirbhísí Comhairleoireachta Gairmiúla a chur ar fáil don fhoireann ar fad.

Bhí an clár seo mar bhonn leis an ngradam ar tagraíodh dó níos túisce sa réamhrá atá sa tuarascáil seo.

Tuarascáil maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní

D'fhoilsigh Comhairle Contae an Chláir a Tuarascáil maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní i gcomhair 2023 ar an 18 Nollaig. Is éard atá i gceist leis an mbearna phá idir na hinscní an difríocht sa mheánráta pá in aghaidh na huaire a fhaigheann fir agus mná atá páirteach san fhoireann oibre. Anois, ceanglaítear ar fhostóirí a bhfuil níos mó ná 250 fostaí acu in Éirinn a sonraí maidir leis an mbearna phá idir na hinscní a fhoilsiú.

Is dtuarascáil 2023 tugtar le fios go bhfuil an Mheánbhearna Phá idir na hInscní cothrom le -9.33%. Ciallaíonn sé sin, ar an meán, go bhfuil mná i mbun ról a bhfuil íocaíocht níos airde luaite leo i gcomparáid le fir. Ciallaíonn an Bhearna Phá Airmheánach de -17.55% go bhfuil ionadaíocht láidir ag mná i róil bhainistíochta shinsearacha i gComhairle Contae an Chláir.

Cainteanna Foirne Comhpháirtíochta 2023

Reáchtáladh Seisiúin Eolais Foirne i gCill Dalua, Sionainn, Inis Díomáin, Cill Chaoi agus Inis thar thréimhse coicíse i mí Márta 2023 agus d'fhreastail neart ball foirne ar na seisiúin. Eagraíodh seacht seisiún ar fad. I rith na seisiún, a bhí á stiúradh ag an bPríomhfheidhmeannach agus ag an gCoiste Comhpháirtíochta bhí láithreoireachtaí ón bPríomhfheidhmeannach agus ó na Stiúrthóirí Seirbhíse. Bhí Seastán Eolais Fostaithe ar fáil do bhaill foirne ag gach seisiún freisin, deis chun aird a thabhairt ar na tionscnaimh dhuinelárnacha éagsúla atá ar fáil don fhoireann, lena n-áirítear cúnamh d'fhostaithe, sláinte & folláine, agus deiseanna foghlama & forbartha.

Seirbhísí Corparáideacha

Soláthraíonn an Roinn Seirbhísí Corparáideacha seirbhís thacaíochta do Bhaill Thofa agus d'fhoireann bainistíochta na Comhairle agus riarann í roinnt feidhmeanna go díreach don phobal.

Cruinnithe Chomhairle Contae an Chláir

Déanann Comhairle Contae an Chláir go leor dá gnó ag cruinnithe den Chomhairle iomlán. Tá a leithéid sin de chruinnithe á rialú ag an dlí.

I rith 2023, reáchtáil Comhairle Contae an Chláir na cineálacha cruinnithe seo a leanas:

- Cruinniú Ginearálta Bliantúil - 1
- Gnáthchruinnithe – 11
- Cruinnithe Míosúla Ar Athló – 0
- Cruinnithe Buiséid – 1
- Cruinniú Speisialta - 3

Déanann Cathaoirleach na Comhairle cathaoirleacht ar chruinnithe na Comhairle iomláine. Sa chás go mbíonn an Cathaoirleach as láthair, is é nó í an Leas-Chathaoirleach a bhíonn i mbun cathaoirleachta ar an gcruinniú. Tá ceart reachtúil ag an bpobal agus ag na meáin freastal ar chruinnithe na Comhairle. Reáchtáiltear cruinnithe na Comhairle ar an dá Luan de gach mí, ach amháin mí Lúnasa. Reáchtáiltear na cruinnithe reachtúla i Seomra na Comhairle, Áras Contae an Chláir agus trí MS Teams.

Reáchtáiltear an Cruinniú Ginearálta Bliantúil i mí Meithimh gach bliain. Toghadh an Comhairleoir Joe Cooney, a dhéanann ionadaíocht ar Cheantar Bardasach Chill Dalua, mar Chathaoirleach i mí Meithimh 2023 don bhliain dár gcionn. Toghadh an Comhairleoir Gabriel Keating, a dhéanann ionadaíocht ar Cheantar Bardasach Iarthar an Chláir, mar Leas-Chathaoirleach ag an gcruinniú céanna.

Plean Corparáideach 2019-2024

Glacadh le Plean Corparáideach 2019-2024 ar an 14 Nollag 2019. Is rialtas áitiúil gairmiúil, sofhreagrúil agus solúbtha a bheidh i gComhairle Contae an Chláir a threoróidh forbairt shóisialta, eacnamaíoch, fhisiciúil agus tuaithe ár gcontae, agus a mbeidh ról lárnach ag pobail inbhuanaithe inti.

Cuspóirí Straitéiseacha 2019-2024

Feidhmíonn Comhairle Contae an Chláir faoi shé stiúrthóireacht, eadhon: Seirbhísí Airgeadais agus Tacaíochta, Forbairt Eacnamaíoch, Forbairt Fhisiciúil, Forbairt Tuaithe, Forbairt Shóisialta agus Forbairt Turasóireachta. Chomhaontaigh na stiúrthóireachtaí seo ar chuspóirí straitéiseacha agus ar straitéisí tacaíochta mar atá leagtha amach thíos.

Seirbhísí Airgeadais agus Tacaíochta

Acmhainní daonna, seirbhísí airgeadais agus córais faisnéise a chur ar fáil chun tacú le agus chun cur ar chumas na Comhairle seirbhísí athraitheacha a chur ar fáil dá custaiméirí trína baill foirne a chumhachtú agus trí iad a chumasú chun a n-acmhainn is fearr a sheachadadh.

Forbairt Gheilleagrach

Timpeallacht eacnamaíoch réamhghníomhach, inbhuanaithe agus neodrach ó thaobh carbóin de a chur ar fáil inar féidir le gnóthaí lonnú agus fás, agus fostaíocht inbhuanaithe a chruthú chun tacú lenár bpobail, agus ar an tslí sin, acmhainn eacnamaíoch Chontae an Chláir a fheabhsú.

Forbairt Fhisiciúil

Príomhbhonneagar a sheachadadh, a chothabháil agus a chosaint chun forbairt eacnamaíoch, shóisialta, fhisiciúil agus tuaithe Chontae an Chláir a éascú ar bhealach a thacaíonn le hinbhuanaitheacht, le hinrochtaineacht, le nascacht agus le meas ar an timpeallacht.

Forbairt Tuaithe

Próiseas rannpháirtíochta a bhunú i straitéis forbartha tuaithe chun príomhthionscadail a sheachadadh a fheabhsóidh cáilíocht an tsaoil, folláine shóisialta agus eacnamaíoch daoine i gContae an Chláir.

Forbairt Shóisialta

Cáilíocht an tsaoil a fheabhsú do phobal Chontae an Chláir trí thacaíochtaí tithíochta oiriúnacha a chur ar fáil dóibh siúd atá ar an ngannchuid ar fud an chontae, chun na saoráidí spóirt agus taitneamhacht chaithimh aimsire a fheabhsú agus ag an am céanna rannpháirtíocht a spreagadh agus forbairt an bhonneagair phoiblí agus athléimneacht an phobail a chinntiú.

Forbairt Turasóireachta

Próiseas a bhunú do rannpháirtíocht príomhpháirtithe leasmhara le cur chun feidhme Straitéis Turasóireachta an Chláir 2030 agus an Plean Digiteach agus Leathanbhanda chun príomhthionscadail turasóireachta a sheachadadh a fhorbróidh an geilleagar turasóireachta in An Clár ar bhealach inbhuanaithe chun pobail agus cuairteoirí araon a óstáil agus chun inrochtaineacht dhigiteach a fheabhsú.

An Coiste Iniúchta

Tá ról neamhspleách ag an gCoiste Iniúchta i ndáil le comhairle a chur ar an gComhairle maidir le tuairisciú airgeadais, próisis, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus ceisteanna iniúchta, mar chuid den athbhreithniú córasach ar an timpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais na Comhairle. Tacaíonn sé le hobair na Roinne Iniúchta Inmheánaigh agus cuireann sé comhairle ar an bPríomhfheidhmeannach i ndáil le hoibriú agus le forbairt na roinne.

Is coiste neamhfheidhmiúcháin é an Coiste agus tá sé ag feidhmiú go neamhspleách chomh fada is a bhaineann lena chlár oibre a chinneadh agus aon mholadh a fhorbairt, agus cuntas a dhéanamh ar na feidhmeanna dá dtagraítear dóibh thuas.

I ndiaidh thoghcháin áitiúla 2019, bunaíodh coiste nua. Beidh an coiste nua i bhfeidhm do thréimhse iomlán na Comhairle 2019 – 2024. Tá cúigear ball ag an gcoiste, triúr ball sheachtracha agus dhá Bhall Tofa mar seo a leanas:

- Austin Slattery, Cuntasóir Cairte cáilithe (Cathaoirleach)
- Bean Uasal Rose Hally
- An tUasal Jimmy Browne
- An Comh. Gabriel Keating
- An Comh. Pat Hayes.

Bhuail baill an choiste le chéile 5 huaire in 2023. Cuireann an coiste tuarascáil bhliantúil faoi bhráid na Comhairle gach bliain.

Fáiltithe Cathartha/Méarachta 2023

Fáiltiú Cathartha - Bernárd Lynch

D'óstáil an Cathaoirleach, an Comh. Tony O'Brien, Fáiltiú Cathartha do Bernárd Lynch ar an 23 Meitheamh 2023 mar aitheantas ar éachtaí suntasacha Bernárd i ndáil le hobair ar son chearta an duine agus pobal LGBTQIA+ agus SEIF.

Cathaoirleach Chomhairle Contae an Chláir, an Comh. Tony O'Brien, agus Bernárd Lynch.

Gradaim an Mhéara

D'óstáil an Cathaoirleach, an Comh. Tony O'Brien Gradaim an Mhéara ar an 26 Bealtaine 2023 – agus bronnadh gradaim ar na faighteoirí fiúntacha seo a leanas:

- Darren Byrnes agus Ian Bolger – as a n-iarrachtaí misniúla leanbh a tharrtháil ó uisce contúirteach in An Dún Beag anuraidh.
- Ord Mhálta Shionainne – ag ceiliúradh 50 bliain ag freastal ar phobal Shionainne agus ar na ceantair mórthimpeall.
- Mick Guinee – as tacú le heagraíochtaí pobail i gCeantar Bardasach Shionainne agus níos faide ó bhaile, agus as fostaíocht a sholáthar in Eastát Tionscail Shionainne.
- Padraic Flaherty – as clár faisnéise ómóis faoi fhear de bhunadh Inise agus iarshagart, Bernárd Lynch, dar teideal 'Falsely Accused', a scríobh agus a léiriú.
- June Curtin – bunaitheoir Snámhaí Sásta, as a dearcadh dearfach maidir le cúrsaí an tsaoil, agus as tacú lena sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte féin agus le sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte daoine eile.
- Diarmuid Nash agus Colin Crehan – mar aitheantas ar an rath a bhí orthu sna cluichí dúbailte i mbliana ag Craobhchomórtais Sinsir Ceithre Bhalla Uile-Éireann O'Neill's, an tríú cluiche dúbailte shinsearach atá buaite acu.

Faighteoirí Ghradaim an Mhéara le Cathaoirleach Chomhairle Contae an Chláir, an Comh. Tony O'Brien.

Fáiltiú Cathartha - Foireann Sóisir Camógaíochta an Chláir agus Foireann Mionúir Iománaíochta an Chláir

D'óstáil an Cathaoirleach, an Comh. Joe Cooney, Fáiltiú Cathartha ar an 4 Nollaig 2023 d'Fhoireann Sóisir Camógaíochta an Chláir agus d'Fhoireann Mionúir Iománaíochta an Chláir chun aitheantas a thabhairt d'éachtaí iontacha na bhfoirne ag leibhéal náisiúnta - d'éirigh leo na craobhchomórtais Uile-Éireann seo a leanas a bhuachan:

- Bhuaigh Foireann Sóisir Camógaíochta an Chláir Craobhchomórtas Sóisir Camógaíochta Uile-Éireann Glen Dimplex 2023.
- Bhuaigh Foireann Mionúir Iománaíochta an Chláir Craobhchomórtas Iománaíochta CLG Laighean AIB agus Craobhchomórtas Mionúir Iománaíochta Uile-Éireann CLG Electric Ireland 2023.

Sa phictiúr i dteannta le Cathaoirleach Chomhairle Contae an Chláir, an Comh. Joe Cooney, tá: (C-D): Bainisteoir Fhoireann Mionúir Iománaíochta an Chláir, Brian O'Connell, agus Captaen Fhoireann Mionúir Iománaíochta an Chláir, Eoghan Gunning.

Sa phictiúr i dteannta le Cathaoirleach Chomhairle Contae an Chláir, an Comh. Joe Cooney, tá: (C-D): Captaen Fhoireann Sóisir Camógaíochta an Chláir, Sinéad O'Keeffe, agus bainisteoir Fhoireann Sóisir Camógaíochta an Chláir, John Carmody.

Clár na dToghthóirí

Tá Comhairle Contae an Chláir freagrach as Clár na dToghthóirí do Chontae an Chláir a chur i dtoll a chéile. Tá teorainn dháilcheantar Dála an Chláir cosúil le teorainn chontae an Chláir de réir Acht Toghcháin (Leasú) (Dáilcheantair), 2017.

Anois is féidir le toghthóirí rochtain a fháil ar www. checktheregister.ie chun vóta a chlárú, agus a gcuid sonraí a nuashonrú, lena n-áirítear a n-uimhir PPS agus Éirchód. Tá gach duine atá 18 mbliana d'aois nó níos sine atá ina c(h)ónaí go buan ag seoladh áirithe laistigh den stát incháilithe chun a bheith ainmnithe ar Chlár na dToghthóirí. Nuair a bhíonn daoine 16 bhliain d'aois, is féidir leo iarratas a dhéanamh chun a bheith ainmnithe ar an gclár feithimh. Gníomhachtófar a n-iarratas nuair a bheidh siad 18 mbliana d'aois.

Reáchtáladh feachtais feasachta náisiúnta agus áitiúla in 2023 chun aird a tharraingt ar athruithe ar an bpróiseas cláraithe toghcháin agus chun cuireadh a thabhairt don phobal páirt a ghlacadh sa phróiseas, go sonrach chun clárú den chéad uair nó chun a gcuid sonraí a nuashonrú trína ndáta breithe, uimhir PPSN agus Éirchód a chur ar fáil. Rinneadh poiblíocht ar na feachtais ar raon leathan ardán, lena n-áirítear nuachtáin náisiúnta agus áitiúla agus cainéil raidió, agus ar na meáin shóisialta, chun a chinntiú go ndeacthas i bhfeidhm ar spriocphobal chomh mór agus a d'fhéadfaidís. Mar thoradh ar na feachtais seo, tháinig méadú suntasach ar líon na ndaoine aonair, a bhí ag clárú chun vóta a chaitheamh den chéad uair agus a bhí ag nuashonrú a gcuid sonraí ar www.checktheregister.ie

Tá 92,463 toghthóir Rialtais Áitiúil ainmnithe ar Chlár na dToghthóirí in An Clár ag an 31 Nollaig 2023.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Tuarascáil Bhliantúil ar Staitisticí - Tuarascálacha Inmheánacha déanta faoi alt 6 den Acht

1 Fuarthas Nochtadh Cosanta trí chainéil tuairiscithe inmheánacha i mbliain féilire 2023 agus cuireadh clabhsúr leis gan aon ghníomh breise a dhéanamh.

Tugadh anonn 1 nós imeachta leantach ón mbliain roimhe sin agus cuireadh clabhsúr leis i mbliain féilire 2023.

Tuarascáil Bhliantúil ar Staitisticí - Tuarascálacha Seachtracha déanta nó tarchurtha faoi alt 7, alt 7A, alt 10C agus alt 10D den Acht

Ní bhfuarthas aon tuarascáil tríd an gcainéal tuairiscithe seachtrach a bunaíodh faoi alt 7(2B) den Acht.

Nuálaíocht Gnó 2023

D'oibrigh foireann Nuálaíochta Gnó Chomhairle Contae an Chláir, a bhfuil ionadaithe ó gach Stiúrthóireacht páirteach inti, ar na gníomhartha atá le fáil sa Straitéis Nuálaíochta Gnó.

Ag na cruinnithe démhíosúla a reáchtáladh, tarraingíonn na hionadaithe Nuálaíochta aird ar thograí Nuálacha óna Stiúrthóireacht lena breithniú.

Cuireadh roinnt tionscadal feabhsaithe gnó i gcrích in 2023, lena n-áirítear:

- Cóid QR ag ár dtránna chun rochtain éasca ar léarscáileanna, amanna taoide agus fodhlíthe trá a éascú.
- Rianaire Iniúchta Inmheánaigh - tugann sé deis d'Iniúchadh Inmheánach, don Bhainistíocht Shinsearach agus don Choiste Iniúchta dul chun cinn atá a dhéanamh i ndáil le moltaí Iniúchta a rianú.
- Forbraíodh Spásanna Gairdín ag roinnt leabharlann áitiúil a rachaidh chun tairbhe folláine ball foirne agus pátrún. Úsáideadh na spásanna chun imeachtaí éagsúla a óstáil freisin.
- Leabhráin gharraíodóireachta – san áireamh sna leabhráin seo, atá ar fáil don phobal, tá grianghraif de cheapacha bláthanna mórthimpeall Inse, sonraí maidir le hainmneacha na mbláthanna/na dtor a cuireadh, an cineál ithreach a theastaíonn,

comhairle cothabhála, plandaí a mheallann beacha agus a thacaíonn le pailniú etc.

Comhordaitheoir Cúraim do Chustaiméirí

Tá an Chomhairle tiomanta do sheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil dá custaiméirí ar fad agus tá beartas gearán/tuairimí bunaithe. Déanann Comhordaitheoir Cúraim do Chustaiméirí na Comhairle imscrúdú ar gach gearán/tuairim a fhaightear. Is féidir le duine nach bhfuil sásta leis an bhfreagra a chuir an Comhordaitheoir Cúraim do Chustaiméirí ar fáil iarratas a dhéanamh chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcás arís, athbhreithniú a bheadh á dhéanamh ag an Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Seirbhísí Corparáideacha. In 2023, d'fhreagair an Comhordaitheoir Cúraim do Chustaiméirí 12 ghearán a fuarthas, ceann acu ar déileáladh leis faoi achomharc a cuireadh faoi bhráid an Oifigigh Feidhmiúcháin Shinsearaigh.

Lean ár bhFoireann Seirbhísí do Chustaiméirí ar aghaidh le seirbhísí do chustaiméirí den chéad scoth a chur ar fáil, ag obair le baill den phobal a tháinig chomh fada le hÁras Contae an Chláir, ag cabhrú leo lena gcuid fiosrúchán agus á dtreorú chuig seirbhísí oiriúnacha.

Cumarsáid agus Caidreamh Poiblí

Roinneann an Oifig Cumarsáide eolas maidir le gníomhaíochtaí agus seirbhísí na Comhairle agus tacaíonn sí lena leithéid agus músclaíonn sí feasacht phoiblí i saincheisteanna a bhfuil spéis iontu ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta.

In 2023, d'eisigh an Oifig Cumarsáide níos mó ná 140 eisiúint meáin, rud ba chúis le clúdach suntasach áitiúil agus náisiúnta, agus d'fhreagair sí fiosrúcháin phreasa ó na meáin áitiúla agus náisiúnta.

Nuashonraíonn an Oifig Cumarsáide cainéil meán sóisialta le hábhar cruthaitheach chun rannpháirtíocht leis an bpobal a mhéadú agus chun feasacht ar obair na Comhairle a chinntiú. Tá thart ar 32,300 leantóir ag cuntais meán sóisialta corparáideach na Comhairle anois.

I rith na dteagmhas adhaimsire in 2023, sholáthair an Oifig Cumarsáide nuashonruithe agus comhairle rialta don phobal trí na meáin áitiúla agus náisiúnta, cainéil meán sóisialta, agus rannóg nuachta shuíomh gréasáin Chomhairle Contae an Chláir.

Thacaigh Comhairle Contae an Chláir le roinnt cúiseanna fiúntacha i rith 2023, agus chabhraigh an Oifig Cumarsáide le feasacht ar thionscnaimh áitiúla agus náisiúnta a mhúscailt.

Cuireadh na Tuarascálacha Bainistíochta Míosúla, inar tuairiscíodh an dul chun cinn atá déanta ag stiúrthóireachtaí Chomhairle Contae an Chláir i rith na míosa roimhe sin, i dtoll a chéile. Cuireadh an nuachtlitir foirne dar teideal, 'The Banner Bulletin', i dtoll a chéile agus cuireadh cóipeanna ar fáil don fhoireann. Lean an Oifig Cumarsáide le míreanna nuachta a chur ar fáil do phríomhshuíomh gréasáin na Comhairle, mar aon le hInlíon agus Eislíon na foirne.

Rinne an fhoireann Dearaidh Ghrafaigh agus Seirbhíse Priontála tuilleadh feabhsuithe ar chaighdeán na cumarsáide inmheánaí agus seachtraí a dhéanann Comhairle Contae an Chláir, trí ábhar dearaidh agus priontála ar ardchaighdeán a chur ar fáil.

Oifig an Ombudsman

Bunaíodh an oifig seo faoi Acht Ombudsman, 1980. Is é ról na hOifige imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin faoi ghníomhaíochtaí riaracháin, moilleanna nó neamhghníomhaíochtaí, a bhfuil tionchar díobhálach acu ar dhaoine nó ar chomhlachtaí atá ag déileáil le comhlachtaí stáit lena n-áirítear Údaráis Áitiúla. Dhéileáil Oifig an Ombudsman le 20 gearán ó Chustaiméirí in 2023 a cuireadh faoi bhráid Chomhairle Contae an Chláir chun críche freagartha agus tuairiscithe.

An tOmbudsman do Leanaí

In 2023, níor cuireadh aon ghearán faoi bhráid an Ombudsman do Leanaí.

Saoráil Faisnéise & Cosaint Sonraí

Saoráil Faisnéise

In 2023 déileáladh le 156 iarratas SF, ceithre athbhreithniú inmheánacha agus ceithre achomharc a cuireadh faoi bhráid Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OCF). Cuireadh clabhsúr le trí achomharc OCF in 2023 agus seasamh le cinneadh na Comhairle i ngach cás. Tá an OCF fós ag déileáil le cás amháin.

Seo a leanas toradh na n-iarratas a fuarthas in 2023: ceadaithe – 27; páirtcheadaithe – 47; diúltaithe – 35; aistrithe – 2. Aistarraingíodh 10 n-iarratas eile agus láimhseáladh iad lasmuigh den phróiseas SF agus fuarthas 35 iarratas a bhí neamhbhailí faoin Acht ach, trí chomhoibriú leis an iarrthóir, déileáladh leo lasmuigh den Acht. Seo a leanas na catagóirí iarrthóra a bhí ann in 2023: iriseoirí – 41; grúpaí leasa gnó – 15; ionadaithe poiblí – 2; baill foirne – 1; cliaint/eile – 97.

Is é beartas Chomhairle Contae an Chláir:
"Rochtain a thabhairt don phobal ar fhaisnéis atá i seilbh an údaráis seo, a mhéid is féidir, de réir fhorálacha Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, agus comhsheasmhach le leas an phobail agus le ceart an duine aonair chun príobháideachais." Tá tuilleadh faisnéise, foirm iarratais agus sonraí maidir leis an struchtúr táillí le fáil ar shuíomh gréasáin na comhairle https://www.clarecoco.ie/ your-council/how-we-manage-information/ freedom-of-information/how-to-apply-for- information/.

Cosaint Sonraí

Próiseálann Comhairle Contae an Chláir an fhaisnéis phearsanta ar fad de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 - 2018. Tá oibleagáidí suntasacha le comhlíonadh ag rialaitheoirí agus ag próiseálaithe sonraí, agus cosaintí agus cearta treisithe do dhaoine is ábhar do na sonraí. I rith 2023, sholáthair an t-oifigeach um chosaint sonraí (OCS) comhairle, treoir agus tacaíocht i ndáil le RGCS agus an Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí (a thrasuigh Cuid 5 d'Acht 2018 go dtí dlí na hÉireann). Sholáthair an OCS oiliúint chun tuiscint a mhéadú agus chun oibleagáidí sonracha a chomhlíonadh.

Láimhseáladh iarratais sonraí agus sáruithe sonraí trí OCS freisin. In 2023, rinneadh 42 iarratas rochtana sonraí faoin Acht um Chosaint Sonraí/RGCS ar shonraí pearsanta i seilbh na Comhairle, inar cuimsíodh tríocha (30) iarratas rochtana tríú páirtí, deich (10) n-iarratas rochtana duine is ábhar do na sonraí, agus dhá (2) iarratas scriosta.

Ráiteas Príobháideachais

Tá Comhairle Contae an Chláir tiomanta do phríobháideachas a chosaint agus urramú. Tá eolas le fáil sa Ráiteas Príobháideachais maidir le conas a thugaimid aire do do shonraí pearsanta. Tá eolas le fáil ann freisin faoinár n-oibleagáidí agus faoi do chearta faoin dlí cosanta sonraí. Tá ráiteas príobháideachais Chomhairle Contae an Chláir le fáil ag: https://www.clarecoco.ie/%5binfo%5d/ privacy-statement/

Bainistíocht Taifead

In 2023, lean an tAonad Bainistíocht Taifead ar aghaidh le líon mór taifead a chartlannú nach mór iad a choimeád faoin mBeartas Náisiúnta Coinneála do Thaifid Údaráis Áitiúil. Lena chois sin, diúscraíodh taifid de réir an Bheartais Náisiúnta Choinneála do Thaifid Údaráis Áitiúil. Úsáidtear córas bunachair sonraí Bainistíochta Taifead ADLIB chun gach comhad a chartlannaítear a thaifeadadh agus nuair a dhiúscraítear iad.

Tá taifid chartlainne á stóráil ag saoráid Bainistíochta Taifead Bhóthar Chuinche agus ag iosta Pháirc na Feá.

Tá gach Ordú Príomhfheidhmeannaigh, leabhar miontuairiscí na Comhairle Contae agus clár toghthóirí bailithe ag Bainistíocht Taifead agus tá siad le ceangal agus le cartlannú amach anseo, d'fhonn a chinntiú go mbeidh taifid ríthábhachtacha á gcaomhnú go buan agus go slán.

Astaíochtaí Carbóin

Tuarascáil do bhliain féilire 2023 faoi Shainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí de réir Imlitir 1/2020:

Líon iomlán KM taistealta trí eitiltí: 369,751 Tona de CO2 infheidhme: 25,601.70
Méid cúitithe leis an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i gcomhair 2023: €1,228.88



Comhairle Contae an Chláir aa tacú le nuálaíocht cheannródaíoch.

AN STIÚRTHÓIREACHT UM FHORBAIRT EACNAMAÍOCH

LIAM CONNEALLY
An Stiúrthóir um Fhorbairt Eacnamaíoch
Go dtí an 9 Aibreán 2023

CARMEL KIRBY
An Stiúrthóir um Fhorbairt Eacnamaíoch
Ón 10 Aibreán 2023

Bliain ghnóthach eile do Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch na Comhairle ba ea 2023, ina gcuimsítear an Roinn Pleanála, an tAonad Bainistithe Réadmhaoine, an Oifig Fiontair Áitiúil, Tús Áite do Lár Bailte agus Ceantar Bardasach Inse.

Ainneoin go leor constaicí agus dúshlán, lean gnóthaí in An Clár ar aghaidh le hacmhainneacht láidir a léiriú agus is príomhthiománaí de gheilleagar áitiúil rathúil iad. Tá micrifhiontair a bhfuil Comhairle Contae an Chláir ag tacú leo ag leanúint ar aghaidh le fostaíocht a chruthú agus cruthaíodh 62 glanphost in 2023. Is gné ríthábhachtach den ghníomhaíocht eacnamaíoch inár mbailte agus sráidbhailte ar fud an chontae iad na gnóthaí beaga seo. Chomh maith leis sin, oibríonn an Stiúrthóireacht ar bhonn réamhghníomhach le Fiontraíocht Éireann chun tacú lenár FBManna níos mó agus le GFT chun infheistíocht isteach nua a mhealladh chuig An Clár. Tacaíodh leis na tionscnaimh seo i gcomhpháirt le Grúpa Aerfort na Sionainne agus le Fine Grain Properties. Is príomhchumasóir é an Chomhairle de theicneolaíochtaí nua atá á bhforbairt e.g. roghanna soghluaisteachta amach anseo, agus is príomh-chomhpháirtí réigiúnach é atá dírithe ar na buntáistí eacnamaíocha féideartha a bhaineann lenár n-acmhainn gaoth ón talamh a fhorbairt. I bhfianaise thábhacht straitéiseach ár riachtanas fuinnimh amach anseo, is príomhchomhairleoir é Tascfhórsa Eacnamaíoch an Chláir chomh fada is a bhaineann le tacú le Comhairle Contae an Chláir chun na buntáistí eacnamaíocha a bheidh ag eascairt, gan dabht, as infheistíocht shuntasach feadh Inbhear na Sionainne agus Iarthar an Chláir, a shainaithint agus a úsáid.

Is fianaise é an feabhas leantach ar ghníomhaíocht phleanála agus forbartha go bhfuil an geilleagar sa chontae ag fás, agus mar bhonn leis seo bhí an obair a rinneadh a bhain le hullmhú Phlean Forbartha Contae an Chláir nua 2023- 2029, a cuireadh i gcrích ag tús 2023.

I rith 2023, lean foireann na Láithreán Tréigthe leis an leibhéal gníomhaíochta a bhain le déileáil le Láithreáin Thréigthe agus go háirithe, cuireadh tús le héadáil éigeantach réadmhaoine a bhí tréigthe le blianta fada. Is cuid de Chlár Gníomhachtaithe Éigeantach níos ginearálta é seo a raibh an Roinn Tithíochta, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ag tacú leis faoi Phlean Gníomhaíochta na dTithe Folmha. Príomhghné den chlár oibre in 2023 ba ea tacú le agus gníomhachtú an Deontais Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh.

Chomh fada is a bhaineann le hathnuachan baile, is fianaise é cur i gcrích na bpleananna feabhsaithe 2023 le haghaidh Inis Díomáin, Chora Finne agus Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh, ar thiomantas Chomhairle Contae an Chláir do na bailte agus sráidbhailte áitiúla a athnuachan, pleananna atá dírithe ar fhorbairt pobail agus eacnamaíoch, ionas gur áiteanna níos fearr iad le bheith ag maireachtáil iontu, ag obair iontu agus ag tabhairt cuairt orthu.

Coiste um Beartais Straitéiseacha na Forbartha Eacnamaíche (CBS)

Páirteach sa Choiste tá seachtar comhaltaí tofa de Chomhairle Contae an Chláir agus seisear ionadaithe earnálacha. Reáchtáladh ceithre chruinniú den Choiste in 2023 agus rinneadh scrúdú ar raon leathan réimsí beartais lena n-áirítear Tús Áite do Lár Bailte, an Oifigí Fiontair Áitiúil, Deontais na dTithe Folmha, Turasóireacht an Chláir, Pleanáil Mhuirí, Oiriúnú don Athrú Aeráide, Bithéagsúlacht, pleanáil agus fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta. In 2023, caitheadh roinnt mhaith ama ag obair ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) a fhorbairt agus ghlac baill CBS páirt i gcomhchruinnithe le baill den Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) de réir mar a lean an dá choiste ar aghaidh le forbairt chéimeanna éagsúla an PÁEP.

I measc na bpríomhréimsí a mbeidh béim á leagan orthu sa chúig bliana amach romhainn beidh athbhreithniú ar ghníomhartha an Chláir i bPlean Fiontraíochta Réigiún an Iarthair Láir go dtí 2024, athbhreithniú ar agus treoir maidir leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail, cumasú an tionscadail fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta agus tacaíochtaí gaolmhara shlabhra an tsoláthair, cur chun feidhme Mháistirphlean Bhaile na Sionainne agus Straitéis Spásúil agus Gheilleagrach Inis 2024, agus glacfar leis an oiriúnú don athrú aeráide agus leis an mbithéagsúlacht mar mhíreanna seasta ar an gclár oibre don CBS i rith thréimhse a tionóntachta.

Crios Forbartha Straitéisí (CFS) an Chláir Theas/Ollscoil Luimnigh

Ón mbliain 2018, tá an Chomhairle ag obair i ndlúthpháirt le hOllscoil Luimnigh ar ullmhú iarratas Chrios Forbartha Straitéisí (CFS) an Chláir Theas/Ollscoil Luimnigh agus é mar aidhm 325 acra de thalamh úrnua taobh le campas 125 acra Ollscoil Luimnigh i gContae an Chláir a athrú go dtí crios oideachais/fostaíochta/cónaithe ollscoile. Tá ról ceannaireachta ag Ollscoil Luimnigh chomh fada is a bhaineann le deiseanna uathúla d'fhorbairt eacnamaíoch ag scála idirnáisiúnta ar Champas an Chláir Ollscoil Luimnigh. Is é an cuspóir atá ann an timpeallacht agus an acmhainn a sholáthar chun 3,500 post ar a laghad a chruthú agus chun tacú le hOllscoil Luimnigh ainmniú ón AE a fháil mar an chéad Ollscoil CFS san Eoraip. Déantar foráil sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Gheilleagrach (SRSG) do Réigiún an Deiscirt do thosaíocht shuntasach beartais réigiúnaigh don CFS agus sainaithnítear an suíomh mar chumasóir náisiúnta. Is é cuspóir an SRSG tacú le hainmniú agus forbairt leantach tailte atá criosaithe mar thailte Ollscoile i bPlean Forbartha Contae an Chláir mar Chrios Forbartha Straitéisí (CFS) eacnamaíche. Leanadh ar aghaidh le rannpháirtíocht leis an Roinn rialaithe ag leibhéal náisiúnta i rith 2023.

Creatphlean Comhtháite Straitéiseach d'Inbhear na Sionainne (CPCS)

Foilsíodh Tuarascáil Thascfhórsa Eacnamaíoch Inbhear na Sionainne i mí Iúil 2023. Leagtar amach sa Tuarascáil moltaí chun suas le 30GW de Chumhacht Gaoithe Snámhaí Amach ón gCósta a sholáthar, arna éascú trí chéimeanna oibríochtúla agus cothabhála laistigh d'Inbhear na Sionainne faoin mbliain 2050 i dteannta le bearta chun lántairbhe a bhaint as na deiseanna forbartha tionsclaíocha a bheidh ag baint le forbairt gaoithe amach ón gcósta. Chomh maith leis sin, leagtar amach sa Tuarascáil an fhís atá ann go mbeidh Inbhear na Sionainne ag feidhmiú mar Chonair Dhigiteach Ghlas Atlantaigh na hÉireann trí thionscnaimh nua bheartaithe sna hearnálacha seo a leanas - iompar, lóistíocht, nascacht agus turasóireacht.
Chuir Comhairle Contae an Chláir faisnéis ar fáil don chéad nuashonrú feidhmithe do Thuarascáil Thascfhórsa Eacnamaíoch Inbhear na Sionainne i mí na Nollag 2023 agus thug sí gealltanas maidir le roinnt Príomhghníomhartha a bhfuil cur síos déanta orthu san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo mar seo a leanas:

Gníomh	Úinéir	Dáta
Athbhunú agus acmhainní a chur ar fáil do Choiste Stiúrtha Chreatphlean Comhtháite Straitéiseach Inbhear na Sionainne chun tús a chur an athuair le réamhphleanáil agus le gníomhaíochtaí comhshaoil le haghaidh na SFSanna atá bunaithe cheana féin agus na cinn nua a d'fhéadfaí a bhunú, le tacaíocht chuí agus ó acmhainní lárnacha. Breithniú le déanamh ag Údaráis Áitiúla ar chomhphleanáil ainmnithe do réigiún Inbhear na Sionainne (SFS féideartha nó a leithéid) chun freastal ar nósanna imeachta pleanála sruthlínithe agus comhordaithe a fhreastalaíonn ar riachtanais thionsclaíocha agus shochaíocha an réigiúin.	Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh, Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Contae Chiarraí, Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge, DHLGH	Ráithe 3 2023
Ionad Barr Feabhais um Oiliúint Mhuirí a bhunú i gCill Rois faoin mbliain 2025, agus an Rialtas ag tacú le maoiniú trí na bealaí maoinithe atá ar fáil cheana féin	Comhairle Contae an Chláir	Ráithe 4 2024
Tacaíonn TEIS le Comhairle Contae an Chláir agus le Bonneagar Iompair Éireann (TII) chun Glasbhealach Iarnród Iarthar an Chláir a chríochnú	Comhairle Contae an Chláir/Bonneagar Iompair Éireann	Ráithe 4 2024
Oibriú le Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun nithe is díol spéis faoi dhíon ar ardchaighdeán a shainaithint a threiseoidh tairiscint turasóireachta na 4 PFECSanna	Fáilte Éireann	Ráithe 4 2024
Grúpa Oibre a bhunú a bheidh á stiúradh ag Fáilte Éireann a mbeidh Coillte, Oifig na nOibreacha Poiblí, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF), Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Comhairle Contae an Chláir páirteach ann chun an suíomh is oiriúnaí a shainaithint chun pleananna a fhorbairt do Pháirc Foraoise feadh Inbhear na Sionainne	Fáilte Éireann	Ráithe 3 2023
Beidh Comhairle Contae an Chláir ag obair le páirtithe leasmhara chun na saoráidí ag Caisleán agus Daonpháirc Bhun Raite a uasghrádú agus chun eispéireas cuairteora den chéad scoth a chur ar fáil	Comhairle Contae an Chláir	Ráithe 4 2024

Grúpa oibre a bhunú a bheidh á stiúradh ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a mbeidh na grúpaí seo a leanas páirteach ann - Cruise Europe, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Contae an Chláir, agus Grúpa Aerfort na Sionainne, chun príomhspriocanna a fhorbairt maidir le líon na mbád crúsála a bheidh á gcur i nduga in Inbhear na Sionainne faoi 2027/2030 agus gníomhartha a shainaithint chun an sprioc seo a chomhlíonadh	Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge	Ráithe 3 2023

Tá an Stiúrthóireacht Eacnamaíoch tiomanta do na gníomhartha seo a fhorbairt i gcomhar lena comhghleacaithe i ngach Stiúrthóireacht chun na dátaí dlite ábhartha a chomhlíonadh.

Máistirphlean Roche

Mar thionscadal straitéiseach do Chontae an Chláir, lean Comhairle Contae an Chláir ar aghaidh ag obair le Roche (Éire) Tta. in 2023 chun forbairt a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo a shainaithint agus chun deiseanna fostaíochta a mholadh don suíomh. Tá críoch curtha ag an ngnólacht cúraim sláinte ilnáisiúnta Eilvéiseach leis an gcéad dhá chéim den obair feabhsúcháin ag an suíomh 88 acra agus i mí Iúil thug Foireann Bainistíochta Shinsearach Roche litir do Chomhairle Contae an Chláir ag tairiscint cead an chéad diúltaithe di i ndáil leis an suíomh nuair a bheidh na hoibreacha feabhsúcháin curtha i gcrích. Ina dhiaidh sin, forbróidh an tÚdarás Áitiúil máistirphlean don suíomh agus é mar aidhm infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh agus poist inbhuanaithe a chruthú.

An Roinn Pleanála

Pleanáil Chun Cinn

Reachtaíocht Pleanála Mara

I mí na Bealtaine 2023 shínigh an tAire Darragh O'Brien Cuid 2 (seachas Caibidil 9) d'Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021. Foráiltear i gCuid 2 d'ullmhú agus d'fhoilsiú Pleananna Spásúla Muirí, d'ainmniú comhlachtaí poiblí a d'fhéadfadh Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe (PLMAnna) a chur i dtoll a chéile, agus d'ullmhú agus d'fhoilsiú Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe.

Ar an 5 Iúil, d'ainmnigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Darragh O'Brien TD, an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Eamon Ryan TD, mar an t-údarás inniúil chun críocha Plean Limistéir Mhuirí Ainmnithe (PLMA) nó Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe (PLMAnna) a ullmhú agus a fhoilsiú i ndáil le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta do limistéar muirí na hÉireann. De réir Alt 20 (1) (c) d'Acht PLM, is é an tAire Ryan an t-údarás inniúil atá freagrach as gach plean fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta (limistéar earnálach) i limistéir muirí na hÉireann.

Cé go mbeidh an chéad Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe (PLMA) lonnaithe amach ó chósta dheisceart na hÉireann, bhuaill baill na Stiúrthóireachta Eacnamaíche leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun plé a dhéanamh ar an bhféidearthacht go mbeadh Contae an Chláir á ainmniú mar údarás inniúil de réir Alt 20 d'Acht PLM, 2021.

Ceanglaíonn Alt 21 den Acht nach gcuirfidh an tÚdarás Inniúil ach togra ar fáil le haghaidh PLMA i ndiaidh é a ainmniú mar údarás inniúil.

Bhí Comhairle Contae an Chláir ag feidhmiú mar Phríomhúdarás thar ceann gach comhlacht reachtúil agus neamhreachtúil ar an CPCS Inbhear na Sionainne agus d'éirigh léi an chéad Phlean forbartha inbhuanaithe, comhtháite, idirdhlinsiúil in Éirinn a ullmhú agus a fhoilsiú.

Arís, bheadh Comhairle Contae an Chláir toilteanach ullmhú PLMA do limistéar geografach sainithe ar an gCósta Thiar a stiúradh. Dá mba rud é go n-ainmneodh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Comhairle Contae an Chláir mar an tÚdarás Inniúil le haghaidh na PLMAnna agus dá dtabharfadh sé údarás di chun PLMA a fhorbairt, d'fhéadfaí é seo a dhéanamh de réir Acht PLM ina dtugtar le fios gur féidir Údarás Pleanála Cósta a ainmniú chun *"Feidhmiú mar chomhlacht comhordúcháin le haghaidh cuid de na húdaráis inniúla nó le haghaidh na n-údarás inniúil ar fad i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí ar fad".*

Chomh maith leis sin, tá an chumhacht ag an Aire chun feidhmeanna a tharmligean agus tá an RCAC ainmnithe cheana féin mar an t-údarás inniúil le haghaidh gach PLMA ORE, is féidir é seo a tharmligean (má chomhaontaíonn RTRÁO agus RCAC). Trí Chomhairle Contae an Chláir a ainmniú mar údarás inniúil atá ag feidhmiú thar ceann na n-údarás pleanála cósta eile mórthimpeall ar an inbhear agus go deimhin an cósta thiar, tá poitéinseal suntasach ag baint le comhoibriú idir údaráis phleanála chósta agus comhthionóil réigiúnacha chun PLMA comhpháirteach a chur ar fáil.

Cosúil leis an gcur chuige ar bhain Comhairle Contae an Chláir tairbhe as i ndáil leis an CPCS mar gheall ar nádúr idirdhlinsiúil na hearnála Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta, na leasanna iomaíocha, tábhacht straitéiseach agus eacnamaíoch Inbhear na Sionainne, méid agus scála na bhforbairtí a d'fhéadfaí a dhéanamh, mar aon le fachtóirí eile, tá géarghá ar bhonn práinne le dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le hainm Údaráis Inniúil a bheidh in ann díriú ar phróiseas

na PLMAnna ar bhonn tráthúil chun bealach a sholáthar chun toiliú do thionscadail fuinnimh in-athnuaite amach ón gCósta Thiar sa deich mbliana amach romhainn.

Tá ar chumas na nÚdarás Áitiúil agus ar Chomhairle Contae an Chláir go háirithe a leithéid de thogra uaillmhianach a chur i gcrích de bhrí go bhfuil saineolas acu a bhaineann le Pleanáil Chun Cinn ar an talamh. Trí úsáid a bhaint as prionsabail na pleanála agus na forbartha inbhuanaithe, mar aon lena saineolas ar phleanáil chósta chomhtháite, is féidir le Comhairle Contae an Chláir meicníocht a sholáthar trínar féidir PLMA an Chósta Thiar a chur i gcrích go tráthúil.

Chomh maith leis sin, chomhlíonfadh ainmniú Chomhairle Contae an Chláir mar Údarás Inniúil chun PLMA an Chósta Thiar a ullmhú, an ceanglas atá sonraithe i dTuarascáil Thascfhórsa Eacnamaíoch Inbhear na Sionainne agus sa Tuarascáil Feidhmithe don Rialtas a cheanglaíonn ar na húdaráis atá mórthimpeall ar an inbhear comhoibriú lena chéile nuair a bheidh PLMA á fhorbairt.

Cáin Talamh Criosaithe Chónaithe

Is é an aidhm atá le CTCC i dteannta le tionscnaimh eile ar fud na Comhairle tailte criosaithe agus seirbhísithe a ghníomhachtú d'fhorbairt chónaithe.

Moladh CTCC faoi Thithíocht do Chách 2021 agus bunaíodh é in Acht Airgeadais, 2021, agus é mar aidhm aige talamh criosaithe seirbhísithe a ghníomhachtú a d'fhéadfadh freastal ar fhorbairt chónaithe chun dlús a chur le soláthar tithíochta agus chun athnuachan tailte folmha agus díomhaoine i suíomhanna uirbeacha a chinntiú. Ainneoin gurb iad na Coimisinéirí Ioncaim atá freagrach as CTCC a riar, tá an fhreagracht reachtúil ar an údarás áitiúil chomh fada is a bhaineann le léarscáileanna a ullmhú agus a fhoilsiú ar a dtaispeántar tailte criosaithe laistigh de raon CTCC. I rith 2023, leanadh ar aghaidh le forbairt agus le beachtú an chórais léarscáilithe ar áiríodh ann tréimhsí de chomhairliúchán poiblí ag céimeanna na ndréachtléarscáileanna, na léarscáileanna forlíontacha agus na léarscáileanna críochnaitheacha. Mar a fógraíodh i mBuiséad 2024, d'iarchuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta dliteanas don cháin ó 2024 go dtí 2025.

Maoiniú Bhaile agus Shráidbhaile Inis Díomáin

D'ullmhaigh Comhairle Contae an Chláir, i dteannta lena comhpháirtithe - Cuideachta Forbartha Áitiúil an Chláir agus Foireann Bhaile Inis Díomáin, agus an fhoireann dearaidh a bhí á stiúradh ag Helena McElmeel Architects, plean Feabhsaithe Inis Díomáin a cuireadh i gcrích in 2022.



In 2023, bronnadh Maoiniú Baile agus Sráidbhaile ar thionscadal a d'eascair as an bplean seo d'oibreacha ar an ríocht phoiblí ar Shráid na Parlaiminte.

Rinneadh iarratas eile ar Mhaoiniú Baile agus Sráidbhaile in 2023 d'oibreacha ag An Chearnóg, Inis Díomáin. Táthar ag súil go mbeidh torthaí an iarratais seo ar fáil ag tús 2024.

Maoiniú Bhaile agus Shráidbhaile na Ceapaí

Is tionscnamh pleanbhunaithe é Straitéis Feabhsúcháin na Ceapaí atá curtha i gcrích ag an Roinn i ndlúthchomhar leis an bpobal áitiúil. Tá an plean bunaithe ar an bprionsabal a bhaineann le huasmhéadú phoitéinseal an tsráidbhaile, agus ag an am céanna, a charachtar muirí sonrach agus scála sráidbhaile a choimeád. In 2023, bronnadh maoiniú Baile agus Sráidbhaile chun bealach rochtana nua chuig an trá agus páirc spraoi a chur ar fáil, a chiallódh go mbeadh an limistéar seo á choinneáil mar chuid den tsiúlóid cois cósta agus go ndéileálfaí leis an imní sábháilteachta a d'eascair as leanaí a bheith ag léim thar an mballa chun an páirc spraoi a bhaint amach níos tapa. Sholáthródh an bealach rochtana nua bealach inrochtana leathan agus chuirfeadh sé radharc leathan ar fáil den uisce agus d'Inis Cathaigh ón gcosán agus ón mbóthar.

Straitéis Feabhsúcháin Chora Finne

Thar thréimhse dhá bhliain go leith, d'oibrigh an Roinn Pleanála agus a comhpháirtí, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra (SPNF), le foireann ildisciplíneach dhuaisbhuaiteach chun Straitéis Feabhsúcháin a ullmhú do shráidbhaile Chora Finne, a bhí páirtmhaoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte. Tacaíonn an plean feabhsúcháin seo le forbairt tionscadal a bhfuil sé mar aidhm leo a chinntiú go mbeidh na pobail seo beo bríomhar, a dhéileálfaidh le folúntas agus le dearóiliú laistigh den sráidbhaile. Tá an plean críochnaitheach ailínithe le prionsabail Lár an Bhaile agus úsáidfear é mar an bonn ar a ndéanfar iarratas ar dheiseanna maoinithe amach anseo de bhrí go mbeidh an CAFT á fhógairt ag deireadh 2023.

Ailtireacht Caomhnú

Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha (SIOT)

Tá an SIOT deartha chun cabhrú le deisiú agus le caomhnú struchtúr atá cosanta faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt. I gcásanna áirithe, tacaíonn an scéim le caomhnú struchtúr laistigh de Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (LCAnna) freisin, sa chás, i dtuairim an údaráis áitiúil, go bhfuil gá le haghaidh oibreacha chun carachtar agus cuma ACA a fheabhsú léirithe. Is é príomhaidhm na scéime seo tacú le réadmhaoin atá faoi úinéireacht phríobháideach ar gá iad a dheisiú agus a chaomhnú.

Leithdháileadh maoiniú luach €96,000 chun oibreacha a dhéanamh ar 10 ndéanmhas cosanta faoi Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha 2023 (SIOT). Cuireadh seacht dtionscadal i gcrích. Seo a leanas na tionscadail a cuireadh i gcrích:

1. Teach Mhaighnis, Inis - Oibreacha chun doirse agus fuinneoga an tí a dheisiú.
2. Corpus Christi, Lios Dúin Bhearna - Oibreacha chun díon séipéil a dheisiú.
3. Teach Stíobhaird Talún - Oibreacha chun díon theach an iarstíobhaird talún a dheisiú, cuid d'Eastát Theach Chluaine tráth dá raibh.
4. Teach Besborough, Cill Íomaí - Oibreacha chun ballaí agus díon tithe lasmuigh a dheisiú.
5. Uimh. 1 Sráid Bindon, Inis - Oibreacha chun balla seachtrach de Theach Seoirseach a athphointeáil agus plástar aoil a chur air.
6. Teach Ghleann an Chairn, Inis - Oibreacha chun balla seachtrach a athphointeáil agus a dheisiú.
7. Siopa Byrne's, Inis Díomáin - Oibreacha chun uchtbhalla simléir a dheisiú agus a athphlástráil

Ciste na nDéanmhas Stairiúil

Tá Ciste na nDéanmhas Stairiúil (CDS) ar fáil chun déanmhas agus foirgnimh stairiúla a chaomhnú agus a fheabhsú ar mhaithe le leas pobal agus an phobail. In 2023, leithdháileadh maoiniú luach €48,000 ar dhá thionscadal. Seo a leanas na tionscadail a bhí i gceist:

1. Teampall Naomh Fhlannáin, Gort Lomán - Oibreacha chun ceithre fhuinneog dhaite uathúla sa séipéal a dheisiú agus a athchóiriú.
2. Teampall Eoin, An Chreatalach - Oibreacha chun díon séipéil a dheisiú.

An Ciste Séadchomharthaí Pobail 2023

Cuireadh Pleananna Bainistíocht Caomhantais trí shéipéal mheánaoiseacha - Cill Chaoide, Cill Eo agus Cill Fhionnúrach - i gcrích in 2023. Tá sé beartaithe na Pleananna Bainistíochta Caomhantais a úsáid chun tuilleadh maoinithe a lorg le haghaidh oibreacha caipitil chun na séipéil mheánaoiseacha seo a chomhdhlúthú agus a chosaint.

Iarratais Alt 57

Eisítear Dearbhuithe Alt 57 d'úinéirí foirgneamh nó struchtúr ar mian leo oibreacha a dhéanamh ar a ndéanmhas cosanta. Léirítear i nDearbhú cibé acu an nglacfaí le hoibreacha mar oibreacha atá díolmhaithe ó phleanáil agus is féidir é a úsáid freisin chun cúirtealáiste déanmhais chosanta a shoiléiriú, nó na gnéithe sin atá le cosaint. Fuarthas 27 iarratas ar dhearbhú i rith na bliana.

Bainistíocht Forbartha

Iarratais Phleanála

In 2023, fuarthas 1,227 iarratas pleanála. Lena chois sin, fuarthas ceithre hiarratas forbartha Chuid VII ón Údarás Áitiúil. Rinneadh cinntí i ndáil le 959 iarratas pleanála; ceadaíodh 881 (91.9%) díobh agus diúltaíodh do 78 (8.1%) díobh. As measc an 45 iarratas a ndearna An Bord Pleanála cinneadh maidir leo i rith na bliana, seasadh le 34 cinneadh (76%) de chuid Chomhairle Contae an Chláir.

Tionscadal R-Phleanála

Seoladh an Tairseach Phleanála Náisiúnta Ar Líne i gComhairle Contae an Chláir i lár mhí na Nollag 2022, agus bhí Comhairle Contae an Chláir páirteach i gCéim 1 de Rolladh Amach Náisiúnta GBRÁ.

Dearadh an tairseach chun iarratais ar chead pleanála a shruthlíniú agus chun

breathnóireachtaí maidir le hiarratais phleanála gach Údarás Áitiúil in Éirinn a chur isteach. Tá sé éasca an tairseach ar líne a úsáid agus is fianaise í ar iarrachtaí a bheith á ndéanamh a bheith ag feidhmiú gan pháipéar agus ar bhealach atá neamhdhíobhálach don timpeallacht agus ciallaíonn an tairseach go bhfuil rochtain 24/7 ag iarrthóirí ar a n-iarratais phleanála. Fuarthas 584 iarratas R-Phleanála in 2023.

Fiosrúcháin Réamhphleanála

Reáchtáladh 174 comhairliúchán réamhphleanála i rith na bliana, a chuireann ar chumas iarrthóirí prionsabal a dtograí a phlé saor in aisce le hoifigeach pleanála de chuid na Comhairle.

Ranníocaíochtaí Forbartha

Bailíodh €2,655,000 i rith 2023. Úsáidtear na ranníocaíochtaí seo chun cláir oibre caipitil a mhaoiniú a bhaineann le raon bonneagair lena n-áirítear bóithre, caitheamh aimsire, pobal, áineas agus carrchlóis. Tá an Chomhairle ag leanúint ar aghaidh le ranníocaíochtaí uisce agus séarachais a bhailiú thar ceann Uisce Éireann i ndáil le ceadanna pleanála a ceadaíodh roimh an 1 Eanáir 2014.

Forfheidhmiú Dlí Pleanála

Bhí neart gníomhaíochta ar siúl i Rannóg Forfheidhmithe na Roinne Pleanála i rith 2023 agus tá achoimre ar an ngníomhaíocht seo le fáil sa tábla thíos:

Líon na nGearán a Fuarthas	194
Cás Nua Imscrúdaithe	110
Litir Rabhaidh Eisithe	102
Fógra Forfheidhmithe Eisithe	28
Cás Dlí Tionscanta	5
Comhad Dúnta	46

Tógáil i gCúram Eastát Tithíocht

Thóg an Chomhairle 11 eastát tithíochta i gcúram in 2023. Chomh maith leis sin, rinne an fhoireann tógáil i gcúram monatóireacht réamhghníomhach ar 12 fhorbairt nua a bhí á dtógáil i rith 2023.

Ba cheart go gcinnteodh monatóireacht leanúnach eastát, ainneoin go bhfuil sí dian ar acmhainní, go mbeidh forbairtí tithíochta amach anseo á gcríochnú ag caighdeán níos airde agus gur cheart go mbeadh próisis tógáil i gcúram ina dhiaidh seo níos simplí.

Rinneadh dul chun cinn i ndáil le críochnú agus/nó feabhsú go leor forbairtí eile a bhí neamhchríochnaithe roimhe seo, lena n-áirítear trí eastát mhóra, trí rannpháirtíocht le sealbhóirí bannaí, forbróirí, conraitheoirí agus cónaitheoirí. Tá an fhoireann ag leanúint ar aghaidh le críoch a chur le pleananna feabhsúcháin suímh agus le conarthaí d'oibreacha ceartaitheacha a eagrú le haghaidh forbairtí neamhchríochnaithe sa chás go bhfuil airgead éilithe agus faighte ag an gComhairle.

Chomh fada is a bhaineann le forbairtí nach bhfuil na bannaí leordhóthanach chun na hoibreacha a chur i gcrích iontu, le haghaidh cúiseanna éagsúla, táthar ag súil go mbeidh scéim dreasachta náisiúnta, cosúil leis an scéim a chuir an Roinn ar fáil in 2016, ar fáil don Chomhairle, chun cabhrú léi na forbairtí stairiúla seo a chur i gcrích.

Máistirphlean Lár Bhaile na Sionainne

Ghlac Ceantar Bardasach na Sionainne le freagracht as ullmhú Mháistirphlean Bhaile na Sionainne, atá páirtmhaoinithe ag Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (CAFU) an Rialtais, in 2022. Tá dhá ghné sa Mháistirphlean - máistirphlean spásúil agus measúnú ar inmharthanacht eacnamaíoch an Phlean.

Mar thoradh díreach ar an máistirphlean sin, cuireadh tús le hobair in 2022 ar The One Shannon Hub a fhorbairt, tionscadal a raibh sé mar aidhm leis mol pobail, cathartha agus cultúrtha a sholáthar ar féidir úsáidí éagsúla a bhaint as chun sineirgí nua a chruthú agus chun a chinntiú go mbíonn gníomhaíocht ar siúl i rith an lae agus i rith na hoíche. Leanadh ar aghaidh leis an obair in 2023 tráth ar ceapadh foireann dearaidh agus foireann bainistíochta tionscadail chun céim an Dearaidh Choincheapa a fhorbairt. Cuireadh an comhairliúchán le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal i gcrích in 2023 tráth ar sainaithníodh an dearadh coincheapa, réimsí idirghabhála agus príomhthionscadail a athróidh ó bhonn forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha Bhaile na Sionainne agus an timpeallacht thógtha agus an ríocht phoiblí.

Tá Comhairle Comhairle Contae an Chláir ag leanúint ar aghaidh ag obair go gníomhach le páirtithe leasmhara agus le húinéirí talún chun cuspóirí thionscadal One Shannon Hub a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as sruthanna maoinithe, lena n-áirítear Athghiniúint Uirbeach

Tá an Ciste Forbartha spriocdhírithe ar 2024 ionas gur féidir an fhorbairt seo a dhéanamh.

Tús Áite do Lár Bailte

Plean Tús Áite Lár Bhaile Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh

Seoladh Plean Tús Áite Lár Bhaile Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh go hoifigiúil i nDroichead Abhann Ó gCearnaigh ar an gCéadaoin, an 2 Lúnasa, 2023.

Is é seo an chéad Phlean Tús Áite do Lár Bailte sa chontae a cuireadh i gcrích agus a fuair maoiniú faoin gcéad chéim den tionscnamh Náisiúnta Tús Áite do Lár Bailte. Le 12 mhí anuas, d'oibrigh Comhairle Contae an Chláir leis an bpobal i nDroichead Abhann Ó gCearnaigh, agus cuireadh obair i gcrích chun Foireann Baile áitiúil a bhunú agus chun aiseolas a bhailiú chun teacht ar thuiscint faoin méid is mian leis a bpobal a fheiceáil ag tarlú ina mbaile amach anseo. Páirteach san Fhoireann Baile tá ionadaithe lena n-áirítar baill thofa, baill den phobal, gnóthaí, daoine óga, ionadaithe aoisbháúla agus spóirt agus daoine eile nach iad, a raibh príomhról acu i bhforbairt Phlean Tús Áite do Lár Bailte agus a mbeidh príomhról acu chomh fada is a bhaineann le tacú le cur chun feidhme an Phlean.

Is í an fhís atá ann do Phlean Tús Áite Lár Bhaile Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh a chinntiú go bhforbraíonn Droichead Abhann Ó gCearnaigh mar áit mhealltach agus inmhianaithe chun a bheith ag cónaí inti, chun cuairt a thabhairt uirthi agus chun gnó a dhéanamh inti. Dá réir sin, tá Foireann an Bhaile, i dteannta le Comhairle Contae an Chláir, ag díriú ar chur chun feidhme agus ar sheachadadh an phlean seo.

Tá tús curtha le hobair chúlra cheana féin chun sruthanna maoinithe a bheidh ar fáil amach anseo a shainaithint a bheidh ailínithe le príomhthionscadail a sainaithníodh sa phlean feidhmithe, agus tá an tOifigeach Athnuachana Baile agus an tOifigeach um Fhorbairt Tuaithe agus Pobail ag obair leis an bhFoireann Baile chun na tionscadail seo a eagrú in ord tosaíochta.

Clé go deas: Carmel Kirby, an Stiúrthóir um Fhorbairt Eacnamaíoch; Eileen Moloney, Cisteoir, Foireann Bhaile Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh; Colette Myler, Rúnaí, Foireann Bhaile Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh; Gwen Bowen, Cathaoirleach, Foireann Bhaile Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh; Pat Dowling, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae an Chláir; Linda Earley, Oifigeach Cúnta Athnuachana Baile; agus Niamh Wiley, Oifigeach Pobail um Fhorbairt Tuaithe.

Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Inis 2040

Is é príomhchuspóir Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Inis 2040 ("An Straitéis") díriú ar fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe an bhaile. Is í an Straitéis seo agus na forálacha atá le fáil i bPlean Forbartha Contae an Chláir 2023 – 2029 (ar glacadh leis le déanaí) na príomhghnéithe chun príomhathruithe a dhéanamh agus a sheachadadh a theastaíonn chun freastal ar dhaonra atá ag fás idir anois agus 2040. Deimhníodh fianaise ar an bhfás daonra seo le déanaí nuair a foilsíodh faisnéis bhreise ó Dhaonáireamh 2022 ina dtaispeántar go bhfuil daonra Inse cothrom le 28,000 duine anois (+ 3,000 ó 2016).

Tá agus beidh ról lárnach ag inbhuanaitheacht i ngníomhaíochtaí agus i dtosaíochtaí Inis 2040. Tá ról lárnach ag na tionscadail chlaochlaitheacha atá tionscanta i ndáil leis an gcuspóir maidir le 'baile 10 nóiméad' a chomhlíonadh agus a léiriú conas is féidir le baile contae, an méid céanna le hInis, freagairt don athrú aeráide agus tacú le maireachtáil bunaithe ar 'tús áite do lár bailte'. I rith 2023, lean Inis 2040 le forbairt a dhéanamh ar roinnt príomhthionscadal i lár an bhaile (a bhfuil infheistíocht iomlán mheasta de €48m déanta iontu) agus tá na sonraí a bhaineann leo le fáil thíos.

Sráid Phroinséis – Tithíocht Inacmhainne

I rith Ráithe 1 de 2023 fuair Roinn Tithíochta Chomhairle Contae an Chláir cead ón Roinn chun Tithíocht Inacmhainne a thógáil in Inis, deis chun dlús a chur leis an bpoitéinseal a bhain le Sráid Phroinséis do scéim tithíochta inacmhainne. Tá scéim deartha a bhfuil sé mar aidhm léi 39 aonad tithíochta a chur ar fáil ag an suíomh seo. Chuir Comhairle Contae an Chláir na céimeanna pleanála riachtanacha don fhorbairt seo i gcrích i rith mhí na Nollag 2023. Tá oibreacha cumasúcháin ar siúl faoi láthair. Comhthreomhar leis seo, táthar ag leanúint ar aghaidh ag obair ar chead maoinithe sonrach don tionscadal seo faoin Scéim Tithíochta Inacmhainne i dteannta leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO).

Sráid na Mainistreach – Miondíol/Oifig

Ullmhaíodh dearadh mionsonraithe don fhorbairt seo i rith 2023. Táthar ag díriú anois ar chomhairliúchán poiblí faoin dearadh seo agus ar iarratas pleanála leantach a ullmhú atá le cur faoi bhráid an Bhoird Pleanála.

Cé Hairbhí – Úsáid Chónaithe/Mheasctha

Tá an obair ullmhúcháin a bhaineann le dearadh mionsonraithe agus iarratas pleanála d'fhorbairt a dhéanamh ag an suíomh seo amach anseo beagnach críochnaithe. Leanfar ar aghaidh ag obair ar chomhairliúchán poiblí leantach agus ar iarratas pleanála ina dhiaidh sin in 2024. Táthar ag leanúint ar aghaidh ag tacú le RTRÁO i ndáil leis an bhforbairt seo.

Páirc Oifig an Phoist – Limistéar Conláistí

Is príomhlimistéar conláistí agus bithéagsúla é seo i lár bhaile Inse. Feidhmíonn sé mar thuilemhá nuair a bhíonn leibhéil an uisce ard ar An Forghas. Chuir Inis 2024 máistirphlean inar pléadh na roghanna feabhsúcháin agus rochtana do chonláiste fearainn pháirce oiriúnach/forbairt áineasa don cheantar seo i gcrích. Leanfar ar aghaidh ag obair ar chomhairliúchán poiblí leantach agus ar iarratas pleanála ina dhiaidh sin in 2024.

Anailís ar Thionchar Geilleagrach

Chuir AECOM thar ceann Inis 2040 Measúnú Tionchair Gheilleagraigh i gcrích ina gcaitear solas ar fhéidearthacht chlaochlaitheach na hinfheistíochta beartaithe luach €48 milliún ar na ceithre shuíomh straitéiseacha a bhfuil cur síos déanta orthu thuas. Chuir siad in iúl go mbeidh seachadadh na dtionscadal ábhartha ag feidhmiú mar 'athróir suntasach'

d'Inis agus d'fhorbairt an bhaile amach anseo. Cuireadh in iúl ag deireadh an staidéir go bhféadfadh an chéim thógála de na tionscadail seo 526 post a chruthú, rud a thabharfadh spreagadh suntasach agus láithreach don mhargadh poist áitiúil. I ndiaidh na céime tógála, táthar ag súil go gcruthóidh na tionscadail chríochnaithe 231 post fadtéarmach, agus go gcuirfidh siad €3.5 milliún leis an ngeilleagar áitiúil go bliantúil.

Pleanáil

Pleanáil Chun Cinn

Plean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029 I ndiaidh cruinniú Comhairle Speisialta ar an 9 Márta 2023, tráth ar chomhaontaigh Baill Thofa Chomhairle Contae an Chláir, trí réiteach, Plean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029 a chur i dtoll a chéile, tháinig an Plean i bhfeidhm ar an 20 Aibreán. Táthar anois ag glacadh le Plean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029 mar an príomhdhoiciméad pleanála do réimse feidhme cheantar an údaráis áitiúil thart thréimhse reachtúil 26 bliain an phlean, 2023-2029. Ar an 18 Aibreán, 2023, d'eisigh an tAire Stáit sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, dréacht-Treoir do Chomhairle Contae an Chláir, i ndiaidh moladh a fháil ó Oifig an Rialálaí Pleanála. Fuarthas 25 aighneacht ar fad i rith thréimhse an chomhairliúcháin phoiblí. Cuireadh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir le haighneachtaí faighte i ndáil leis an Dréacht-Treoir Aireachta do Phlean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029 i gcrích i mí Meithimh 2023 agus tugadh cóip do na Baill Thofa, d'Oifig an Rialálaí Pleanála, don Aire agus do Chomhthionól Réigiúnach an Deiscirt. Ar an 3 Lúnasa, 2023, d'eisigh an tAire Stáit sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Treoir deiridh do Chomhairle Contae an Chláir maidir le Plean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029. Bhí Treoir deiridh an Aire cosúil leis an dréacht-Treoir a eisíodh roimhe sin.

Measadh go raibh éifeacht leis an Treoir láithreach baill, ón dáta eisiúna, an 3 Lúnasa 2023. Reáchtáladh Cruinniú Comhairle Speisialta ar an Luan, an 18 Meán Fómhair, agus tugadh cuireadh do Chomhaltaí den Oireachtas freastal ar an gCruinniú seo, tráth ar pléadh saincheisteanna a bhain leis an Treoir Aireachta agus leis na beartais a bhaineann leis an bPlean Forbartha Contae.

Oidhreacht

Plean Oidhreachta Chontae an Chláir 2024-2030

Mhaoinigh an Chomhairle Oidhreachta ullmhú 4ú Plean Oidhreachta Chontae an Chláir ar cuireadh tús leis i mí Iúil 2023 agus ina leagfar amach an fhís agus an treo do bhainistíocht oidhreachta as seo go ceann sé bliana. Tacóidh an plean le cuspóir de Phlean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029 agus tabharfaidh sé éifeachtach dá spriocanna agus dá chuspóirí ar fud an chontae. Chomh maith leis sin, in 2023, bunaíodh Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae an Chláir chun bonn eolais a chur ar fáil d'ullmhú an Phlean Oidhreachta agus chun a chur chun feidhme a threorú. Sholáthair comhairliúchán poiblí réamhdhréachta agus dréachtphlean ionchur luachmhar ó raon páirtithe leasmhara. Cuirfear próiseas ullmhúcháin an phlean i gcrích ag tús 2024.

Plean Oidhreachta agus Treoir Dearaidh Lios Dúin Bhearna

In 2023, d'fhoilsigh Comhairle Contae an Chláir agus Fáilte Lios Dúin Bhearna Plean Oidhreachta agus Treoir Dearaidh Lios Dúin Bhearna. Forbartha ag Ailtirí Drake Hourigan taobh le foireann ildisciplíneach, tá an plean cuimsitheach seo dírithe ar oidhreacht, spásanna poiblí agus bonneagar glas an

bhaile. Bhí an Plean bunaithe ar neart rannpháirtíochta leis an bpobal, lena n-áirítear ceardlanna i rith na Seachtaine Oidhreachta, agus tá sé mar aidhm leis inrochtaineacht agus nascacht a fheabhsú i suíomhanna oidhreachta folaithe agus suntasacha Lios Dúin Bhearna trí chonair siúil atá beartaithe a fhorbairt. San áireamh sa phlean tá moltaí nuálacha cosúil le hAip Siúlóide Oidhreachta agus uasghráduithe tuisceanacha ar shráid-dreach agus ar phointe iontrála an bhaile, agus tá béim á leagan ar chaomhnú Choimpléasc Thoibreacha an Spá.

Doras Oidhreacht na hÉireann a Oscailt – Bailiúchán de thionscadail Oifigeach Oidhreachta Údaráis Áitiúil foilsithe ag An Chomhairle Oidhreachta

Tarraingíonn Tionscadal Theach Feirme Hastings, ar tarraingíodh aird air in "Doras Oidhreacht na hÉireann a Oscailt," aird ar iarrachtaí Dhúchas na Sionna struchtúr dúchasach suntasach ón 19ú haois i Sionainn a chaomhnú. Ní hamháin gur fianaise é an teach feirme seo ar shaol tuaithe traidisiúnta na hÉireann, tá tábhacht stairiúil ag baint leis freisin mar gheall ar an ról a bhí aige i gCogadh na Saoirse. Leagtar béim san obair chaomhantais chomhpháirteach seo, á treorú ag Dúchas na Sionna le tacaíocht ó Chumann Seandálaíochta & Stairiúil Shionainne, ar rannpháirtíocht an phobail agus ar úsáid a bhaint as speisialtóirí caomhantais chun an suíomh oidhreachta seo a chothabháil do na glúnta amach romhainn. Is féidir an foilseachán seo a íoslódáil ag: https:// www. heritagecouncil. ie/content/files/ Opening-the-Door-to-Irelands-Heritage.pdf

Do Thírdhreach Áitiúil a Léamh 2023

Tharraing cúrsa 2023 dar teideal "Do Thírdhreach Áitiúil a Léamh" a reáchtáladh in Inis aird ar oidhreacht an Chláir trí thionscadail éagsúla, a bhí dírithe ar oidhreacht mhuirí, tírdhreacha uirbeacha meánaoiseacha, éagsúlacht éiceolaíoch, cleachtais ársa, agus machnamh pearsanta ar shuíomhanna aitheanta. Rinne na rannpháirtithe scrúdú ar théamaí cosúil le stair chuanta Lios Ceannúir, scéal ailtireachta Inse, draíocht Loch Chill Eoin, agus suíomhanna beannaithe folaithe cosúil le Carraig Aifrinn an Locháin. Tharraing an cúrsa seo aird ar an gcaidreamh casta atá idir pobal agus timpeallacht an Chláir, agus ag deireadh an chúrsa eagraíodh taispeántas poiblí a threisigh rannpháirtíocht an phobail agus tábhacht an oideachais oidhreachta i ndáil le nasc a chruthú le tírdhreacha áitiúla.

Tionscadal Toibreacha Beannaithe an Chláir

Tá Tionscadal na dToibreacha Beannaithe, faoi cheannaireacht Michael Houlihan agus i ndlúthchomhar leis an Oifigeach GIS i gComhairle Contae an Chláir, ag leanúint ar aghaidh agus beagnach críochnaithe agus tá níos lú ná deich mballa fágtha le doiciméadú.

Seoladh an tionscadal seo i mí Eanáir 2022, agus tá 237 tobar beannaithe luaite ar leathanach gréasáin an tionscadail anois, mar aon le neart faisnéise trí léarscáileanna, grianghraif agus insintí. Tarraingíonn an tionscnamh seo aird ar an áit speisialta atá ag na toibreacha seo in oidhreacht an Chláir, rud a thugann a scéalta chun beochta agus a chinntíonn go mbeidh siad á gcaomhnú do na glúnta amach romhainn.

Maoiniú Deontais Oidhreachta Pobail in 2023

In 2023, léirigh Scéim Deontais Oidhreachta Pobail Chontae an Chláir gealltanas dáiríre do chaomhnú na hoidhreachta, agus leithdháileadh maoiniú ar sheacht dtionscadal ar leith a raibh sé mar aidhm leo oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha an réigiúin a fheabhsú. Thaispeáin na tionscnaimh mhaoinithe seo raon leathan iarrachtaí idir caomhnú stairiúil agus caomhnú bithéagsúlachta. Go sonrach, thacaigh an scéim leis an méid seo a leanas:

1. Grúpa Oidhreachta Chuinche chun Reilig Mainistreach Chuinche Stairiúil a chaomhnú.
2. Scoil na Scileanna Caillte trí Eolas Coiteann chun ceird thraidisiúnta a athbheochan.
3. Dúchas na Sionna chun Teach Feirme Stairiúil Hastings a athchóiriú.
4. CTR Fhondúireacht Oidhreachta Iarainn na hÉireann chun ceiliúradh a dhéanamh ar oidhreacht iarainn ag

Féile Idirnáisiúnta Foirnéise Chathair Chonaill.

5. Grúpa Pobail Eldertree lena n-iarrachtaí feabhsaithe pobail leanúnacha.
6. Ardeaglais Fhachtna i gCill Fhionnúrach do Shuirbhé agus Cúrsa Oiliúna Fótagraiméadrachta.
7. Iarrachtaí athshlánaithe fiadhúlra Hogsprickle laistigh de Chontae an Chláir.

Is fianaise iad na seacht dtionscadal maoinithe seo ar chuir chuige éagsúla maidir le caomhnú oidhreachta atá in úsáid ag Contae an Chláir, atá mar bhonn le straitéis chuimsitheach ina gcuimsítear idir caomhnú ailtireachta agus maoirseacht chomhshaoil.

Bithéagsúlacht in An Clár

Ciste Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil (CGBÁ) Tionscadail

Mhaoinigh agus thacaigh Comhairle Contae an Chláir i dteannta leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (tríd an gCiste Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil) le 10 dtionscadal bithéagsúlachta i gContae an Chláir in 2023.

- Suirbhé ar Bhogaigh Chontae an Chláir 2023: Ba é an aidhm a bhí leis an tionscadal seo suirbhé, mapáil agus meastóireacht suímh a dhéanamh ar 19 shuíomh bogaigh laistigh de Cheantar Bardasach Inse.
- Staidéar Circuitscape Inse: Choimisiúnaigh Comhairle Contae an Chláir sainchomhairleoir chun staidéar ialtóg Circuitscape ar phurláin bhaile Inse a ullmhú.
- Suirbhé ar Speicis faoi Chosaint Bhoirne Is é an aidhm atá leis an tionscadal seo stádas reatha plandaí neamhchoitianta, faoi bhagairt agus sainiúla Bhoirne agus Oileáin Árann a chinneadh.
- Tionscadal Scréachóg Reilige an Chláir 2023: Mar chuid den tionscadal seo déantar measúnú ar stádas glactha agus pórúcháin na mboscaí neadaireachta ar fad a suiteáladh tríd an tionscadal seo go dtí seo (2022 - faoi láthair), chun cinneadh a dhéanamh faoin líon ata áitithe agus chun measúnú a dhéanamh ar an rath atá ar phórú sna boscaí neadaireachta seo.

- Scoil Samhraidh Ardnaculla: I mí Iúil 2023, thacaigh Comhairle Contae an Chláir le himeacht Scoil Samhraidh Ardnaculla a d'eagraigh an Carthanas Hometree. D'óstáil Scoil Samhraidh Ardnaculla 2023, 24 ceardlann bithéagsúlachta a reáchtáladh thar an deireadh seachtaine, an 7-9 Iúil, agus bhí breis is 200 rannpháirtí san áireamh.
- Suirbhé ar Speiceas Coimhthíoch Ionrach (SCI) Iarthar an Chláir: Suirbhé a raibh sé mar aidhm leis mionsonraí a bhailiú faoi dháileadh agus faoi fhairsinge na speiceas coimhthíoch ionrach plandaí (SCIP) atá le fáil feadh bhóithre réigiúnacha agus príomhbhóithre réigiúnacha áitiúla in Iarthar an Chláir (Cill Rois - Cill Chaoi - Ceann Léime).
- Tionscadal Deilfeanna Shionainne: Thacaigh Comhairle Contae an Chláir le tionscadal pacáiste oibre cumarsáide faoi stiúir an Ghrúpa Éireannaigh maidir le Míolta Móra agus Deilfeanna (Tionscadal Deilfeanna Shionainne) chun tacú le feasacht bhithéagsúlachta ar dheilfeanna in Inbhear na Sionainne.
- Tionscadal Diúilicíní Cuaga: Ba é an aidhm a bhí leis an tionscadal seo monatóireacht a dhéanamh ar ionradh na ndiúilicíní cuaga (*Dreissena rostriformis bugensis*) agus ar speisic ionracha uisceacha eile i gcóras na Sionainne.
- Tionscadal Cóireála agus Díothaithe Speiceas Ionrach Chill Dalua.
- Pacáiste Oibre Cumarsáide The Hare's Corner (Feasacht Bithéagsúlachta).

Bunú Fhóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta an Chláir

I mí Meithimh 2023, bunaíodh Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta an Chláir a raibh raon leathan páirtithe leasmhara páirteach ann ó earnálacha agus ó eagraíochtaí éagsúla ag a bhfuil sainchúram contae, páirtithe leasmhara a bhfuil ról aitheanta acu chomh fada is a bhaineann le cosaint agus le cur chun cinn na hoidhreachta agus na bithéagsúlachta i gContae an Chláir. Cuirfidh an Fóram, faoi stiúir na n-oifigeach bithéagsúlachta agus oidhreachta, bonn eolais agus breathnóireachtaí ar fáil i rith chéim ullmhúcháin na bPleananna Oidhreachta agus Bithéagsúlachta agus soláthróidh sé aiseolas agus cúnamh chun na pleananna a chur chun feidhme agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu.

An tSeachtain Náisiúnta Bithéagsúlachta (19-28 Bealtaine, 2023)

D'óstáil Contae an Chláir raon imeachtaí agus cainteanna spéisiúla chun ceiliúradh a dhéanamh ar an tSeachtain Náisiúnta Bithéagsúlachta. D'eagraigh Oifigeach Bithéagsúlachta Chomhairle Contae an Chláir siúlóid agus caint ag Portach na Seanchoille atá suite in aice le An Pairtín.

An tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta (12-20 Lúnasa, 2023)

Thacaigh Comhairle Contae an Chláir le roinnt imeachtaí i rith na Seachtaine Náisiúnta Oidhreachta (12– 20 Lúnasa, 2023).

Láithreoireacht Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann (FAÉ)

I mí Lúnasa 2023, thug oifigigh Bhithéagsúlachta agus Oidhreachta Chomhairle Contae an Chláir láithreoireacht in Óstán an West County (Inis) do bhaill de Bhrainse FAÉ an Chláir a bhí bunaithe ar scrúdú a dhéanamh ar na gníomhartha bithéagsúlachta poitéinsiúla a d'fhéadfaí a chur i gcrích ag leibhéal feirme lena n-áirítear bainistíocht dea-chleachtais fálta sceach, suiteáil boscaí neadaireachta don scréachóg reilige, córais lomtha chun dul chun tairbhe pailneoirí, an ról a d'fhéadfadh a bheith ag feirmeoirí i seachadadh gníomhartha do Chéad Phlean Eile Gníomhaíochta Bithéagsúlachta an Chláir.

Clár Bithéagsúlachta Scoileanna an Chláir (Ghlac 670 Mac Léinn ón gClár Páirt ann)

I mí Mheán Fómhair 2023, forbraíodh agus rolladh amach sraith de cheardlanna bithéagsúlachta do scoileanna dar teideal ‘Clár Bithéagsúlachta Scoileanna an Chláir’ in 11 scoil. D'fhoghlaim 670 mac léinn scoile i gContae an Chláir faoin ról tábhachtach is féidir leo a imirt chun déileáil leis an ngéarchéim bithéagsúlachta.

Clinicí Laethanta Faisnéise don Phobal – Bithéagsúlacht

I mí Dheireadh Fómhair 2023, bualadh le breis is 30 grúpa pobail chun plé a dhéanamh ar ghníomhartha bithéagsúlachta i gCeithre Cheantar Bhardasacha an Chláir mar chuid de chlár for-rochtana agus rannpháirtíochta leis an bpobal.

Grúpa Stiúrtha na Crua-ialtóige Bige

I mí Dheireadh Fómhair 2023, bhuail Grúpa Stiúrtha na Crua-ialtóige Bige i gContae an Chláir; thug siad cuairt ar dhá fhara chun súil a chaitheamh ar obair feabhsaithe agus chun gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a chur i gcrích amach anseo a phlé.

Tionscnamh Bithéagsúlachta 'Filleadh ar an Dúlra' an Chláir

I mí Lúnasa 2023, d'fhógair Comhdháil Easpaig na hÉireann gealltanas 30% de thailte eaglaise a bhainistiú chun críche Bithéagsúlachta faoin mbliain 2030. I mí Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair 2023, d'oibrigh Comhairle Contae an Chláir le hEaspag Chill Dalua agus le hOifigeach Laudato Si Trócaire chun 10 bparóiste ar fud an Chláir a chlárú chun gníomhartha Bithéagsúlachta a dhéanamh ar a dtailte eaglaise.

Sraith 'Cainteanna Fiadhúlra an Gheimhridh' – Bithéagsúlacht

Eagraíodh sraith 'Cainteanna Fiadhúlra an Gheimhridh' i rith mhí na Samhna agus mhí na Nollag 2023 i Leabharlann Phoiblí Chill Rois, Leabharlann Phoiblí De Valera agus Leabharlann Phoiblí Shionainne (Sean Le Mass). Eagraíodh ceithre chaint ar leithligh do leanaí, do dhaoine fásta agus do ghrúpaí pobail maidir leis an scréachóg reilige, ialtóga, agus tailte portaigh agus bogaigh.

Suirbhé ar Éin Ghairdín na hÉireann

Ag deireadh mhí na Samhna, ghlac foireann Chomhairle Contae an Chláir páirt sa Suirbhé ar Éin Ghairdín na hÉireann. Is é Suirbhé ar Éin Ghairdín na hÉireann an suirbhé eolaíochta saoránach is cáiliúla de chuid Chairde Éanlaith Éireann. Rinneadh suirbhé ar Cheanncheathrú oifig na Comhairle ar an mBóthar Nua agus ar Leabharlann De Valera in Inis mar chuid den tionscnamh seo agus logáil Foireann na Comhairle taifid gach seachtain agus cuireadh faoi bhráid Chairde Éanlaith Éireann iad.

Bainistiú Réadmhaoine

Bainistiú agus Forbairt Réadmhaoine

Chuir an tAonad Bainistithe Réadmhaoine dlús le roinnt tionscadal athchóirithe agus éadála réadmhaoine Caipitil i rith na bliana:

- Éadáladh Stáisiún an Gharda Síochána in Eidhneach ó ONP chun é a léasú don Chumann Tithíochta áitiúla.
- Cuireadh obair i gcrích le Bord Cruicéid an Chláir chun suíomh a aimsiú dá pháirc bhaile i Sionainn, páirc neamhúsáidte agus seomraí feistis.
- Rinneadh oibreacha athchóirithe suntasacha ar Halla Thulaigh Uí Bhearga i Sionainn (1960idí) i gcomhpháirt le Coiste Halla Thulaigh Uí Bhearga a bhfuil an foirgneamh léasaithe acu. Cuireadh oibreacha Péinteála Inmheánacha agus Seachtracha i gcrích, Athchumraíodh agus nuachóiríodh leithreas na bhfear agus na mban agus forbraíodh Leithreas do Dhaoine Míchumasaithe freisin.

Marcáladh línte le haghaidh Spásanna Páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas freisin i dteannta le Foireann Cheantar Bardasach Shionainne. Tá spás níos fearr curtha ar fáil mar thoradh ar an obair mar aon le hinrochtaineacht i bhfad níos fearr do gach duine.

- Oibreacha deisiúcháin a dhéanamh ar fhoirgneamh an 'Junction' in An Chloch Liath, atá léasaithe le Seirbhís Óige an Chláir.
- Críoch a chur le léas Leabharlann Lios Dúin Bhearna ó Fháilte Lios Dúin Bhearna / Iontaobhas Thoibreacha an Spá Lios Dúin Bhearna.
- Fógairt Léirithe Spéise do thailte atá faoi úinéireacht na Comhairle ag Baile Locha Fada Thiar, Bóthar Chill an Dísirt, Inis, chun an fhorbairt seo a leanas a éascú: (a) gníomhaíochtaí agus saoráidí breise spóirt agus áineasa i gceantar Inse/Dhroichead an Chláir agus (b) tionscadal a chuireann luach le húsáid áineasa agus spóirt an tsuímh (nó cuid den suíomh) agus a fhágann spás chun tionscadail áineasa a fhorbairt ag an suíomh seo freisin.

Halla Thulaigh Uí Bhearga.

Idirbhearta agus Tíolacadh Réadmhaoine

Léirítear sa tábla thíos líon na n-idirbheart réadmhaoine curtha i gcrích ag an Aonad Bainistithe Réadmhaoine in 2023 agus do bhliain iomlán 2022.

De bhrí go bhfuil an margaidh réadmhaoine sa chontae sách gníomhach, táimid ag leanúint ar aghaidh ag tacú le go leor aturnaetha atá ag gníomhú ar son a gcliant i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le teideal, teorainneacha, seanfóiliónna léasachta etc.

An cineál idirbhirt	An bhliain go dáta 2023	An bhliain iomlán 2022
Léas / Foléas Réadmhaoine / Foirgnimh	7	4
Ceadúnas chun réadmhaoin / foirgneamh a úsáid	7	13
Comhaontú Féaraigh do Thailte	17	22
Gníomhas Aistrithe sínithe	15	19
Conradh i gcomhair Díolacháin / éadála sínithe	1	2
Gníomhas Ceart Slí / Cead Slí sínithe	2	6
Gníomhas Ceartaithe / Athraithe sínithe	4	10
Comhaontuithe Cuibhrinn sínithe	39	39

Bainistíocht Saoráidí agus Fuinnimh

Táthar ag leanúint ar aghaidh le feabhsú agus bainistiú leanúnach ár bhFoirgneamh Corparáideach agus in 2023, cuireadh oibreacha i gcrích in Áras Contae an Chláir chun spás páirceála a choimeád do Bhaill Thofa agus chun cóiríocht a chur ar fáil do bhaill foirne bhreise.

Ar aon dul le feachtas an Rialtais chun ár n-úsáid fuinnimh a laghdú, cuireadh raon beart i bhfeidhm inár bhfoirgnimh Chorparáideacha agus inár bhfoirgnimh eile chun úsáid soilse agus téimh agus trealamh a bhaineann le TF a laghdú. Tá dlúthmonatóireacht á déanamh ag an gCoiste Bainistíochta Fuinnimh ar bhainistíocht fuinnimh agus bhí rannpháirtíocht ball foirne sa chleachtadh seo an-dearfach.

Ní mór do gach corrthrádalaí, a thrádálann i spás poiblí, Ceadúnas Corrthrádála bailí a bheith aige nó aici. I rith 2022, bhí na leibhéil ghníomhaíochta agus thrádála feabhsaithe de bhrí go raibh gach rud mar a bhí arís roimh Covid-19.

Láithreáin Thréigthe

Ag deireadh 2023, bhí foireann na Láithreán Tréigthe ag déileáil le 255 réadmhaoin a mheastar atá tréigthe. Tá méadú suntasach tagtha ar an ngníomhaíocht le blianta beaga anuas, agus sainaithníodh agus tuairiscíodh ar 55 réadmhaoin thréigthe bhreise in 2023. Príomhghné de réiteach na bhfadhbanna a bhaineann le dearóiliú agus teacht ar thuiscint ar na cúiseanna difriúla a mbíonn cuma dhearóil ar réadmhaoin é plé tosaigh le húinéirí nó lena n-ionadaithe. Tá an leibhéal gníomhaíochta sa mhargadh réadmhaoine do réadmhaoin fholamh agus dhearóil méadaithe agus as measc na réadmhaoine atá sainaitheanta againn mar réadmhaoin dhearóil, tá roinnt acu ar an margadh anois ach níl an chéim 'díol comhaontaithe' bainte amach acu. Táimid ag leanúint ar aghaidh leis an bplé le húinéirí nua na réadmhaoine seo d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad airdeallach ar a bhfreagrachtaí faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990.

Tá líon níos mó iarratas pleanála ar oibreacha athchóirithe á bhfáil againn, agus tá síntí agus oibreacha ag tosú ar réadmhaoin aonair. Táimid ag moladh d'úinéirí réadmhaoine eolas a fháil faoin deontas athchóirithe do réadmhaoin fholamh, sa chás go bhfuil an réadmhaoin oiriúnach d'úsáid chónaithe. Trí thairbhe a bhaint as am agus as iarracht, trí bheith ag obair le húinéirí, institiúidí airgeadais agus Coistí Bainistíochta Fuinnimh eile, agus rannpháirtíocht foirne, bhí an cleachtadh seo an-dearfach.

Réadmhaoine, tá roghanna cinnte ann d'athfhorbairt dhearfach agus d'athbheochan go leor suíomhanna dearóile dá leithéid.

Tá léargas le fáil sa tábla thíos ar an ngníomhaíocht a rinneadh in 2023, mar aon le figiúirí comparáideacha do bhliain iomlán 2022.

Corrthrádáil

Faoi Acht Corr-Thrádála, 1995, agus faoi na Fodhlíthe arna ndéanamh faoi sin, na ranna

Láithreáin Thréigthe	Bliain 2023	Bliain iomlán 2022
Líon na gcomhad nua a osclaíodh	58	69
Líon na bhFógraí Alt 8(2) eisithe – Rún dul isteach ar shuíomh ar Chlár na Láithreán Tréigthe	41	33
Líon na bhFógraí Alt 8(7) eisithe – An suíomh cláraithe ar Chlár na Láithreán Tréigthe	24	22
Líon na bhFógraí Alt 11 eisithe – Bearta riachtanacha chun a dheimhniú nach bhfuil an suíomh tréigthe	0	0
Fógra maidir le Luacháil Réadmhaoine do Thobhach na Láithreán Tréigthe	7	0
Líon na gcomhad dúnta / na réadmhaoine bainte de Chlár na Láithreán Tréigthe	15	21
Líon na bhFógraí seirbheáilte ar láithreáin thréigthe Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ) (féach ar an nóta thíos)	10	6
Líon na nOrduithe Dílseacháin sínithe	9	4

Fáil Éigeantach Láithreán Tréigthe (OCÉ)

Sheol an Roinn Tithíochta, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil clár gníomhachtaithe OCÉ d'údaráis áitiúla agus tá spriocanna sonraithe aici le haghaidh OCÉnna do gach údaráis áitiúil. Chuireamar tús leis an gclár seo in 2022 agus leagtar mach sa tábla thíos stádas na OCÉnna sin ar cuireadh tús leo in 2022 agus 2023.

Bliain	Líon na OCÉnna tosaithe	Stádas Reatha
2022	**6**	3 - críochnaithe agus aistrithe chuig Tithíocht chun críche athchóirithe / athfhorbartha
		1 - críochnaithe le déanaí agus le cur ar díol
		1 - oibreacha tosaithe agus OCÉ curtha ar leataobh don am i láthair
2023	**12**	8 - Ag an gCéim Dílsithe agus taiscthe san ÚRP
		2 – Luathchéim den phróiseas OCÉ
		1 - Agóid faighte agus le cur faoi bhráid an Bhoird Pleanála
		1 - Tús curtha le hoibreacha agus an OCÉ curtha ar leataobh don am i láthair

Lena chois sin, soláthróidh an Ciste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach maoiniú le haghaidh na OCÉnna ar bhonn rollach i mbaile Inse agus é mar aidhm a chinntiú go mbeidh an réadmhaoin sin á díol ar an margadh oscailte ansin. Leagfar béim ar leith ar réadmhaoin a bhféadfaí úsáid chónaithe a bhaint astu.

Tobhach na Láithreán Tréigthe

Tá cinneadh maidir le luachálacha ar na láithreáin thréigthe atá liostaithe ar Chlár na Láithreán Tréigthe tosaithe agus tá fógraí eisithe do cheathrar úinéirí réadmhaoine. Tá achomharc maidir leis an luacháil curtha faoi bhráid an Bhinse Luachála ag ceann acu seo agus táthar ag feitheamh ar chinneadh. Is tobhach bliantúil é an tobhach agus fágtar an réadmhaoin ar Chlár na Láithreán Tréigthe agus tá sí cothrom le 7% de luach na réadmhaoine, ar bhonn bliantúil. Déanfar tuilleadh forbartha air seo in 2024.

Suirbhé ar Réadmhaoin Fholamh agus Thréigthe

I láthair na huaire, tá an Fhoireann i mbun suirbhéanna ar réadmhaoin fholamh agus thréigthe i mbailte agus i sráidbhailte ar fud an chontae. Bunaithe ar shonraí ón Logeolaire, d'fhiafraigh an Roinn Tithíochta, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar an gComhairle na sonraí atá ina seilbh a bhailíochtú. Go dtí seo, tá suirbhé déanta ar 1,500 réadmhaoine, agus tá na sonraí á n-uaslódáil go digiteach agus tá suirbhé le déanamh ar roinnt bailte agus sráidbhailte fós. Úsáidfear na sonraí a bhaileofar mar bhonn le treo beartais na Roinne amach anseo agus treoróidh siad clár oibre Fhoireann na Láithreán Tréigthe agus Fhoireann na mBailte Folmha i gContae an Chláir.

Deontais Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh – do réadmhaoin thréigthe agus fholamh

Tá líon ard fiosrúchán agus iarratas fós á fháil againn ar Dheontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh Chroí Cónaithe.

Amhail ar an 20 Nollaig 2023, bhí 279 iarratas faighte againn agus go ginearálta tá ár n-am freagartha d'iarratais nua níos lú ná trí seachtaine. Phróiseálamar trí íocaíocht den deontas in 2023 agus beidh i bhfad níos mó iarratas á bpróiseáil againn in 2024 de réir mar a bheidh obair á cur i gcrích ar na deontais a ceadaíodh in 2022/ag tús 2023.

Spreagfaidh an beart seo an soláthar réadmhaoine ar cíos agus réadmhaoin d'áititheoirí buana agus freastalóidh sé ar phríomhthosaíocht den Bheartas Náisiúnta 'Tithíocht do Chách' agus Plean Gníomhaíochta na mBailte Folmha, arb é an príomhchuspóir atá leis folúntas agus dearóiliú inár gcathracha, bailte, sráidbhailte agus tuath a laghdú agus níos mó roghanna tithíochta a chur ar fáil mar chuid den phróiseas.

Tá sonraí iomlána na scéime agus na critéir incháilitheachta foilsithe ar shuíomh gréasáin na Comhairle. Is é an seoladh ríomhphoist teagmhála chun tuilleadh faisnéise agus treorach faoi na deontais a fháil vacanthomes@clarecoco.ie. Táimid ag

leanúint ar aghaidh ag bualadh le húinéirí aonair chun iad a threorú tríd an bpróiseas agus chun a chinntiú go bhfuil na doiciméid ar fad acu nuair a chuireann siad isteach a n-iarratas.
Bunaithe ar na hiarratais a fuarthas agus ar na leibhéil deontais athbhreithnithe, d'fhéadfadh an Rialtas infheistíocht luach €6 - €7 milliún a dhéanamh in athchóiriú réadmhaoin folamh agus tréigthe i gContae an Chláir a bhfuil úsáid eacnamaíoch le baint aisti mar áiteanna cónaithe buana.

I measc na bpríomhnithe atá le cur san áireamh tá:

- Tá am próiseála na n-iarratas laghdaithe de bhrí go bhfuil acmhainní breise curtha ar fáil don Fhoireann. Tá cigireachtaí teicniúla á ndéanamh ar bhonn seachtainiúil.
- Tá céatadán na n-iarratas iomlán atá le cur ar fáil le ligean ar cíos réasúnta seasmhach ag 25% / 26%.
- Ó mhí na Bealtaine 2023, is é 13 mhí an tréimhse ama atá luaite le hoibreacha a chur i gcrích ó dháta ceadaithe an deontais agus d'fhéadfadh sé seo dúshláin a chruthú d'iarrthóirí.
- Tá na méideanna deontais uasta athbhreithnithe a tugadh isteach i mí Bealtaine 2023 á gcur i bhfeidhm i ndáil le gach iarratas atá ceadaithe cheana féin.
- Tá na hiarratais i gceantair thuaithe cothrom le 57% de gach iarratas agus tá na hiarratais i mbailte agus i sráidbhailte cothrom le 43%. Tá sé seo sách seasmhach ó bunaíodh an deontas.

Tá sonraí iomlána na scéime agus na critéir incháilitheachta foilsithe ar shuíomh gréasáin na Comhairle. Is é an seoladh ríomhphoist teagmhála chun tuilleadh faisnéise agus treorach faoin scéim deontais a fháil vacanthomes@clarecoco.ie. Táimid ag leanúint ar aghaidh ag bualadh le húinéirí aonair chun iad a threorú tríd an bpróiseas agus chun a chinntiú go bhfuil na doiciméid ar fad acu nuair a chuireann siad isteach a n-iarratas.

Oifig Fiontair Áitiúil

In 2023 bhí gnóthaí in An Clár fós ag déileáil le dúshláin eacnamaíocha cosúil le boilsciú, saincheisteanna a bhain leis an slabhra soláthair, lucht oibre a mhealladh agus a choimeád agus laghdú ar chumhacht chaithimh tomhaltóirí. Ainneoin na gconstaicí seo, lean roinnt earnálacha dár ngeilleagar áitiúil ag bláthú, go háirithe na hearnálacha déantúsaíochta agus innealtóireachta. Tá 1,279 duine á bhfostú ag ár bhfiontair áitiúla ar fud an chontae anois.

Príomhghníomhaíocht leanúnach ba ea cláir oiliúna agus leagadh níos mó béime ar thacar scileanna úinéirí gnóthaí beaga a fheabhsú agus a gcumas a fhorbairt chun dul chun cinn a dhéanamh i dtimpeallacht eacnamaíoch an-dúshlánach. In 2023 leanadh ar aghaidh le treocht na rannpháirtíochta gníomhaí inár gcláir oiliúna agus bhain 1,279 duine tairbhe as an tacaíocht seo. I measc na n-ábhar ar dhírigh na cláir orthu bhí Do Ghnó Féin a Chur ar Bun, Margaíocht, Forbairt Bainistíochta, Bainistíocht Airgeadais, meáin shóisialta agus Margaíocht Dhigiteach. Tá neart spéise á léiriú sna cláir Do Ghnó Féin a Chur ar Bun, agus bhain 133 rannpháirtí tairbhe as. Príomhthacaíocht ba ea meantóireacht agus chabhraigh 289 sannadh le fiontair déileáil le dúshláin ghnó, costais atá ag méadú agus margaí nua a fhorbairt. Chiallaigh an cúlra eacnamaíoch dúshlánach go raibh níos lú éilimh ar mhaoiniú agus ceadaíodh maoiniú iomlán luach €635k do 22 fiontar.
Treocht dhearfach amháin ba ea méadú ar líon na bhfiontar a bhí ag baint tairbhe as deontas beag de €2,500 chun cabhrú leo scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna margaidh.

Seachtain Fiontair Áitiúil

Bhain téarma Sheachtain Fiontair Áitiúil 2023 (6–10 Márta) le nuálaíocht, claochlú digiteach agus inbhuanaitheacht. I rith na seachtaine, reáchtálamar 23 imeacht maidir le hábhair a bhain le hEarcaíocht agus Coimeád, Easpórtáil, Sreabhadh airgid a bhainistiú, Inbhuanaitheacht agus Nuálaíocht.

Gradaim Fiontraíochta Mic Léinn

Príomhimeacht inár bhféilire bliantúil é ár nGradaim Fiontraíochta Mic Léinn. In 2023 mhéadaigh líon na scoileanna atá ag glacadh páirte go dtí 14 agus thaispeáin 409 mac léinn a saothar ag craobhchomórtas an Chontae ar an 9 Márta. Rinne na triúr buaiteoirí seo a leanas ionadaíocht don Chlár sa chraobhchomórtas náisiúnta a reáchtáladh i bPáirc an Chrócaigh:

- Sóisearach: Leabhar Cócaireachta Iarthar an Chláir ó Mheánscoil Íosaif, An Tulach.
- Idirmheánach: Leabhar Grianghraf ó CBS Inis Díomáin.
- Sinsearach: *OCM Light Bars* ó Choláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill an Dísirt.

Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta

Ba é *Wild Irish Seaweed Ltd*, atá bunaithe in Coillte, ionadaí an Chláir sa chraobhchomórtas náisiúnta ag na Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta i mbliana. Is í seo an 24ú bliain a bhfuil na gradaim á reáchtáil agus is iad na hOifigí Fiontair Áitiúla atá freagrach as na gradaim a eagrú gach bliain. Reáchtáladh an searmanas bronnta i dTeach an Ardmhéara i mBaile Átha Cliath. Is é an aidhm atá leis na gradaim seo ceiliúradh a dhéanamh agus aitheantas a thabhairt do na fiontair éagsúla a bhfuil ag éirí go breá leo ar fud na Tíre. Arís eile, buaiteoir náisiúnta ba ea An Clár, bronnadh ‘An Duais don Easpórtálaí is Fearr’ ar Wild Irish Seaweed mar aitheantas ar an rath a bhí air nuair a d'éirigh leis an gradam don ghnó nua i margaí domhanda a bhuachan. Díol suntais ba ea go raibh na coirn deartha agus déanta in An Clár ag Conor Murray ó Kilkee Forge go sonrach don imeacht.

Craobhchomórtas Oscailte Gailf Ban na hÉireann KPMG

Don dara bliain as a chéile, d'éascaigh OFÁ an Chláir agus Turasóireacht an Chláir taispeántas de shaothar cúigir táirgeoirí ceardaí áitiúla agus cuireadh An Clár chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta. I mbliana, bhíomar i suíomh níos fearr gar do Chaisleán Dhrom Ólainn agus gar don 18ú Plásóg. Bhí sé seo mar bhonn le líon níos mó daoine a mhealladh agus an méid a dhíol ár dtáirgeoirí rannpháirteacha a fheabhsú. Tríd is tríd, deis iontach ba ea an t-imeacht chun léargas a thabhairt ar an méid atá á thairiscint ag An Clár.

Gradaim Ghnó an Chláir

Reáchtáladh craobhchomórtas Ghradaim Feabhais Ghnó an Chláir, óstáilte ag Comhlachas Inse agus urraithe ag Comhairle Contae an Chláir, ag Dinnéar Ceiliúrtha ar an 16 Samhain, agus bronnadh an duais mhór, 'Gnó an Chláir na Bliana', ar an gcuideachta Wix and Wax, cuideachta atá bunaithe in Inis a dhéanann coinnle agus cumhráin bhaile ghalánta.

Buaiteoir an Ghradaim Fiontraíochta Mic Léinn, Catagóir na Sóisear.

Buaiteoir náisiúnta, Gradam don Easpórtálaí is Fearr 2023 ag na Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta.

AN STIÚRTHÓIREACHT UM FHORBAIRT SHÓISIALTA

ANNE HAUGH
An Stiúrthóir um Fhorbairt Shóisialta

Is í fís uileghabhálach na Stiúrthóireachta Sóisialta:

An cháilíocht saoil do phobal Chontae an Chláir a fheabhsú trí thacaíochtaí tithíochta oiriúnacha a chur ar fáil do dhaoine atá ar an ngannchuid agus rochtain do gach saoránach ar fhaisnéis, foghlaim, na healaíona, agus deiseanna cultúrtha agus caithimh aimsire a chumasú agus tacú lena leithéid.

Cuimsítear i Stiúrthóireacht Shóisialta Chomhairle Contae an Chláir na réimsí freagrachta de réir an scéimre thíos:

Tithíocht

Soláthraí réiteach tithíochta do dhaoine atá ar an ngannchuid agus
dóibh siúd a mheastar atá incháilithe do thacaíochta tithíochta sóisialta.

Ceantar Bardasach Chill Dalua

Riar ceantair feidhmeanna le béim ar leith ar an timpeallacht fhisiciúil.

Seirbhísí cultúrtha

Seirbhísí Leabharlainne, Ealaíon agus Cultúrtha a chur ar fáil i gContae an Chláir.

Tá an Stiúrthóireacht Shóisialta ag leanúint ar aghaidh lena cuspóirí a chomhlíonadh agus lena clár oibre a sheachadadh agus sa chomhthéacs sin táthar ag obair i ndlúthpháirt leis na Baill Thofa agus leis an Leasanna Earnálacha ar ár gCoiste um Beartas Straitéiseach (CBS) a bhuail le chéile ceithre bhabhta in 2023 chun raon beartas agus tionscnamh a phlé agus a chomhaontú chun déileáil le seachadadh tithíochta in An Clár.

Tithíocht

Bhliain dhúshlánach eile don Chomhairle trí chéile agus don Stiúrthóireacht Shóisialta ba ea 2023 de réir mar a lean an choinbhleacht sa Úcráin le héifeacht a bheith aici ar infhaighteacht agus ar chostas soláthairtí tithíochta agus earraí riachtanacha eile. Dá ainneoin sin, áfach, sháraíomar ár sprioc sheachadta do thithe nua i gcomhair 2023. Chumasaigh meascán de réadmhaoin nua a thóg an Chomhairle agus a bhí ceadaithe ag comhlachtaí ceadaithe tithíochta (CCTanna), réitigh lándéanta agus cláir athchóirithe fholmha leithdháileadh tithe do 251 teaghlach i rith 2023.

Leagadh amach i dTithíocht do Chách, a seoladh i Meán Fómhair 2021, clár maoinithe ilbhliantúil i gcomhair 2022-2030 chun breis is 300,000 teach nua a sheachadadh lena n-áirítear 90,000 teach sóisialta agus 54,000 teach inacmhainne agus measadh gur caitheadh níos mó ná €4bn sa bhliain. Tá gealltanas tugtha maidir le deireadh a chur le heaspa dídine faoi 2030 freisin. Leagtar amach sa doiciméad seo an creat chun tithíocht a sheachadadh sa chontae agus is í an sprioc atá ann 833 aonad tithíochta sóisialta nua a thógáil sa chontae sa tréimhse idir 2022 agus 2026 mar atá sonraithe thíos:

Bliain	2022	2023	2024	2025	2026	Iomlán
Sprioc	200	149	153	164	167	833
Bainte Amach	262	151				

Feidhmíocht Seachadta Tithíochta 2023

In 2023, d'éirigh linn ár sprioc a shárú arís, agus sholáthraíomar 151 réadmhaoin nua. Trínár gclár tógála caipitiúil féin agus trí thacú le comhlachtaí ceadaithe tithíochta, chuir an Chomhairle meascán de 36 aonad ar fáil agus 115 aonad trí CCTanna (Cuid V san áireamh).

Forbairt chríochnaithe ag Droichead an Chláir.

Táimid ag leanúint ar aghaidh ag obair ar ár gclár uaillmhianach seachadta don bhliain amach romhainn ina n-áirítear tógáil dhíreach, tógáil lándéanta, éadálacha, ceannaigh agus athnuaigh, tógáil agus éadáil an chomhlachta ceadaithe tithíochta, agus athchóiriú réadmhaoin fholamh, etc, obair atá á comhordú, ag fáil tacaíocht ó agus á seachadadh ag an bhFoireann Tithíochta i gComhairle Contae an Chláir chun tithe nua a chur ar fáil dóibh siúd atá ainmnithe ar an liosta tithíochta sóisialta."

Bainistiú an stoic thithíochta

I rith 2023, sealbhaíodh 75 réadmhaoin fholamh agus athchóiríodh seacht réadmhaoin (áitithe) agus cuireadh ar fáil iad chun críche leithdháilte, ar fud an chontae.

Faoin gClár Aisfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh, d'uasghrádaigh an Chomhairle 54 réadmhaoin go dtí leibhéal RFF B2 nó níos airde. Chiallaigh sé seo go raibh líon iomlán na n-uasghráduithe cothrom le 117 ó bunaíodh an scéim i rith 2021.

Faoinár gClár Cothabhála Pleanáilte, cuireadh oibreacha éagsúla a sainaithníodh trínár Suirbhéanna ar Bhail an Stoic i gcrích ar 300 réadmhaoin. Cuirfear dlús le rolladh amach an chláir seo i rith 2023 de bhrí go bhfuil deireadh curtha leis na srianta ar fad.

Tá an fheidhm Cothabhála Freagartha ag feidhmiú mar is gnách ó tharla deireadh a bheith curtha leis na srianta ar fad. Logáladh 4,623 glao cothabhála, nó 385 glao cothabhála ar an meán sa mhí, i rith 2023.

Scéim Tithíocht Inacmhainne

Ainneoin gur ghné thábhachtach de 'Thithíocht do Chách' í tithíocht inacmhainne, tá na critéir chun cáiliú do mhaoiniú tithíochta inacmhainne údaráis áitiúil bunaithe ar chinneadh maidir le srian inacmhainneachta agus i gcás líon suntasach contaetha, an Clár san áireamh, ní raibh fianaise ar bhac oiriúnach le fáil sa mheasúnú chun na riachtanais incháilitheachta a shásamh. Dá ainneoin sin, lean ár bhfoireann ar aghaidh ag obair le hoifigigh Roinne i ndáil le baic inacmhainneachta i gceantair uirbeacha níos mó agus i mí Iúil 2023 fuaireamar cead i bprionsabal de bhua iarratais mhionsonraithe a chur faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTTÁO), chun a chruthú go bhfuil poitéinseal ag baint le scéimeanna tithíochta inacmhainne in Inis agus i Sionainn.

I ndiaidh an cheada seo, reáchtálamar feachtas léirithe spéise chun tithíochta inacmhainne a sheachadadh.

Ina dhiaidh sin, d'éirigh leis an gComhairle cead a fháil don chéad Scéim Tithíochta Inacmhainne i gContae an Chláir faoin Scéim Tithíochta Inacmhainne nua. Fuarthas cead le haghaidh 10 réadmhaoin i Radharc Choill Darach i Sionainn. Tá an dara togra á mheas ag an RTRÁO, agus tá sé beartaithe tuilleadh aighneachtaí a dhéanamh in 2024. Tá scéim tosaíochta maidir le réadmhaoin a leithdháileadh, sa chás go sáraíonn éileamh infhaighteacht, ceadaithe ag an Aire, agus ghlac Baill Thofa léi ag cruinniú Mheán Fómhair na Comhairle. Tá tairseach ar líne nua beo le tamall anuas: https://affordablehomes.ie/

Bloic Choincréite Lochtacha

Tá Scéim Deontais Feabhsaithe na mBloc Coincréite Lochtach (BCL) beo ó lár mhí Iúil, agus tá na Rialacháin Roinne riachtanacha bunaithe. Tá an scéim oscailte ó shin agus tá Foireann BCL na Comhairle ag glacadh le hiarratais ar líne. Chuir Éascaitheoir Pobail BCL tús le téarma fostaíochta i mí Mheán Fómhair 2023, chun tuilleadh cabhrach a thabhairt do na húinéirí tí le próiseas iarratais BCL. Reáchtáil an tÉascaitheoir Pobail, agus baill foirne eile, roinnt ceardlann tráthnóna chun cabhrú le húinéirí tí leis an iarratas agus chun iad a threorú tríd an bpróiseas BCL. Chomh maith leis sin, tá físeán curtha ar fáil ag Foireann BCL Chomhairle Contae an Chláir ar shuíomh gréasáin na Comhairle le déanaí maidir le "conas iarratas a dhéanamh" chun tuilleadh cabhrach a thabhairt d'úinéirí tí leis an bpróiseas iarratais. Táimid ag leanúint ar aghaidh ag obair leis an RTRÁO chun a chinntiú go gcuirtear tithe sóisialta a bhfuil tionchar ag BCL orthu san áireamh i scéim chosúil freisin. Thug pearsanra RTRÁO cuairt ar An Clár i lár mhí na Nollag chun féachaint ar thithe sóisialta ábhartha agus chun nuashonrú a thabhairt ar an scéim bheartaithe a bhfuiltear ag súil tús a chur léi go luath an bhliain seo chugainn.

Éadálacha Tionónta in Situ

I rith na bliana, bhunaigh an Rialtas roinnt beart chun maolú i gcoinne na dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ag deireadh a chur leis an toirmeasc ar dhíshealbhú. Beart amháin dá leithéid ba ea na hÉadálacha Tionónta in Situ. Sealbhaíodh 30 réadmhaoin i rith 2023 chun déileáil le heaspa dídine i measc tionóntaí mar gheall ar Fhógraí Foirceanta a bheith seirbheáilte ag tiarnaí talún agus le haghaidh cásanna easpa dídine eile; cheannaigh an Chomhairle 14 réadmhaoin díobh seo agus ghlac Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe seilbh ar an 16 haonad eile. Chuir siad seo ar chumas úinéirí tí fanacht ina dtithe féin agus glacadh leo mar thionóntaí de chuid na Comhairle faoin scéim. Chomh maith leis sin, bunaíodh an tsamhail cíosa de réir costais do thionóntaí a bhí i mbaol easpa dídine ach nach raibh i dteideal tacaíochtaí tithíochta sóisialta. Tá sé seo á bhainistiú ag an nGníomhaireacht Tithíochta trí atreorú ó údaráis áitiúla agus i rith na bliana atreoraíodh teaghlach amháin dá leithéid in An Clár chun críche measúnaithe.

Iarrthóirí Tithíochta Sóisialta Nuacháilithe

Tá teorainneacha ioncaim nua éifeachtach ón 1 Eanáir, 2023. Cháiligh 506 iarratas nua in 2023, figiúr atá mórán mar an gcéanna leis na blianta roimhe sin. Ní raibh éifeacht fheiceálach ag bandaí incháilitheachta ioncaim méadaithe ar ár bhfigiúirí. Tá Comhairle Contae an Chláir ag leanúint ar aghaidh le líon mór iarratas a phróiseáil gach mí, agus tógann sé ocht seachtaine, ar an meán, iarratais bhailí a phróiseáil in 2023.

01/01/2023	Líon na Leanaí	1 Leanbh	2 Leanbh	3 Leanbh	4 Leanbh	5 Leanbh	6 Leanbh
1 Aosach	€35,000	€35,875	€36,750	€37,625	€38,500	€39,375	€40,250
2 Aosach	€36,750	€37,625	€38,500	€39,375	€40,250	€41,125	€42,000
3 + Aosach	€38,500	€39,375	€40,250	€41,125	€42,000	€42,875	€43,750

Measúnuithe agus Leithdháiltí Tithíochta

Déantar leithdháiltí tionóntachtaí tithíochta sóisialta de réir Scéim Leithdháilte Tithíochta Sóisialta Chomhairle Contae an Chláir. Leagtar amach sa Scéim Leithdháilte seo na tosaíochtaí agus na nósanna imeachta a bhaineann le réadmhaoin a leithdháileadh. Úsáidtear an scéim chun aonaid tithíochta chaighdeánacha na Comhairle a leithdháileadh, chun déileáil le folúntais ócáideacha agus réadmhaoin léasa fhadtéarmaigh agus ghearrthéarmaigh. Leithdháileadh 220 tionóntacht Chomhairle in 2023 agus chruthaigh na CCTanna 31 tionóntacht bhreise.

I rith 2023 leanadh ar aghaidh le réadmhaoin atá ar fáil le ligean ar cíos a fhógairt ar shuíomh gréasáin Choice Based Letting (CBL), cbl.clarecoco.ie Tugann CBL deis d'iarrthóirí spéis a léiriú i raon réadmhaoine cónaithe laistigh dá rogha ceantair atá oiriúnach do mhéid a dteaghlaigh. Taispeántar liosta den réadmhaoin atá ar fáil idir an Chéadaoin agus an Mháirt gach seachtain, ar shuíomh gréasáin CBL. Tá an próiseas deartha chun a chinntiú go bhfuil sé chomh cothrom agus is féidir agus tugann sé comhdheis do gach iarrthóir tithíochta féachaint réadmhaoin atá ar fáil a oireann dá riachtanais.

Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais

Bhuail Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais an Chláir lena chéile ar bhonn ráithiúil in 2023 chun athbhreithniú a dhéanamh ar a Phlean Straitéiseach áitiúil agus é mar phríomhchuspóir cur leis an leibhéal de thacaíochtaí tithíochta a cuireadh ar fáil dóibh siúd ag a bhfuil riachtanais mhíchumasaithe mar aon leis na seirbhísí tacaíochta riachtanacha. Cuireadh nuashonrú ráithiúil ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag GSTM ar fáil don Ghníomhaireacht Tithíochta agus do CBS um Thithíocht. In 2023, leithdháil Comhairle Contae an Chláir 251 réadmhaoin agus leithdháileadh 46 réadmhaoin (18%) astu sin ar dhaoine le riachtanais mhíchumsaithe. Tá an sprioc náisiúnta cothrom le 10% agus táimid ag feidhmiú go maith os cionn na sprice seo anois.

Rinneadh athbhreithniú ar an bPlean Straitéiseach Áitiúil in 2023 i ndiaidh Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022 - 2027 agus an Plean Feidhmithe gaolmhar a eisiúint. Is é cuspóir na Straitéise rochtain a éascú do dhaoine faoi mhíchumas, ar an raon oiriúnach seirbhísí tithíochta agus tacaíochta gaolmhara go tráthúil, atá á soláthar ar bhealach comhtháite agus inbhuanaithe, a thacaíonn le comhionannas deiseanna agus cearta an duine, rogha aonair agus maireachtáil neamhspleách. Cheadaigh GSTM an Plean Straitéiseach Áitiúil ag a chruinniú i mí na Nollag 2023 agus cuirfear faoi bhráid CBS agus na Comhairle iomláine é ag tús 2024.

Cíosanna Tithíochta

Bhí an ráta bailithe cíosanna tithíochta ard - bhí an ráta bailithe cothrom le 86% agus bhí an t-ioncam iomlán cothrom le €10,842,977 as 3349 cuntas cíosa i rith 2023.

Scéim na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)

Bhunaigh an Chomhairle 148 iarratas ÍCT nua i rith 2023, lena n-áirítear 20 teaghlach a bhí ag cáiliú do ÍCT do Dhaoine gan Dídean. Ag deireadh 2023, bhíothas ag tacú le 1,160 teaghlach ar fad faoin Scéim ÍCT.

Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC)

Bhí 155 teaghlach ag baint tairbhe as an scéim seo ag deireadh 2023. I rith na bliana, d'fhág 11 theaghlach an scéim, agus d'fhág 6 theaghlach astu sin an scéim mar gheall ar fhógraí foirceanta. Bhain formhór na dteaghlach a d'fhág an scéim tairbhe as tacaíochtaí tithíochta malartacha. Ina theannta sin, oibríonn an Chomhairle le

17 Comhlachta Tithíochta Ceadaithe chun tacú le 199 tionóntacht tríd an Scéim Cóiríochta Cíosa. San áireamh san fhigiúr seo tá 24 tionóntacht a ghlac páirt sa scéim i rith 2023.

Léasú Sóisialta

In 2023, sholáthair an Chomhairle dhá chineál léasaithe, léasú gearrthéarmach suas go dtí 9 mbliana agus 11 mhí agus léasú fadtéarmach idir 10 mbliana agus 25 bliana.

Faoi chlár Thithíocht do Chách an Rialtais, tá deireadh á chur le léasú fadtéarmach rud a chiallaíonn nach féidir leis an gComhairle páirt a ghlacadh i léasanna fadtéarmacha nua níos mó. Ba í sprioc na Comhairle do léasú gearrthéarmach i gcomhair 2023 cúig léas ghearrthéarmacha nua. In 2023, rinneadh idirbheartaíocht maidir le comhaontuithe léasa ar dhá léas ghearrthéarmacha nua, dá réir sin, níor comhlíonadh an sprioc seo. Is é an chúis atá leis an ráta glactha íseal nach bhfuil úinéirí réadmhaoine ag iarraidh a bheith freagrach as cothabháil laethúil na réadmhaoine nó a bheith freagrach as an tionónta. I rith na bliana, d'fhág naoi dteaghlach an scéim léasa ghearrthéarmaigh. Chiallaigh sé seo go raibh líon iomlán na dteaghlach atá ag baint tairbhe as an scéim seo cothrom le 98 faoi dheireadh na bliana. Tá an meántéarma léasa cothrom le cúig bliana.

Ní dhearnadh aon idirbheartaíocht maidir le comhaontuithe léasa fadtéarmacha nua i rith 2023, agus d'fhág réadmhaoin amháin an scéim. Ag deireadh na bliana, bhí 127 teaghlach ar fad ag baint tairbhe as an scéim seo. Tá an meántéarma léasa cothrom le 16 bhliain.

Cigireachtaí ar Chóiríocht Phríobháideach ar Cíos

Déanann an Chomhairle cigireacht ar chóiríocht phríobháideach ar cíos de réir na Rialachán Tithíochta (Caighdeáin le haghaidh Tithe Ligthe ar Cíos), 2019. Rinneadh cigireacht ar 1,108 réadmhaoin phríobháideach ar cíos in 2023, lena n-áirítear ÍCT, SCC, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus réadmhaoin léasaithe.

Iasacht Tithíochta Údaráis Áitiúil

Tháinig an Iasacht Tithíochta Údaráis Áitiúil (ITÚÁ) in áit Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann (ITAÉ) i mí Eanáir 2022. Tairgeann an iasacht morgáiste ráta úis sheasta thar thréimhse 25 nó 30 bliain do cheannaitheoirí inchairde, céaduaire agus é mar aidhm a chinntiú go bhfuil úinéireacht tí níos inacmhainne.

Fuarthas 49 iarratas ar fad ar an Iasacht Tithíochta Údaráis Áitiúil in 2023 agus tugadh cead sealadach do 25 iarratas ar iasacht i rith na tréimhse sin. Tarraingíodh síos 10 n-iasacht ar fad in 2023.

Mhéadaigh na rátaí úis ó 28/09/2023 agus tá na rátaí reatha seasta cothrom le 4.00% ar iasachtaí le haghaidh téarma suas go dtí téarma 25 bliain agus 4.05% ar iasachtaí suas go dtí téarma 30 bliain.

Bainistíocht Eastáit

Tá Aonad Bainistíochta Eastáit ag an gComhairle, atá ar fáil chun bualadh le tionóntaí agus le cumainn tionóntaí ar bhonn rialta chun déileáil le saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Bhí tionchar dearfach ag ceapadh triúr Oifigeach Forfheidhmithe Tionóntachta in 2021 ar bhainistiú iompair fhrithshóisialta agus ar an tionchar atá ag a leithéid ar an bpobal.

Tá an fhoireann ag leanúint ar aghaidh leis an gclár rannpháirtíochta le tionóntaí agus le coistí tionóntaí chun tacú le bainistíocht eastáit. Moltar do chónaitheoirí páirt a ghlacadh i mbainistiú a n-eastáit, úinéireacht a ghlacadh agus a bheith bródúil as an áit a bhfuil cónaí orthu inti. Tá an tAonad seo tiomanta do ghrúpa cónaitheoirí a spreagadh agus a bhunú laistigh dá n-eastáit tithíochta.

Bainistíonn foireann Bainistíochta Eastáit na Comhairle iompar frithshóisialta agus an tionchar atá aige ar an bpobal. Ar an iomlán, rinneadh imscrúdú ar 834 gearán IFS agus déileáladh leo de réir Straitéis Iompair Fhrithshóisialta na Comhairle. D'éascaigh an fhoireann Forfheidhmithe Tionóntachta líon mór glaoch amach in 2023 chun déileáil le cásanna IFS mar aon le patrólú rialta a dhéanamh agus rannpháirtíocht le tionóntaí Údaráis Áitiúil.

An Fhoireann um Ghníomhaíocht do Dhaoine Gan Dídean

I rith na bliana 2023 b'éigean d'Fhoireann um Ghníomhaíocht do Dhaoine Gan Dídean an Chláir déileáil le go leor dúshlán agus castachtaí. I rith na bliana, mhéadaigh líon na gcásanna a cuireadh faoi bhráid na foirne, agus mhéadaigh leibhéal na riachtanas agus na ndúshlán casta arbh éigin d'úsáideoirí seirbhíse déileáil leo. Tá an t-éileamh ar ár seirbhís

ag méadú gach mí agus tá tacaíocht shuntasach i ndáil le gach gné den easpa dídine ag teastáil ón bhfoireann ar fad.
Lean an Fhoireann um Ghníomhaíocht do Dhaoine Gan Dídean ag obair ar sheirbhís a fhorbairt a bheidh in ann freastal go cuí ar riachtanais Cliant gan Dídean in An Clár. Soláthraíonn an fhoireann seo raon leathan seirbhísí tacaíochta lena n-áirítear Measúnú agus Socrúchán, Seirbhísí Tacaíochta Tionóntachta, Place Finder ÍCT, Tithíocht ar dTús, Athlonnú Cóiríochta.
Is iad seirbhísí sláinte agus údaráis áitiúla na comhlachtaí reachtúla ceannais chomh fada is a bhaineann le déileáil le heaspa dídine agus le riachtanais daoine atá gan dídean in Éirinn. Oibríonn Foireann um Ghníomhaíocht do Dhaoine Gan Dídean an Chláir i gcomhpháirt le FSS chun seirbhís a chur ar fáil laistigh den Chlár, áit a bhfuil Altra Meabhairshláinte Pobail agus Altra Poiblí Sláinte lánaimseartha ar an bhfoireann, atá á roinnt le Luimneach. Tá tairbhe á baint as cur chuige foirne ildisciplíní, idirghníomhaireachta agus is bealach éifeachtach é seo chun tacaíochtaí speisialtóra for-rochtana agus breise a chur ar fáil agus chun nascadh le seirbhísí príomhshrutha.

2023

Ag deireadh 2023, bhí 75 aosach agus 37 cleithiúnach ag baint tairbhe as cóiríocht do dhaoine gan dídean. Ní chuimsítear san fhigiúr seo an líon suntasach aonad aonair agus teaghlaigh a rinne teagmháil le foireann FGDD ag lorg socrúchán i gcóiríocht éigeandála.



	Jan	Feb	Mar	Apr	May	Jun	Jul	Aug	Sep	Oct	Nov	Dec
New	28	42	43	37	37	42	31	44	31	27	48	24
Repeat	169	225	210	168	213	243	193	202	284	276	430	168

I rith 2023, d'fhág 105 teaghlach seirbhísí do dhaoine gan dídean – bhí 40 chun tairbhe a bhaint as tionóntachtaí nua (ÚÁ-18, CCT-8, ÍCT-2, CP-2, Tithíocht do Dhaoine Óga-5, Tithíocht ar dTús-5), 18 Urscaoilte ó Sheirbhísí,
4 Féin-Urscaoilte agus 2 Urscaoilte chuig Cóiríocht Chónaithe. Bhog 46 teaghlach eile laistigh de Sheirbhísí Éigeandála chun tacú ar an mbealach is fearr lena riachtanais sainaitheanta. Is ionann na figiúirí seo agus méid suntasach d'obair choisc agus leanfar ar aghaidh le béim a leagan air seo amach anseo.
Chomh maith leis sin, bhog 20 teaghlach breise nach raibh i gCóiríocht Éigeandála isteach i dtionóntachtaí. Cuimsítear san fhigiúr seo an obair Choisctheach a rinne an fhoireann FGDD i rith na bliana, a bhain le cosc a bheith ar dhaoine aonair agus ar theaghlaigh bogadh isteach sna Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean.

Slite amach		**64**
I gCóiríocht	Údarás Áitiúil = 18 CCT = 8 ÍCT = 2 Réadmhaoin phríobháideach ar cíos = 2 Tithíocht do Dhaoine Óga = 5 Tithíocht ar dTús = 5	40
Urscaoilte ó Sheirbhísí		18
Féin-urscaoilte		4
Urscaoilte chuig Cóiríocht Chónaithe		2

Laistigh de na figiúirí seo, táthar ag leanúint ar aghaidh le méid suntasach oibre a dhéanamh chun tacú le cliaint chun déileáil le saincheisteanna a bhíonn acu. Dá réir sin, tá an fhoireann ag leanúint ar aghaidh le caidreamh oibre láidir a bhunú le gach ceann dár gcomhpháirtithe oibre in FSS (Cúram Príomhúil, Míchumas, Ionchuimsiú Sóisialta, Meabhairshláinte, Cumhdach agus Andúil), Gardaí, Tusla (Cosaint Leanaí, Foréigean Baile agus Iarchúram), Comhpháirtithe Promhaidh agus Pobail chun déileáil le riachtanais atá ag éirí níos casta de réir a chéile.

Cóiríocht don lucht siúil

Tá Comhairle Contae an Chláir ag leanúint ar aghaidh le dlús a chur ar a Clár Cóiríochta don Lucht Siúil (CCLS) 2019-2024. Eisíodh Imlitir na Roinne i mí na Nollag inar comhairlíodh d'údaráis áitiúla tús a chur le hullmhú na chéad CCLSanna cúig bliana eile ar cheart glacadh leo faoin 31 Nollaig, 2024. Dá réir sin, leanfaidh na CCLSanna reatha ag feidhmiú go dtí deireadh 2024 fad is a ullmhaíonn údaráis áitiúla chun glacadh leis na Séú CCLSanna 2025-2029 faoi dheireadh 2024. Is é cuspóir an Aire a chinntiú go mbeidh úinéireacht iomlán ag na baill thofa nua ar na CCLSanna nua lena n-áirítear cur chun feidhme, atá ag teacht freisin le comhairle an Choiste Chomhairligh Lóistín Áitiúil don Lucht Siúil (CCLÁLS).
Éileoidh ullmhú an phlean nua ar údaráis tithíochta dul i gcomhairle le húdaráis áitiúla chóngaracha, FSS, comhlachtaí ceadaithe tithíochta, Coiste Comhairleach Áitiúil an Lucht Siúil, agus grúpaí ionadaíocha áitiúla eile an Lucht Siúil, grúpaí pobail agus leasa agus an pobal i gcoitinne.
Ní mór d'údaráis tithíochta, i ndiaidh comhairliúcháin, meastachán a dhéanamh maidir le riachtanais chóiríochta reatha agus réamh-mheasta teaghlach den Lucht Siúil a bheidh ag teacht chun cinn thar chlár cúig bliana. I láthair na huaire, táimid ag obair le Clár Forbartha Pobail an Lucht Siúil chun anailís mhionsonraithe ar riachtanais an lucht siúil a ullmhú fad is atá an Clár Forbartha á ullmhú.
Táthar ag súil go mbeidh dréachtphlean ar fáil do chomhairliúchán poiblí i Ráithe 3 2024.

Déanfaidh Coiste Forbartha Pobail Áitiúil an Chláir maoirseacht ar Thionscadal Forbartha Pobail don Lucht Siúil (TFP) le Cuideachta Forbartha Pobail Áitiúil an Chláir (CFPC). Tá oibrí tionscadail fostaithe agus beidh sé nó sí ag obair i gcomhpháirt le Cuideachta Forbartha Áitiúil an Chláir agus le Comhairle Contae an Chláir chun anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar riachtanais reatha agus ar riachtanais a bheidh ann ag tús 2024 chun cabhrú le bonn eolais a chur ar fáil do CCCÁLS roimh an gcéad CCLS eile. Seoladh scéim iasachtaí nua do charbhán/do thithe soghluaiste in 2022
agus tá roinnt tionóntaí nua ceaptha ag An Clár faoin scéim seo. Cuirfear clabhsúr le gairm na scéime i Márta 2024 chun críche tuilleadh athbhreithnithe a dhéanamh agus táthar ag súil go n-athosclófar an scéim níos déanaí an bhliain sin.

Deontais Tithíochta

Ceadaíodh agus íocadh líon mór iarratas arís i rith 2023. Tá cistí spriocdhírithe ar oibreacha bunriachtanacha agus tugtar tosaíocht bunaithe ar riachtanais leighis an iarrthóra agus ar an méid ama ar an liosta feithimh. Cumasaíonn na hoiriúnuithe a cuireadh i gcrích na daoine míchumasaithe agus scothaosta chun cónaí go compordach ina dtithe féin. Caitheadh €3,128,568 ar 494 deontas mar atá leagtha amach anseo thíos:

An cineál deontais	Líon na nDeontas a íocadh in 2023	Luach na n-oibreacha €
Oiriúnú Tithe Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas	164	1,779,037
Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta	205	794,359
Deontais Áiseanna Soghluaisteachta	125	555,172
Iomlán in 2023	**494**	**3,128,568**

Chomh maith leis sin, rinneadh roinnt oiriúnuithe ar ár stoc tithíochta i rith na bliana. I measc na n-oibreacha a cuireadh i gcrích bhí suiteáil rampaí, leithris boinn leibhéalta, lámhráillí, cathaoireacha staighre agus mionoibreacha eile chun freastal ar riachtanais soghluaisteachta an teaghlaigh. Cuireadh 93 réadmhaoin ar fad in oiriúint agus
caitheadh €721,445 ar na hoibreacha seo, a chabhraíonn le tionóntaí a riachtanais ar leith a chomhlíonadh agus cur leis an taitneamh a bhaineann siad as a dtithe agus lena leibhéal compoird ina dtithe.

Seirbhísí cultúrtha (Leabharlann, Ealaíona, Músaem agus Cartlanna, glór)

Seirbhís Leabharlainne

Bhí foireann na seirbhísí cultúrtha gnóthach i rith na bliana agus bhí na seirbhísí ag feidhmiú ag leibhéil réamh-Covid arís agus bhí na patrúin úsáide agus na leibhéil rannpháirtíochta mar a bhíonn de ghnáth. Cheadaigh an Coiste um Beartas Straitéiseach Plean Forbartha Leabharlann an Chláir, “Pleanáil na Todhchaí – an leabharlann hibrideach” 2023-2028 i mí na Nollag. Tá trí théama leathana ann agus 30 gníomh a chiallaíonn go bhfuil léitheoireacht, litearthacht, pobal agus cultúr ag croílár an phlean. Uasghrádaíodh suíomh gréasáin Leabharlanna an Chláir in 2023

chun inrochtaineacht a fheabhsú agus chun a chinntiú go bhfuil sé comhlíontach.
Rinneadh neart dul chun cinn ar an leabharlann nua d'Inis agus bhí an obair ionann is curtha i gcrích ag deireadh 2023, i ndiaidh tús a chur leis an gcéim thógála i mí Aibreáin 2022.

Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna)

Bliain	Ballraíocht Leabharlainne	Míreanna eisithe lena n-áirítear athiasachtaí	R-acmhainní	Seisiúin idirlín	Wi-Fi
2023	**19,437**	**360,527**	**75,051**	**15,083**	**11,187**
2022	17,989	338,964	57,862	11,005	8,363

Tugadh méaduithe faoi deara i ndáil le gach gné den soláthar leabharlainne in 2023 agus thosaigh líon níos mó daoine ag filleadh ar an leabharlann i ndiaidh bhlianta dúshlánacha Covid. Cuireadh 22,860 mír fhisiciúil agus 28,166 acmhainn leictreonach leis an stoc lena n-áirítear foilseacháin nua agus athsholáthar stoic i réimsí a raibh sé riachtanach aird speisialta a dhíriú orthu. Tá miondealú ar an bhforáil bhreise seo le fáil thíos:

Ficsean do dhaoine fásta	5,433
Neamhfhicsean do dhaoine fásta	4,313
Ficsean do leanaí	9,152
Neamhfhicsean do leanaí	2,305
Stoc leabhar d'aosaigh óga	1,233
DVDanna	403
Pacaí Coigilte Fuinnimh Baile	10
Bréagáin agus acmhainní céadfacha	10

Ag tús 2023 bhí 21,000 cuntas úsáideora ar Facebook. I rith mhí Lúnasa, Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair, taifeadadh 264,000 úsáideoir. Mhéadaigh líon na leantóirí ar Instagram ó 1,841 leantóir go dtí 2,043 leantóir. Mhéadaigh líon na leantóirí ar X (Twitter) ó 2,084 go dtí 2,159.

Margaíocht, for-rochtain & imeachtaí

Cuireadh tús le gníomhaíochtaí margaíochta agus for-rochtana Leabharlanna an Chláir in 2023 le Straitéis Margaíochta nua. Ghlac Leabharlanna an Chláir páirt i bhfeachtas margaíochta náisiúnta a dhear "Leabharlanna Éireann" in GBRÁ ar a dtugtar Éire ag Léamh, a reáchtáladh ar an 24 Feabhra. San áireamh san fheachtas bhí margaíocht spriocdhírithe ar líne agus sa phreas áitiúil agus náisiúnta. D'fheidhmigh údair, pearsantachtaí agus pearsana spóirt mar ambasadóirí léitheoireachta agus spreag siad daoine chun páirt a ghlacadh sa leabharlann agus chun nóiméid léitheoireachta a ghealladh ar lá Éire ag Léamh. Reáchtáladh raon imeachtaí saor in aisce i leabharlanna lena n-áirítear cuairteanna údair, ceardlanna agus léamha.

Roinneadh eolas faoi Leabharlanna an Chláir agus An Clár Sláintiúil agus Rannóg Aeráide Chomhairle Contae an Chláir in The Clare Echo i gclúdach dhá leathanach faoi Sheachtain na Spriocanna Forbartha. Chomh maith leis sin, bhí eolas eisiach maidir le Leabharlanna an Chláir le fáil i gclúdach in The Clare Echo ina raibh eolas faoi na seirbhísí ar fad atá á gcur ar fáil acu agus faoi phleananna don leabharlann nua. Foilsíodh 16 phreasráiteas faoi sheirbhísí, tionscadail agus cláir agus tarraingíodh aird na meán áitiúil ar ocht gcinn de na preasráitis sin agus foilsíodh iad in The Clare Champion, The Clare Echo agus The Clare Herald. Mar chuid den chlár for-rochtana, bhí seastán leabharlainne ag Leabharlanna an Chláir ag seacht n-imeacht lena n-áirítear an Mhóraonach Aoisbhách agus Bród an Chláir. Rinneadh infheistíocht i margaíocht íoctha cúig huaire, chun aird a tharraingt ar sheirbhísí leabharlainne, agus imeachtaí sonracha cosúil le Plean Forbartha na Leabharlainne nua agus Gradam do Thionscadal Éire Ildánach. Rinneadh sé hagallamh raidió ar fad ar Clare FM chun aird a tharraingt ar sheirbhísí nua, acmhainní agus cláir leabharlainne.

Dáileadh an t-ábhar margaíochta ar fud líonra na leabharlainne, agus in oifigí na Comhairle agus in eagraíochtaí seachtracha cosúil leis an Ionad Eolais do Shaoránaigh, EmployAbility Clare, Coláiste Breisoideachais BOOLC agus Rannóg Othar Seachtrach Inse. D'fhoilsigh Leabharlanna an Chláir trí nuachtlitir agus dáileadh dhá r-fheasachán priontáilte agus trí Mailerlite.

Líon na n-imeachtaí reáchtáilte i leabharlanna	Líon an Spriocph obail	Aicme Úrscéalta - Tacair Eisithe	Seachadadh go doras
2,566	33,825	207	100

Deontais

Bhain seirbhís Leabharlanna an Chláir tairbhe as roinnt deontas in 2023 mar seo a leanas:

An Ciste Aitheantas Pobail: €6,400 chun doirse uathoibríocha a shuiteáil i Leabharlann Chora Chaitlín. Ciste na gCuntas Díomhaoin: Beagnach €4,000.00

An chéad chruinniú de Birds of a Feather a reáchtáladh i mBéal Feirste i mí na Nollag 2023. Comhpháirtithe ó Chomhairle Contae an Chláir, Comhairle Contae na Gaillimhe, Mol Pobail 'Mná ag Gáire', Grúpa Ban Bhéal Átha na Sluaighe agus Grúpa Pobail Bhaile Mhic Dháith.

do throscán nua, bréagáin chéadfacha agus acmhainní eile do leabharlanna an Chláir in 2023.

Ciste Éire na Sláinte i do Leabharlann: fuarthas deontas €3,753 ón nGníomhaíocht Bainistíochta Rialtais Áitiúil d'acmhainní Éire na Sláinte lena n-áirítear cathaoireacha, troscán don fháiltiú agus trealamh fuaime.

TFC ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail: Fuarthas €109,682.27 ó dheontas ón RFTP chun trealamh TF a uasghrádú don phobal.

Éire Ildánach

Cuireadh tús an athuair le clár Éire Ildánach Chomhairle Contae an Chláir in 2023 tráth ar bunaíodh Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta nua cúig bliana. Treoróidh an straitéis seo gníomhaíochtaí agus cuspóirí uile Éire Ildánach don tréimhse idir 2023-2027. Thacaigh an clár Éire Ildánach le 107 tionscadal in 2023 lena bhain ciste de €150,315.43 a chuir an Roinn Tithíochta agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar fáil. Bhain tionscadail úsáid as cruthaitheacht chun scrúdú a dhéanamh ar théamaí cosúil le sláinte, bithéagsúlacht, gníomhú ar son na haeráide, inbhuanaitheacht, meabhairshláinte, cultúr agus pobal. Ghlac 13,624 duine ar fad páirt in nó d'fhreastail siad ar thionscadal Éire Ildánach in 2023.

Lena chois sin, bhí Comhairle Contae an Chláir i measc ceann de dhá Údarás Áitiúla ar bronnadh maoiniú luach €250,000 orthu ó Chiste an Oileáin Chomhroinnte chun tionscadal dar teideal comhpháirtíocht 'Birds of a Feather' a chur i gcrích i gcomhpháirt le Comhairle Contae na Gaillimhe agus Ionad Pobail Ballymac in Oirthear Bhéal Feirste. Leanfar ar aghaidh ag obair ar an tionscadal go dtí deireadh 2025.

Staidéar Áitiúil

I measc na n-éadálacha a fuarthas in 2023 bhí Cartlann O'Looney (dánta agus ailt de chuid

theaghlach cáiliúil an Chláir sa 19ú haois), tuilleadh deonachán ar áiríodh iontu léarscáileanna, póstaeir, páipéir agus nuachtáin ó bhailiúchán Cheantálaí Holohan, taifid íoclainne do An Chreatalach 1835, nóta sínithe ó Thomas Steele agus doiciméid Aisghairme eile a bhain le An Clár, agus roinnt leabhar uathúil agus bailiúchán leabhar lena n-áirítear "Justice in Ireland" le David John Wilson, paimfléad a foilsíodh in Inis ón mbliain 1838. Reáchtáladh taispeántas dar teideal, Committees, Claims, Relief and Rebuilding after the Revolutionary Years" san Ionad Staidéar Áitiúil do tSeachtain Staire i mí Dheireadh Fómhair.

Deich mBliana na gCuimhneachán

Taispeántas póstaer Mick O'Dea.

Ba í 2023 an bhliain deiridh de Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán. Fuair sé ghrúpa pobail deontais do thionscadail chuimhneacháin – Grúpa Cuimhneacháin Lár an Chláir, Coiste Cuimhneacháin Oirthear an Chláir, Coiste Stairiúil Lios Uí Chathasaigh, Coiste Chogadh na Saoirse Iarthar an Chláir, Inis Cathaigh, Chill Rois agus Dhúchas na Sionna. Cuireadh deontais ar fáil do thriúr staraithe freisin – Joe Ó Muircheartaigh, Brian Spring agus Marie Connole. Reáchtáladh Seachtain Staire rathúil i mí Dheireadh Fómhair tráth ar eagraíocht léachtaí ar líne, taispeántais agus léachtaí brainse leabharlainne le staraithe cosúil le Myles Dungan, David McCullough agus Ida Milne. Reáchtáladh imeachtaí comhoibritheacha i dteannta le Roinn na mBailiúchán Speisialta in Ollscoil Luimnigh, Músaem an Chláir agus Cuimhneamh an Chláir. Eagraíodh an t-imeacht deiridh den chlár i gcomhpháirt le hOifig Ealaíon an Chláir, taispeántas ealaíne dar teideal "Divided Loyalties" leis an ealaíontóir cáiliúil de bhunadh Inse, Mick O'Dea. San áireamh sa taispeántas Glór seo bhí saothair ealaíne de chuid O'Dea inar léiríodh téamaí thréimhse na réabhlóide. Foilsíodh catalóg chuimhneacháin taobh leis an taispeántas agus eagraíodh imeacht 'Comhrá leis an Ealaíontóir' agus taispeáint scannán freisin. I measc na n-imeachtaí eile a eagraíodh i rith na bliana bhí sraith de léachtaí staire áitiúla i mbrainsí leabharlainne lena n-áirítear in Inis, Cill Rois, Cill Chaoi, Inis Díomáin, An Scairbh agus Sionainn agus maoiníodh léachtaí a eagraíodh mar chuid d'Fhéile Chlub Leabhar Inise agus Féile Leabhar na Leanaí.

Na hEalaíona

I measc na gclár ar thacaigh an Chomhairle Ealaíon leo in 2023 bhí an clár Ealaíon & Oideachais a sheachaid tionscadail ealaíne le 10 n-ealaíontóir in 20 bunscoil. Chomh maith leis sin, chruthaigh an clár Ealaíontóirí i Scoileanna tionscadal le 2 mheánscoil in Inis agus in Inis Díomáin. Cuireadh tús arís le himeachtaí Amharclann na nÓg an Chláir agus bhí 35 duine óg cláraithe leis an Amharclann agus thacaigh sí le Comhpháirtíocht Chruthaitheach na nÓg Luimnigh-an Chláir in amharclann na n-óg i gCill Chaoi, amharclann a raibh i bhfad níos mó daoine ag triall uirthi de bhrí go raibh go leor

daoine nua de bhunadh na hÚcráine ag cur fúthu sa cheantar. Sholáthair an Clár um Chuimsiú na Ealaíon agus an Mhíchumais 20 tionscadal ealaíon i suíomhanna míchumais le 12 ealaíontóir ar fud an chontae.

Reáchtáladh Mela Chill Dalua i mí Meithimh i dteannta leis an gCuideachta Damhsa Aerga, Fidget Feet. Reáchtáladh an Oíche Chultúir i mí Mheán Fómhair arís, agus d'fhreastail 2,431 duine ar 43 imeacht in 21 suíomh. Eagraíodh 36 taispeántas ar fad agus 16 Cheolchoirm 'Riches of Clare', san Fhorhalla in Glór. Leanadh ar aghaidh le tionscadail Ealaíon agus Sláinte a reáchtáil in ospidéil, tithe altranais agus ionaid chúraim lae ar fud an chontae agus páirteach i gceolchoirm faoin aer saor in aisce Chóir Bhealtaine bhí 6 chór ón gcontae a bhí i mbun taibhithe ar fhreastail na céadta daoine orthu i dTeach Cúirte Inse.

Bhí na stiúideonna ealaíontóirí ag feidhmiú ag 100% acmhainn agus bhí éileamh suntasach ar níos mó spásanna. Ceadaíodh 83 deontas ar fad d'ealaíontóirí, do phobail agus d'fhéilte tríd an Scéim Tacaíochtaí Pobail. Bunaíodh Gradam Taighde agus Forbartha Áiteanna Cruthaitheacha Shionainne.

Cuireadh cúnamh ar fáil do 25 tionscadal scannáin in 2023 agus leis an gclár scannáin Engine Shorts agus le Féile Scannán Idirnáisiúnta Inse. Lean an ciste WRAP le hinfheistíocht shuntasach isteach i scannáin a mhealladh chuig an gcontae, go háirithe in Oirthear an Chláir áit ar léiríodh BlackShore.

Leanadh ar aghaidh le hamanna meáin désheachtainiúla le Clare FM chun tacú leis na healaíona sa chontae agus cuireadh tionscnaimh forbartha acmhainne i gcrích i dteannta le healaíontóirí Úcránacha, ceoltóirí comhaimseartha agus amharc-ealaíontóirí. Reáchtáladh scéim forbartha ghairmiúil d'ealaíontóirí.

Músaem

Uaslódáladh 500 oibiacht ar fad ar shuíomh gréasáin an mhúsaeim, agus scríobhadh 10 n-iontráil bhlag faoi ábhair ar áiríodh ina measc caomhnú oibiachtaí, scéalta faoi oibiachtaí, taispeántais agus freagairtí cuairteoirí d'oibiachtaí ar taispeáint in 2023.

Cárta Poist ó Bhailiúchán Georgina Frost.

Rinneadh 726 mír ar fad a chatalógú, agus bhain 708 díobh le bailiúchán Georgina Frost. Tá 4,278 oibiacht ar fad sa bhailiúchán oifigiúil faoi láthair. Fuair foireann an Mhúsaeim maoiniú i rith na bliana chun imeachtaí a óstáil chun tacú leis an ngeilleagar oíche agus úsáideadh an maoiniú chun ceithre léacht phoiblí le saineolaithe ó ollscoileanna agus ó choláistí éagsúla a eagrú. Suiteáladh taispeántas le léiriú digitithe ar leabhar síniúcháin Kathleen Griffin sa ghailearaí. Bhí 22,063 cuairteoir ar fad ag triall ar an músaem i rith na bliana, sin méadú de 3,000 i gcomparáid le líon na gcuairteoirí in 2022.

P

Cartlanna

In 2023 lean an tSeirbhís Cartlainne le rochtain ar a bailiúcháin a sholáthar tríd an Leabharlann Staidéar Áitiúil. Leanadh ar aghaidh ag obair ar Thionscadal Digitithe na gCartlann in 2023. Tá 50 imleabhar ón mBord Sláinte agus Cúnaimh Phoiblí, Bailiúchán Orduithe Bainisteoirí agus Leabhair Miontuairiscí a bhaineann leis an tréimhse 1915-1966 digitithe anois, agus tá an bailiúchán seo ar fad scanta anois. Tá roinnt bailiúchán de pháipéir phríobháideacha scanta anois, lena n-áirítear páipéir Ruairí Mhic Easmainn, theaghlach Westropp agus páipéir Inse Uí Chuinn. Táthar ag leanúint ar aghaidh le hábhar ón tionscadal digitithe a chur le Taisclann Dhigiteach na hÉireann. Chomh fada is a bhain le héadálacha in 2023, tá na saothair seo a leanas faighte anois - 'Páipéir Theaghlaigh Bindon Blood', a bhaineann le tréimhse 200 bliain agus ina bhfuil ábhar a bhaineann le Bindon "an Vaimpír" Blood (1888-1971) agus daoine eile, Bailiúchán John Scott Creagh, a bhaineann le heastát i gCill an Dísirt, agus portráidí de bhaill de theaghlach Armstrong an Chláir. Tá tabhartas suntasach de 107 bosca de Bhailiúchán sealbhaithe, agus tá bosca liosta cruthaithe. Tá ábhartha breise curtha ar fáil do bhailiúchán na Scoileanna Náisiúnta ó Bhunscoil na mBráithre Críostaí in Inis.

Glór

Ba í 2023 an chéad bhliain ó 2019 nach raibh srianta Covid ag cur isteach ar fheidhmiú chomh fada is a bhaineann le cúrsaí acmhainne de. Eagraíodh agus óstáladh 618 imeacht aonair i rith na bliana agus bhain níos mó ná 69,000 duine taitneamh astu. Ag teacht leis an gcúis a bhí le Glór a bhunú, tá béim shuntasach á leagan fós ar na healaíona traidisiúnta agus tugadh léargas ar 44 imeacht difriúil a bhain leis na healaíona traidisiúnta sa seánra sin i rith na bliana. Cúis áthais do Glór raon imeachtaí áitiúla a óstáil, oibriú i gcomhpháirt leo agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh i rith na bliana lena n-áirítear Féile Chlub Leabhar Inse, Fleadh Nua, Féile Thraidisiúnta Inse, agus Féile Scannán Idirnáisiúnta Inse. Chomh maith leis sin, lean Glór ar aghaidh le spás a chur ar fáil do raon leathan grúpaí áitiúla, pobail agus cruthaitheacha lena n-áirítear Amharclann na nÓg an Chláir, Glúin an Cheoil an Chláir, QuareClare, Scríbhneoirí Cruthaitheacha Inse, Cumann Ceoil Inse, Seinnteoirí Inse, Pantalúin agus go leor eile. Tairgeadh raon tacaíochtaí d'ealaíontóirí i rith na bliana agus tarraingíodh aird go háirithe ar phobal cruthaitheach áitiúil an Chláir, lena n-áirítear: Meantóireacht ó Ealaíontóir go hEalaíontóir, Ciorcail Chruthaitheacha agus roinnt clár cónaitheachta d'ealaíontóirí.

Chuir stiúrthóir nua, Marie O'Byrne, tús lena ról in Glór i mí Meithimh 2023.

AN STIÚRTHÓIREACHT UM FHORBAIRT TUAITHE

LEONARD CLEARY
An Stiúrthóir um Fhorbairt Tuaithe
Go dtí an 7 Bealtaine 2023

JASON MURPHY
An Stiúrthóir Cúnta um Fhorbairt Tuaithe
Ón 8 Bealtaine 2023

Forbairt Tuaithe Athnuaite i gCo. an Chláir Straitéis 2030

Seoladh go hoifigiúil Straitéis Athnuaite um Fhorbairt Tuaithe an Chláir 2030, dar teideal "Lántairbhe a Bhaint as Poitéinseal Cheantar Tuaithe an Chláir: Ár Saol, Ár mBaile", i mí Márta 2023, agus ghlac Comhairle Contae an Chláir leis an Straitéis ag an gcruinniú a reáchtáladh i mí Márta. Tá an Straitéis Athnuaite bunaithe ar athbhreithniú ar chur chun feidhme chéad Straitéis Forbartha Tuaithe an Chláir a rinne baill d'Fhóram Forbartha Tuaithe an Chláir.

Leagtar béim sa Straitéis Athnuaite ar an ngealltanas a tugadh i Straitéis 2017 - An Clár a bhunú mar cheann de na háiteanna is fearr in Éirinn le bheith ag maireachtáil inti, ag obair inti agus ag infheistiú inti agus moltar inti athnuachan a dhéanamh ar chuspóirí agus spriocanna na straitéise chun cead a thabhairt d'Fhóram Forbartha Tuaithe an Chláir seachadadh gníomhartha breise idir seo agus 2030 a threorú, a bheidh mar bhonn le cur chun feidhme rathúil na straitéise bunaidh.

Plean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail 2023-2029

Reáchtáladh próiseas comhairliúcháin phoiblí chuimsithigh mar chuid d'fhorbairt Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) nua sé bliana. Treoróidh an Plean forbairt eacnamaíochta agus pobail Chontae an Chláir amach anseo sa tréimhse idir 2024-2030. Chomh fada is a bhaineann le forbairt pobail áitiúil, tá sé mar aidhm ag PÁEP freastal ar riachtanais daoine aonair, grúpaí agus eagraíochtaí trí bhonneagar pobail, cláir agus seirbhísí a fhorbairt.

Ó thaobh cúrsaí eacnamaíocha de, soláthróidh PÁEP creat chun fás eacnamaíoch áitiúil agus cobhsaíocht i limistéir gheografach shonracha a threorú trí ghnó nua a choinneáil agus a mhealladh, fostaíocht a chruthú agus tacú le daoine chun tús a chur lena ngnóthaí agus lena bhfiontair shóisialta féin. Tá maoirseacht á déanamh ag Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) an Chláir ar an PÁEP nua, atá freagrach as comhordú na forbartha áitiúla agus as gníomhaíocht phobalbhunaithe i gContae an Chláir, le tacaíocht ó Choiste um Beartas Straitéiseach Forbartha Eacnamaíche.



Comhairle na nÓg an Chláir

Feidhmíonn tionscnamh Chomhairle na Óg an Chláir, á stiúradh ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, mar fhóram do dhaoine aonair atá idir 12 agus 18 mbliana d'aois chun a gcuid tuairimí a roinnt, chun machnamh a dhéanamh ar leasuithe féideartha agus chun smaointe cruthaitheacha a mholadh d'athruithe tairbheacha. Comhoibríonn an chomhairle seo le Seirbhís Óige an Chláir, a dhéanann maoirseacht ar raon tionscnamh agus fiontar i gcomhpháirt lena rannpháirtithe óga.

Reáchtáladh dhá Chomhdháil Bhliantúla don Óige in 2023, in Inis Díomáin agus in Inis faoi seach, chun freastal ar na rannpháirtithe ar fad. Fóram ríthábhachtach ba ea na cruinnithe seo do dhaoine óga chun bailiú le chéile, dearcthaí a roinnt agus díriú ar shaincheisteanna pobail spéisiúla. Buaicphointe suntasach i rith na bliana ba ea rannpháirtíocht Chomhairle na nÓg sa Phlean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail (PÁGP). Ba i bhfoirm físeáin a rinneadh é seo (Tá an físeán ar fáil ag https:// vimeo.com/834044440), físeán ina bhfuil daoine óga le feiceáil ag roinnt a gcuid tuairimí maidir le gnéithe éagsúla an phlean agus ag spreagadh a bpiaraí chun a dtuairimí a roinnt agus a léamh féin ar an bplean a roinnt. Bhí a rannpháirtíocht agus ionchur sa phlean nua ríthábhachtach chun a chinntiú go bhfuil an PÁGP ionadaíoch i ndáiríre ar riachtanais agus ar ardaidhmeanna daoine óga i gContae an Chláir.

Clare Comhairle na nÓg
Young Voices. Local Issues.

Mórtas Cine is Ceantair

Is comórtas bliantúil Uile-Oileáin é na Gradaim Mhórtais Cine is Ceantair. Bunaíodh an comórtas chun tacú le agus chun ceiliúradh a dhéanamh ar fhorbairt pobail den chéad scoth. In 2023, rinne 3 ghrúpa ionadaíocht ar An Clár, agus fuair gach ceann de na grúpaí sin gradaim mar seo a leanas:

LIÚC, Lios Dúin Bhearna - Maoinithe faoi Chiste Aitheantais Pobail 2023.

Ba é Turasóireacht Oirthear an Chláir buaiteoir an ghradaim sa chatagóir dar teideal an Tionscnamh Turasóireachta Pobail, aitheantas ar an tslí a thacaigh siad le cleachtais turasóireachta inbhuanaithe. Bronnadh Gradam Speisialta ar "Rekindle Festival of Lost Skills" Common Knowledge as a thionscadal a leagan béim ar an tábhacht a bhaineann le scileanna traidisiúnta a chaomhnú agus a chur ar fáil don chéad ghlúin eile ar mhaithe le todhchaí níos inbhuanaithe. Lena chois sin, bronnadh an duais don dara háit ar Sheid na bhFear in Inis i gCatagóir na Folláine Pobail mar aitheantas ar a cur chuige réamhghníomhach maidir le déileáil le fadhbanna meabhairshláinte ina saoráid pobail.

Maoiniú Rialtais - Scéimeanna Náisiúnta

Cuireann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail roinnt clár maoinithe ar fáil tríd an gComhairle. In 2023, mheall na Scéimeanna tionscadail agus cistí mar atá liostaithe thíos:

- **Scéim Athnuachana na mBailte & Sráidbhailte 2023 -** Cuireadh 5 hIarratas maoinithe isteach a bhain le Leaba Shíoda, An Cuibhreann, Cill Dalua, Droichead Abhann Ó gCearnaigh agus Inis Díomáin. Tá maoiniú de bhreis ar €1.3m á lorg agus táthar ag súil le cinneadh maidir leis ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail i Ráithe 2, 2024.

- **Tionscnamh CLÁR 2023 -** €640,459 i gcomhair 15 thionscadal atá lonnaithe sna háiteanna seo a leanas - Béal an Chloga, An Fhiacail, Eidhneach, Cill Mháille, Cill Bheathach, Cill na Móna, Cill Seanaigh, Cill an Aonaigh, Cill Bhaile Eoghain, Cill Dalua, Baile na Caillí, Muileann Uí Cheallacháin, Lios Dúin Bhearna, Droichead Uí Bhriain agus Mullach.

- **Scéim an Bhonneagair Áineasa Amuigh faoin Aer 2023 -** Leithdháileadh €100k faoi Bheart Forbartha Tionscadail SBÁL 2023 i ndáil le Mol agus Conair Rothaíochta i Sliabh Bearnach agus Mol gníomhaíochtaí feadh an Fhorghais in Inis. Lena chois sin, cuireadh iarratais mhaoinithe isteach i ndáil le
10 dtionscadal bhreise agus táthar ag súil le cinneadh maidir leis seo ag tús 2024.

- **Ciste Aitheantais Pobail 2023 -** D'fhógair an Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail leithdháileadh luach €2.9 milliún do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí pobail i gCo. an Chláir faoin

gCiste Aitheantais Pobail i mí Bealtaine 2023. Is é an aidhm atá leis an scéim deontais tacú le agus luach saothair a bhronnadh ar phobail a d'fháiltigh roimh theaghlaigh agus roimh shaoránaigh ón Úcráin agus ó thíortha eile. I gCo. an Chláir roinneadh an deontas in dhá Shruth dhifriúla. Bhain Sruth 1 le Deontas Trealaimh mhionscála (<€2,000). Cuireadh €157,603 ar fáil do 84 tionscadal faoi Shruth 1. Bronnadh maoiniú ar 47 tionscadal faoi Shruth 2, idir €6,400 agus suas go dtí €272,000.

Ciste Tacaíochta Pobail

Sheol an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail Ciste Tacaíochta Pobail (CTP) 2022 i mí na Samhna 2022. Leithdháileadh an ciste faoi Chlár Feabhsaithe Pobail na Roinne agus tá sé á riar ag an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil, le tacaíocht ó Chomhairle Contae an Chláir. Fógraíocht an scéim i mí Eanáir 2023. I mí Márta 2023, leithdháileadh €301,325 ar
156 iarratas maoinithe rathúil agus úsáideadh an maoiniú chun tacú le costais reatha/oibriúcháin neamhphá, mar aon le costais deisithe agus feabhsuithe ar shaoráidí pobail agus chun trealamh a cheannach.



Scéim Deontais Ceantair Áitiúil an Chláir

Leithdháileadh maoiniú de €627,000 ar díreach breis is 400 tionscadal atá á soláthar faoi Scéim Deontais Ceantair Áitiúil na Comhairle i mí Márta 2023. Thacaigh na leithdháiltí a cuireadh ar fáil do ghrúpaí pobail agus deonacha le raon leathan tionscadal lena n-áirítear tionscadail a bhaineann leis an ríocht phoiblí, le bearradh féir i bhforbairtí tithíochta príobháideacha, leis na healaíona, leis an nGaeilge, le cur chun cinn na turasóireachta agus le turasóireacht inbhuanaithe.

Ionaid Adhlactha

Tá Aonad na nIonad Adhlactha freagrach fós as oibriú agus as cothabháil ionaid adhlactha sa Chontae. Bearrann ár bhFeighlithe féin agus conraitheoirí eile an féar agus déanann siad oibreacha cothabhála eile i rith an Earraigh agus an tSamhraidh. Chomh maith leis sin, rinneadh obair ar sholáthar pliontaí, bearradh fáil agus cosáin a fheabhsú. In 2023, cuireadh maoiniú deontais ar fáil do bhreis is 60 grúpa pobail atá freagrach as cothabháil líon suntasach ionad adhlactha laistigh dá gceantair áitiúla.
Chomh maith leis sin, soláthraíonn Aonad na nIonad Adhlactha spás adhlactha breise nuair a theastaíonn a leithéid. Chuir Comhairle Contae an Chláir iarratas faoi bhráid an Bhoird Pleanála chun cead a fháil faoi Alt 177(AE) d'Acht um Pleanáil & Forbairt, 2000 (arna leasú), chun oibreacha feabhais beartaithe a dhéanamh ag Rannóg E - Reilig Bhríde, agus chun síneadh a chur leis an Ionad Adhlactha atá le fáil ag Droim Chliabh. Ina theannta sin, cuireadh cabhair ar fáil in 2023 do roinnt grúpaí pobail chun síneadh a chur le hionaid adhlactha a bhí ann cheana féin.

Áiteanna Súgartha Pobail

In 2023, leithdháileadh €65,000 ar 20 Coiste Áiteanna Súgartha Pobail chun tacú leo le bainistiú agus le hoibriú na saoráidí seo agus leagadh béim ar leith ar chúrsaí árachais agus cothabhála. In 2023 osclaíodh dhá áit súgartha pobail nua, ceann in An Tobar agus ceann in Fánóir, agus cuireadh le clúdach árachais Chomhairle Contae an Chláir iad trí IPB. I láthair na huaire, tá 20 áit súgartha clúdaithe faoi árachas Chomhairle Contae an Chláir as an 28 áit súgartha pobail sa chontae, agus tá go leor áiteanna súgartha eile ag díriú ar cheanglais na samhla árachais a chomhlíonadh.

Lá Comhroinnte Eolais Pobail, Bithéagsúlachta agus Aeráide

Sceidealaigh Stiúrthóireacht um Fhorbairt Tuaithe Chomhairle Contae an Chláir sraith clinicí siúil isteach sna ceithre Cheantar Bhardasacha chun tacú le Grúpaí/le hEagraíochtaí Pobail le deiseanna forbartha pobail agus maoinithe i roinnt príomhréimsí: Pobal, Gníomhú ar son na hAeráide, Bithéagsúlacht agus Oidhreacht. Bhí na ceardlanna á n-éascú ag na ceathrar Oifigeach um Fhorbairt Tuaithe & Pobail, Oifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide, Oifigeach Bithéagsúlachta agus Oifigeach Oidhreachta na Comhairle.

An Comhchoiste Póilíneachta

Bunaíodh Comhchoistí Póilíneachta (CCP) an Chláir sa bhliain 2009 faoi Acht an Gharda Síochána, 2005. Is é aidhm fhoriomlán an CCP feidhmiú mar fhóram do chomhairliúcháin, plé agus moltaí maidir le nithe a bhfuil tionchar acu ar phóilíneacht cheantar riaracháin Chomhairle Contae an Chláir.

Lena chois sin, déanann an CCP athbhreithniú ar leibhéil agus ar phatrúin choireachta, mhí-oird agus iompair fhrithshóisialta agus ar na fachtóirí is cúis lena leithéid de choireacht. Tá 31 comhalta páirteach sa CCP lena n-áirítear Baill Thofa, Comhaltaí den Oireachtas, ionadaithe Pobail agus Deonacha, An Garda Síochána, agus Oifigigh Údaráis Áitiúil.

Reáchtáladh ceithre chruinniú den CCP in 2023. Eagraíodh láithreoireachtaí maidir le:

- Sábháilteacht i rith stoirmeacha agus tarlúintí aimsire éigeandála
- Seirbhís Óige an Chláir i ndáil le Tionscadail Athstiúrtha Óige
- An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP).

Chuir An Garda Síochána staitisticí póilíneachta nuashonraithe ar fáil ag gach cruinniú den CCP. Déileáladh le roinnt saincheisteanna mar fhreagairt do na staitisticí a cuireadh ar fáil agus rinneadh plé ar nithe a bhaineann le roinnt saincheisteanna lena n-áirítear iompar frithshóisialta, goid ó shiopaí, ionsaithe baile agus poiblí, gníomhaíocht a bhain le hachrann, ceardaithe bréige, trádáil agus seilbh drugaí, Córas Marcála Réadmhaoine agus gléasanna rianaithe, goid réadmhaoine i measc feirmeoirí, Fodhlíthe Luasteorainneacha, diúscairt mhídhleathach, Iompar frithshóisialta, Athbhunú an fheachtais dar teideal “Ask for Angela”, cionta a bhain le halcól agus le drugaí.

Clár Aoisbhách an Chláir

D'óstáil Comhairle Daoine Breacaosta an Chláir ‘Móraonach Sláinte, Folláine agus Aoise’ i mí Meithimh 2023, in Óstán West County Treacy’s, in Inis. I rith an Mhóraonaigh Aoise taispeánadh na tacaíochtaí agus na seirbhísí atá ar fáil i gContae an Chláir a mbeidh spéis ag Daoine Breacaosta iontu agus a mbainfidh siad úsáid astu. Sa bhreis ar na seastáin faisnéise ar fad, phléigh na haoichainteoirí an tionscnamh nua dar teideal ‘Aois Shláintiúil, Bailte Cairdiúla’ agus an tionscnamh dar teideal ‘Ag Ullmhú do Scor Sláintiúil’. Chomh maith leis sin, bhí deis ag an lucht freastail páirt a ghlacadh i seisiún trialach amhránaíochta, freastal ar chainteanna faoin Aosú Gníomhach agus ar

thaispeántas cócaireachta. Ina theannta sin, rinne Cumann Croí na hÉireann seiceálacha sláinte saor in aisce i rith an imeachta.

D'fhorbair Clár Aoisbháúil an Chláir, le tacaíocht ó Chomhairle Daoine Breacaosta an Chláir, treoir chuimsitheach maidir leis na seirbhísí agus tacaíochtaí riachtanacha atá ar fáil d'aosaigh níos sine agus dá dteaghlaigh sa chontae. San áireamh san Eolaire Seirbhísí do Dhaoine Breacaosta tá sonraí teagmhála do sheirbhísí poiblí, eagraíochtaí pobail agus deonacha agus roinnt grúpaí sóisialta pobalbhunaithe ar fud an chontae, mar aon le treoir a bhaineann le teidlíochtaí, sábháilteacht agus slándáil, iompar agus sláinte. Tugadh cóip den Eolaire dóibh siúd a d'fhreastail ar cheardlann a reáchtáladh in Óstán West County Treacy's in Inis áit ar bhailigh cónaitheoirí breacaosta an chontae i dteannta le príomhsholáthraithe seirbhíse ó na hearnálacha reachtúla, deonacha agus pobail chun smaointe maidir le Straitéis Aoisbhách an Chláir 2023–2027 a phlé agus a roinnt. Reáchtáladh cainteanna comhchéime faoi théamaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS), agus úsáidfear an t-aiseolas a fuarthas nuair a bheidh ábhar don straitéis nua á chruthú.

Clár agus Tionscnaimh 'An Clár Sláintiúil'

- Seoladh **Micrichiste 'An Clár Sláintiúil' 2023** mar chuid de Éire na Sláinte – Babhta 4. Is é cuspóir Mhicrichiste 'An Clár Sláintiúil' CFPÁ grúpaí pobail agus deonacha a spreagadh agus tacú leo chun páirt ghníomhach a bheith acu i sláinte agus i bhfolláine a fheabhsú agus a chosaint ag gach céim den saol, éagothroime sláinte a laghdú agus timpeallacht a chruthú inar féidir le gach duine ról a bheith acu i gCo. an Chláir níos sláintiúla. Thacaigh an ciste seo le gníomhartha spriocdhírithe Chur Chun Cinn Meáchain Shláintiúil agus Mheabhairshláinte Dhearfach agus tá CFPÁ an Chláir, Éire na Sláinte, an Roinn Sláinte, Pobal agus Éire Ildánach ag tacú leo.

- Bronnadh **stádas Sheaimpín Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI)** ar Chomhairle Contae an Chláir in 2023 agus mar chuid de Sheachtain SFI 2023, Clár Níos Glaise, Clár Sláintiúil, d'eagraigh Leabharlanna an Chláir seastáin eolais san Áras.

- D'eagraigh **Foireann 'An Clár Sláintiúil'** seastán 'Sláinte & Folláine' ag imeacht Lá Teaghlaigh Bróid an Chláir 2023 in Glór i mí Mheán Fómhair 2023.

D'éirigh le foireann 'An Clár Sláintiúil' maoiniú luach €10,000 a fháil ón Roinn Sláinte chun tionscnamh an Údaráis Áitiúil (ÚÁ) dar teideal

'Táirgí Míostraithe Saor in Aisce' a eagrú ar bhonn píolótach. Rinneadh moladh maidir le táirgí míostraithe a chur ar fáil i bhfoirgnimh phoiblí sa dréacht-tuarascáil dar teideal 'Anás Míosta in Éirinn' a chuir Coiste Náisiúnta na Straitéise do Mhná agus do Chailíní i dtoll a chéile. Mar chuid den scéim phíolótach seo, cuirtear táirgí míostraithe saor in aisce (i.e., súitíní, pillíní sláintíocha) ar fáil i bhfoirgnimh rannpháirteacha atá faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil agus a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu lena n-áirítear Leabharlanna an Chláir, saoráidí Inis Ghníomhach agus gach Oifig Ceantair Bhardasaigh.

- **Cruthaíodh an dara Féilire 'An Clár Sláintiúil' 2024** i gcomhpháirt le Tabhair Cuairt ar An Clár, feachtas de chuid Chomhairle Contae an Chláir, Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir agus foirne Leabharlanna an Chláir agus dáileadh cóipeanna ar phobail ar fud an Chláir trí Leabharlanna an Chláir, an hoifigí áitiúla CB, an t-ionad fáiltithe san Áras, gréasán seaimpíní cultúrtha Aoisbhá an Chláir, coistí líonra Nascadh don Saol agus An Clár Sláintiúil.

- **Seoladh Tionscadal Feirmeoirí an Chláir ag Sníomh Scéalta le Chéile** i nDroichead Abhann Ó gCearnaigh i mí Mheán Fómhair, 2023. Ba é seo an chéad imeacht as 5 imeacht 'Cruthaitheacht chun críche Folláine' a eagraíodh leis an bpobal feirmeoireachta ar fud an Chontae. Ba iad na 5 cheantar marglainne ar dhírigh an tionscnamh seo orthu - Droichead Abhann Ó gCearnaigh, Inis, Cill Fhionnúrach, Cill Rois agus an Scairbh. D'oibrigh feirmeoirí ó gach ceann de na suíomhanna seo le chéile chun grafaic a chruthú dá gcuimhní cinn ar an am atá caite, dá n-eispéiris reatha agus den mhéid a bhfuiltear ag súil leis a tharlóidh don earnáil feirmeoireachta amach anseo ina bpobail féin. Bhí na focail seo á dtaifeadadh i bhfoirm amhairc ag buainteoir grafach agus á gcur i láthair rannpháirtithe agus an phobail feirmeoireachta ag imeacht a reáchtáladh in Glór i mí na Samhna. Tionscadal comhoibríoch ba ea é seo idir 'An Clár Sláintiúil', tionscnamh de chuid Chomhairle Contae an Chláir, Aoisbhá an Chláir i gcomhpháirt le clár Ag Nascadh don Saol FSS, Cuimhneamh an Chláir agus FAÉ an Chláir agus tá sé á mhaoiniú ag Éire Ildánach an Chláir.

Clár Gníomhachtúcháin agus Pobail um Chuimsiú Sóisialta

Shínigh Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) an Chláir, coiste reachtúil de chuid Chomhairle Contae an Chláir, conarthaí le Cuideachta Forbartha Áitiúil an Chláir (CFÁC) chun an Clár Gníomhachtúcháin agus Pobail um Chuimsiú Sóisialta (CGPCS) i gcomhair 2024- 2028 a sholáthar thar ceann CFPÁ, i ndiaidh tairiscint rathúil a chur isteach. Is clár um chuimsiú sóisialta é CGPCS a chabhraíonn le daoine aonair agus le grúpaí trí úsáid a bhaint as cur chuige atá bunaithe ar dhá ghné, tacú le pobail agus le daoine aonair, clár a bhfuil sé mar aidhm leis déileáil le leibhéil arda agus sheasmhacha de dhíothacht trí chuir chuige spriocdhírithe agus nuálacha, áitiúla.

Spórt agus Fóillíocht

In 2023, mhéadaigh an ghníomhaíocht a bhain le Lárionad Fóillíochta Inis Ghníomhach go suntasach. Tá go leor ballraíochtaí 6 mhí agus 12 mhí á gceannach agus bhí go leor daoine ag freastal ar na Ceachtanna Snámha agus ar na Ranganna Corpacmhainne. Bhí neart gníomhaíochta ag tarlú ar Bhóthar na Laoi freisin i rith 2023, agus thug beagnach ceathrú milliúin carranna cuairt ar an tsaoráid. Fógraíodh maoiniú deontais chaipitil spóirt in 2023. Rinne Inis Ghníomhach iarratas ar an maoiniú seo chun feabhsuithe a dhéanamh ar Raon Reatha agus Saoráidí Coimhdeacha Bhóthar na Laoi. Táthar ag fanacht ar scéala faoin Maoiniú Caipitil Spóirt faoi láthair.

Tá Inis Ghníomhach ag glacadh páirt in iniúchadh fuinnimh faoin gCoiste Bainistíochta Fuinnimh, atá freagrach as coigilt fuinnimh agus gníomhú ar son

na haeráide laistigh de Chomhairle Contae an Chláir.

Tá stádas Brait Ghlais bronnta ar Pháirc John O'Sullivan agus ar Pháirc Tim Smythe i gcomhair 2023. Is é An Taisce a bhronnann an Brat Glas agus is bealach atá ann chun aitheantas a thabhairt do shaoráid a chomhlíonann na caighdeáin tagarmharcáilte le haghaidh páirceanna agus spásanna glasa.

Páirc John O'Sullivan Inis Ghníomhach, Bóthar na Laoi

I mí Meithimh 2023, d'óstáil an Chomhairle comórtas sacair cúigear an taobh ag Bóthar na Laoi. Ghlac sé fhoireann as ranna difriúla páirt sa chomórtas. "The Human League" a bhuaigh an Comórtas i ndeireadh na dála. Gach Maidin Dé Sathairn ag 9am reáchtáladh Rith Páirce. Bhí neart daoine ag triall ar an rith agus bhí deis ag na reathaithe taitneamh a bhaint as an radharc álainn fad is a bhí siad ag rith trí limistéar foraoisithe na páirce.

Reáchtáladh neart imeachtaí ag Raon agus Raon Reatha Sintéiseach Bhóthar na Laoi i rith na bliana; reáchtáladh Craobhchomórtais Cluichí Pobail an Chláir agus Craobhchomórtais na gCluichí Pobail Réigiúnacha i rith Shamhradh 2023 agus d'fhreastail breis is 4,000+ duine ar na himeachtaí thar thréimhse dhá lá. Reáchtáladh Craobhchomórtais Lúthchleasaíochta Chontae an Chláir freisin agus d'fhreastail breis is 1,500 duine orthu. Reáchtáladh Craobhchomórtais Bunscoileanna an FAI ar an bpáirc Astroturf i mí Márta freisin.

Páirc Tim Smythe Inis Ghníomhach

I mí Meithimh 2023 reáchtáladh an tsiúlóid charthanais 24 uair an chloig, "Relay for Life", i bPáirc Tim Smythe. Is í seo an cheathrú bliain a bhfuil cistí á mbailiú ag "Relay for Life" do Chumann Ailse na hÉireann. Ghlac go leor daoine a raibh ailse orthu roimhe seo páirt san imeacht seo a mhair 24 uair an chloig. Bealach spreagúil ba ea cuaird na marthanóirí chun tús a chur leis an imeacht, agus thug marthanóirí ailse de gach aois faoin gcéad chuaird den rás sealaíochta.

Cill Rois Ghníomhach

Mhéadaigh an úsáid a bhí á baint as an saoráid go suntasach in 2023. Chun an tsaoráid a fheabhsú tuilleadh tá sé beartaithe Limistéar Ilúsáide Cluichí (LIÚC) a fhorbairt. Tá sé beartaithe tús a chur leis an obair ar an LIÚC in 2024. Fuarthas Maoiniú Caipitil Spóirt don fhorbairt seo in 2022 agus ba í Comhairle Contae an Chláir a fuair an maoiniú seo.

Lárionad Fóillíochta Inis Ghníomhach Ranganna agus Stiúideo Corpacmhainne

Bhí neart daoine ag triall ar na ranganna "Body Blast" agus "Lunch Crunch" in 2023 - bhí suas le 20 rannpháirtí i bhformhór na ranganna. Táimid ag leanúint ar aghaidh le haird a tharraingt ar ár ranganna trí úsáid a bhaint as na meáin shóisialta agus tá daoine ag gach leibhéal á spreagadh againn chun a bheith páirteach. Bíonn ár stiúideo corpacmhainne gnóthach i gcónaí agus bhí ranganna eile ar siúl lena n-áirítear ranganna Pilates agusIóga agus Aclaíocht Chathaoireach. Tá neart spéise á léiriú ag Teagascóirí inár stiúideo a ligean ar cíos agus bíonn neart ranganna éagsúla á n-eagrú againn.

Giomnáisiam na nDéagóirí

Léiríodh neart spéise i nGiomnáisiam na nDéagóirí in 2023, agus bhí sé riachtanach áiteanna a chur in áirithe roimh ré go minic. I rith na laethanta saoire scoile, cuireadh síneadh le huaireanta oscailte Ghiomnáisiam na nDéagóirí chun freastal ar an éileamh a bhíonn ann nuair nach mbíonn na déagóirí ar scoil. D'éirigh le Giomnáisiam na nDéagóirí deis a thabhairt do dhéagóirí tairbhe a bhaint as timpeallacht an ghiomnáisiam agus a gcorpacmhainn agus féinmhuinín a fheabhsú.

Lá Gheansaí na Nollag

Ar an Aoine, an 8 Nollaig, chaith gach ball foirne geansaí Nollag ar mhaithe le tacú le hachainí 'Fiobróis Chisteach na hÉireann'. Bhí neart spraoi ar Lá Gheansaí na Nollag don Fhiobróis Chisteach. Deis a bhí ann tús a chur le séasúr na Nollag sa Lárionad Fóillíochta agus aird ar n-úsáideoirí óga a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le cabhrú le daoine eile. Deis iontach a bhí ann feasacht a mhúscailt agus airgead a thiomsú do chúis fhiúntach.

Inis ag fáiltiú roimh fhéile snámha agus Cluichí Pobail

I mí Feabhra 2023, d'óstáil an linn snámha féile cuiridh Inse. Páirteach san fhéile bhí snámhaithe as ar fud Chúige Mumhan agus ghlac 400 duine ar fad páirt san fhéile. I mí Aibreáin reáchtáil an linn snámha Cluichí Pobail Chomhar Creidmheasa San Proinsias agus bhí deis ag clubanna as ar fud an Chláir páirt a ghlacadh sna comórtais. Rinne na buaiteoirí don Chlár sna Craobhchomórtais Náisiúnta a reáchtáladh I gCaisleán an Bharraigh I Maigh Eo.

Seoladh leabhrán Mhóraonach Sláinte, Folláine agus Aoise/Fheirmeoirí an Chláir ag Sníomh Scéalta le Chéile agus Mhóraonach Sláinte agus Folláine

I mí Iúil, d'óstáil Inis Ghníomhach seastán ag "Móraonach Sláinte, Folláine agus Aoise" 'An Clár Sláintiúil'. Ag an seastán seo bhí eolas le fáil faoinár saoráidí agus faoi na ranganna difriúla a bhí á n-eagrú againn d'aosaigh níos sine. Chomh maith leis sin, thaispeánamar roinnt cleachtaí cathaoireach a bhféadfadh aosaigh níos sine a dhéanamh.

I mí na Samhna, d'eagraíomar seastán ag "seoladh leabhrán Fheirmeoirí an Chláir ag Sníomh Scéalta le Chéile agus Móraonach Sláinte agus Folláine" 'An Clár Sláintiúil'. D'eagraíomar seastán eolais faoinár saoráidí, ballraíochtaí, seirbhísí agus ranganna.

Seirbhísí & Imeascadh Úcránach

De réir mar a leanadh ar aghaidh leis an gcoinbhleacht sa Úcráin, in 2023, mhéadaigh líon na dTairbhithe Úcránacha Cosanta Sealadaí atá ina gcónaí inár gcontae 1,300 go dtí 5,500. Leanadh ar aghaidh leis an scéim dar teideal 'Tairg Baile' i rith na bliana agus fuarthas neart tairiscintí as ar fud an chontae agus faoi dheireadh na bliana bhí cóiríocht curtha ar fáil do 320 duine Úcránach (nó thart air sin) in 130 teach a bhí folamh go dtí sin.

Lean Fóram Freagartha Pobail an Chláir ar aghaidh le cruinnithe míosúla a eagrú agus eagraíodh cruinnithe réigiúnacha in Inis, Cill Rois, Sionainn agus Lios Dúin Bhearna. Lean an fhoireann ar aghaidh ag obair i ndlúthpháirt leis an bhfoireann pobail sa stiúrthóireacht um Fhorbairt Tuaithe ionas go raibh an t-eolas is déanaí aici maidir le saincheisteanna pobail ar fud an chontae sa bhreis

Baill d'Fhóram Freagartha Pobail an Chláir ag tabhairt cuairt ar chaifé óige nua Sheirbhís Óige an Chláir i Lios Dúin Bhearna i ndiaidh cruinniú réigiúnaigh.

ar an léargas a bhí á fháil ag an bhFóram Freagartha. Is ionann an Fóram Freagartha agus cnámh droma na struchtúr tacaíochta in An Clár le príomhghníomhaireachtaí cosúil le hIonad Oibrithe Deonacha an Chláir, Fáilte Lios Dúin Bhearna agus Ionad Tacaíochta d'Inimircigh an Chláir (ITIC) a bhíonn ag obair i ndlúthpháirt le príomhghníomhaireachtaí réigiúnacha agus áitiúla, oibrithe deonacha áitiúla agus ionadaithe tofa.

Lean ballghrúpaí an Fhóraim Freagartha Pobail le tábhacht a bpobal imircigh níos forleithne sa chontae a chur san áireamh agus sa dara leath den bhliain chuir an fhreagairt náisiúnta ar imirce tús le hathruithe a dhéanamh tráth ar bunaíodh 'Foirne Lánpháirtíochta

Údaráis Áitiúil' i ngach údarás áitiúil – arna maoiniú ag an Roinn Leanaí (DCEDIY). Chuir Comhairle Contae an Chláir tús le feachtas earcaíochta ag deireadh 2023 agus thosaigh foireann nua de cheathrar ag obair san eagraíocht, daoine a raibh tuiscintí agus tuairimí nua acu maidir le himirce agus lánpháirtiú inár bpobail - forbairt eile sna seirbhísí rialtais áitiúil ar cuireadh fáilte roimpi.

Seoladh an Dréachtphlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2029 i mí Dheireadh Fómhair, 2023.

AN STIÚRTHÓIREACHT UM FHORBAIRT FHISICIÚIL

CARMEL KIRBY
An Stiúrthóir um Fhorbairt Fhisiciúil
Go dtí an 9 Aibreán 2023

SIOBHÁN MCNULTY
An Stiúrthóir Cúnta um Fhorbairt Fhisiciúil
Ón 10 Aibreán 2023

Bóithre agus Iompar Roinn

Comhordaíonn an fhoireann Bóithre agus Iompair dearadh, cothabháil agus feabhsú an ghréasáin bóithre náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ar fud an chontae agus tá sí freagrach freisin as sábháilteacht ar bhóithre, soilsiú poiblí, bearradh fáil, bainistíocht páirceála, taisteal gníomhach, árachas, sláinte & sábháilteacht, agus draenáil artaireach.

Sceideal Oibreacha Ceantair Bhardasaigh 2023

San áireamh i Sceideal Oibreacha Ceantair Bhardasaigh 2023 bhí Clár Oibreacha Bóthair a raibh ciste iomlán de €52m ar fáil lena aghaidh. Cuireadh an clár seo i gcrích agus fuarthas na leithdháiltí ceadaithe ar fad ó BIÉ, ón Roinn Iompair agus ón ÚNI faoi seach.

Anseo thíos tá liosta de roinnt buaicphointí/oibreacha a rinneadh:

- Treisiú/cóiriú dromchla níos mó ná 233km den ghréasán bóithre
- Leanadh ar aghaidh le clár feabhsúcháin droichid feabhsaithe Cuireadh oibreacha i gcrích ar 22 droichead in 2023
- Cuireadh 13 Scéim Feabhsaithe Sábháilteachta i gcrích.

Soilsiú poiblí

Tá Comhairle Contae an Chláir freagrach as oibriú agus cothabháil thart ar 15,000 solas poiblí ar fud an chontae. I láthair na huaire, tá an Chomhairle ag obair lena conraitheoir cothabhála, Enerveo agus le Líonraí BSL chun aonaid soilsithe a shroicheann deireadh ré a athsholáthar le soilse LED níos tíosaí ar fhuinneamh. Chruthaigh ceanglais riachtanacha chun ceanglais chaighdeánacha Líonraí BSL i ndáil le bonneagar soilsithe poiblí a chomhlíonadh tasc breise chomh fada is a bhain le hoibreacha bonneagair agus acmhainní ar dheisiú, rud a bhí mar bhonn le hamanna deisithe níos faide. Ó tharla gurb é soilsiú poiblí an tomhaltóir fuinnimh is suntasaí san Údarás Áitiúil, d'fháilteofaí go mór roimh thairbhí i gcomhthéacs na héifeachtúlachta fuinnimh san earnáil soilsithe poiblí faoin bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide ar glacadh leis. Tá laghdú de bhreis ar 20% ar ídiú fuinnimh bainte amach le 3 bliana anuas trí LED a shuiteáil agus is soilsiú LED atá in úsáid i mbreis is 70% de gach soilsiú poiblí ar fud an chontae anois.

Tá Comhairle Contae an Chláir ag leanúint ar aghaidh le páirt a ghlacadh i Réigiún 1 de Tionscadal Éifeachtúlachta Fuinnimh Soilsithe Phoiblí (TÉFSP) an Údaráis Áitiúil. Eagraíodh próiseas tairisceana an chonartha don réigiún i bhFómhar na bliana 2023 agus síníodh an Conradh d'Oibreacha Tógála Dearaidh le Cuibhreannas Le Chéile ag deireadh mhí na Nollag 2021. Cuireadh tús le hoibreacha suirbhé an tionscadail in An Clár i mí Meithimh 2023 agus tá na hoibreacha suirbhé ag leanúint ar aghaidh in 2024. Beidh iarfheistiú na soilse seo mar bhonn leis an leibhéal astaíochtaí carbóin atá luaite le sócmhainní soilsithe poiblí i gComhairle Contae an Chláir a laghdú go suntasach.

Taisteal Gníomhach

In 2023, fuair Comhairle Contae an Chláir leithdháileadh de €4.5m i gcomhair 28 tionscadal faoi chlár taistil ghníomhaigh an Údaráis Náisiúnta Iompair (ÚNI).

Rinneadh réamhobair dearaidh ar Scéim Rothaíochta Bhóthar na Tulaí agus ar Scéim Rothaíochta Bhóthar Luimnigh agus tá an obair fós ar siúl in 2024.

Rinneadh obair ar thionscadail éagsúla eile in 2023, lena n-áirítear oibreacha cosáin i Sráid na Cathrach, An Tulach agus Cill Dalua.

Gníomhaíochtaí Bóithre Eile

Deontas Bearrtha Fáil Pobail

Sholáthair Comhairle Contae an Chláir leithdháileadh luach €15,000 chun leanúint ar aghaidh leis an Scéim Deontais Bearrtha Fáil Pobail in 2023 agus ceadaíodh 39 deontas. Tá an tionscnamh seo ag tacú le feasacht níos fearr i measc úinéirí talún ar a bhfreagrachtaí i ndáil le bainistiú fálta cois bóthair ar a réadmhaoin.

Scéim Rannpháirtíochta Pobail

In 2023 d'éascaigh leithdháileadh luach €594,000 faoin Scéim Rannpháirtíochta Pobail obair a chur i gcrích ar 11 bhóthar phoiblí ar fud an chontae.

Scéim Feabhsúcháin Áitiúil

Leithdháileadh maoiniú deontais luach €1,367,910 ar Chomhairle Contae an Chláir do Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail in 2023. D'éascaigh an maoiniú deontais ceadú agus críochnú oibreacha SFÁ ar 22 bóthar neamhphoiblí in 2023.

Bainistíocht Tráchta

Tá an Chomhairle freagrach as bainistiú agus as forfheidhmiú tráchta ar fud an chontae. Tá fodhlíthe páirceála agus saoráidí taispeána i bhfeidhm in Inis, Cill Rois, Cill Chaoi, an Leacht agus Dúlainn.

Táscairí Feidhmíochta Bóithre

Tá na Táscairí Feidhmíochta le haghaidh 2023 le fáil thíos.

R1 % de bhóithre a bhfuil rátáil PSCI luaite leo

Cur Síos	%
An % de Bhóithre Réigiúnacha a raibh rátáil PSCI luaite leo sa tréimhse 24 mí roimh an 31/12/2023	64%
% de Phríomhbhóithre Áitiúla a raibh rátáil PSCI luaite leo sa tréimhse 24 mí roimh an 31/12/2023	63%
% de Bhóithre Áitiúla den Dara Grád a raibh rátáil PSCI luaite leo sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2023	65%
% de Bhóithre Áitiúla den Dara Grád a raibh rátáil PSCI luaite leo sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2023	54%

R1 B % de bhóithre á léiriú le rátáil PSCI

An Cineál Bóthair	1-4 Rátáil	5-6 Rátáil	7-8 Rátáil	9-10 Rátáil
Réigiúnach	3%	13%	60%	24%
Príomhbhóthar Áitiúil	4%	22%	59%	15%
Bóthar Áitiúil den Dara Grád	10%	27%	53%	10%
Bóthar Áitiúil den Tríú Grád	35%	25%	34%	6%

R2 Oibreacha ar Bhóithre Réigiúnacha

Km de bhóthar réigiúnach treisithe i rith 2023	14.85km
Méid caite ar threisiú Bóithre Réigiúnacha i rith 2023	€ 4,859,379
Km de Bhóthar Réigiúnach athshéalaithe i rith 2023	12.13km
Méid caite ar athshéalú Bóithre Réigiúnacha i rith 2023	€ 547,852

R2 Oibreacha ar Bhóithre Áitiúla

Km de Bhóthar Áitiúil treisithe i rith 2023	82.55km
Méid caite ar threisiú Bóithre Réigiúnacha i rith 2023	€ 8,765,522
Km de Bhóthar Áitiúil athshéalaithe i rith 2023	123.51km
Méid caite ar athshéalú Bóithre Áitiúla i rith 2023	€ 2,895,353

Sláinte & Sábháilteacht

In 2023, príomhchuspóir S&S do Chomhairle Contae an Chláir ba ea díriú ar dhigitiú gnéithe den Chóras Bainistíochta Sláinte & Sábháilteachta Ceirde chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht a fheabhsú agus chun páipéarachas a laghdú trí úsáid a bhaint as na huirlisí seo a leanas:

- ProWorks/ArcGis
- MetaCompliance
- Modúil Ríomhfhoghlama Ar Líne

Rinneadh an méid sin trí Bhogearra Pro Works a chur ar fáil do 50 úsáideoir, cúrsaí oiliúna maidir le conas an bogearra a úsáid a eagrú, agus 38 gléas boise a eisiúint chun cur ar chumas ball foirne sna Ceantair Bhardasacha Gnáthphleananna Bainistíochta Tráchta a roghnú, Pleananna Córais Shábháilte Oibre a chur i gcrích agus rochtain a fháil ar líníochtaí fóntais ar an láthair i bhformáid leictreonach agus ar an tslí sin, éifeachtacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú agus an méid páipéarachais ar an láthair a laghdú. Úsáideadh MetaCompliance agus Modúil Ríomhfhoghlama Ar Líne chun Oiliúint S&S a chur ar fáil don fhoireann i bpríomhréimsí riosca.

Lena chois sin, eagraíodh Cleachtaí Ionsamhlaithe Teagmhas Tromchúiseach le haghaidh 86 ball foirne sinsearach in 7 roinn ar leith chun an t-eolas is déanaí faoi Sheicliosta na dTeagmhas Tromchúiseach, Cárta Sparáin agus IPB Safe@Work App Chomhairle Contae an Chláir a roinnt leis an bhfoireann mar aon leis an méid a foghlaimíodh le déanaí ó theagmhais thromchúiseacha agus ó chleachtaí ionsamhlaithe.

I rith 2023, rinneadh iniúchadh mionsonraithe ar gach ceann de na príomhiostaí chun socruithe Bainistíocht Tráchta a fheabhsú agus sannadh gníomhartha sainaitheanta don Cheantar Bardasach ábhartha chun clabhsúr a chur leo.

Nuashonraíodh lámhleabhar 'Tiomáint mar Ghairm Bheatha' Chomhairle Contae an Chláir i ndiaidh fhoilsiú Treorach Náisiúnta ón nGníomhaíocht Bainistíochta Rialtais Áitiúil faoi na réimsí seo a leanas:

- Cáilíochtaí agus Údarú Tiománaithe
- Caitheamh Tobac
- Cigireachtaí Leantóra lena n-áirítear Aonaid Leasa Shoghluaiste
- Sábháilteacht Feithiclí Leictreacha.

Athbhreithníodh Plean Freagartha Covid-19 Chomhairle Contae an Chláir i mí Feabhra 2022 de réir Treorach Earnála agus Rialtais. Tháinig Treoir Dea-chleachtais Idirthréimhseach Ardleibhéil Údaráis Áitiúil GBRÁ a foilsíodh i mí Feabhra 2022 maidir le Leanúint ar Aghaidh le Cosc a chur ar Scaipeadh Covid-19 in ionad Dhoiciméid Treorach Oibriúcháin Chaighdeánaigh (TOCanna) Covid-19 agus leagadh béim ar dhualgas leanúnach a bheith ar dhaoine chun féinaonrú má bhí siad siomptómach/ dearfach agus gan freastal ar an ionad oibre agus ceanglaíodh ar an bhfostóir comharthaíocht Covid-19 a sholáthar, stáisiúin díghalraithe lámh agus bearta chun ionfhabhtú a chosc agus a rialú.

Bhí na tionscnaimh thuas i dteannta le Clár Oibre Bliantúil an Ráitis Sábháilteachta/an Mheasúnaithe Riosca agus Athbhreithnithe Doiciméid, cur i gcrích 6 Iniúchadh Sláinte & Sábháilteachta Inmheánacha agus 273 Cigireachta Sábháilteachta Láithreáin mar bhonn le laghdú iomlán ar Tharluithe Dainséaracha agus níor taifeadadh gur bualadh aon Chábla Leictreach Faoi Thalamh in 2023 agus tuairiscíodh 4 Thimpiste Intuairiscithe don Údarás Sláinte & Sábháilteachta.

CBS um Fhorbairt Fhisiciúil

Reáchtáil Coiste um Beartais Straitéiseacha na Forbartha Fisiciúla 4 chruinniú in 2023. Bhí 13 bhall páirteach sa Choiste seo, ina gcuimsítear 7 mBall Tofa agus ionadaithe ó na hearnálacha seo a leanas:

- Talmhaíocht/Feirmeoireacht
- Timpeallacht/Caomhnú
- Forbairt/Tógáil
- Pobal/Deonach
- Ionchuimsiú Sóisialta.

Is é an Comh. John Crowe Cathaoirleach an CBS.
I measc na saincheisteanna a phlé an CBS in 2023 bhí an méid seo a leanas:

- **Plean Oibríochtaí Dóiteáin & Éigeandála**
- **An Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide**
- **Bus Connects**
- **Dréachtphlean Bainistíochta Bruscair 2023**
- **Dréachtphlean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach**
- **Sprioc Forbartha Inbhuanaithe Clár na Seaimpíní 2023-2024**
- **Cáilíocht an Uisce Snámha**
- **Clár Oibreacha Bóthair & Taisteal Gníomhach**
- **Seirbhís Cosanta Sibhialta an Chláir**
- **Aistriú Seirbhísí Uisce**
- **Rannpháirtíocht an phobail maidir le Gníomhú ar son na hAeráide.**

Bainistíocht Tionscadail Oifig

N19 - Bóthar Rochtana Aerfort na Sionainne

Leanadh ar aghaidh leis an obair i rith na bliana agus le dearadh agus le forbairt pleananna do Scéim Feabhsúcháin an N19 - Bóthar Rochtana Aerfort na Sionainne, agus táthar ag súil go leanfar ar aghaidh ag obair ar iarratas do Thoiliú Forbartha a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála in 2024.

Tionscadail Bóithre Náisiúnta agus Neamhnáisiúnta

I ndiaidh don Bhord Pleanála an OCÉ do thionscadal an N67/N85 - Bóthar Faoisimh Laistigh Inis Díomáin (Cúinne Blake) a dheimhniú ag derireadh 2022, tugadh dúshlán an chinnidh sa Ard-Chúirt. I rith 2023, leanadh ar aghaidh ag obair ar an bpróiseas Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh. Táthar fós ag feitheamh ar an toradh agus cinnfidh sé na chéad chéimeanna eile i seachadadh an bhonneagair chriticiúil seo.

In 2023, ceapadh Innealtóirí Comhairleacha mar chomhairleoirí teicniúla do Chuid 3 & do Chuid 4 de thionscadal Ghlasbhealach Iarnród Iarthar an Chláir idir Inis Díomáin agus Sráid na Cathrach agus Maigh Sheasta, agus leanadh ar aghaidh ag obair ar Roghnú Roghanna Bealaigh ar Chuid 1 (Cill Rois agus Cill Chaoi), mar aon le Cuid 2 (Inis go dtí Inis Díomáin). I measc na dtograí Glasbhealaigh eile a rabhthas ag obair orthu in 2023 bhí tionscadal Ghlasbhealach Luimnigh - na Scairbhe i gcomhar le hUiscebhealaí Éireann agus roinnt tograí níos lú i gceantar Shionainn, Bhun Raite agus Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh.

I measc na dtionscadal eile a raibh an OBT ag obair orthu i rith 2023 bhí Tionscadal Athnuachana Ríocht Phoiblí Inse, togra Bóithre agus Tithíochta an Chiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta (CBÁST) in An Cláirín, Foirgneamh Seirbhísí do Chuairteoirí Ché Dhúlainn, Balla Mara Chill Chaoi, mar aon le scéimeanna a bhain le creimeadh cósta agus mionoibreacha éagsúla.

Seach-chonair Chill Dalua, Trasnú Dhroichead na Sionainne & Scéim Feabhsúcháin Bóthair an R494

Bronnadh an conradh do Sheach-chonair Chill Dalua, Trasnú Nua Dhroichead na Sionainne agus Tionscadal Uasghrádaithe an R494 i mí Feabhra 2022. Cuireadh tús leis an obair ar an láthair i mí Lúnasa 2022. Tá sé beartaithe an tionscadal a chur i gcrích i lár 2025.

I ndiaidh neart blianta a chaitheamh i mbun pleanála, bronnadh an conradh do Dhroichead Chill Dalua, Trasnú Dhroichead na Sionainne agus Uasghrádú an R494 ar John Sisk & Son (Holdings) Ltd i mí Feabhra 2022. Cuireadh tús leis an obair i mí Lúnasa 2022. Táthar ag súil go mbeidh an obair críochnaithe i lár 2025.

Scéimeanna Cosanta Tuilte

Cuireadh Scéim Cosanta Tuilte Ghort an Tobair i gcrích i mí Mheán Fómhair 2023 tráth a bhfuarthas agus a suiteáladh dhá chaidéal Gorman Rupp, le trastomhas 400mm. I ndiaidh na hoibre fálaithe, tírdhreachaithe agus an stáisiúin chaidéalaithe a chur i gcrích, tugadh an láithreán ar lámh go hoifigiúil do Chomhairle Contae an Chláir.

San áireamh sa scéim tá 850m de chlaífort tuilte, loc-chomhlaí cúpla, ardú talún agus staisiún caidéil. Soláthraíonn sé cosaint ar thuilte ó Abhainn na Sionainne do 21 teach cónaithe agus clós feirme agus cosnaíonn sé bonneagar poiblí sa cheantar.

Bhí an scéim ag teastáil i mí Eanáir 2024 i ndiaidh tréimhse de bháisteach an-trom tráth a raibh leibhéil arda uisce in An tSionainn mar bhonn le tuilte i dtuilemhá na Sionainne. Baineadh tairbhe as an scéim mar a bhí beartaithe agus sholáthair sí faisnéis luachmhar chun teagmhais tuilte amach anseo a bhainistiú.

Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ar an dhá mhórscéim cosanta tuilte eile in An Clár, SCT Bhaile agus Phurláin Shionainne agus SCT Chill Chaoi. Tá an Rogha is Dealraithí a Roghnófar do scéim na Sionainne sainaitheanta agus tá Scéim Chill Chaoi ag díriú ar Chéim 2 - Dearadh agus Pleanáil Mhionsonraithe. Táthar ag leanúint ar aghaidh ag obair ar roinnt scéimeanna mionoibreacha lena n-áirítear scéim ag Cuinche atá beagnach críochnaithe agus atá ag cosaint trí theach chónaithe.

Athnuachan Ríocht Phoiblí Inse Tionscadal B

I ndiaidh dianchomhairliúcháin leis an roinn thar thréimhse roinnt míonna agus an cás gnó deiridh a chur isteach, fuarthas maoiniú don scéim iomlán i samhradh 2023. Chumasaigh sé sin conradh a bhronnadh ar Shareridge Ltd, agus tús a chur leis na hoibreacha i mí Dheireadh Fómhair, garsprioc an-tábhachtach sa tionscadal seo. Is ionann é seo, an dara céim de Thionscadal Athghiniúna Ríocht Phoiblí Inse agus infheistíocht shuntasach a bheith á déanamh ag Comhairle Contae an Chláir agus ag an rialtas láir chun inrochtaineacht do chách a fheabhsú agus chun infheistíocht leantach agus infheistíocht sa todhchaí a spreagadh. Faoin scéim

ar fiú €11.6m í, beidh na sráideanna (Sráid Uí Chonaill, An tSráid Ard agus Plás an Bhainc) níos inrochtana de bhrí go mbeidh sráid-dreacha traidisiúnta á mbaint agus go mbeidh pábhálacha dromchla comhroinnte á gcur ina n-áit. Athrófar cearnóga agus spásanna cathartha (Cearnóg Uí Chonaill, Cearnóg na Beairice, an Ardeaglais) trí phláis níos mó a chur ar fáil ina gcuimseofar plandú uirbeach, crainn sráide, scairdeán poiblí idirghníomhach, agus imeachtaí taibhithe/imeachtaí ag The Height agus ag Cearnóg na Beairice. Forbrófar Cearnóg na Beairice agus Seansráid na Beairice mar 'cúinne caifé' a sholáthróidh spás cathartha ar ardchaighdeán chun daoine a spreagadh chun bualadh lena chéile, a scíth a ligean agus tamall a chaitheamh sna hionaid mhiondíola áitiúla.

Lena chois sin, tá an conraitheoir i mbun athchóirithe shuntasaigh ar an gcomhchóras séarachais thar ceann Uisce Éireann, fianaise ar infheistíocht de €2m breise i mbonneagar an bhaile. Cúis áthais dúinn, gur féidir freastal ar na hoibreacha breise seo, a mbeidh Uisce Éireann ag íoc astu, de réir mar a réiteoidh siad saincheisteanna oidhreachta seanbhunaithe leis an séarach mar aon le

hacmhainn sa bhaile a chosaint do na blianta fada amach romhainn.

Leanadh ar aghaidh go dtí céim thógála an tionscadail i ndiaidh roinnt mhaith blianta a chaitheamh i mbun pleanála agus comhairliúcháin shuntasaigh leis an bpobal gnó, le cónaitheoirí, leis an bpobal agus le Baill Thofa. Tá na hoibreacha leantacha, atá beartaithe a chríochnú ag deireadh 2025, á ndéanamh i ndiaidh feabhsuithe suntasacha ar an ríocht phoiblí a sheachadadh ag Sráid Parnell, agus lánaí baile, agus lúb-bhealaí in 2020 agus 2021.

Rannóg Timpeallachta

Tá an Rannóg Timpeallachta freagrach as raon leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear forfheidhmiú dramhaíola, bainistíocht dramhaíola, feasacht comhshaoil, fuinneamh, garraíodóireacht, seirbhísí eolaíochta (saotharlann, uisce, aer), seirbhísí tréidliachta agus tránna Brataí Goirme. Bhí clár oibre 2023 bunaithe den chuid is mó ar chreat rialála fairsing, lena n-áirítear reachtaíocht nua cosúil leis na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Ceadúnas Bailithe), 2023, I.R. Uimh. 343/2023 - Rialacháin an Gheilleagair Chiorclaigh (Tobhach Comhshaoil), 2023.

Tránna agus taitneamhachtaí

Déanann an Rannóg Timpeallachta monatóireacht ar 14 láthair shnámha agus tá 8 mBrat Gorm agus 4 Ghradam Costais Ghlais sa chontae, a seiceáladh chun críocha comhlíontachta - bailíodh 247 sampla uisce i rith an tséasúir. Bhí stádas cáilíochta “den chéad scoth” luaite le gach láthair shnámha. Tá tránna agus gníomhaíocht ghaolmhar clúdaithe ag ár bhFodhlíthe a athbhreithníodh agus ar glacadh leo i mí Meithimh 2021. Tríd is tríd, sholáthair 49 garda tarrthála seirbhísí ar thránna an Chláir do shéasúr fíorghnóthach shamhradh 2023.

Íoschritéir Mholta le haghaidh Iniúchtaí Timpeallachta (IMÍT)

I ngach réimse téamach Timpeallachta, rinne Comhairle Contae an Chláir 5,905 cigireacht ghnáthaimh agus 1,522 cigireacht neamhghnáthaimh. Ghlac an fhoireann Forfheidhmiúcháin Dramhaíola le 1,221 gearán a bhain le bruscar agus dramhaíl. Eisíodh 93 fíneáil bruscair agus fógra íocaíochta seasta. Ina theannta sin, sheirbheáil Comhairle Contae an Chláir 138 fógra dlí a bhain le sáruithe ar an reachtaíocht bruscair agus dramhaíola. Tríd is tríd, eisíodh 401 litir faoi na Fodhlíthe Bainistíochta Dramhaíola. Tá an Chomhairle ag leanúint ar aghaidh le tairbhe a bhaint as Tionscnamh Frithdhumpála chun dumpáil mhídhleathach a chosc. Tá imscrúdú déanta againn ar 218 gearán a bhain le huisce, aer agus truailliú ó thorann. Chun comhlíontacht chomhshaoil a sheiceáil agus cáilíocht uisce a chosaint, rinneadh 133 cigireacht ag saoráidí ceadúnaithe. Ina theannta sin, rinneadh cigireacht ar 136 córas cóireála fuíolluisce baile. Chomh maith leis sin, ghlac an Rannóg Timpeallachta le agus thuairiscigh sí maidir le 851 iarratas pleanála. Is é an aidhm atá leis na haidhmeanna thuas ar fad a chinntiú go bhfuil ár dtimpeallacht áitiúil á cosaint.

Bainistiú dramhaíola agus líonadh talún ceadúnaithe

Soláthraíonn an rannóg bainistithe dramhaíola cúig hionad athchúrsála, agus is stáisiúin aistrithe dramhaíola iad trí cinn de na stáisiúin seo freisin agus soláthraímid 54 suíomh 'ionad fág anseo' ar fud an chontae freisin (suíomhanna séasúracha san áireamh). Tá monatóireacht leanúnach á déanamh ar líonadh talún na Saoráide Bainistithe Dramhaíola Láir (SBDL), Líonadh Talún Dhúire agus Líonadh Talún Lios Duibhinn de réir cheanglais cheadúnais dramhaíola na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC).

Gearrliostaíodh an Bogach Tógtha Comhtháite, a cuireadh i gcrích mar chuid den

Phlean Bainistithe Dúnta,

Athchóirithe agus Iarchúraim do líonadh talún dúnta Eidhní do ghradam ag Gradaim Pobail agus Comhairle Uile-Oileáin CCÚÁ.

Líonadh talún stairiúil

Fuair an Chomhairle Dréachtdeimhniú Údaraithe i gcomhair líonadh talún stairiúil dúnta in An Geata Bán ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Tá dul chun cinn déanta i ndáil le hiarratais mhaoinithe agus oibreacha agus tá monatóireacht á déanamh ag roinnt líonta talún stairiúil ainmnithe. Is iad Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Deimhniú maidir le Gníomhaíocht Diúscartha Dramhaíola Neamhcheadúnaithe Stairiúil agus Aisghabhála), 2008, an reachtaíocht ábhartha sa chomhthéacs seo.

An Treoir Réime maidir le hUisce agus An Plean Bainistíochta Abhantraí

Rinneadh monatóireacht ar 44 suíomh abhann agus 19 suíomh locha chun comhlíontacht le clár monatóireachta na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil a chinntiú. Táthar fós ag feitheamh ar Dhréachtphlean Bainistíochta Abhantraí 2022-2027 a shíniú ag leibhéal náisiúnta.

Seirbhísí uisce/fuíolluisce

I rith na bliana, rinneadh monatóireacht ar 73 soláthar príobháideach (Grúpscéimeanna Uisce poiblí, Grúpscéimeanna Uisce príobháideacha agus soláthairtí tráchtála príobháideacha) agus bhí ráta comhlíontachta de bhreis ar 97.5% luaite leo i ndáil leis na paraiméadair éagsúla a tomhaiseadh. Lena cois sin, rinneamar iniúchadh ar 1 scéim soláthair uisce phríobháidigh in 2023. Chomh maith leis sin, rinneadh monatóireacht ar 30 ionad atá ceadúnaithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil nó ionad cathartha atá deimhnithe ag Uisce Éireann.

Oideachas agus feasacht

Trí chlár 'An Clár Níos Glaise' na Rannóige Timpeallachta, leanadh ar aghaidh ag tacú leis na tionscnaimh seo a leanas i rith 2023: Glantachán Náisiúnta an Earraigh, Scoileanna Glasa An Taisce, Cóstaí Glana, Clár na dTránna Brait Ghoirm, Glantachán Náisiúnta an Earraigh, Tascfhórsa Guma Coganta, MyWaste.ie. Ná Fág Lorg, Acadamh an Gheilleagair Chiorclaigh, agus Seachtain Náisiúnta Athchúrsála Dramhbhia 2023. I measc na bhfeachtas múscailte feasachta a forbraíodh i rith 2023 bhí tacú le Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe, butaí toitíní, Nollaig Níos Glaise, Speicis Choimhthíocha Ionracha. Thacaigh maoiniú a fuarthas trí na Scéimeanna Deontais seo a leanas - Tionscnamh Frithdhumpála agus Frithbhruscair agus Frithghraifítí - na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) le teachtaireachtaí frithbhruscair éagsúla lena n-áirítear úsáid a bhaint as bailitheoir dramhaíola neamhúdaraithe, freagracht úinéirí madra, dó dramhaíola (cuireadh deireadh leis an díolúine a bhain leis an ngníomhaíocht seo i Ráithe 4 2023), fodhlíthe dramhaíola tí, dumpáil mhídhleathach, dramhaíl a chosc, caitheamh bruscar lena n-áirítear caitheamh butaí toitíní. Chomh maith leis sin, thacaigh Oifig an Phobail Uisce le himeachtaí/le tionscnaimh mar aon le Feachtais Aeir Ghlain na RCAC.

Roghnaíodh Comhairle Contae an Chláir mar cheann de 26 eagraíocht a bhí chun páirt a ghlacadh i gClár Seaimpíní na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2023-2024.

I mí Iúil 2023, roghnaíodh Cill Chaoi mar cheann de na chéad Mol Gnó Glas My Waste in Éirinn. Trí bheith ag feidhmiú mar Mhol

Gnó Glas beidh sé níos éasca do ghnóthaí agus do chuairteoirí i gCill Chaoi na céimeanna riachtanacha a dhéanamh chun an timpeallacht a chosaint agus a fheabhsú.

Roghnaíodh Cill Chaoi mar cheann de na chéad Mol Gnó Glas My Waste in Éirinn.

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ), rialú madraí agus capall

Is gníomhaire oifigiúil de chuid ÚSBÉ é Comhairle Contae an Chláir. In 2023, maraíodh 3,062 ainmhí mairteola agus 24,992 caora in ionaid i gContae an Chláir faoi mhaoirseacht ár gcigire tréidliachta. Tríd is tríd, bailíodh 245 madra seachráin agus tugadh 195 ar láimh, agus ghabh an Maor Madraí 37 madra. Lena chois sin, thóg úinéirí 86 madra ar ais, fuarthas úinéirí nua do 145 madra agus fuarthas úinéirí nua do 201 madra i gcomhar le Dogs Trust agus le grúpaí tarrthála eile. Eisíodh 3,143 ceadúnas madraí i rith 2023. Gabhadh 15 chapall ar strae in 2023, thóg a n-úinéirí ar ais 14 chapall.

An Rannóg Garraíodóireachta

Lean an Rannóg Garraíodóireachta ar aghaidh le hardchaighdeáin a chinntiú i ndáil le mealltacht ár mbailte agus sráidbhailte a chinntiú agus ag obair i ndlúthpháirt le agus ag cur comhairle ar ghrúpaí pobail maidir le tírdhreachú. Cuireadh chun feidhme míreanna a bhain le gníomh beartais Uile-Éireann um Pailneoirí agus tá níos mó speiceas pailneora agus bláthanna ilbhliantúla á gcur. Lean an tÁras ar aghaidh le tionscnamh "Bealtaine Saor ó Bhearradh" a chur i bhfeidhm agus is mol a bhí ann don bhithéagsúlacht agus don fhiadhúlra.

Mar chuid de na Pobail a bhí páirteach i nDúshlán Idirnáisiúnta na bPobal faoi Bhláth, in 2023 don Inis, bhuaigh an Chomhairle 5 Bhláth – Ór, Gairdíní Pailneora. Bronnadh an gradam seo mar thoradh ar an obair mhór a rinne an Fhoireann Garraíodóireachta chun scéim plandaithe ilbliantóg a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i spásanna oscailte bainistithe.

Rialú Dóiteáin & Foirgníochta

Oibríochtaí na Seirbhíse Dóiteáin

D'fhreastail an tSeirbhís Dóiteáin ar 1,019 glaoch amach in 2023 rud ba chúis le laghdú de 8.8% i gcomparáid leis an bhfigiúr i gcomhair 2022. Ar an drochuair, cailleadh duine amháin mar thoradh ar thine i gContae an Chláir in 2023. Laghdaigh líon na nglaoch amach dóiteán simléir 6% ó 66 in 2022 go dtí 62 in 2023. Chomh maith leis sin, tugadh laghdú 13% faoi deara ar thinte tí, ó 46 in 2022 go dtí 40 in 2023.

Caipiteal/Soláthar

Cuireadh Fearas Dóiteáin nua Aicme B i gcrích agus ar fáil do Chontae an Chláir i mí Bealtaine 2023, ag costas €435,007. Tá an fearas seo in úsáid ag Stáisiún Dóiteáin Inis Díomáin anois. Chomh maith leis sin, ghlac an Bhriogáid le dhá Inneall Dóiteáin Aicme B, dara láimhe, agus tá siad sin anois in úsáid ag Stáisiún Dóiteáin na Scairbhe agus ag Stáisiún Dóiteáin Chill Dalua ag costas €116,414, i ndiaidh oibreacha athchóirithe a dhéanamh. Fuarthas cead

chun Inneall Dóiteáin Aicme B nua a cheannach ag costas €549,041 agus Inneall Dóiteáin Éigeandála nua ag costas €349,935. Tá na hinnill seo á dtógáil faoi láthair agus tá sé beartaithe go mbeidh siad in úsáid ag Stáisiún Dóiteáin Inse ag deireadh 2024. Lena chois sin, fuarthas cead chun 2 veain nua a cheannach agus a fheistiú do Bhriogáid Dóiteáin Chill Dalua agus Chill Rois ag costas €143,350. Tá na veaineanna seo á dtógáil faoi láthair agus táthar ag súil go mbeidh siad in úsáid i mí Aibreáin 2024.

Fuarthas cead i rith 2023 chun saoráid stórála dhá bhá nua a thógáil agus chun oibreacha uasghrádaithe ginearálta a dhéanamh ag Stáisiún Dóiteáin Chill Rois ag costas €425,757. Táthar ag súil go mbeidh na hoibreacha seo curtha i gcrích i mí Márta 2024.

Fuarthas ceamaraí íomháithe theirmigh don 7 stáisiún i gContae an Chláir.

Earcaíocht & Coimeád

In 2023, rinne an CCÁO moltaí maidir le téarmaí agus coinníollacha Comhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht agus na leibhéil foirne mholta sna stáisiúin. Bhí na moltaí seo mar bhonn le laghdú suntasach ar an líon pearsanra a bhí ag fágáil na seirbhíse agus mar bhonn le líon na bpost Comhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht sa Bhriogáid a bheith ag méadú ó 78 go dtí 90 pearsanra. Táthar ag díriú ar an bpróiseas a bhaineann leis na poist bhreise seo a líonadh faoi láthair.

Sláinte & Sábháilteacht

In 2023, d'éirigh le Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chontae an Chláir athchreidiúnú a fháil - ISO 45001 Caighdeán an Chórais Bainistíochta Sláinte & Sábháilteachta - as a Córas Bainistíochta Sábháilteachta a chur chun feidhme ar fud na Seirbhíse i ndiaidh d'Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann iniúchadh a dhéanamh.

Cosc Dóiteáin

Fuarthas 100 Iarratas ar Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán i rith 2023, sin méadú de 11% i gcomparáid le figiúr 2022 - tráth a bhfuarthas 90 Iarratas. Rinne Oifigigh um Chosc Dóiteáin 189 cigireacht agus rinne siad measúnú ar 72 iarratas ar cheadúnas, agus baineann siad seo le tithe tabhairne, óstáin, ionaid pobail agus amharclanna ar fud an chontae.

Reáchtáladh an tSeachtain Náisiúnta Sábháilteachta Dóiteáin idir an 9 agus an 17 Deireadh Fómhair. Tá feachtas leanúnach á reáchtáil ag Seirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála Chontae an Chláir agus mar chuid den fheachtas seo thug comhraiceoirí dóiteáin cuairt ar thithe daoine breacaosta agus rinne siad 'Seiceálacha Sábháilteachta Dóiteáin Tí', agus mar chuid de seo cuireadh aláraim deataigh ar fáil agus feistíodh iad.

Rialú Tógála

Rinne an Fhoireann Rialaithe Tógála cigireacht ar 13.67% de na foirgnimh a fógraíodh dúinn trí BCMS in 2023, rud a chiallaigh go raibh ár sprioc bhliantúil - idir 12% agus 15% de chigireachtaí - á comhlíonadh againn. Rinne an Rannóg Rialaithe Tógála measúnú ar 56 Iarratas ar Theastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas in 2023.

Bainistíocht Móréigeandála

Cuireadh tús an athuair le hOiliúint Bainistíocht Móréigeandála Réigiúnach in 2023 agus cuireadh cúrsaí oiliúna ar fáil do phearsanra na comhairle a bhfuil na róil seo a leanas á gcomhlíonadh acu:

- Bainistíocht Faisnéise
- Comhordú ar an Láthair.

Ghlac Comhairle Contae an Chláir páirt i gCleachtaí Bainistíochta Éigeandála in 2023 ag:

- Aerfort na Sionainne
- Gob na Muine BSL.

Struchtúir Dhainséaracha

Dhéileáil baill foirne rialaithe tógála le 7 ngearán faoi Struchtúir Dhainséaracha in 2023.

Táscairí Feidhmíochta Rialaithe Dóiteáin & Foirgníochta		2023
F1	Costas per Capita	€51.07
F2-B	An meánmhéid ama a thóg sé, i nóiméid, chun Innill Dóiteáin a ullmhú i Stáisiúin Pháirtaimseartha le haghaidh Dóiteán	5.07 nóim.
F2-D	An meánmhéid ama a thóg sé, i nóiméid, chun Innill Dóiteáin a ullmhú i Stáisiúin Pháirtaimseartha le haghaidh gach teagmhas éigeandála eile (neamhdhóiteán)	5.35 nóim.
F3-A	% na gcásanna a bhain le dóiteán inar sroicheadh an láthair ar dtús laistigh de 10 nóiméad	38.21%
F3-B	% na gcásanna a bhain le dóiteán inar sroicheadh an láthair ar dtús i ndiaidh 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	38.51%
F3-C	% na gcásanna a bhain le dóiteán inar sroicheadh an láthair ar dtús i ndiaidh 20 nóiméad	23.28%
F3-D	% na gcásanna a bhain le gach teagmhas éigeandála eile inar sroicheadh an láthair ar dtús laistigh de 10 nóiméad	26.10%
F3-E	% na gcásanna a bhain le gach teagmhas éigeandála eile inar sroicheadh an láthair ar dtús i ndiaidh 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	49.60%
F3-F	% na gcásanna a bhain le gach teagmhas éigeandála eile inar sroicheadh an láthair ar dtús i ndiaidh 20 nóiméad	24.30%
P5-A	% na n-iarratas ar dheimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteán a fuarthas a ndearnadh cinneadh ina leith (ceadaithe nó diúltaithe) laistigh de dhá mhí i ndiaidh iad a fháil	64%
P5-B	% na n-iarratas ar dheimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteán a fuarthas a ndearnadh cinneadh ina leith (ceadaithe nó diúltaithe) laistigh de thréimhse bhreisithe comhaontaithe leis an iarrthóir	36%
P1	Foirgnimh a ndearnadh Cigireacht orthu mar chéatadán de na foirgnimh nua fógartha don údarás áitiúil	13.67%

Ionchais i gcomhair 2024

Táthar ag súil le hInneall Dóiteáin Aicme B nua a fháil san Fhómhar in 2024. Táthar ag súil go mbeidh an tSeid Stórála 2 Bhá Nua ag Stáisiún Dóiteáin Chill Rois críochnaithe i mí Márta 2024 agus go mbeidh 2 veain nua in úsáid i gCill Dalua agus i gCill Rois faoi Aibreán 2024. Tá sé beartaithe, i rith 2024, Iarratas ar Chúnamh Deontais Chaipitil a dhéanamh chun maoiniú a fháil chun oibreacha athfhorbartha suntasacha a dhéanamh ag Stáisiún Dóiteáin Inse. Tá sé beartaithe an creidiúnú ISO 45001 a choimeád mar chuid de Chóras Bainistíochta Sláinte & Sábháilteachta Chomhairle Contae an Chláir. Cuirfear cur i bhfeidhm iomlán Thograí CCÁO na gComhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht

i gcrích in 2024, agus táthar ag súil go mbeidh dtiocfaidh méadú suntasach ar líon na gcomhraiceoirí dóiteáin a earcófar i rith na bliana mar chuid den phróiseas feidhmithe sin.

Tá sé beartaithe feachtas feasachta suntasach ar shábháilteacht dóiteáin a reáchtáil a mbeidh feachtas sna meáin san áireamh ann. In 2024, leanfaidh an tSeirbhís Dóiteáin ar aghaidh leis na "Seiceálacha Sábháilteachta Dóiteáin Tí" a dhéanamh agus ag díriú ar ghrúpaí leochaileacha sonracha trí bhrathadóirí deataigh a shuiteáil agus comhairle sábháilteachta dóiteáin a chur ar fáil.

Tabhair ar Láimh an Innill Dóiteáin Aicme B nua ag Stáisiún Dóiteáin Inis Díomáin.

Cosaint Shibhialta

Bliain ghnóthach eile do Chosaint Shibhialta an Chláir ba ea 2023 agus chuir oibrithe deonacha clúdach leighis ar fáil ag imeachtaí éagsúla ar fud an chontae. I measc na n-imeachtaí seo bhí An Clár vs Corcaigh agus An Clár vs Tiobraid Árann i gcraobhchomórtas Iománaíochta Sinsir na Mumhan i bPáirc Uí Chíosóg, imeachtaí a raibh breis is 19,000 duine i láthair acu. I measc cuid de na himeachtaí a raibh baill i láthair acu in 2023 bhí Turas Rothaíochta Sóisearach na hÉireann, Craobhchomórtas Oscailte Gailf na mBan i nDrom Ólainn, imeacht 24 uair an chloig, Relay for Life, agus Gaelforce. Chabhraigh oibrithe deonacha Chosaint Shibhialta an Chláir le breis is 50 othar i rith na n-imeachtaí éagsúla seo, agus sholáthair siad cúram gairmiúil agus ar ardchaighdeán do gach othar.

Chomh maith leis sin, chabhraigh Cosaint Shibhialta an Chláir le An Garda Síochána le roinnt cuardach do dhaoine a bhí ar iarraidh in 2023. Bhí ról tábhachtach ag an bhFoireann Cuardaigh & Tarrthála i dteannta leis na foirne Drón agus Bád sna hoibreacha cuardaigh seo arb é an toradh a bhí orthu gur aimsíodh corp cúigear daoine a bhí ar iarraidh. Anuas air sin, chabhraigh foirne Cuardaigh & Tarrthála ó Chosaint Shibhialta an Chláir le comhghleacaithe ó Chosaint Shibhialta na Gaillimhe le cuardaigh do bheirt daoine a bhí ar iarraidh. Táthar ag leanúint ar aghaidh le cúrsaí oiliúna a chur ar fáil d'oibrithe deonacha ag ceanncheathrú Chosaint Shibhialta an Chláir ar Bhóthar Chuinche, agus bhí 50 oibrí deonach, ar an meán, ag freastal ar chúrsaí oiliúna gach seachtain. In 2023, chuir 14 oibrí deonach an cúrsa do Chéadfhreagróirí Éigeandála i gcrích agus chuir 12 oibrí deonach eile an cúrsa do Chéadfhreagróirí Garchabhrach i gcrích. Cuireadh tús le cúrsaí oiliúna do 14 oibrí deonach nua a bhí cláraithe i gClár Bunoiliúna na nEarcach (BOE) a sholáthraíonn an caighdeán oiliúna íosta atá leagtha amach ag Brainse Cosanta Sibhialta na Roinne Cosanta. Bhunaigh Brainse Cosanta Sibhialta na Roinne Cosanta Córas Bainistíochta Oibrithe Deonacha agus Trealamh (CBODT) nua, agus tosaíodh ag baint úsáid as an gcóras seo seachas Seanchlár na nOibrithe Deonacha. Cabhróidh CBODT le hOifigigh Cosanta Sibhialta an t-aonad a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí. Chomh maith leis sin, ceadaíonn CBODT d'oibrithe deonacha tairseach a rochtain ar féidir leo a úsáid chun a dtaifid oiliúna féin a fheiceáil agus

chun clárú le haghaidh cúrsaí oiliúna agus dualgas. In An Clár, tá tús curtha againn le cúrsaí oiliúna a rolladh amach do gach oibrí deonach maidir le conas CBODT a úsáid.

D'fhreastail deichniúr ball ar an 63ú Oilithreacht Mhíleata Idirnáisiúnta in Lourdes, sa Fhrainc, mar chuid de ghrúpa níos mó de bhreis is 100 Oibrí Deonach Cosanta Sibhialta ar fud na hÉireann.

Tá oibrithe deonacha Cosanta Sibhialta ag leanúint ar aghaidh le tacaíocht bhuan a chur ar fáil dá bpobail, trína gcuid oibre le Cosaint Shibhialta an Chláir, agus uaireanta bíonn orthu déileáil le cásanna casta agus dúshlánacha. Tá sé tábhachtach aird a tharraingt go háirithe ar an gcroíghrúpa de bhaill foirne shinsearacha/oibrithe deonacha nach bhféadfaí an obair seo ar fad a dhéanamh gan iad. Ní féidir beag is fiú a dhéanamh den eolas agus den saineolas a roinneann siad leis na hoibrithe deonacha nua gach seachtain i rith na gcúrsaí oiliúna.

An Fhoireann Dróin (Grianghraf: Pat Flynn).

An fhoireann leighis a bhí i láthair ag an gcluiche idir An Clár agus Corcaigh i bPáirc Uí Chíosóg.

Oibrithe ar tí aghaidh a thabhairt ar Lourdes sa Fhrainc.

Aeráid & Fuinneamh

Reáchtáladh an feachtas earcaíochta don fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide sa chéad leath de 2023. Thosaigh an tOifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide, Chris Dixon O'Mara, ag obair i gComhairle Contae an Chláir i mí na Bealtaine 2023. Chuir an tOifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide, Kelly Slattery, tús lena ról i mí Lúnasa 2023 agus ceapadh an Bainisteoir Fuinnimh, Conor McDonagh, in ionad an Bhainisteora Fuinnimh a bhí ann roimhe i mí Mheán Fómhair 2023. Tá na róil seo á maoiniú go hiomlán an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Beidh sé de chúram ar an bhFoireann Aeráide an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhoilsiú agus a chur chun feidhme sna blianta amach romhainn. Is é an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide an bealach chun cinn chun cur ar chumas Chomhairle Contae an Chláir a spriocanna aeráide féin a chomhlíonadh agus mar aon leis sin an bealach chun pobail a chumasú agus tacú leo amach anseo chun a spriocanna aeráide a chomhlíonadh.

An Clár Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide

Seoladh an Clár um Ghníomhú ar son na hAeráide ar an 6ú Nollaig, 2023. Roimhe sin, cheadaigh earcú Oifigigh Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide i mí Iúil cur chuige níos leithne maidir le rannpháirtíocht le pobail faoin faoin gclár. Eagraíodh rannpháirtíocht le gach pobal ar fud an chontae. Faoi dheireadh na bliana, bhí an tOifigeach Pobail an Ghníomhú ar son na hAeráide i ndiaidh cúrsaí a phlé le breis is 80 grúpa pobail ar fud an chontae.

I measc na n-imeachtaí a eagraíodh bhí:

- 3 sheisiún eolais a reáchtáladh ar MS Teams
- Cruinnithe ar an láthair ar fud an chontae le grúpaí pobail
- 4 sheisiún buail isteach
- 6 chlinic eolais pobail a reáchtáladh ar fud na gCeantar Bardasach.

Stop an Clár Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide seo ag glacadh le haighneachtaí ar an 28 Feabhra, 2024, agus leagfar béim ar sheachadadh roinnt tionscadal um ghníomhú ar son na haeráide ar fud an chontae a bheidh ag díriú ar na réimsí téamacha seo a leanas - Pobal & Fuinneamh, Taisteal, Bia agus Dramhaíl, Siopadóireacht agus Athchúrsáil.

Seoladh an Clár Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide i mí na Nollag, 2023.

An Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide

Bhí an próiseas a bhain leis an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide ar siúl i rith 2023 agus 2024. Is feidhm choimeádta de chuid na Comhairle é glacadh leis an bplean. Bhí forbairt an phlean bunaithe ar rannpháirtíocht, is é sin eolas beacht, ábhartha a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara ábhartha chun deis a thabhairt do gach páirtí leasmhar bonn eolais a chur ar fáil don phlean. Reáchtáladh comhairliúchán ag an gcéim réamhdhréachta agus ag céim an dréachtchomhairliúcháin reachtúil. Fianaise gur éirigh go maith leis an straitéis rannpháirtíochta a d'úsáid an fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide ba ea an líon mór aighneachtaí a fuarthas maidir leis an bplean, breis is 400 aighneacht ar fad. Ghlac grúpaí cosúil le mic léinn, grúpaí pobail, an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) agus daoine eile páirt sa phróiseas aighneachta. Bhí sé mar aidhm a chinntiú go mbainfeadh ár bpróiseas comhairliúcháin úsáid as an léargas a fuarthas ó na haighneachtaí seo chun Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide stuama, leathan agus réalaíoch a chur i dtoll a chéile.

Fuinneamh

I ndiaidh athchreidiúnú a bhaint amach ag caighdeán ISO50001 i mí na Samhna 2022, in 2023 ba é an aidhm a bhí ann tús a chur leis an aistear a bhain le carbón a laghdú 51% faoin mbliain 2023.

Páirteach inár bhfoireann Bainistíochta Fuinnimh tá foireann tras-stiúrthóireachta, faoi stiúir an Oifigigh Feidhmíochta Fuinnimh. In 2023, bhuail an fhoireann Bainistíochta Fuinnimh lena chéile roinnt uaireanta chun anailís a dhéanamh ar ídiú agus chun plé a dhéanamh ar an tslí ba cheart dlús a chur le tionscadail fuinnimh. I measc na hanailíse a rinneadh bhí anailís ar ár n-úsáideoirí fuinnimh suntasacha lena n-áirítear soilsiú poiblí, Ionad Fóillíochta Inse, Aillte an Mhothair agus Áras Contae an Chláir.

Rinneadh roinnt iniúchtaí fuinnimh ar ár sócmhainní in 2023. San áireamh sna hiniúchtaí seo bhí Ionaid Fóillíochta Inse, Áras Contae an Chláir, Aillte an Mhothair agus campas Mhargadh an Ime.

I measc na dtionscadal fuinnimh a bhfuil sé beartaithe díriú orthu in 2024 tá giniúint fuinnimh fhótavoltach, dul chun cinn a dhéanamh chun páirt a ghlacadh i dtionscadail Pathfinder i gcomhpháirt le Fuinneamh Inmharthana na hÉireann (FIÉ) agus Ionad Fóillíochta Inse go háirithe.

Leanadh ar aghaidh le hiarfheistiú an tsoilsithe

phoiblí in 2023. Tá formhór na soilse sa chontae iarfheistithe go dtí soilse LED anois agus leanfar leis an obair seo trí thionscadal TÉFSP in 2024.
Ghlac Comhairle Contae an Chláir páirt san Fheachtas 'Laghdaigh d'Úsáid' i gcomhar le TÉFSP i rith 2023. San áireamh sa tionscadal seo tá feasacht tógála mórthimpeall na heagraíochta i ndáil le laghdú úsáide fuinnimh sa timpeallacht oibre agus sa bhaile. Chomh maith leis sin, d'eagraigh an Rannóg Aeráide roinnt modúl Feasachta Fuinnimh i rith 2023, eadhon ar an Lá Feasachta Fuinnimh in Áras Contae an Chláir i mí Dheireadh Fómhair 2023 mar aon le himeachtaí pobail cosúil le cainteanna do Choiste Bailte Slachtmhara Shionainn agus do Ghrúpaí Pobail Chill Chaoi i Leabharlann Chill Chaoi.

Seirbhísí Uisce

Seachadadh Seirbhísí Uisce Amach Anseo

Shínigh an Príomhfheidhmeannach an Máistirchomhaontú Comhoibrithe (MCC) agus an Comhaontú Comhroinnte Sonraí idir Uisce Éireann agus Comhairle Contae an Chláir ar an 5 Bealtaine, 2023. Tháinig an MCC in áit an Chomhaontaithe ar Leibhéal Seirbhíse reatha ar an dáta éifeachtach. Ba é an dáta éifeachtach do Chomhairle Contae an Chláir, an 20 Meán Fómhair, 2023. Faoin MCC nua tá Uisce Éireann anois freagrach as bainistíocht



agus rialú díreach na bhfoirne agus na bhfeidhmeanna seirbhísí uisce. Lena chois sin, tá Uisce Éireann freagrach as bainistiú sláinte agus sábháilteachta.

Aistriú Sócmhainní

I ndiaidh measúnú a dhéanamh ar shócmhainní agus fuíolluisce i gContae an Chláir, tá 384 láithreán sainaitheanta faoi láthair mar láithreáin a d'fhéadfaí iad a aistriú chuig Uisce Éireann. I ndiaidh suirbhéanna láithreáin, cinneadh gur dúblaigh iad 71 de na sócmhainní seo, nó sócmhainní neamhoibríochtúla nó sócmhainní nach nglacfaidh Uisce Éireann leo. As measc an 313 sócmhainn fágtha, tá 221 ceann díobh aistrithe go hiomlán chuig Uisce Éireann anois. Tá an 92 sócmhainn fágtha atá le haistriú roinnte i gcatagóirí difriúla agus tá cosán forbartha chun na sócmhainní sin a aistriú chuig Uisce Éireann.

An Clár Uisce Tuaithe (CUT)

I rith 2023, infheistíodh €787,000 i ndlús a chur le hoibreacha uasghrádaithe ar 8 ngrúpscéim ar leithdháileadh maoiniú orthu faoi Chlár Uisce Thuaithe Ilbhliantúil 2019-2021.
Fógraíodh an chéad timthriall maoinithe caipitil eile do ghrúpscéimeanna uisce, Clár Uisce Thuaithe Ilbhliantúil 2024-2026, i mí Eanáir 2024.
In 2023, chabhraigh an Chomhairle chun cead a thabhairt do Uisce Éireann 2 scéim eile a thógáil i gcúram agus táthar ag obair ar thuilleadh iarratas faoi láthair.
Chomh maith leis sin, eagraíodh an Scéim Fóirdheontais Bhliantúil le haghaidh 38 scéim agus cuireadh maoiniú fóirdheontais luach €2.5 milliún ar fáil le haghaidh na scéimeanna sin.
Lena chois sin, faoin gClár Uisce Thuaithe, fuarthas 84 iarratas deontais i rith na bliana le haghaidh deontas toibreacha tollta agus íocadh deontais luach €163,000 le sealbhóirí tí.

AN STIÚRTHÓIREACHT UM FHORBAIRT TURASÓIREACHTA

LEONARD CLEARY
An Stiúrthóir um Fhorbairt Turasóireachta

Síniú conartha do Gharraí Daingean agus Ionad Cuairteoirí Vandeleur agus Eispéireas Cuairteoirí Inis Cealtra ag Seanteach an Reachtaire, Baile Uí Bheoláin

Shínigh Comhairle Contae an Chláir conarthaí le Martins Construction Ltd ar an Luan, an 23 Deireadh Fómhair, 2023, chun caifé agus bialann 140 suíochán, faoi dhíon agus faoin aer, a fhorbairt. San áireamh i bhforbairt an chaifé agus na bialainne nua tá obair athchóirithe agus leasuithe laistigh de chlós na stáblaí atá ann cheana féin chun tacú le forbairt turasóireachta, lena n-áirítear caifé agus bialann, limistéar ithe faoi dhíon agus faoin aer, cistin, oifig agus saoráidí leasa. I ndiaidh próiseas tairisceana iomaíoch a reáchtáil do bhialanna, bronnadh an tairiscint ar an tsraith caiféanna dhuaisbhuaiteach, Brambles Café, chun an tsaoráid nua a reáchtáil, a chuirfidh ar chumas Gharraí Daingean Vandeleur agus an Ionaid Cuairteoirí freastal ar imeachtaí corparáideacha agus féiltiúla.

Táthar beagnach réidh le conradh a shíniú do thionscadal turasóireachta suntasach eile atá le cur i gcrích in Oirthear an Chláir - forbairt ionad cuairteoirí Inis Cealtra ag croílár shráidbhaile Bhaile Uí Bheoláin. Tá radharc ag Seanteach an Reachtaire ar Chuan Bhaile Uí Bheoláin agus ar Loch Deirgeirt, teach stairiúil a tógadh sa bhliain 1905 agus a bhfuil sé beartaithe úsáid nua a bhaint as agus é a fhorbairt mar ionad cuairteoirí agus ionad léirmhíniúcháin d'Inis Cealtra. Shínigh Comhairle Contae an Chláir conradh le M. Fitzgibbon Contractors Ltd d'fhorbairt fhoirgneamh an ionaid cuairteoirí, a áireofar ann, nuair a bheidh sé críochnaithe in 2024, láthair taispeántais ina mbeidh scéalta áitiúla agus scéal oileán Inis Cealtra á n-insint, ionad fáiltithe, caifé thuas staighre agus gairdín ag teach an reachtaire. Tá maoiniú a bronnadh don tionscadal seo a áirítear ann úsáid nua a bhaint as Seanteach an Reachtaire agus oibreacha barrfheabhsaithe oibreacha fuíolluisce agus oibreacha ríochta poiblí

ag Baile Uí Bheoláin cothrom le €4,290,765 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail mar chuid de mhaoiniú Chatagóir 1 CAFT, agus gheall Comhairle Contae an Chláir cistiú meaitseála breise 20% a chur ar fáil.

GEOibhia ag Móraonach an Chláir

D'eagraigh an Gheopháirc léargas iontach ar GHEOibhia ag Seó Mór Bhoirne agus ag Móraonach an Chláir ar an 19 Feabhra in Óstán agus Spá Falls. Bhí cuntar GEOibhia ann óna raibh eolas faoin mbranda á roinnt, agus bhí seisear táirgeoirí GEOibhia i láthair ag taispeáint agus ag sampláil an bhia álainn atá á tháirgeadh agus á fháil ón gceantar áitiúil agus atá ar fáil sa Gheopháirc freisin. Áiríodh ina measc: Flaggy Shore Oysters, Linnalla Premium Irish Ice-cream, Burren Premium Beef, Burren Beetroot Chutney, Aillwee Burren Gold Cheese, agus St Tola Goat Cheese. Tá an branda GEOibhia ag fás go leanúnach sa Gheopháirc agus beidh sé á thaispeáint ag roinnt imeachtaí eile i rith 2023. Bí réidh chun bia blasta a ithe!

Imeacht Líonraithe 'Turasóireacht Le Chéile' an Chláir, an 2 Márta 2023 agus seoladh www.visitclare.ie

D'aithin Fóram Comhairleach Turasóireachta agus Roinn Turasóireachta Chomhairle Contae an Chláir go mbeadh bliain dhúshlánach eile roimh an earnáil turasóireachta in 2023, agus go raibh gá le hiarracht chomhchoiteann chun na dúshláin ar fad a bheadh le sárú amach anseo a mhaolú. Eagraíodh imeacht Líonraithe an Chláir, 'Turasóireacht Le Chéile', a leag béim ar an ngealltanas comhroinnte maidir le tuilleadh forbairt a dhéanamh ar an ngeilleagar turasóireachta. Ba é téama coiteann an chomhrá ag Imeacht Líonraithe 'Turasóireacht Le Chéile' an Chláir 2023 bealaí nua a chur ar fáil ionas gur féidir leis an tionscadal in An Clár oibriú le chéile chun an contae a chur chun cinn. Tugadh faoi deara go bhfuil spleáchas an Chláir ar an ngeilleagar turasóireachta sách suntasach i gcomparáid le go leor codanna eile den tír agus go bhfuil sé riachtanach, dá réir sin, go nglactar le cur chuige comhoibritheach i ndáil leis an tslí a ndéantar margaíocht ar an gcontae sa bhaile agus thar lear.

D'fhreastail príomhphearsanra turasóireachta ón tionscal turasóireachta i gContae an Chláir ar sheoladh an tsuímh gréasáin, a reáchtáladh mar chuid d'imeacht líonraithe atá dírithe ar dhúshláin agus ar dheiseanna don earnáil áitiúil in 2023, lena n-áirítear margaíocht a dhéanamh ar an gcontae, acmhainn chóiríochta agus turasóireacht inbhuanaithe. I measc na gcainteoirí spreagúla bhí Pól O'Conghaile (Eagarthóir Taistil *The Irish Independent*) agus Bobby Kerr (Fiontraí agus fear gnó Éireannach).

I rith an imeachta seo, sheol Cathaoirleach Chomhairle Contae an Chláir, an Comh. Tony O'Brien, an suíomh gréasáin turasóireachta nua go hoifigiúil, www. VisitClare.ie. Is tionscnamh de chuid Chomhairle Contae an Chláir é forbairt iomlán an tsuímh gréasáin seo agus is é seo an suíomh gréasáin is cuimsithí atá dírithe ar léargas a thabhairt ar gach rud atá á thairiscint ag Contae an Chláir, in Éirinn, do chuairteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá príomhfhaisnéis maidir le nithe is díol spéise do thurasóirí agus gníomhaíochtaí sna bailte agus sna sráidbhailte ar fud an Chláir le fáil ar an suíomh, lena n-áirítear faisnéis faoi sholáthraithe cóiríochta áitiúla, bialanna, imeachtaí agus féilte a bhíonn á reáchtáil ar fud an chontae. Chomh maith leis sin, tá béim shuntasach á leagan ar oidhreacht agus ar chultúr an chontae agus ar an tslí is féidir le cuairteoirí níos mó a fhoghlaim faoi chúlra agus traidisiúin shaibhre an Chláir.

Craoladh an clár teilifíse de chuid RTÉ, The Today Show, ó Gharraí Daingean agus Ionad Cuairteoirí Vandeleur

Chaith clár teilifíse RTÉ, The Today Show, solas ar Gharraí Daingean agus Ionad Cuairteoirí Vandeleur agus Inis Cathaigh i rith craolta beo faoin aer ar an gCéadaoin, an 24 Bealtaine, 2023. Bhí ionadaithe ón bpobal áitiúil agus ón earnáil turasóireachta i láthair ag Garraí Daingean agus Ionad Cuairteoirí Vandeleur agus thug siad léargas ar na hoibreacha athchóirithe suntasacha atá á ndéanamh ó 2021. Chomh maith leis sin, tarraingíodh aird ar tháirgeoirí bia ó Gheoibhia Bhoirne i rith an chláir agus bhí ceoltóirí áitiúla i mbun taibhithe beo.

Bhí sé beartaithe ag Garraí Daingean agus Ionad Cuairteoirí Vandeleur an tIonad Cuairteoirí nua a oscailt níos déanaí an mhí sin agus reáchtáladh Deireadh Seachtaine Oscailte ar an 3 agus ar an 4 Meitheamh tráth ar tugadh deis don phobal áitiúil blaiseadh a fháil ar an méid nua atá le fáil inár ní is díol spéise do chuairteoirí i rith cainte spéisiúla ag 10.30am gach lá.

Oibreacha athchóirithe ar Theachín an Choimeádaí Tí Solais, Ceann Léime

Tá oibreacha athchóirithe á ndéanamh ar Theachín an Choimeádaí Tí Solais, ag Teach Solais Cheann Léime, agus tá Martin Fitzgibbon Construction ceaptha mar chonraitheoir chun na hoibreacha athchóirithe a dhéanamh, lena n-áirítear urlár nua, bailchríocha balla agus síleála, suiteáil inslithe san áiléar agus ar urlár na talún mar aon le huasghrádú suiteálacha meicniúla agus leictreacha atá san fhoirgneamh cheana féin.

Nuair a bheidh na hoibreacha curtha i gcrích, cuirfear an teach ar fáil chun críche cóiríochta, agus beidh sé á ligean ar cíos ar bhonn gearrthéarmach. Tá tús áite tugtha ag Comhairle Contae an Chláir don tionscadal mar gheall ar an ngéarchéim chóiríochta reatha agus méadóidh sé na buntáistí eacnamaíocha atá ar fáil don phobal áitiúil freisin.

Cuairt Suímh ar Ghráig na Manach chun scrúdú a dhéanamh ar dhea-chleachtas i bPáirceanna Veaineanna Campála agus Feithiclí Campála

I

Tá measúnú cuimsitheach ar Sholáthar Feithiclí agus Veaineanna Campála i gContae an Chláir á dhéanamh ag Repucon, atá coimisiúnaithe ag Roinn Turasóireachta Chomhairle Contae an Chláir. Mar chuid de seo, reáchtáladh Turas Staidéir chun eolas a fháil faoin tslí ar athraigh fiontar sóisialta chun tairbhe a bhaint as deiseanna don bhaile fad is a bhí poist á gcruthú sa cheantar áitiúil ag an am céanna. D'fhreastail grúpa de bhaill thofa, baill foirne pobail agus Chomhairle ar Thuras Staidéir an-eolasach ar Mhol Gníomhaíochtaí agus Talamh

Veaineanna Campála Ghleann na Bearú.

Tá Grúpa Forbartha Ghleann na Bear an-ghníomhach agus oibríonn sé cuairteoirí agus le gnóthaí áitiúla chun a dtáirge a fhorbairt, agus cinntíonn sé go mbaineann an pobal áitiúil agus gnóthaí áitiúla i nGráig na Manach tairbhe as an obair seo. Is léir ó shuirbhéanna atá déanta go bhfuil an teacht isteach eacnamaíoch cothrom le breis is €1.5 milliún don gheilleagar áitiúil agus go gcruthaítear suas le 11 phost.

Foireann Ghlas CDTI

Tá Foireann Ghlas CDTI bunaithe agus is é misean Fhoireann Ghlas CDTI an Chláir oibriú le chéile chun tuiscint agus cur chuige comhchoiteann maidir le turasóireacht inbhuanaithe a fhorbairt. Chomh maith leis sin, tá sé mar aidhm ag an bhFoireann Ghlas Deimhniú Cinn Scríbe do Chontae an Chláir a fháil ón gComhairle Dhomhanda um Thurasóireacht Inbhuanaithe, de réir ceann de Chuspóirí Straitéiseacha Straitéis Turasóireachta an Chláir 2030. Úsáidfidh an Fhoireann Ghlas Critéir Chinn Scríbe na Comhairle Domhanda um Thurasóireacht Inbhuanaithe chun caighdeáin agus cleachtas a threorú agus chun seirbhísí níos inbhuanaithe a fhorbairt, feasacht agus rannpháirtíocht phoiblí a mhéadú, agus cabhrú le ceapadh beartais ag leibhéal áitiúil. Tá an obair seo á déanamh i gcomhpháirt le ATU Sligeach a dhéanfaidh taighde ar an mbealach is éifeachtaí chun iarratas a dhéanamh air agus chun deimhniú cinn scríbe a fháil.

Athdheimhniú - Geopháirc Dhomhanda UNESCO

Fuair foireann na Geopháirce dea-scéala - ceadaíodh athdheimhniú a stádais mar Gheopháirc Dhomhanda UNESCO. Is mian le foireann na geopháirce buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine a roinn a c(h)uid ama agus a thacaigh leis an obair i rith na cuairte meastóireachta i mí Meithimh i mbliana. Is fianaise é athbhailíochtú a stádais mar Gheopháirc Dhomhanda UNESCO ar iarrachtaí díograiseacha na foirne agus na n-eagraíochtaí cleamhnaithe. Tá siad tiomanta do thacú le hinbhuanaitheacht, le caomhnú, le hoideachas agus le cur chun cinn luachanna cultúrtha agus oidhreachta laistigh den réigiún.

Craobhchomórtas Oscailte Gailf Ban na hÉireann KPMG Óstán & Club Tuaithe Chaisleán Dhrom Ólainn

Bíonn go leor ullmhúcháin agus díograise ag teastáil chun imeachtaí cosúil le Craobhchomórtas Oscailte Gailf Ban na hÉireann KPMG a eagrú, agus bíonn go leor comhpháirtithe straitéiseacha ag comhoibriú lena chéile chun a chinntiú go n-éiríonn go breá lena leithéid d'imeachtaí. Cúis áthais d'fhoireann na Roinne Turasóireachta ról a bheith aici san obair seo arís i mbliana, don dara bliain as a chéile.

D'óstáil Comhairle Contae an Chláir, trí Cheantar Bardasach Shionainne, 'Féile an 19ú Poll agus Spraoi Teaghlaigh' i gCora Chaitlín ar an 2 agus ar an 3 Meán Fómhair, 2023.

Nascadh - Phoenix in Arizona & Langenfeld sa Ghearmáin

Tá ceiliúradh á dhéanamh ag Inis ar shocruithe nasctha suntasacha le Langenfeld sa Ghearmáin agus le Phoenix in Arizona. Reáchtáladh ócáid Fáiltithe Oifigiúil in Áras Contae an Chláir, Comhairle Contae an Chláir, ar an Luan, an 11 Meán Fómhair, chun ceiliúradh a dhéanamh ar chaidreamh nasctha idir Inis agus Langenfeld agus cathair Phoenix sna Stáit Aontaithe.

Ba é Méara Cheantar Bardasach Inse, an Comhairleoir Pat Daly, agus Cathaoirleach Chomhairle Contae an Chláir,

an Comhairleoir Joe Cooney, a d'óstáil an t-imeacht agus i láthair bhí ionadaithe ón rialtas áitiúil agus ionadaithe pobail ó Langenfeld, an Ghearmáin agus Phoenix, Arizona, a thaistil go hÉirinn chun comóradh a dhéanamh ar 10 agus 35 bliain faoi seach ó bunaíodh a naisc le baile contae an Chláir. Chun comóradh a dhéanamh, eagraíodh trí lá de thurais mórthimpeall an chontae chun súil a chaitheamh ar ár gContae iontach, chun tairbhe a bhaint as na naisc atá bunaithe eadrainn, agus chun tacú le turasóireacht agus chun cairdeas nua a bhunú a bheidh faoi bhláth amach anseo.

An Roinn Dhigiteach agus Leathanbhanda

In 2023 leanadh ar aghaidh le forbairt agus le huasghrádú líonra DIGICLARE de mhoil chianoibre. Thug líonra na mol méadú 25% faoi deara ar líon na n-úsáideoirí ina 11 shuíomh ar fud an chontae. Ar aon dul le héileamh, táthar ag leanúint ar aghaidh le clár leantach d'uasghrádú agus d'fheabhsú na saoráidí. San áireamh sna feabhsuithe seo tá méadú ar líon na n-oifigí príobháideacha agus na mbothanna príobháideacha, uasghrádú na saoráidí fuaime is físe agus tuilleadh oibreacha athchóirithe ar fhoirgnimh chun seomraí cruinnithe agus spásanna oiliúna a chur ar fáil.

Cuid den rath atá ar thionscnamh DIGICLARE é an rannpháirtíocht réamhghníomhach leantach le grúpaí agus le heagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta a chuireann na spásanna agus na saoráidí seo chun cinn laistigh den phobal agus go réigiúnach. Anois úsáideann grúpaí agus clubanna pobail saoráidí na mol do chruinnithe agus do thionscadail agus bhí ról ríthábhachtach acu freisin i ndáil le hionaid oiriúnacha don fheidhm a chur ar fáil d'imeachtaí cosúil le haontaí poist, tionscadail óige agus cúrsaí oiliúna.

Tá dlús curtha le pleananna freisin chun mol pobail/digiteach a chur ar fáil in An Scairbh agus tá aighneacht chun maoiniú a fháil faoi chlár an Chiste um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe á hullmhú.

I mbliana freisin bunaíodh Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe (DAC) Thurasóireacht an Chláir agus bhí sé de chúram ar an Roinn Dhigiteach agus Leathanbhanda an bonneagar TFC atá ag tacú le DAC Thurasóireacht an Chláir agus na seirbhísí Turasóireachta gaolmhara a chur chun feidhme. Clúdaíonn bunú an eintitis nua seo gníomhaíochtaí na suíomhanna turasóireachta seo a leanas - Aillte an Mhothair, Caisleán agus Daonpháirc Bhun Raite, Teach Solais Cheann Léime, Garraí Daingean Vandeleur, Caisleán Chnapóige agus Ionad Cuairteoirí Chreagán Eoghain.

Oidhreacht Shionainne Nithe is Díol Spéise

Achoimre ar an mBliain 2023

Forléargas

Chuir Comhairle Contae an Chláir críoch le seilbh a ghlacadh ar phunann de nithe is díol spéise atá le fáil laistigh de bhranda Oidhreacht Shionainne, atá ag feidhmiú faoi úinéireacht Ghrúpa Aerfort na Sionainne.

I measc na mbrandaí aonair atá ag trádáil faoi Oidhreacht Shionainne tá Caisleán & Daonpháirc Bhun Raite, Caisleán agus Gairdíní Chnapóige agus Páirc Chré-umhaoise Chreagán Eoghain. Curtha leis na brandaí seo tá íocón Bhaile Uí Bheoláin Inis Cealtra atá le hoscailt go luath, a mbeidh teach reachtaire, músaem agus caifé ag tacú leis agus ionad cuairteoirí cuimsitheach amach anseo.

Bhí gá le roinnt athruithe struchtúrtha chun déileáil leis na costais agus éifeachtúlachtaí saothair. Rinneadh na hathruithe seo agus tá siad á gcur chun feidhme in 2024. Ar mhaith le bonnsraith mharthanach a chur ar fáil chun tacú leis na forbairtí bonneagair, leis na feabhsuithe cultúrtha a rabhthas ag súil leo agus le formhór na n-eispéireas Cuairteoirí, sainaithníodh uasghráduithe riachtanacha chun caighdeáin oibríochta agus láithrithe a fheabhsú.

I rith 2023, mhéadaigh líon na gcuairteoirí a thug cuairt ar shuíomhanna agus a d'fhreastail ar fhéastaí go suntasach. Bhí líon na gcuairteoirí go maith sa phunann trí chéile, mhéadaigh líon na gcuairteoirí ó 328k in 2022 go dtí 365k in 2023, rud ba chúis le méadú ioncaim ó 3.5mi go dtí 4.3mi i rith na tréimhse sin. D'fheabhsaigh díol na suíochán féasta ó 55k in 2022 go dtí 71k in 2023, sin fás ioncaim de 900k, ó 2.8mi go dtí 3.7mi. Chabhraigh miondíolachán ag na hAillte agus ag Bun Raite le méadú ar ioncam ó 5.3mi in 2022 go dtí 6.7mi in 2023. Tríd is tríd, mhéadaigh an t-ioncam ó 13.1mi go dtí 16.1mi idir 2022 agus 2023, agus mhéadaigh an ranníocaíocht TRÚCDA i rith na mblianta sin ó 963mi go dtí 1.4mi.

Cuireadh tús leis an bpleanáil do thionscadail

chaipitil i rith shamhradh 2023 tráth ar ceapadh Lambert Smith Hampton (LSH) chun suirbhé agus iniúchadh a dhéanamh ar an bpunann agus é mar aidhm measúnú a dhéanamh ar riocht agus ar riachtanais ghinearálta ag gach suíomh. Tíolacfar agus cuirfear an tuarascáil ar fáil ag tús 2024. Táthar ag súil go ndíreofar i dtuarascáil chuimsitheach agus mhionsonraithe ar fhuinneamh agus ar mhaoiniú a chur ar fáil do na gnéithe is ábhartha agus is tábhachtaí dár ngnó,

i.e. cur i láthair agus feabhsú na Nithe is Díol Spéise. Sa chás go bhfuil deiseanna soiléire sainaitheanta trí iniúchadh ginearálta a dhéanamh ar na suíomhanna, braitear go bhfeabhsóidh an tuarascáil seo ó LSH an méid atá ar eolas againn agus ár dtuiscint ar dheiseanna breise, rud a chabhróidh go mór chun spriocdhíriú ar na cúraimí is oiriúnaí sa phunann trí chéile, rud a bheidh mar bhonn le réitigh dea-chleachtais agus le cruinneas iarrachta.

Ag deireadh 2023, aistríodh Caisleán Dhún Guaire go dtí Comhairle Contae na Gaillimhe agus táthar ag súil go leanfar ar aghaidh le seirbhísí féasta agus turasóireachta a chur ar fáil. Sócmhainn ar ardchaighdeán is ea é agus ba cheart glacadh leis go mbaineann luach leis chomh fada is a bhaineann leis an tionscal.

Lena chois sin, rinneadh cinntí ag deireadh 2023 éirí as bainistíocht dhíreach Miondíola agus Bia agus Dí ag gach suíomh Oidhreacht Shionainne. Ní bheidh ach tionchar beag aige seo i dtéarmaí cháil an táirge agus ba cheart níos mó béime a leagan ar thurasóireacht dhíreach agus ar cheisteanna a bhaineann le cuairteoirí. Ba é an cuspóir a bhí ann an riosca a bhaineann le trádáil ardtoirte agus ranníocaíochtaí lena mbaineann brabús níos ísle a laghdú agus díriú ar idirbhearta ardtoraidh agus feabhsuithe réadmhaoine.

Tá an t-ardán réidh chun uasghrádú cuimsitheach a dhéanamh ar an eispéireas cuairteoirí agus tá foireann ghairmithe nua meáite ar cháilíocht den scoth a chinntiú agus ar chaighdeáin a ardú chun tairbhe an chontae faoi mhaoirseacht Chomhairle Contae an Chláir.

In 2024 osclófar Caisleán Chnapóige d'aíonna thar oíche, beidh Creagán Eoghain ag ceiliúradh 50 bliain a bhunaithe, osclófar céimeanna tosaigh eispéireas Inis Cealtra agus tá gach cuma ar an scéal go mbeidh Bun Raite ainmnithe mar an ní is díol spéise is mó tóir in Éirinn faoin mbliain 2027.

Aillte an Mhothair

Gníomhaíocht Ghnó

D'fháiltigh Eispéireas Aillte an Mhothair roimh 1.38m cuairteoir in 2023, thaistil 42% de na cuairteoirí ar fad ar bhus, thaistil 54% sa charr, thaistil 1% ar iompar poiblí agus siúlóirí ba ea 3%.

Tríd is tríd, tá na huimhreacha sin cothrom le -14% d'uimhreacha 2019, mhéadaigh meánlíon na gcuairteoirí a bhí ag taisteal ar an mbus 31% agus tá líon na gcuairteoirí atá ag taisteal ar an mbus -19%. Lena chois sin, tá laghdú 36% tagtha ar líon na mbusanna atá ar na bóithre. Tá baint ag 13% de na cuairteoirí ar fad le gníomhaíocht busanna ceadúnais

bealaigh.

Tá an treocht atá ann cuairt a chur in áirithe roimhe ré ag méadú go leanúnach mar gheall ar fhorbairtí teicneolaíochta agus promóisin. Cuirtear an ghníomhaíocht trádála grúpa ar fad in áirithe roimhe ré agus cuireann suas le 24% de Thaistealaithe Lán-neamhspleácha (TLNanna) cuairteanna in áirithe roimh ré.

Tá cleachtais Bhainistíochta Cuairteoirí bunaithe chun tacú le dáileadh cuairteoirí, teorainn a chur le líon na gcuairteoirí ar an ar an suíomh in aon lá amháin agus teorainn a chur le líon na mbusanna i rith buaicthréimhsí. Bhí an buaicdháileadh síos 8% agus bhí méadú 3% le tabhairt faoi deara ar chuairteanna maidine agus méadú 5% le tabhairt faoi deara ar chuairteanna tráthnóna.

Is iad seo a leanas na príomh-mhargaí - na Stáit Aontaithe, Éire, an Ghearmáin, an Fhrainc, Ceanada, an Ríocht Aontaithe, an chuid eile den domhan, agus bhí cuairteoirí as 64 tír ag triall ar an gceantar.

Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an Eispéireas Cuairteoirí agus leis an tairiscint cuairteoirí a fheabhsú agus tá tacaíocht á cur ar fáil ag baill foirne atá oilte go gairmiúil; tá féilire saibhir d'imeachtaí cultúrtha agus oidhreachta ar fáil i rith na bliana mar aon le tionscnaimh mhargaíochta spriocdhírithe chun tacú le cuspóirí.

Straitéis Aillte an Mhothair 2040

Tá dréachtchóip de Straitéis Aillte an Mhothair 2040, a bhfuil Fáilte Éireann ag tacú léi, agus máistirphlean láithreáin foilsithe agus táthar anois ag díriú ar chéim na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta (MST).

Beidh an straitéis seo mar bhonn le forbairtí inbhuanaithe amach anseo ag Eispéireas Aillte an Mhothair, forbairtí a bheidh á soláthar thar thréimhse 20 bliain atá dírithe ar cheithre cholún: Buntáistí Eacnamaíocha Feabhsaithe ar fud an Réigiúin, Rochtain Inbhuanaithe a Chruthú, Eispéiris den Chéad Scoth a Bharrfheabhsú, an Tírdhreach Nádúrtha a Athrú.

Siúlóid Cois Cósta Aillte an Mhothair

Táthar i ndiaidh teacht ar chomhaontú maidir le Plean Bainistíochta Shiúlóid Cois Cósta Aillte an Mhothair nua chun todhchaí na Siúlóide Cois Cósta a chinntiú. Tá Tobin Consultants ceaptha chun oibriú le húinéirí talún agus le páirtithe leasmhara chun samhail oibre a fhorbairt.

Tá codanna den tSiúlóid Cois Cósta sainaitheanta mar chodanna nach mór aird a dhíriú orthu ar bhonn práinne. Bronnadh €500K ar an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe trí Scéim an Bhonneagair Áineasa Lasmuigh (SBÁL) chun uasghrádú agus deisiú coda de Shiúlóid Cois Cósta Aillte an Mhothair a mhaoiniú i ndiaidh iarratas rathúil a dhéanamh.

CEANTAIR BHARDASACHA

Tá ceithre Cheantar Bhardasacha ag Comhairle Contae an Chláir: Inis, Cill Dalua, Sionainn agus Iarthar an Chláir.

Ceantar Bardasach Inse

Forléargas ar Oibreacha curtha i gcrích

Mar aon le roinnt síntí suntasacha ar sheachadadh chroísheirbhísí na Comhairle in Inis agus a purláin, in 2023 chuir foireann CB Inse roinnt garspriocanna an-spéisiúla i gcrích. Leanamar ar aghaidh le cothabháil agus le huasghrádú an ghréasáin bóithre áitiúil agus réigiúnach ar fud an Cheantair agus rinneadh breis is 34km de bhóithre a athchúrsáil, cóiriú dromchla a chur orthu nó a fhorleagan. I measc na bhforbairtí eile a rinneadh ar fud an CB bhí uasghrádú agus suiteáil go leor cosán a raibh géarghá leo cosúil le in An Baile Beag agus rochtain ar Pháirc Ghnó Chluain Ráda Beag mar a bhí molta ag ionadaithe iontacha Streetwise. In 2023, lean CB Inse ar aghaidh le hoibreacha ar an tionscadal dar teideal *Inis a Nascadh agus a Chomhchruthú*, a bhí maoinithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair a sholáthraíonn feabhsuithe ar chosáin agus ar shiúlbhealaí, colbhaí íslithe agus láithreacha suí ar shiúlbhealaí mórthimpeall ar an mbaile agus tríd an mbaile. I measc na n-oibreacha a rinneadh in 2023 bhí trasrianta coisithe ardaithe nua agus feabhsuithe acomhail ag breis is 12 shuíomh ar fud an bhaile. Tacóidh na hoibreacha críochnaithe le sábháilteacht agus le compord coisithe ar fud Inse. Is príomhghné den straitéis a bhaineann lena chinntiú gurb í Inis an chéad 'baile 10 nóiméad' in Éirinn é an tionscadal Nasctha agus Comhchruthaithe. Lena chois sin, seachadadh roinnt tionscadal tábhachtach faoi *Chiste Aitheantais Pobail* na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus ba é an phríomhaidhm a bhí ann tacú le forbairt bonneagair agus saoráidí pobail chun aitheantas a thabhairt don obair a rinne pobail ar fud na tíre chun fáilte a chur roimh líon suntasach daoine ón Úcráin agus ó thíortha eile agus chun iad a óstáil. I measc na dtionscadal a cuireadh i gcrích bhí:

- Suiteáladh Trealamh Giomnáisiam Faoin Aer i bPáirc an Phobail, Droichead an Chláir
- Cuireadh dromchla nua ar an gcarrchlós ag Tailte Camógaíochta an Chláir agus Seid na bhFear in Inis

- Cuireadh dromchla nua ar an gcarrchlós in Clare Crusaders, Inis
- Suiteáladh soilse poiblí ó Bhóthar an Ghoirt agus Loch Bhaile Uí Áille
- Suiteáladh Geataí Sábháilteachta ag taobh Dhroichead Dhúire de shiúlóid an Fhorghais.

Tá eolas maidir le roinnt éachtaí eile a cuireadh i gcrích sa CB i rith 2023 le fáil thíos.

Pobail faoi Bhláth

Bhí rath ar Inis ag searmanas gradam na bPobal faoi Bhláth 2023 (CiB) a reáchtáladh ag Dún McMurray, Alberta, Ceanada i mí Mheán Fómhair 2023 tráth ar bronnadh cúig Ghradam Bláthaithe agus teideal an buaiteoir foriomlán (Ór) sa chatagóir dar teideal 'Dúshlán Idirnáisiúnta Meánach'. Chomh maith leis sin, rinneadh tagairt speisialta d'Inis sa chatagóir dar teideal 'Gairdíní Pailneora' den chomórtas. Tháinig sé seo sna sála ar ainmniú bhaile an chontae mar iontrálaí na hÉireann i gcomórtas idirnáisiúnta na bPobal faoi Bhláth (CiB) 2023 agus Cuairt Rathúil na mBreithiúna ar an CB i mí Iúil 2023. Bhí baint ag líon mór comhaltaí foirne ón gComhairle agus grúpaí pobail agus oibrithe deonacha éagsúla san obair seo agus tá ardmholadh tuillte acu as an ngradam idirnáisiúnta mór le rá seo a thabhairt go

Paráid Lá Fhéile Pádraig

D'éirigh thar cionn le Paráid Lá Fhéile Pádraig 2023 in Inis arís, bhí muintir na háite agus cuairteoirí araon ar thaobh na sráide ó mhoch maidine chun an radharc is fearr a fháil. Bhí atmaisféar iontach in Áras Contae an Chláir, agus ghlac breis is 1,700 rannpháirtí páirt sa Pharáid.

Rás Tailteann

Sholáthair Scoil Náisiúnta Ghort Lomán an chríochlíne do Chéim 2 den rás cáiliúil idir Biorra, Co. Uíbh Fhailí agus Inis, Co. an Chláir, i mí Bealtaine. Bhain an lucht féachana taitneamh as rás ráibe grúpa agus fótaichríoch agus bhí 62 rothaí in iomaíocht chun áit a bhaint amach dóibh féin ar an bpóidiam. Ghlac rothaithe as ar fud na hÉireann, na Ríochta Aontaithe, na hOstaire agus SAM páirt sa rás agus bhí breis is 500 duine sa tóir ar chóiríocht sa bhaile contae, rud a chuir borradh suntasach faoi chúrsaí gnó. An mhaidin dar gcionn, bhailigh muintir na háite agus cuairteoir le chéile in Glór chun bualadh leis na rothaithe sular chuir siad tús leis an gcéad chéim eile den rás, idir Inis agus Caisleán an Bharraigh.

Fleadh Nua

Reáchtáladh an Fleadh Nua ar éirigh thar cionn leis arís i mbliana ag deireadh mhí na Bealtaine/ tús mhí Meithimh in 2023 agus páirteach ann bhí roinnt tobcheardlann, seisiún sráide agus ceolchoirmeacha in agus mórthimpeall ar lár an bhaile. Chuaigh CB Inse i mbun idirchaidrimh le coiste an 'Fleadh' roimh agus i ndiaidh an imeachta chun a chinntiú go raibh rochtain ag coisithe agus ag feithiclí agus gur cinntíodh go raibh ceoltóirí agus breathnóirí sábháilte. Bainfear tairbhe as na ceachtanna a foghlaimíodh in 2024 tráth a mbeidh comóradh 50 bliain á dhéanamh ar an bhFleadh.

Nascadh

Comhlíonadh dhá gharsprioc shuntasacha in 2023 freisin i ndáil lenár gcaidreamh lenár diaspóra agus cairde ar fud an domhain. In 2023 rinne Inis ceiliúradh ar 35 bliain ó nascadh an baile le Phoenix, Arizona in SAM agus rinneamar ceiliúradh ar 10 mbliana ó nascadh muid le Langenfeld sa Ghearmáin freisin.

Ceantar Bardasach Chill Dalua

Reáchtáladh cruinnithe Ceantair Bhardasaigh ar bhonn démhíosúil i rith 2023. Dhírigh baill de CB Chill Dalua ar roinnt straitéisí tosaíochta don CB agus do cheantar níos ginearálta Oirthear an Chláir sa bhreis ar sholáthar bonneagair áitiúil, seirbhísí, saoráidí agus taitneamhachtaí i mbailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe.

Reáchtáladh CGB Cheantar Bardasach Chill Dalua ar an Aoine, an 30 Meitheamh, i gCaisleán Chreagán Eoghain, chun comóradh a dhéanamh ar sheilbh a bheith glactha ag Chomhairle Contae an Chláir ar an ní is díol spéise do thurasóirí seo sa CB. Toghadh an Comh. Tony O'Brien mar Chathaoirleach ar CB Chill Dalua agus toghadh an Comh. Pat Hayes mar Leas- Chathaoirleach.

Baill Thofa agus Foireann Cheantar Bardasach Chill Dalua 2023

Straitéis agus Plean Oibre Bhaill Thofa CB Chill Dalua

I mí Márta glacadh le *Straitéis agus Plean Oibre Bhaill Thofa CB Chill Dalua* ina leagtar amach fís chomhroinnte idir Baill Thofa agus foireann Cheantar Bardasach Chill Dalua, agus ina sainítear na cuspóirí agus na tosaíochtaí straitéiseacha d'Oirthear an Chláir agus na tionscadail agus na meicníochtaí tacaíochta a theastaíonn chun na cuspóirí sin a chur chun feidhme agus a bhaint amach.

Seo a leanas an 15 thionscadal tosaíochta a sainaithníodh sa phlean:

- Scéimeanna agus Pleananna Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte
- Tacú le agus Moil Dhigiteacha a bhunú i mbailte agus i sráidbhailte an Cheantair Bhardasaigh agus béim ar leith a leagan ar An Scairbh agus Cill Dalua
- Tithíocht inacmhainne
- Tionscadail a bhaineann leis an ngníomhú ar son na haeráide
- Inis Cealtra
- Tionscadail Ghlasbhealaigh agus Ghormbhealaigh
- Breisoideachas agus scileanna
- Straitéis Feabhsúcháin agus Soghluaisteachta Bhaile Chill Dalua-Bhaile an Átha (2022)
- Taitneamhacht Rinn na mBan/Bhaile Uí Chogaráin
- R352 Inis - An Scairbh
- Tionscadal Bhaile na Scairbhe
- Seachadadh seirbhísí do phobail agus do shaoránaigh ag leibhéal CB a fheabhsú
- Pobail fothaithe acmhainneachta
- Soghluaisteacht agus nascacht inbhuanaithe a fheabhsú chomh fada le hOirthear an Chláir ó réigiún an Iarthair Láir
- Easnaimh ar an mbonneagar fuíolluisce.



Treoraíonn an straitéis agus an plean oibre an clár oibre do CB Chill Dalua agus treisíonn siad an ról criticiúil atá ag Oifig Ceantair Bhardasaigh Chill Dalua in An Scairbh agus tá ról ag an bhfoireann Údaráis Áitiúil ar fad i bpleanáil agus i seachadadh seirbhísí ag leibhéal áitiúil ar mhaithe le hOirthear an Chláir agus an contae a fheabhsú.

Slabhra Oifige agus lógó nua

In 2023, i ndiaidh comhairliúcháin idir Baill Thofa agus baill foirne, dearadh agus forbraíodh an chéad Slabhra Oifige agus siogarla do Cheantar Bardasach Chill Dalua. Tá fianaise le fáil i ndearadh an tsiogarla ar stair chultúrtha, tírdhreach, ceol agus bonneagar CB Chill Dalua. Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ag feidhmiú mar Chathaoirligh ar an gCeantar Bardasach ó bunaíodh é in 2014 le fáil ar an slabhra, lena n-áirítear an Cathaoirleach reatha, an Comh. Tony O'Brien.

Slabhra agus Suaitheantas Chathaoirleach CB Chill Dalua.

Feabhsú seirbhísí in oifig CB Chill Dalua

Leanadh ar aghaidh le feabhsú seirbhísí do shaoránaigh agus do pháirtithe leasmhara ag oifigí CB Chill Dalua in 2023 tráth ar cuireadh raon seirbhísí nua ar fáil lena n-áirítear seirbhísí Fiosrúcháin Réamhphleanála agus seirbhís agus saoráid Mhótarchánach chun rátaí agus cíos a íoc, in Oifig CB Chill Dalua.

San áireamh sa soláthar seirbhíse a chuir na maoirseoirí agus an fhoireann allamuigh ar fáil bhí cothabháil bóithre ar gach cineál bóithre réigiúnacha agus áitiúla. Bhain oibreacha eile a cuireadh i gcrích le glaoch amach a bhain le hadhaimsir agus le héigeandálaí cothabhála geimhridh, cabhrú le An Garda Síochána agus leis na Seirbhísí Éigeandála, Bainistíocht tráchta agus freagairt do ghearáin ón bpobal i gcoitinne.

Cuireadh Spás Páirceála Aoisbhách ar fáil sa charrchlós in 2023.

De réir ár n-oibleagáidí faoi Mhaolú Aeráide, laghdaigh oifig CB Chill Dalua a hídiú fuinnimh

go suntasach i rith 2023 agus tugadh laghdú de bheagnach 30% faoi deara i rith na bliana, trí roinnt tionscnamh e.g. leibhéil teasa, soilsiú etc. a laghdú. Rinneadh tuilleadh feabhsuithe bithéagsúlachta san oifig CB i rith na bliana, go háirithe i rith na Seachtaine Náisiúnta Bithéagsúlachta tráth ar chabhraigh leanaí scoile ó Bhunscoil na Leathchoille lenár mBaill Thofa plandaí a mheallann beacha a chur sa charrchlós agus boscaí gabhlán gaoithe a shuiteáil ar an áitreabh chun limistéir neadaithe a chur ar fáil don ghabhlán gaoithe.

Leanaí ó Bhunscoil na Leathchoille ag cabhrú le Padraig Myles chun Boscaí don Ghabhlán Gaoithe a shuiteáil agus ag cabhrú le Baill thofa plandaí a mheallann Beacha a chur in Oifigí CB Chill Dalua.

Leithdháiltí Bardasacha Ginearálta (LBG)

Ghlac na Baill Thofa leis na Leithdháiltí Bardasacha Ginearálta ag cruinniú mhí Iúil den CB agus bhí an leithdháileadh foriomlán i gcomhair 2023 cothrom le €230,000. Chuir an ciste seo ar chumas na gComhairleoirí oibriú leis an bhFeidhmeannas chun a chinntiú go raibh tús áite á thabhairt do na tionscadail ar fud an CB sa chás nach raibh sruthanna maoinithe ar fáil.

I measc na samplaí d'oibreacha agus de phobail ar cuireadh maoiniú ar fáil lena n-aghaidh in 2022 ó LBG na mBall Tofa bhí:

- Feabhsuithe ar chosáin agus ar bhóithre ar fud an CB
- I measc na ngrúpaí agus na dtionscnamh pobail eile a fuair maoiniú bhí Turasóireacht Oirthear an Chláir, Scarriff Bay Radio, Clár 'Going Well' Ionad Mhichíl Chíosóig, Siúlóidí an Chláir, Ionad Pobail Dhroichead Uí Bhriain Tta.

Toscaireachtaí agus aighneachtaí maidir le saincheisteanna náisiúnta agus áitiúla straitéiseacha

I rith na bliana, rinne Baill Thofa Chill Dalua aighneachtaí agus breathnóireachtaí ar bhonn réamhghníomhach maidir le roinnt saincheisteanna náisiúnta agus áitiúla a bhfuil tionchar acu ar CB Chill Dalua agus Oirthear an Chláir.

I mí na Bealtaine 2023, threoraigh Baill Thofa Chill Dalua agus an Pleanálaí Sinsearach, Brian McCarthy, toscaireacht a bhuail le POF Iarnród Éireann, Jim Meade agus Sinead Clair, Bainisteoir na Straitéise Seachadta chun athoscailt Stáisiún Iarnróid Chroisín a phlé, príomhthosaíocht don Údarás Áitiúil, agus tá athoscailt an Stáisiúin seo sonraithe mar thosaíocht straitéiseach i *Straitéis agus Plean Oibre Bhaill Thofa CB Chill Dalua*.

Chuir na Baill Thofa aighneacht fhoirmiúil ar fáil don Athbhreithniú Iarnróid Straitéiseach Uile-Oileáin.

I rith na bliana, ghlac Baill Thofa CB Chill Dalua páirt réamhghníomhach san obair agus rinne siad

aighneachtaí i scríbhinn thar ceann an CB i ndáil le roinnt pleananna agus clár. San áireamh bhí aighneachtaí a bhain le

- An tAthbhreithniú Iarnróid Straitéiseach Uile-Oileáin
- Measúnú ar Sholáthar Veaineanna Campála i gContae an Chláir
- Dréachtphlean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail.

Mar chuid den bhéim ar shaincheisteanna straitéiseacha ag cruinnithe CB agus chun na cuspóirí seo agus an clár oibre atá leagtha amach i *Straitéis agus Plean Oibre Ball Tofa Chill Dalua* a chomhlíonadh, lorg na Baill nuashonruithe agus cuireadh ar fáil iad in 2023, lena n-áirítear:

- Nuashonrú ó OBT agus ó SISK Consultants maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ar Sheach-chonair Chill Dalua agus ar an Trasnú Droichid
- Nuashonrú ó Uiscebhealaí Éireann maidir le Glasbhealach Luimnigh – na Scairbhe
- Dul chun cinn ar thionscadal turasóireachta Inis Cealtra
- Bunú Cur Chuige Idirghníomhaireachta maidir le taitneamhachtaí agus áineas ar Loch Deirgirt a bhainistiú
- Nuashonrú agus plé le BOOLC maidir le forbairt saoráidí agus clár in Oirthear an Chláir agus naisc feabhsaithe idir BOOLC agus CB Chill Dalua
- Nasc Áitiúil TFI i ndáil le feabhsú seirbhisí iompair phoiblí isteach in, ó agus mórthimpeall ar CB Chill Dalua agus Oirthear an Chláir
- Ullmhú Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Chláir
- An Garda Síochána maidir le Samhail Oibriúcháin nua an Chláir/ Thiobraid Árann.

Feidhmeanna Reachtúla

Bhain Baill Thofa CB Chill Dalua tairbhe as a gcumhachtaí i rith na bliana i ndáil leis an méid seo a leanas:

- Breithniú agus glacadh le Sceideal Oibreacha an Cheantair Bhardasaigh do 2023
- Leithdháileadh an Leithdháilte Bhardasaigh Ghinearálta in 2023
- Tógáil i gcúram bóithre in eastáit de réir Alt 11 d'Acht na mBóithre, 1993
- Diúscairt réadmhaoine faoi úinéireacht na Comhairle Alt 183 ag suíomhanna éagsúla laistigh den CB
- Bearta moillithe tráchta Alt 38 ag roinnt suíomhanna lena n-áirítear Feabhsú Chearnóg an Mhargaidh in An Scairbh agus roinnt Scéimeanna Sábháilteachta Ísealchostais.

Ar aon dul leis an gcuspóir *i Straitéis agus Plean Oibre na mBall Tofa* chun rochtain ar dhaonlathas agus ar sheirbhísí áitiúla a fheabhsú, d'fháiltigh CB Chill Dalua roimh an bpreas agus raidió áitiúil lena n-áirítear, den chéad uair, Scarriff Bay Radio, ag na cruinnithe CB ar fad i rith 2023.

Tionscadal Athnuachana Lár Baile na Scairbhe

I mí Eanáir 2022, d'fháiltigh Comhairle Contae an Chláir roimh fhógairt maoinithe luach €524,000 do Thionscadal Athnuachana na Scairbhe faoi Chatagóir CAFU 2. Soláthróidh Tionscadal Athnuachana na Scairbhe idirghabhálacha i gcroílár na Scairbhe a fheabhsóidh an ríocht phoiblí agus a sholáthróidh saoráidí pobail, turasóireachta agus fiontair i lár an bhaile. San áireamh tá Mol Nuálaíochta agus Rannpháirtíochta Ilseirbhíse agus ríocht phoiblí feabsaithe do Chearnóg an Mhargaidh i lár an bhaile mar aon le carrchlós a fhorbairt sa bhaile.

Ag tús 2023, chuir CB Chill Dalua tús le cead faoin Chuid VIII d'fhorbairt an charrchlóis agus d'athchóiriú foirgneamh ar an bPríomhshráid don Mhol Pobail agus Fiontair. Ina dhiaidh sin, díríodh ar an bpróiseas rannpháirtíochta suntasach le páirtithe leasmhara pobail lena n-áirítear Foireann Baile na Scairbhe agus Comhairle Pobail na

Scairbhe maidir le dearadh mionsonraithe Chearnóg an Mhargaidh, agus i mí na Samhna glacadh le forbairt Alt 38 d'athfhorbairt Chearnóg an Mhargaidh.

Chabhraigh cinneadh CB Chill Dalua carrchlós poiblí breise saor in aisce, 24 uair an chloig, a chur ar fáil i lár bhaile na Scairbhe, carrchlós ar féidir rochtain a fháil air go díreach ón R352 - Bóthar Bhaile Uí Bheoláin - agus a thugann rochtain do choisithe ar ár gCearnóg an Mhargaidh.

Cuireadh críoch leis an mbliain le cuireadh ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maidir le hiarratas maoinithe faoi Chatagóir 1 CAFU a bhí mar bhonn le cur ar chumas CB Chill Dalua, mar gheall ar an obair shuntasach a rinneadh agus infhaighteacht cead pleanála, iarratas láidir ar mhaoiniú CAFU a dhéanamh.

Tionscadal CAFU Beartaithe na Scairbhe *Straitéis Feabhsúcháin agus Soghluaisteachta Bhaile Chill Dalua-Bhaile an Átha (2022)*

Is é an aidhm atá le Plean Feabhsúcháin agus Soghluaisteachta Bhaile Chill Dalua-Bhéal an Átha tacú le cur chuige comhordaithe maidir le feabhsuithe ar an ríocht phoiblí laistigh de Chill Dalua i gContae an Chláir agus i mBéal an Átha i gContae Tiobraid Árann, agus fís shoiléir a sholáthar do Chill Dalua agus do Bhéal an Átha mar lonnaíochtaí nasctha.

Tá deiseanna sa phlean chun tairbhe a bhaint as sócmhainní an bhaile i dteannta a chéile chun an táirge turasóireachta a fhorbairt, níos mó cuairteoirí a mhealladh agus lántairbhe a bhaint as buntáistí eacnamaíocha áitiúla. I rith 2023, chuir CB Chill Dalua i gcomhpháirt le CB an Aonaigh, agus Comhairle Contae Thiobraid Árann tús le hobair chúlra agus le

staidéar agus é mar aidhm Iarratas CAFU Chatagóir 2 a ullmhú chun maoiniú féidearthachta a fháil don chéad bhabhta eile de mhaoiniú CAFU.

Seach-chonair Chill Dalua-Bhéal an Átha agus Trasnú Dhroichead na Sionainne

I rith 2023, leanadh ar aghaidh ag obair ar Sheach-chonair Chill Dalua, an trasnú droichid nua ar An tSionainn agus uasghrádú bhóthar réigiún an R494 idir Béal an Átha agus Cnocán an Éin Fhinn, agus ag deireadh na bliana suiteáladh an chéad thrus 40m trasna na Sionainne.

Baile Uí Chogaráin – Feabhsuithe Inrochtaineachta - Scéim an Bhonneagair Áineasa Amuigh faoin Aer (SBÁAA)

Ar an Aoine, an 22 Meán Fómhair, 2023, i gcomhpháirt le *Make Way Day* 2023, osclaíodh go hoifigiúil pontún ar snámh agus geata bordála nua chun rochtain a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas ar scairdscútair, mar aon le hardaitheoir míchumais agus luasc-ardaitheoir, ag taitneamhacht uisce Bhaile Uí Chogaráin/ Rinn na mBan.

Suiteáladh an tsaoráid seo i ndiaidh roinnt míonna de chomhairliúchán faoin deara i gCeantar Bardasach Chill Dalua le raon leathan páirtithe leasmhara míchumais. Is í an tsaoráid seo ceann de na chéad ardaitheoirí inrochtana poiblí agus limistéir chanúnna a bhfuil rochtain ag daoine a bhfuil deacrachtaí agus míchumais shoghluaisteachta acu atá oscailte i rith na bliana, saoráid a pháirtmhaoinigh maoiniú ó Scéim an Bhonneagair Áineasa Amuigh faoin Aer. Is céim thosaigh thábhachtach í seo I dtograí de chuid CB Chill Dalua chun an limistéar áineasa ginearálta a fheabhsú chun rochtain a thabhairt do gach duine agus chun taitneamhacht turasóireachta agus caithimh aimsire inbhuanaithe a chur ar fáil chun lántairbhe a bhaint as a shuíomh agus inrochtaineacht.

Ionad Conaire Rothar Sléibhe – Maoiniú Féidearthachta SBÁAA

I mí na Samhna, bronnadh maoiniú faoin Scéim Feabhsúcháin Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer ar Cheantar Bardasach Chill Dalua, i ndiaidh iarratas a dhéanamh níos túisce sa bhliain. Bronnadh Maoiniú Féidearthachta luach €50,000 chun scrúdú a dhéanamh ar an bpoitéinseal a bhaineann le hionad Conaire Rothar Sléibhe i Sliabh Bearnach. Fuarthas maoiniú i ndiaidh comhoibriú rathúil CB Chill Dalua i ndáil le hImeacht a reáchtáil i mBaile Uí Chogaráin níos túisce sa bhliain i mí Aibreáin 2023. Chomh maith leis

Oscailt oifigiúil pontúin inrochtana, ardaitheora míchumais agus lainse canúnna inrochtana.

sin, cabhraíonn an maoiniú féidearthachta le cuspóir atá sonraithe i *bPlean Oibre Straitéiseach Bhaill Thofa Chill Dalua* a sheachadadh a bhfuil sé mar aidhm leis lántairbhe a bhaint as áineas rothaíochta sléibhe i gceantar Bhaile Uí Chogaráin/Rinn na mBan.

Sceideal Oibreacha Ceantair Bhardasaigh 2023

Clár Feabhsaithe Athchóirithe 2023 – 29km de bhóthar uasghrádaithe a chosain €3,163,709.
Clár Cothabhála Athchóirithe 2022 – 38.58km de bhóthar uasghrádaithe a chosain €823,55.

Deontas Oibreacha Draenála
Cuireadh oibreacha luach €204,300 i gcrích lena n-áirítear uasghrádú ar phíbobair agus díoga draenála ar fud an CB.

Cosáin
Rinneadh uasghráduithe éagsúla ar an mbonneagar cosáin ar fud an CB lena n-áirítear cosáin ag Crois Chill Dalua, The Green, Cill Dalua agus Páirc Uí Raghallaigh, An Tulach. Seachadadh é seo trí úsáid a bhaint as Deontas IPB i gcomhar le ranníocaíochtaí páirteacha ó LBG na gComhairleoirí.

Scéim Feabhsúcháin Áitiúil
Rinneadh oibreacha uasghrádaithe ar thrí bhóthar phríobháideacha sa CB in 2023.

Scéim Rannpháirtíochta Pobail
Rinneadh oibreacha uasghrádaithe ar chúig bhóthar phríobháideacha sa CB in 2023.

Oibreacha Athshlánaithe Droichid
Rinneadh obair uasghrádaithe agus deisithe ar 11 dhroichead, sa CB in 2023, a chosain €200,000 ar fad.

Deontas Oiriúnaithe don Athrú Aeráide agus Oibreacha Athléimneachta
Cuireadh oibreacha feabhsúcháin bóthair agus draenála i gcrích in 2023 ag roinnt suíomhanna sa CB, oibreacha a chosain €263,000 ar fad.

Deontais Feabhsúcháin Shonracha agus Sábháilteachta In 2023, cuireadh feabhsuithe i gcrích ar an R-462 ó Thuaidh de An Tulach, ar acomhal an R-352/L-4036 ag Cluain Ó mBirn agus oibreacha ar an L-3084 i gCill Dalua, a chosain €120,000 ar fad.

Deontas Feabhsúcháin Lánroghnach Cuireadh feabhsúcháin i gcrích ar fud an CB in 2023, a chosain €170,000, lena n-áirítear cothabháil choisctheach droichid agus cosáin, oibreacha sábháilteachta tráchta, bearradh fáil, athsholáthar comharthaíochta, uasghrádú ar mharcálacha bóthair, agus deisiú tarmac neamhphleanáilte.

Taisteal Gníomhach
Forbraíodh agus cuireadh na tionscadail Taistil Ghníomhaigh seo a leanas i gcrích in 2023:

- An Tulach – cuireadh an tionscadal i gcrích i mí na Samhna 2023
- Drom an Dúdhoire – Cuireadh an tionscadal i gcrích i mí Meithimh 2023
- Páirc Clarisford – Cuireadh an tionscadal i gcrích i Meán Fómhair 2023.

Soláthar Seirbhíse
San áireamh sa soláthar seirbhíse a chuir na maoirseoirí agus an fhoireann allamuigh ar fáil bhí cothabháil bóithre de gach cineál, lena n-áirítear caiteachas de €220,000 ar bhóithre réigiúnacha, agus caiteachas de €580,000 ar chothabháil bóithre áitiúla. Chomh maith leis sin, bhain oibreacha eile a cuireadh i gcrích le glaoch amach a bhain le hadhaimsir agus le héigeandálaí cothabhála geimhridh, cabhrú le An Garda Síochána agus leis na seirbhísí éigeandála, bainistíocht tráchta agus freagairt do ghearáin ón bpobal i gcoitinne.

Ceantar Bardasach Shionainne

Toghadh an Comhairleoir Donna McGettigan ó Shionainn mar Chathaoirleach ar Cheantar Bardasach na Sionainne ar an 29 Meitheamh, 2023, agus ghlac an Comhairleoir John Crowe le cúraimí an Leas-Chathaoirligh. D'fheidhmigh an Comh. Michael Begley mar Chathaoirleach sular toghadh an Comh. Donna McGettigan ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil a reáchtáladh i suíomh stairiúil Chaisleán agus Dhaonpháirc Bhun Raite. Ba í an Comh. McGettigan an chéad Chathaoirleach baineann ó bunaíodh struchtúr nua Cheantar Bardasach Shionainne in 2014.

Reáchtáiltear Cruinnithe an Cheantair Bhardasaigh ar an tríú Máirt gach dara mí. I measc Baill Thofa Cheantar Bardasach Shionainne tá: an Comh. PJ Ryan, an Comh. Pat McMahon, an Comh. Gerry Flynn, an Comh. Michael Begley, an Comh. Pat O Gorman, an Comh. John Crowe, an Comh. Donna McGettigan. Tá ról ríthábhachtach ag na Baill Thofa in iondaíocht a dhéanamh do agus i dtacú lena bpobail agus i cáilíocht saoil chónaitheoirí Cheantar Bardasach Shionainne a fheabhsú trí thionscadail agus trí thionscnaimh éagsúla a sheachadadh i rith 2023. I measc cuid de bhuaicphointí 2023 bhí na tionscadail agus na himeachtaí suntasacha seo a leanas.

Féile Pobail agus Teaghlaigh Chora Chaitlín & Craobhchomórtas Oscailte Gailf na mBan

Bíonn pobail iomlán páirteach i bhféilte agus sin mar a bhí i gCora Chaitlín tráth ar reáchtáladh 'Féile an 19ú Poll' sa bhaile ag tús Mheán Fómhair 2023 i gcomhar le Craobhchomórtas Oscailte Gailf na mBan.

Bhí tacaíocht agus díograis an phobail mar bhonn leis an rath a bhí ar eagrú na féile. Bhí cuma shlachtmhar ar an mbaile agus b'fhiú go mór an obair ar fad a dhéanamh. Cruthaíodh timpeallacht fháiltiúil - bhí stiallbhratacha crochta, bhí soilse speisialta lasta don fhéile, bhí na foirgnimh díreach péinteáilte, bhí bláthanna ar taispeáint agus bhí neart comharthaí le feiceáil ar fud na háite. Bhí sluaite móra ag triall ar na himeachtaí agus cúis áthais dúinn go raibh an oiread sin daoine as ar fud an Chontae agus ó níos faide i gcéin ag teacht le chéile chun píosa spraoi a bheith acu agus chun taitneamh a bhaint as an raon éagsúil ceoil agus as na gníomhaíochtaí teaghlaigh éagsúla. Reáchtáladh imeachtaí ag Páirc O'Regan, An Múchán agus ag 'An Fhaiche' i lár an bhaile. Bhí an ghrian ag scaladh rud a chuir go mór leis an atmaisféar agus bhí spéaclaí gréine agus uachtar reoite ar fáil do chách. Buntáiste eile a bhain leis seo ba ea an tairbhe a bhain an geilleagar áitiúil as. Thairg an t-imeacht 2 dhá i gCora Chaitlín eispéireas roinnte ar bhain daoine de gach aois taitneamh as agus deis a bhí ann freisin do theaghlaigh cuimhní iontacha a thabhairt leo.

Bhí baint ag Foirne an CB le cosán lánfhada nua a thógáil i rith 2023 a shíneann ó The Inn ag Drom Ólainn chomh fada le baile Chora Chaitlín. Chomh maith leis sin, cuimsítear sna hoibreacha rotharbhealach tiomnaithe ó Dhrom Ólainn go dtí gar don sráidbhaile, a chiallaíonn go mbeidh rothaithe sábháilte. D'oibrigh CB Shionainne i ndlúthpháirt le TII agus le Colas Ireland i ndáil leis na hoibreacha feabhsúcháin ag an timpeallán ag The Inn ag Drom Ólainn. Lena chois sin, suiteáladh fálú sábháilteachta in aice le pointí fágála an timpealláin. Bhí inneall glanta sráide beag ar fáil freisin chun cabhrú leis an gceantar a ghlanadh gach lá fad is a bhí Craobhchomórtas Oscailte Gailf na mBan ar siúl.

Dámhachtainí Feabhais Rialtais Áitiúil

Gearrliostaíodh Conair Scéimhe Chlaífort Shionainne do Dhámhachtainí Feabhais Rialtais Áitiúil 2023 i gcatagóir an Tionscnaimh Cheantair Bhardasaigh. Is 3 km de bhealach inrochtana lúbtha 7.5km é Conair Scéimhe Chlaífort Shionainne a ritheann feadh dheisceart inbhear Shionainne i mBaile Shionainne. Tá na radhairc atá le feiceáil ar an mbealach dochreidte agus is é Illaunamanagh i Sionainn an túsphointe. Cuimsítear ann limistéar foraoise freisin mar aon le radhairc iontacha den inbhear ar limistéar faoi chaomhnú speisialta é. Is áit speisialta í seo mar gheall ar an suíomh - ceann de na láithreáin is tábhachtaí in Éirinn d'éin uisce géim agus lapairí. Reáchtáiltear imeacht rith páirce seachtainiúil ar an gconair gach agus bíonn na céadta daoine de bhunadh na háite agus cuairteoirí araon ag triall ar an imeacht seo. Soláthraíonn carrchlós feabhsaithe na Comhairle spás páirceála slán, sábháilte do gach rannpháirtí. Tá baile Shionainn oiriúnach do rothaithe, do shiúlóirí agus d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí agus cinntíonn an Bealach Scéimhe Claífoirt seo go bhfuil caighdeán agus cáilíocht saoil níos airde ag gach duine. Maoiníodh oibreacha don tionscadal seo trí

SBÁAA, LBG agus acmhainní dílse. Cuimsíodh béim ar aird a tharraingt ar láithreacht fiadhúlra áitiúil sa chomharthaíocht atá le fáil feadh na siúlóide agus tá cóid QR le fáil ar gach cód freisin a cheadaíonn rochtain ar fhaisnéis do shiúlóirí a bhfuil riachtanais bhreise acu.

Campas Future Mobility

D'fhreastail an Leas-Chathaoirleach, John Crowe, ar imeacht Electronomous ar an 20 Meán Fómhair 2023 ag Campas Future Mobility i Sionainn. Páirteach san imeacht seo bhí imreoirí domhanda ón éiceachóras soghluaisteachta, uathghluaisneach agus eitlíochta. Phléigh painéal cainteoirí nithe cosúil le taighde iompair agus soghluaisteachta, iompar poiblí comhtháite agus soghluaisteacht neamhspleách chomhroinnte do chlúdach iompair chothromasaigh, flíteanna a leictriú, iarthar na hÉireann mar mhol teicneolaíochta domhanda etc. D'óstáil an Leas-Chathaoirleach, John Crowe, imeacht lóin le Padraic McElwee, Ceannasaí na hOifige Fiontair Áitiúil, Comhairle Contae an Chláir.

Scéimeanna Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte

Cluain Lára, Drom Gaibhle agus Bun Raite

Is príomhthionscnamh faoin bPlean Gníomhaíochta dar teideal Ár bPoitéinseal Tuaithe a Réadú agus faoi Thionscadal Éireann 2024 é an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte. Bhain Cluain Lára, Drom Gaibhle agus Bun Raite tairbhe as an Scéim seo in 2023. I gCluain Lára, i measc na n-oibreacha a rinneadh bhí plás lárnach a fhorbairt i lár an tsráidbhaile mar aon le suíocháin agus oibreacha uasghrádaithe eile. Cuireadh an clár oibreacha seo i gcrích ar aon dul le huasghrádú príomhphíobáin uisce a chuaigh chun tairbhe Cheantar Chluain Lára go mór freisin. San áireamh sa Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte in Drom Gaibhle bhí oibreacha cosúil le huasghrádú na ríochta poiblí, pábháil, obair chloiche, suíocháin, uasghrádú soilsithe etc. a chuaigh chun tairbhe an limistéir atá ar fáil do na cónaitheoirí. Cuireadh oibreacha feabhsúcháin i gcrích i mBun Raite freisin, lena n-áirítear uasghrádú na ríochta poiblí, obair chloiche, comharthaí 'slí isteach', a chuirfidh tuilleadh feabhais fós ar an gceann scríbe cáiliúil seo thurasóirí.

Ag comhoibriú le An Garda Síochána

In 2023 bhí cumarsáid agus comhoibriú rialta idir na Gardaí agus an CB chomh fada is a bhain le déileáil le riachtanais an phobail agus leis na hábhair a bhí ag déanamh imní dóibh. Táthar ag díriú ar thionscnaimh cosúil le faire comharsanachta agus cláir feasachta scoile tríd an gcur chuige comhpháirteach seo. Ceadaíonn sé seo réitigh ilghnéitheacha a chur chun feidhme chun déileáil le fadhbanna cosúil le hiompar frithshóisialta agus coireacht.

Líonraí láidre a bhunú le príomhpháirtithe leasmhara: Cruinniú CB ag campas BOOLC

Reáchtáil Ceantar Bardasach Shionainne cruinniú mhí Mheán Fómhair 2023 ag Campas Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh & an Chláir i Sionainn agus ghlac sé páirt i gcuairt láithreáin an-spéisiúil mórthimpeall ar an tsaoráid i ndiaidh an chruinnithe. Roinn BOOLC eolas leis na Baill maidir leis na cúrsaí printíseachta éagsúla atá ar fáil lena n-áirítear cúrsaí a bhaineann le pluiméireacht, leictreachas, cothabháil aerárthaí, spraephéinteáil, táthú (lena n-áirítear píbtháthú fithise), oibriú miotail, cuisniú agus aerchóiriú etc. Tá na cúrsaí ar fad a thairgtear deimhnithe rud a chiallaíonn go mbeidh deiseanna maithe fostaíochta ag na rannpháirtithe amach anseo.

Is é príomhfheidhm an champais printíseachtaí Chéim 2 a sheachadadh agus tá 2,500 printíseach ag fanacht chun tús a chur leis an gcéim seo. Chonaic na Comhairleoirí na printísigh ag obair i rith na gceardlann agus bhí siad an-tógtha leis an oiliúint phraiticiúil, ar an láthair, agus leis an deis a bhí ag na printísigh chun sainscileanna agus saineolas ábhartha dá réimse roghnaithe a fhorbairt. Tá solúbthacht ag

baint leis na cláir seo, de bhrí gur féidir le céimithe a bheith ag obair in earnálacha éagsúla cosúil le tógáil, eitlíocht nó déantúsaíocht, agus gur féidir le tuarastail an-iomaíocha a thuilleamh. Oibríonn BOOLC i ndlúthchomhar leis na meánscoileanna Idirbhliana in An Cláir agus soláthraíonn sé deiseanna do ranganna beaga mac léinn chun páirt a ghlacadh i gclár praiticiúil thar thréimhse coicíse. Tá ról lárnach ag Campas BOOLC i Sionainn chun cur ar chumas go leor daoine fostaíocht fhadtéarmach a aimsiú trína sainchláir oiliúna.

Deontais Pobail

I rith 2023, bronnadh leithdháileadh maoinithe iomlán luach

€18,000 ar ghrúpaí agus ar eagraíochtaí éagsúla lena n-áirítear grúpaí spóirt, cultúrtha, stairiúil agus pobail faoi Scéim Deontais Pobail Cheantar Bardasach Shionainn. Is é cuspóir na scéime deontais eagraíochtaí pobail áitiúla agus grúpaí pobail atá gníomhach i réimsí forbartha cultúrtha, ealaíne agus pobail an cheantair a spreagadh agus tacú leo.

Ócáid oifigiúil chun ceiliúradh a dhéanamh ar lasadh na soilse Nollag Chas an Cathaoirleach, an Comh. Donna McGettigan, na soilse air i bPáirc Bhaile Shionainne ar an 4 Nollaig. Bhí atmaisféar iontach féiltiúil le brath i rith an imeachta seo i bPáirc Bhaile Shionainne i mí na Nollag agus is ceiliúradh a bhí ann ar chónaitheoirí a bheith ag teacht le chéile agus dearmad a bheith á dhéanamh ar bhacainní cultúrtha agus tús áite a bheith á thabhairt do chairdeas agus d'ardú meanman. Bhí Cór Soiscéalach áitiúil Shionainn i mbun na siamsaíochta agus ina dhiaidh sin bhain an tUasal agus Bean Claus (Cathaoirleach Donna McGettigan) an áit amach i bhfeithicil speisialta. Bhí na leanaí ag súil go mór le bualadh leis an Uasal agus le Bean Claus a d'fhág an Pol Thuaidh chun cuairt a thabhairt ar Shionainn.

Imeacht comhairliúcháin phoiblí faoi Mhol One Shannon

Cúis áthais do phearsanra agus Comhairleoirí an CB cabhrú leis an imeacht comhairliúcháin phoiblí 'One Shannon Hub' a reáchtáladh ar an 7 agus 8 Nollaig, 2023. Is tionscadal spreagthach é seo do Shionainn agus tacóidh sé hathrú dáiríre sa bhaile. Beidh sé mar bhonn le Sionainn a fheabhsú trí chroí sóisialta nua a chur ar fáil don bhaile. D'eagraigh an CB feachtas chun bileoga eolais faoin imeacht a dháileadh ar thithe agus ar ghnóthaí in aice láimhe. I measc na gclár faisnéise ar taispeáint bhí ábhar faoin máistirphlean, oibreacha leantacha críochnaithe agus ar siúl sa cheantar, agus roghanna coincheapa. D'fhreastail líon mór daoine ar na himeachtaí ar an dhá lá agus bhí an t-aiseolas a fuarthas an-dearfach.

Seo a leanas roinnt samplaí den aiseolas a fuarthas: *'Smaointe dearaidh iontacha! Tá mol lárnach ag teastáil ó Shionainn agus gach seans gurb é seo an rud atá uainn'. 'Plean iontach.'*
'Rogha thaibhithe eile seachas Glór, faoi láthair bíonn fonn orm Sionainn a fhágáil.'

Cuirfear iarratas ar mhaoiniú CAFU isteach nuair a fhógrófar an sruth maoinithe seo in 2024.

Comhlachas Tráchtála Shionainn: Imeacht lóin an Uachtaráin

D'fhreastail an Leas-Chathaoirleach, John Crowe, ar imeacht lóin bhliantúil Chomhlachas Shionainn an Uachtaráin agus ba é an tAire Airgeadais, Michael McGrath, an t-aoichainteoir. Ina eochairaitheasc mhol sé an poitéinseal a bhaineann le Máistirphlean Bhaile Shionainn. Shonraigh an tAire McGrath gur treochlár an-spéisiúil a bhí ann do thodhchaí an bhaile a áirítear ann an tsaoráid ilfheidhmeach,

Mol One Shannon. Fuarthas an maoiniú tosaigh don Mháistirphlean tríd an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach. Chomh maith leis sin, tagraíodh do Scéim Cosanta Tuilte Bhaile agus Phurláin Shionainne agus d'fhás Aerfort na Sionainne. Ábhar dóchais ba ea gur dheimhnigh an tAire McGrath go mbeidh obair forbartha caipitil poiblí leanúnach ar siúl sa réigiún seo.

Achoimre ar Oibreacha Eile

Sceideal Oibreacha Ceantair Bhardasaigh	Cuireadh an Clár Feabhsaithe Athchóirithe agus an Clár Cothabhála Athchóirithe i gcrích i rith 2023.
Cora Chaitlín	Cuireadh oibreacha deisithe i gcrích ar bhóthar ag cúl tithe ar Bhóthar Inse.
Bealach 'Slí na Sláinte'	Tá oibreacha curtha i gcrích ar bhealach 'Slí na Sláinte' gar don timpeallán in aice le Lár an Bhaile/Lidl i Sionainn. Tá an bealach seo nasctha le siúlbhealaí eile atá forbartha i gcroílár bhaile Shionainne cheana féin.
Westbury	Tá trasrian coisithe nua curtha ar fáil.
Trealamh Corpacmhainne Amuigh faoin Aer	Ar an 30 Samhain 2023 cuireadh tús le hOibreacha Láithreáin ag suíomhanna éagsúla feadh na siúlóide lúbtha.
Bearradh Fáil	Bearradh fálta ar fud an CB in 2023.
Trasrianta Coisithe	Cuireadh oibreacha i gcrích ag dhá thrasrian coisithe ag Droichead Abhann Ó gCearnaigh agus ag Crois Barry in Ard na Croise.
Cluain Lára	Spásanna páirceála nua (5) i gCluain Ómra, Cluain Ómra.
Bruach na Sionainne	Rinneadh oibreacha feabhsaithe athchóirithe forleagain bóthair ag go leor suíomhanna sa CB lena n-áirítear Bruach na Sionainne agus Droichead Abhann Ó gCearnaigh.
Cothabháil Crann	Rinne conraitheoir crann oibreacha cothabhála crann ar fud an CB.
Inneall Glanta Sráide Beag	Baineadh neart úsáide as an inneall glanta sráide beag ar fud an CB agus tá obair mhór déanta leis ar fud cheantar Shionainne - tá duilleoga, ciumhaiseanna, etc. bainte.
SBÁAA Chora Chaitlín	Cuireadh múrphictiúr spóirt i gcrích mar chuid den tionscadal áineasa amuigh faoin aer. Is ionann an múrphictiúr agus bealach chun ceiliúradh a dhéanamh ar éachtaí spóirt áitiúla, cuireann sé luach leis an gcomharsanacht agus is pointe fócais sa cheantar é ar fiú súil a chaitheamh air.
Stáisiún Iarnróid Dhroichead Abhann ó gCearnaigh	Suiteáladh bacainn slándála lasnairde i rith 2023 mar aon le mullaird mhoillithe tráchta.
Scoil Chora Chaitlín	Trasrian coisithe ardaithe nua, uasghrádú cosáin agus moilliú tráchta ag an scoil.
Eastát Bhaile Uí Chathasaigh Mór	Mullaird athshuiteáilte nua agus uasghrádú dromchla ag eastát Bhaile Uí Chathasaigh Mór taobh le scoil Aodháin i Sionainn.
Tailte Lúthchleasaíochta Shionainn	Oibreacha Glanta Láithreáin tríd an gCiste Aitheantais Pobail.
An Bhratach Ghlas coimeádta in 2023	Choimeád Páirc Baile Shionainn Gradam Aitheanta na Brataí Glaise in 2023 – rud a cinntíodh trí chomhoibriú le líon comhlachtaí a bhfuil sé mar aidhm acu na caighdeáin is airde a chinntiú.

Ceantar Bardasach Iarthar an Chláir

Toghadh an Comh. Ian Lynch mar Chathaoirleach ar Cheantar Bardasach Iarthar an Chláir ag an CGB a reáchtáladh ar an Déardaoin, an 22 Meitheamh, tráth ar ghlac sé leis an ról ón gComh. Shane Talty. Toghadh an Comh. Joe Killeen mar Leas-Chathaoirleach do CB Iarthar an Chláir.

Is é seo a leanas an fhís uileghabhálach do Cheantar Bardasach Iarthar an Chláir:

Athghiniúint agus inbhuanaitheacht ár mbailte agus sráidbhailte agus é mar aidhm a chinntiú gurb é Iarthar an Chláir an áit is fearr chun cónaí inti, oibriú inti agus cuairt a thabhairt orthu de réir an oird tosaíochta sin.

Reáchtáladh cruinnithe Ceantair Bhardasaigh ar bhonn démhíosúil i rith 2023. Phléigh baill CB Iarthar an Chláir an soláthar seirbhísí laistigh den cheantar agus rinne siad iarracht dlús a chur le forbairt straitéiseach saoráidí agus taitneamhachtaí sna bailte agus sna sráidbhailte sa cheantar. Reáchtáladh CGB CB Iarthar an Chláir ar an 22 Meitheamh, 2023. Toghadh an Comh. Ian Lynch mar Chathaoirleach agus an Comh. Joe Killeen mar Leas-Chathaoirleach.

Chomh maith leis sin, ghlac na baill leis an bplean buiséid agus chomhaontaigh siad ar Leithdháileadh Bardasach Ginearálta de €441,000 i gcomhair 2024 ag an gcruinniú buiséid a reáchtáladh ar an 14 Samhain, 2023.

Bhain baill tairbhe as a gcumhachtaí i rith na bliana i ndáil leis an méid seo a leanas:

- Breithniú agus glacadh le Sceideal Oibreacha an Cheantair Bhardasaigh do 2023
- Tógáil i gcúram bóithre in eastáit de réir Alt 11 d'Acht na mBóithre, 1993
- Diúscairt réadmhaoine faoi úinéireacht na Comhairle Alt 183 ag suíomhanna éagsúla laistigh den CB
- Bearta moillithe tráchta Alt 38 ag roinnt suíomhanna
- Glacadh le Fodhlíthe um Páirceáil Thar Oíche agus tháinig siad i bhfeidhm ar an 23 Lúnasa, 2023, i Lios Dúin Bhearna, trá na Duimhche Móire agus Teach Solais Cheann Léime.

Plean Oibre Straitéiseach

Lean na baill thofa agus an Feidhmeannas ar aghaidh leis an Straitéis agus leis an bPlean Oibre do Cheantar Bardasach Iarthar an Chláir a sheachadadh, a forbraíodh in 2020. Leagtar amach sa phlean gníomhartha agus tascanna téamacha don tréimhse idir 2019-2025.

Soláthar Seirbhíse

I measc na seirbhísí a sholáthair Maoirseoirí agus baill foirne Lasmuigh bhí: cothabháil bóithre de gach cineál, glaoch amach éigeandála, cabhrú le An Garda Síochána agus leis an tSeirbhís Dóiteáin, bainistíocht tráchta, freagairt do ghearáin phoiblí agus déileáil le saincheisteanna timpeallachta.

I measc an tsoláthair seirbhíse leanúnaí in Inis Díomáin agus i gCill Rois bhí:

- Airgead a bhailiú agus a admháil e.g. cíosanna tithíochta, rátaí tráchtála, mótarcháin, etc.
- Cabhrú le fiosrúcháin ó chustaiméirí agus déileáil le gearáin ó chustaiméirí.
- Glacadh le hiarratais éagsúla agus iad a phróiseáil – iarratais tithíochta, ceadúnais scafalra, iarratais ar cheadúnas oscailte

bóithre, etc.

- Idirchaidreamh le hionadaithe tofa.
- Obair riaracháin a bhaineann leis an Sceideal Oibreacha Ceantair Bhardasaigh a chur i gcrích.

Taitneamhachtaí

I rith an tSamhraidh in 2023 bhí go leor daoine ag triall ar thránna Brataí Goirme agus ar thaitneamhachtaí i dtuaisceart agus i iarthar an Chláir. Chuir an líon mór daoine brú suntasach ar fhoireann an CB chomh fada is a bhain leis na saoráidí a ullmhú agus a chothabháil de réir ardchaighdeáin.

Toghlimistéar Áitiúil Inis Díomáin

I measc na n-oibreacha a cuireadh i gcrích in TLÁ Inis Díomáin i rith 2023 bhí:

- Sceideal d'oibreacha CB – féach ar na sonraí thíos.
- Tránna agus Taitneamhachtaí – ár mbailte agus sráidbhailte cois trá a chothabháil ag ardchaighdeán agus iarracht a dhéanamh iad a fheabhsú mar aon leis na seirbhísí gaolmhara sna bailte agus sna sráidbhailte sin. San áireamh anseo tá oibritheoirí trá séasúracha a cheapadh. Mar chuid de thionscadal sonrach amháin rinne obair athchóirithe ar an mbloc leithris ag Trá Fhánórach.

- Cosáin – sa bhreis ar na tionscadail Taistil Ghníomhaigh thíosluaite, rinneadh oibreacha deisithe/uasghrádaithe ar fud an TLÁ lena n-áirítear in Inis Díomáin, Lios Dúin Bhearna, Sráid na Cathrach, Lios Dúin Bhearna, Rinn na Spáinneach agus Eidhneach.
- Glanadh sráideanna – bhí foirne i mbun oibre i mbailte éagsúla ar fud an TLÁ, agus go minic bhídís ag obair i gcomhpháirt le grúpaí pobail.
- I measc na dtionscadal eile a cuireadh i gcrích bhí:

Taisteal Gníomhach

Rinneadh dul chun cinn i ndáil leis na tionscadail Taistil Ghníomhaigh seo a leanas i rith 2023:

- Sráid na Cathrach – cuireadh cosán nua i gcrích ar Bhóthar na hInse, obair a chosain €181,387.
- Rinn na Spáinneach – cuireadh soilse poiblí nua ar fáil agus cuireadh síneadh le cosáin in 2023, oibreacha a chosain €117,939.
- Lios Dúin Bhearna – cuireadh an trasrian coisithe i gcrích ag costas €115,997.

Bealach Sábháilte chun na Scoile

Fuair Scoil Náisiúnta na hEidhní maoiniú faoin gclár Bealach Sábháilte chun na Scoile chun bealach siúil agus rothaíochta sábháilte chun na scoile a chur ar fáil in 2022. Cuireadh na hoibreacha i gcrích in 2023.

Rannpháirtíocht an Phobail

Cabhrú le grúpaí pobail éagsúla chun tionscadail éagsúla a chur chun feidhme ar fud an TLÁ. Sampla amháin ba ea, i gcomhar le Bailte Slachtmhara Inis Díomáin, gur soláthraíodh soithí plandaí plaisteacha do bhláthanna chun cuma an tsráid-dreacha ar an bpríomhshráid a fheabhsú.

Tionscadal Raonta & Conairí Malbay

Cuireadh bealach raoin agus conaire 1.6km i gcrích in 2023, trí bheith ag obair leis an bpobal agus le húinéirí talún áitiúla. San áireamh sa chonair siúil lasmuigh seo bhí stráice feadh shean-Iarnród Iarthar an Chláir. Cuireadh maoiniú ar fáil faoin Scéim Bhonneagair Áineasa Amuigh faoin Aer.

Sceideal Oibreacha Ceantair Bhardasaigh i gcomhair TLÁ Inis Díomáin 2023

Clár Feabhsaithe Athchóirithe 2023

24km de bhóthar uasghrádaithe, obair a chosaint €2,664,202.

Clár Cothabhála Athchóirithe 2023

29km de bhóthar uasghrádaithe, obair a chosaint €761,806.

Deontas Draenála

Cuireadh oibreacha luach €446,053 i gcrích lena n-áirítear uasghrádú ar phíbobair agus díoga draenála ar fud an CB.

Scéim Feabhsúcháin Áitiúil

Cuireadh oibreacha uasghrádaithe i gcrích ar naoi mbóthar sa TLÁ in 2023, oibreacha a chosain €644,247.

Scéim Rannpháirtíochta Pobail

Rinneadh oibreacha uasghrádaithe ar dhá bhóthar sa TLÁ in 2023, oibreacha a chosain €126,317.

Scéim Sábháilteachta Ísealchostais

Rinneadh oibreacha feabhsúcháin ag dhá shuíomh sa TLÁ in 2023, agus chosain na hoibreacha seo €72,436.

Toghlimistéar Áitiúil Chill Rois

I measc na n-oibreacha a rinneadh in TLÁ Chill Rois in 2023 bhí:

- Sceideal d'oibreacha CB (féach thíos)
- Cosáin, lena n-áirítear rochtain feabhsaithe do dhaoine faoi mhíchumais i gCill Chaoi, Cill Rois, Lios Uí Chathasaigh, Cill Mhichíl, Cill an Dísirt agus Cill Mháille
- Oibreacha deisithe éigeandála i ndiaidh dálaí adhaimsire lena n-áirítear ar an N68 i Lios Uí Chathasaigh
- Tránna – a chinntiú go bhfuil ár mbailte agus sráidbhailte cois trá á coimeád ag ardchaighdeán i rith shéasúr an tsamhraidh. San áireamh anseo bhí oibritheoirí trá séasúracha a cheapadh
- Glanadh sráideanna – Bhí foireann i gCill Roise agus foireann i gCill Chaoi dírithe ar ghlanadh sráideanna. Chomh maith leis sin, bíonn an dá fhoireann ag freastal ar roinnt sráidbhailte satailíte.
- Tionscadail eile:
  - Oibreacha feabhais ag Séadchomhartha agus clár faisnéise Mhairtírigh Mhanchain

  - Stáisiúin rothar a shuiteáil ag roinnt

suíomhanna feadh bhealach EuroVelo

- Oibreacha athraithe aeráide ag Ceathrú na gCros

  - Oibreacha BALAMI ag roinnt céanna agus cuanta lena n-áirítear ag Leaba

Shíoda

  - Oibritheoirí trá agus foireann CB ag Tránna Brataí Goirme Chill Chaoi

  - Oibreacha feabhais ag an mbealach isteach chuig Coillte Vandeleur taobh leis an Teach Geata. Chomh maith leis sin, cuireadh oibreacha i gcrích ar thionscadal *Cykilrush* trí cheantar agus coillte Chill Rois, suiteáladh comharthaíocht agus rinneadh oibreacha feabhais ar cheithre rotharbhealach shlímharcáilte sa cheantar.
  - Cuireadh roinnt Scéim Sábháilteachta Ísealchostais i gcrích in 2023 lena n-áirítear ag Tír Mhic Calláin.
  - Cuireadh oibreacha éigeandála damáiste stoirme i gcrích ag deireadh 2023 agus ag an balla mara in An Cnoc.
  - Rinneadh oibreacha uasghrádaithe dromchla ag Ceann Sheoirse, Cill Chaoi. Chomh maith leis sin, éascóidh na hoibreacha seo spásanna páirceála breise a chur ar fáil ag an suíomh fíorálainn seo.

Sceideal Oibreacha Ceantair Bhardasaigh TLÁ Chill Rois 2023

Clár Feabhsaithe Athchóirithe 2023

24km de bhóthar uasghrádaithe, obair a chosaint €3,253,994.

Clár Cothabhála Athchóirithe 2023

39km de bhóthar uasghrádaithe, obair a chosaint €913,946.

Deontas draenála

Cuireadh oibreacha a chosain €235,800 i gcrích lena n-áirítear uasghrádú ar phíbobair agus ar dhíoga draenála ar fud TLÁ Chill Rois.

Bearradh Féir

Ceapadh conraitheoirí chun na limistéir ghlasa phoiblí i gCill Rois agus i gCill Chaoi a chothabháil.

Scéim Feabhsúcháin Áitiúil

Rinneadh oibreacha uasghrádaithe ar ocht mbóthar in TLÁ Chill Rois in 2022, ag costas €650,000.

Scéim Rannpháirtíochta Pobail

Rinneadh oibreacha uasghrádaithe ar thrí bhóthar in TLÁ Chill Rois in 2023, ag costas €224,000.

Taisteal Gníomhach

Cuireadh na tionscadail Taistil Ghníomhaigh seo a leanas i gcrích in 2023:

- Oibreacha cosáin i gCill Mháille agus i Lios Uí Chathasaigh (i gcomhar leis an Oifig um Dhearadh Bóithre).

Oiriúnú & Athléimneacht don Athrú Aeráide

Cuireadh líon beag tionscadal i gcrích in 2023 lena n-áirítear:

- Ardaíodh balla mara na hAille Rua
- Rinneadh oibreacha draenála ag Crois agus Droichid Rois.

Scéim Sábháilteachta Ísealchostais

Rinneadh Oibreacha Feabhsaithe Sábháilteachta ag Tír Mhic Calláin chun amharclínte atá ar fáil ag an acomhal fo-chaighdeánach seo a fheabhsú.

Rinneadh oibreacha breise ag Cuar an Chláir agus ag Fíoch Rua.

RÁITEAS AIRGEADAIS GHIORRAITHE: DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2018

Ioncam agus Caiteachas	2023	2022	2021
	€'000	€'000	€'000
Deontais Stáit	64.5	58.0	67.0
Cáin Mhaoine Áitiúil	7.9	8.0	8.0
Earraí agus Seirbhísí	58.2	40.5	30.2
Rátaí Tráchtála	44.5	43.9	42.0
Ioncam ó Údaráis Áitiúla Eile	-	0.0	0.1
Tobhach Pinsin			
Ioncam Iomlán	**175.1**	**150.4**	**147.3**
Caiteachas Iomlán	**151.7**	**132.5**	**135.1**
Barrachas / (Easnamh) don bhliain roimh aistrithe	23.4	17.9	12.1
Aistrithe ó / chuig Cúlchistí	(23.1)	(17.7)	(11.9)
Barrachas / (Easnamh) Foriomlán don Bhliain	0.24	0.21	0.18
Cúlchiste Ioncaim Ghinearálta / (Easnamh) - Tosaigh	3.1	2.9	2.7
Cúlchiste Ioncaim Ghinearálta / (Easnamh) - Dúnta	3.3	3.1	2.9
An Clár Comhardaithe	2023	2022	2021
	€'000	€'000	€'000
Sócmhainní Seasta	2,917.2	2,868.8	2,814.3
Obair idir Lámha agus Réamhchostais	92.0	56.7	60.9
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	49.2	41.7	32.6
Sócmhainní Reatha	111.8	104.4	76.2
Dliteanais Reatha	(60.0)	(61.1)	(43.5)
Glansócmhainní Reatha / (Dliteanais)	**51.8**	**43.2**	**32.7**
Creidiúnaithe (Méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)	(118.9)	(113.1)	(92.9)
Glansócmhainní	**2,991**	**2,897**	**2,848**
Arna mhaoiniú ag			
Cuntas Caipitlithe	2917.2	2,868.8	2,814.3
Ioncam Obair ar Siúl	90.7	55.6	59.7
Cúlchistí Ioncaim Shonraigh	-	-	-
Cúlchistí Ioncaim Ghinearálta	3.3	3.1	2.9
Iarmhéideanna Eile	(20.0)	(30.2)	(29.3)
Cúlchistí Iomlána	**2,991**	**2,897**	**2,848**

SEIMINEÁIR/COMHDHÁLACHA/CÚRSAÍ OILIÚNA AR FHREASTAIL
COMHAIRLEOIRÍ CONTAE AN CHLÁIR ORTHU IN 2023

Comhdháil dar teideal "Tithíocht Mhodúlach in Éirinn" a reáchtáladh i gCairlinn, Co. Lú idir an 3 – 5 Feabhra 2023. (Bhí 1 bhall i láthair)
Comhdháil AIR dar teideal "Fócas ar Réigiúin" a reáchtáladh i Muineachán idir an 7 – 9 Feabhra 2023. (Bhí 3 bhall i láthair)
Modúl Oiliúna 1 do Bhaill Thofa ARÁÉ dar teideal "Treoir Eolais ar an Acht um Athchóiriú Toghcháin" a reáchtáladh i Luimneach ar an 25 Feabhra 2023. (Bhí 1 bhall i láthair)
Seimineár Oiliúna an Earraigh CCÚÁ dar teideal "Printíseacht agus Tionscnaimh Thógála na Todhchaí" a reáchtáladh i mBeanntraí, Co. Chorcaí idir an 2 – 4 Márta 2023. (Bhí 12 bhall i láthair)
Modúl Oiliúna 2 do Bhaill Thofa ARÁÉ dar teideal "Pleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide Údaráis Áitiúil – Pobail Inbhuanaithe a Fhorbairt" a reáchtáladh i Loch Garman ar an 23 Márta 2023. (Bhí 12 bhall i láthair)
Modúl Oiliúna 2 do Bhaill Thofa ARÁÉ dar teideal "Pleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide – Pobail Inbhuanaithe a Fhorbairt" a reáchtáladh i nDún Dealgan ar an 25 Márta 2023. (Bhí 2 bhall i láthair)
Comhdháil Bhealach Ghleann na Suca dar teideal "Cruthaitheacht Thuaithe a Spreagadh" a reáchtáladh i Ros Comáin idir an 5 – 6 Aibreán 2023. (Bhí 7 bhall i láthair)
Comhdháil Oiliúna Bhliantúil ARÁÉ 2023 a reáchtáladh i gCill Chainnigh idir an 19 - 20 Aibreán 2023. (Bhí 16 bhall i láthair)
Comhdháil Aeráide dar teideal "Deiseanna Eacnamaíocha an Ghníomhaithe ar son na hAeráide" i dTulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí ar an 26 Aibreán 2023. (Bhí 1 bhall i láthair)
Modúl Oiliúna 3 do Bhaill Thofa ARÁÉ dar teideal "Forléargas ar Reachtaíocht Phleanála agus ar Threoir Bheartais Reatha" a reáchtáladh in An Muileann gCearr ar an 15 Meitheamh 2023. (Bhí 3 bhall i láthair)
Modúl Oiliúna 4 do Bhaill Thofa ARÁÉ dar teideal "Uisce Eireann – Treoir Eolais do Chomhairleoirí" a reáchtáladh i gCorcaigh ar an 20 Iúil 2023. (Bhí 8 bhall i láthair)
Modúl Oiliúna 3 do Bhaill Thofa ARÁÉ dar teideal "Forléargas ar Reachtaíocht Phleanála agus ar Threoir Bheartais Reatha" a reáchtáladh i gCaisleán an Chomair, Cill Chainnigh ar an 17 Meitheamh 2023. (Bhí 10 bhall i láthair)

Modúl Oiliúna 4 do Bhaill Thofa ARÁÉ dar teideal "Uisce Eireann – Treoir Eolais do Chomhairleoirí" a reáchtáladh i Sligeach ar an 22 Iúil 2023. **(Bhí 5 bhall i láthair)**
Seimineár Oiliúna an Fhómhair ARÁÉ dar teideal "Todhchaí an Rialtais Áitiúil in Éirinn – Am do Chomhrá Ionraic" a reáchtáladh i Sligeach idir an 13 – 14 Meán Fómhair 2023. **(Bhí 15 bhall i láthair)**
Comhdháil dar teideal "Treoir Phraiticiúil maidir le Buiséad 2024" a reáchtáladh i gCairlinn, Co. Lú idir an 13 – 15 Deireadh Fómhair 2023. **(Bhí 7 bhall i láthair)**
Modúl Oiliúna 5 do Bhaill Thofa ARÁÉ dar teideal "Slándáil Phearsanta Bhaill Thofa – Cleachtais Dhearfacha Bhaile, Ionaid Oibre agus Slándála Soghluaiste" a reáchtáladh in An Cabhán ar an 19 Deireadh Fómhair 2023. **(Bhí 3 bhall i láthair)**

Modúl Oiliúna 5 do Bhaill Thofa ARÁÉ dar teideal "Slándáil Phearsanta Bhaill Thofa – Cleachtais Dhearfacha Bhaile, Ionaid Oibre agus Slándála Soghluaiste" a reáchtáladh i dTrá Lí, Co. Chiarraí ar an 21 Deireadh Fómhair 2023. **(Bhí 8 bhall i láthair)**
Seimineár CCÚÁ an Fhómhair dar teideal "Gníomhú ar son na hAeráide, Gnóthaí Inbhuanaithe agus Forbairt Réigiúnach Chothromaithe" a reáchtáladh i dTuaim, Co. na Gaillimhe idir an 25 – 26 Deireadh Fómhair 2023. **(Bhí 14 bhall i láthair)**
Comhdháil dar teideal "Tithíocht Mhodúlach in Éirinn" a reáchtáladh i gCairlinn, Co. Lú idir an 24 – 26 Samhain 2023. **(Bhí 2 bhall i láthair)**
Modúl Oiliúna 6 do Bhaill Thofa ARÁÉ dar teideal "Sábháilteacht ar Bhóithre: Beartas Luasteorann Nua agus Úsáideoirí Bóthair a Chosaint" a reáchtáladh i bPort Láirge ar an 16 Samhain 2023. **(Bhí 10 bhall i láthair)**
Comhdháil dar teideal "Córas Leasa Shóisialaigh na hÉireann" a reáchtáladh i gCairlinn, Co. Lú idir an 1 – 3 Nollaig 2023. **(Bhí 1 bhall i láthair)**

Faisnéis teagmhála/uimhreacha teileafóin

- **Comhairle Contae an Chláir**
  Áras Contae an Chláir, An Bóthar Nua, Inis, Co. an Chláir Teileafón: (065) 6821616,
  Facs: (065) 6828233,
  r-phost: customerservices@clarecoco.ie,
  suíomh gréasáin: www.clarecoco.ie

  Uaireanta oibre: 9:00am - 5:00pm, Luan - Aoine

  Tabhair faoi deara:
  Cuntair Phoiblí sa Roinn Pleanála agus in Oifig an Airgid: 9:00am - 4:00pm
  An Roinn Tithíochta: 9:00am - 1:00pm
  Uimhir theagmhála éigeandála: (087) 2599568 (lasmuigh d'uaireanta oibre)

- **Mótarcháin**
  Áras Contae an Chláir, An Bóthar Nua, Inis
  Teileafón: (065) 6844661, 9:00am - 3:30pm, Luan - Aoine
  r-phost: motortax@clarecoco.ie
  Cuntar Poiblí, 1:00pm - 3:00pm, Luan - Aoine

- **Músaem Contae an Chláir**
  Teil: (065) 6823382,
  ríomhphost: ClareMuseum@clarecoco.ie

- **Spóirt agus Caitheamh Aimsire Inis Ghníomhach**
  Saoráidí
  Teil: (065) 6821604,
  Facs: (065) 6823655

- **Ionad Ceoil Glór**
  Teil: (065) 6845370

Dírdhiailiú sa tsaoráid

Chun freastal ar ár nglaoiteoirí tá dírdhiailiú sa tsaoráid ag gach rannóg. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis na rannóga aonair trí na huimhreacha seo a leanas a dhiailiú:

- An Chartlann, (065) 684 6402
- An Oifig Ealaíon, (065) 6899084

- Leathanbhanda & Digiteach, (065) 6899055
- Oifig Lárnach an Airgid, (065) 6846208
- Roinn na Seirbhísí Corparáideacha, (065) 6846209
- An Roinn Timpeallachta, (065) 6846331, facs (065) 6846444
- Uimhir shaorghlao frithbhruscair timpeallachta, 1800 606706
- An Roinn Airgeadais, (fiosrúcháin ghinearálta), (065) 6846329
- An Roinn Dóiteáin agus Seirbhísí Éigeandála, (065) 6846302
- Saoráil Faisnéise, (065) 6846405
- Grúpscéimeanna, (065) 6866119
- An Roinn Tithíochta, (065) 6846334
- An Roinn Acmhainní Daonna, (065) 6846415
- An Roinn TF, (065) 6846339
- Oifig Fiontair Áitiúil an Chláir, (065) 6846463
- Éascaitheoir Comhpháirtíochta, (065) 6846268
- An Roinn Pleanála, (065) 6846232
- Bainistíocht Taifead, (065) 6846387
- Clár na dToghthóirí, (065) 6846363
- An Roinn Ioncaim, (065) 6846530
- An Roinn Iompair, (065) 6846333
- Dearadh Bóithre, (065) 6846479
- An Roinn Tuaithe agus Pobail, (065) 6846222
- An Roinn Turasóireachta, (065) 6846283
- An Roinn Seirbhísí Tréidliachta, (065) 6846560
- Sábháilteacht Uisce, (065) 6846270
- An Roinn Seirbhísí Uisce, (065) 6866110

Oifigí Ceantair Bhardasaigh

- Inis, (065) 6866133
- Cill Dalua, (061) 640815
- Sionainn, (061) 362319
- Iarthar an Chláir, (065) 7072283/ (065) 9054310

Brainsí leabharlainne

- Cora Finne, (065) 6837219
- Leabharlann Bhrainse De Valera, (065) 6846353
- Ceanncheathrú Leabharlann Inse, (065) 6846350, suíomh gréasáin: www.clarelibrary.ie
- Inis Díomáin, (065) 7071245
- Leabharlann Chuimhneacháin Mhic Suibhne, Cill Chaoi, (065) 9056034
- Cill Mhichíl, (065) 9050528
- Cill Dalua, (061) 376062, Facs (065) 376062
- Cill Rois, (065) 9051504
- Lios Dúin Bhearna, (065) 7074029
- Ionad Staidéar Áitiúil, Inis, (065) 6846271
- Sráid na Cathrach, (065) 7084822
- Cora Chaitlín, (061) 368411
- An Scairbh, (061) 922893
- Sionainn, (061) 364266
- Droichead Abhann Ó gCearnaigh, (061) 369678
- An Tulach, (065) 6835919

Uimhreacha úsáideacha eile

- Saoráid Bainistíochta Dramhaíola Lárnach, An Baile Dubh Beag, Eidhneach, (065) 6836960
- Ionad Athchúrsála agus Ionad Aistrithe

na Scairbhe, (061) 921735

- Ionad Athchúrsála

Shionainne, (061) 364483

• Ionad Athchúrsála agus Ionad Aistrithe Lios Duibhinn, (065) 9060175

• Ionad Athchúrsála Inse, (065) 6893705

COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR

CLARE COUNTY COUNCIL

RÁITEAS RIALÚ INMHEÁNACH AN AIRGEADAIS (RRIA)

Réamhrá

Táimse, Pat Dowling, Príomhfheidhmeannach (POF) Chomhairle Contae an Chláir, freagrach as ráiteas bliantúil an airgeadais (RBA), arna ullmhú ag Stiúrthóir an Airgeadais, de réir an chóid chleachtais chuntasaíochta arna eisiúint ag an Aire faoi alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Deimhním go bhfuil ráitis airgeadais Chomhairle Contae an Chláir don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 ag teacht leis na leabhair chuntais agus gur ullmhaíodh iad de réir riachtanais chuntasaíochta an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Tá an RBA faoi réir iniúchta sheachtraigh, ag iniúchóir de chuid Sheirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil, a bhfuil mar chuspóir aige tuairim neamhspleách a dhéanamh ar na cuntais agus a lua go dtugann nó nach dtugann ráiteas bliantúil an airgeadais léiriú cothrom ar staid airgeadais an údaráis áitiúil agus ar ioncam agus caiteachas aige don tréimhse i gceist, agus go gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann idirbhearta an chomhlachta ar ndearnadh iniúchóireacht air nó an t-údarú reachtúil nó aon údarú eile faoina mhaíonn sé a bheith curtha i gcrích.

Tuairiscíonn an RBA ar ghníomhaíocht laethúil Chomhairle Contae an Chláir i bhfoirm an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas Cuimsitheach arna achoimre ag an Rannán. Tugann an Ráiteas ar Staid an Airgeadais achoimre ar staid airgeadais iomlán Chomhairle Contae an Chláir amhail an 31 Nollaig 2023.

Léiríonn an *Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach* caiteachas agus ioncam ar reáchtáil laethúil Chomhairle Contae an Chláir.

Siad seo a leanas príomhfhoinsí an ioncaim de chuid Chomhairle Contae an Chláir:

	An Bhliain Reatha €'000	An Bhliain Roimhe €'000
Earraí agus Seirbhísí	58,205	40496
Deontais agus Fóirdheontais Stáit	64,498	58,030
Ranníocaíochtaí Eile (de réir mar is cuí)	0	23

Rátaí	44,497	43,852
Cáin Mhaoine Áitiúil	7,862	7,997

Seo a leanas an ghníomhaíocht ar Chuntas an Ioncaim agus an Chaiteachais don bhliain 2023:

	An Bhliain Reatha €'000	An Bhliain Roimhe €'000
Ioncam	175,062	150,387
Caiteachas	151,701	132,475
Aistrithe go Caipiteal	23,124	17,716
Mír Eisceachtúil	-	-
Barrachas/(Easnamh) le haghaidh	237	206
Coigeartú na Bliana Roimhe	-	-
Cúlchiste Ioncaim ag Tús	3,112	2,906
Cúlchiste Ioncaim ag Deiridh	3,349	3,112

Tugann Ráiteas Bliantúil an Airgeadais forbhreathnú ar staid airgeadais Chomhairle Contae an Chláir amhail an 31 Nollaig 2023. Tá áthas orm toradh dearfach a thuairisciú i bhfianaise cursaí fioscaí an lae, agus léiríonn Ráiteas Cuimsitheach an Ioncaim 2023 (Cuntas an Ioncaim agus an Chaiteachais), san achoimre thuas, seasamh beagnach cothrom sa bhliain. Déanann an tábla comparáid idir cursaí airgeadais na bliana 2023 agus na bliana 2022 le méadú 20% ar leibhéil an chaiteachais sa bhliain 2023 ar bhliain 2022 arna mhíníú den chuid is má ag tógáil agus oibriú Shuíomhanna Oidhreachta na Sionainne i gContae an Chláir. Tugtar forbhreathnú níos mine ar an mbliain le feiceáil i dtuarascáil Ráiteas Bliantúil an Airgeadais 2023 do na comhaltaí.

Léiríonn an *Ráiteas ar Staid an Airgeadais (an Clár Comhardaithe)* gníomhaíocht iomlán airgeadas na comhairle don bhliain mar aon leis na figiúirí comparáideacha mar is cuí.

Áirítear i ráiteas na sócmhainní agus na ndliteanas mar a leanas:

- Sócmhainní a tógadh/a ceannaíodh le déanaí agus sócmhainní stairiúla

- Obair idir lámha agus réamhscéimeanna - bóithre agus tithíocht den chuid is mó

- Féichiúnaithe Fadtéarmacha - iasachtaí tithíochta

- Sócmhainní Reatha - Stoc, Féichiúnaithe, Airgead Tirim sa bhanc san áireamh

- Dliteanais reatha agus fadtéarmacha - iasachtaí morgáiste agus neamh-mhorgáiste

- Cúlchistí/Iarmhéideanna Éagsúla

Siad sócmhainní glana Chomhairle Contae an Chláir, ar luach € 2.9bn iad ag deireadh na bliana 2023, mar seo a leanas iad :

	An Bhliain Reatha €'000	An Bhliain Roimhe €'000
Sócmhainní Seasta	2,917,178	2,868,779
Oibreacha ar Siúl	91,981	56,710
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	49,219	41,712
Sócmhainní Reatha	111,827	104,361
Dliteanais reatha	60,030	61,117
Glansócmhainní Reatha/ (Dliteanais)	51,796	43,244
Creidiúnaithe (Méideanna os cionn 1 bhliain)	118,945	113,143
Glansócmhainní/(Dliteanais)	2,991,229	2,897,301

Tugadh isteach *Ráiteas ar Shreabhadh na gCistí* mar chuid de RBA na bliana 2011. Cé gur leanadh treoir Chaighdeáin Idirnáisiúnta 7 na Cuntasaíochta ar Shreabhadh an Airgid, tá difríocht shuntasach idir gnó na n-údarás áitiúil agus formhór eagraíochtaí na hearnála príobháidí agus, mar sin, rinneadh roinnt mionathruithe ar an bhformáid ionas a chinntiú gur bríoch agus úsáideach laistigh d'earnáil an rialtais áitiúil iad na sonraí a léirítear .

Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais

Sa ról agam mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae an Chláir, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach an airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag Comhairle Contae an Chláir. Cleachtaítear a leithéid fhreagrachta i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil do Chomhairle Contae an Chláir. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach an airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas cinnteacht iomlán a thabhairt ionas go gcosnaítear na sócmhainní, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a taifeadadh i gceart agus go ndéantar aon bhotún nó aon neamhrialtacht ábhartha a chosc nó a aimsiú go tráthúil. Próiseas leanúnach atá i gcothabháil córas rialú inmheánaigh an

airgeadais agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras féin agus ar a éifeachtúlacht.

Timpeallacht rialú an airgeadais

Mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae an Chláir, deimhnímse go bhfuil timpeallacht rialú an airgeadais i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid de:

- Sanntar freagrachtaí an airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach acu.
- Tá socruithe an tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina sanntar an fhreagracht as bainistíocht an airgeadais.
- Tá gnásanna foirmiúla i bhfeidhm le haghaidh teipeanna suntasacha an rialaithe a thuairisciú agus le haghaidh gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Déanann Coiste Iniúchta athbhreithniú rialta chóras inmheánach um rialú an airgeadais mar chuid dá chlár oibre.
- Déantar gach gnás maidir le gach príomhphróiseas an ghnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae an Chláir, deimhním go bhfuil creat gnásanna tuairisciú rialta an riaracháin agus na bainistíochta i bhfeidhm lena n-áirítear leithscaradh na ndualgas agus córas an tarmligin agus na cuntasachta agus, go háirithe:

- go ndéantar gnásanna phríomhphróisis an ghnó a dhoiciméadú
- go bhfuil córais i bhfeidhm atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil córais i bhfeidhm chun sócmhainní an údaráis áitiúil a chosaint, agus
- go bhfuil treoirlínte maidir le hinfheistíocht chuí an caipitil a rialú agus smachtanna foirmiúla um bhainistíocht tionscadail i bhfeidhm

Comhlíontacht an tsoláthair

Cinntíonn Comhairle Contae an Chláir go ndéantar díriú cuí agus leanúnach ar an dea-chleachtas maidir le gach tairiscint agus ceannach agus go bhfuil gnásanna i bhfeidhm ionas go gcinnteofar comhlíontacht gach treoirlíne ábhartha an tsoláthair.

Iniúchadh inmheánach agus Coiste an Iniúchta

Sa ról agam mar Phríomhfheidhmeannach, is féidir liom a dheimhniú go bhfuil feidhm an iniúchta inmheánaigh ag Comhairle Contae an Chláir le hoiliúint chuí á chur ar fáil aici don phearsanra, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís a dhéanamh ar rioscaí an airgeadais a bhfuil Comhairle Contae an Chláir nochta dóibh agus déantar pleananna bliantúla an iniúchta inmheánaigh a bhunú ar a leithéid anailíse. Táim sásta go bhfuil ngásanna i bhfeidhm lena chinntiú go bhfiosrófar gach tuarascáil de chuid fheidhm an iniúchta inmheánaigh.

Is féidir liom a dheimhniú go bhfuil coiste éifeachtach an iniúchta ag Comhairle Contae an Chláir a dhéanann athbhreithniú éifeachtacht bliantúil ar a chuid ghníomhaíochtaí. Is féidir liom a dheimhniú freisin go bhfeidhmíonn Coiste an Iniúchta i bhfeidhm de réir riachtanais Alt 122 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú).

Siad feidhmeanna reachtúla na gcoistí iniúchta arna leagan amach in alt 59 agus 60 den Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014 ná iad seo a leanas:

1. athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais agus ar ghnásanna tuairisciú an airgeadais agus an bhuiséid laistigh den údarás áitiúil a bhunaigh iad;

2. forbairt an dea-chleachtais a chothú i bhfeidhmiú an údaráis áitiúil den fheidhm an iniúchta inmheánaigh aige;

3. athbhreithniú a dhéanamh ar aon ráiteas iniúchadh an airgeadais, aon tuarascáil an iniúchóra nó aon tuarascáil ar leith an iniúchóra a bhaineann leis an údarás áitiúil agus measúnú a dhéanamh ar aon ghníomhartha arna ndéanamh laistigh den údarás sin ag a phríomhfheidhmeannach mar fhreagra ar a leithéid ráitis nó tuarascála chomh maith le tuairisc a thabhairt don údarás sin ar na cinntí a dtagann as;

4. measúnú a dhéanamh ar an éifeachtúlacht agus an luach ar airgead agus á gcur chun cinn maidir le comhlíontacht an údarás áitiúil i leith a chuid fheidhmeanna; agus

5. athbhreithniú a dhéanamh ar na córais atá á n-oibriú ag an údarás áitiúil le haghaish na rioscaí a bhainistiú.

Aithním go bhfuil ról ríthábhachtach á imirt ag an gcoiste iniúchta i gcreat rialachas na n-údarás áitiúil, go háirithe i gcomhthéacs na cuntasachta méadaithe san earnáil phoiblí. Tá ról

neamhspleách aige maidir le comhairle a chur ar an gComhairle i leith próisis tuairisciú an airgeadais, an rialaithe inmheánacha, bainistíocht an riosca agus cúrsaí an iniúchta mar chuid den athbhreithniú córasach ar thimpeallacht an rialaithe agus gnásanna rialachais an údaráis áitiúil.

Admhaím ról an Choiste Iniúchta i bpróiseas bainistíocht an riosca agus san athbhreithniú leanúnach ar thimpeallacht an rialaithe agus ghnásanna an rialachais i gComhairle Contae an Chláir.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíocht an riosca curtha i bhfeidhm ag Comhairle Contae an Chláir a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, á maolú.

Tá clár na rioscaí corparáide i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí agus a dhéanann iad a mheas agus a ghrádú de réir a gcuid tábhachta. Déanann an Fhoireann Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a uastdáú ar bhonn rialta. Tá clár na rioscaí i bhfeidhm freisin le haghaidh gach rannán na seirbhíse agus déantar athbhreithniú agus uastdáú rialta orthusan freisin.

Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun na hacmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar an riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha. Léiríonn clár na rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá ionas go maolofar na rioscaí a agus go sannfar na freagrachtaí maidir le feidhmiú na rialuithe ar bhaill ar leith na foirne.

Mar Phríomhfheidhmeannach, deimhním gur aithníodh na príomhrioscaí agus rialuithe lena mbaineann agus go bhfuil na próisis curtha i bhfeidhm ionas go ndéanfar monatóireacht ar an gcaoi a oibríonn na bpríomhrialuithe sin agus go dtabharfar tuairisc ar aon easnaimh a aithnítear.

Áireofar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach an Airgeadais sa dréacht-Tuarascáil Bhliantúil a chuirfear faoi bhráid chomhaltaí na Comhairle faoin 30 Aibreán 2023 agus ina dhiaidh sin san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil foilsithe arna hullmhú agus arna ghlacadh ag an gComhairle faoin 30 Meitheamh 2023.

Sínithe ag: Pat Dowling, Príomhfheidhmeannach

Dáta: 7/5/2024

COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR
CLARE COUNTY COUNCIL